**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0059/2022**

22.3.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach
(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Pascal Durand

Rapóirtéirí don tuairim (*):
Jessica Polfjärd, an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta
Kira Marie Peter-Hansen, an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
Lídia Pereira, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

(*) Coistí comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................... 120

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA........................................................................................................ 123

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA .... 202

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA........................................................................................ 265

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA............................................. 323

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT ........................................................... 367

LITIR ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FUINNEAMH...................................................................................................... 461

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE ................................................................................................................ 469

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ............................................................. 514

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH...... 515

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach**
**(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0189),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 50 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0147/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Meán Fómhair 2021[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Meán Fómhair 2021[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0059/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

---

[1] IO C 446, 3.11.2021, lch. 2.
[2] Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais [31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. ***Cuirfidh*** sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le | (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais [31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta***, ionas go n-áiritheofar nach bhfágtar ar duine nó aon áit ar lár***. ***Rannchuideoidh*** sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht ***inbhuanaithe***. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch |

| | |
|---|---|
| téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas.[32] | a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas.[32] |
| __________________ | __________________ |
| [30]30 COM(2019) 640 final. | [30]30 COM(2019) 640 final. |
| [31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19). | [31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19). |
| [32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)] | [32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)] |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ina Phlean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú leag an Coimisiún amach bearta chun na cuspóirí a leanas a bhaint amach: sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe ionchuimsitheach a bhaint amach, rioscaí airgeadais a eascraíonn as an athrú aeráide, ídiú acmhainní, díghrádú comhshaoil agus saincheisteanna sóisialta a bhainistiú, agus | (2) Ina Phlean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú leag an Coimisiún amach bearta chun na cuspóirí a leanas a bhaint amach: sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe ionchuimsitheach a bhaint amach, rioscaí airgeadais a eascraíonn as an athrú aeráide, ídiú acmhainní, díghrádú comhshaoil agus saincheisteanna sóisialta a bhainistiú, agus |

trédhearcacht agus fadtéarmachas i ngníomhaíocht airgeadais agus eacnamaíoch a chothú[33]. Réamhriachtanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach is ea nochtadh faisnéise ábhartha, inchomparáide agus iontaofa inbhuanaitheachta ag ***gnóthais***. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le roinnt gníomhartha reachtacha mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] an chaoi a bhfuil rannpháirtithe margaí airgeadais agus comhairleoirí airgeadais le faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh d'infheisteoirí deiridh agus úinéirí sócmhainní. Cruthaítear le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é mar aidhm scálaí infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú agus dul i ngleic le glas-snasú táirgí airgeadais a mhaíonn go míchuí go bhfuil siad inbhuanaithe. Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna chomhlánú ag Rialacháin Tarmligthe (AE) 2020/1816[37], (AE) 2020/1817[38] agus (AE) 2020/1818[39] ón gCoimisiún, ceanglais maidir le nochtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESG') le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna agus íoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a thógáil. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] ar institiúidí móra a bhfuil urrúis eisithe acu a ligtear isteach lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte faisnéis a nochtadh ar rioscaí ESG ón 28 Meitheamh 2022. Sa chreat nua stuamachta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa

trédhearcacht agus fadtéarmachas i ngníomhaíocht airgeadais agus eacnamaíoch a chothú[33]. Réamhriachtanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach is ea nochtadh faisnéise ábhartha, inchomparáide agus iontaofa inbhuanaitheachta ag ***catagóirí áirithe gnóthas***. ***Ina Threoirlínte maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú, leag an Coimisiún Eorpach béim ar na tairbhí atá ann do chuideachtaí tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann leis an aeráid, go háirithe trí fheasacht agus tuiscint ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mhéadú laistigh den chuideachta, trí bhonn infheisteoirí a éagsúlú, trí chostas níos ísle a chruthú maidir le caipiteal agus trí fheabhas a chur ar idirphlé cuiditheach leis na geallsealbhóirí uile.*** Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le roinnt gníomhartha reachtacha mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] an chaoi a bhfuil rannpháirtithe margaí airgeadais agus comhairleoirí airgeadais le faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh d'infheisteoirí deiridh agus úinéirí sócmhainní. Cruthaítear le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é mar aidhm scálaí infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú agus dul i ngleic le glas-snasú táirgí airgeadais a mhaíonn go míchuí go bhfuil siad inbhuanaithe. Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna chomhlánú ag Rialacháin Tarmligthe (AE) 2020/1816[37], (AE) 2020/1817[38] agus (AE) 2020/1818[39] ón gCoimisiún, ceanglais maidir le nochtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESG') le haghaidh riarthóirí

agus ón gComhairle[41] agus Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] tá forálacha maidir le gné riosca ESG a thabhairt isteach sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta (SREP) ag údaráis inniúla, agus tá ceanglais maidir le nochtadh rioscaí ESG ann le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, a mbeidh feidhm acu ón 26 Nollaig 2022. Tá togra maidir le Caighdeán Eorpach Bannaí Glasa fógartha ag an gCoimisiún freisin ina Chlár Oibre le haghaidh 2021, d'fhonn bearta leantacha a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú.

tagarmharcanna agus íoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a thógáil. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] ar institiúidí móra a bhfuil urrúis eisithe acu a ligtear isteach lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte faisnéis a nochtadh ar rioscaí ESG ón 28 Meitheamh 2022. Sa chreat nua stuamachta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] tá forálacha maidir le gné riosca ESG a thabhairt isteach sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta (SREP) ag údaráis inniúla, agus tá ceanglais maidir le nochtadh rioscaí ESG ann le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, a mbeidh feidhm acu ón 26 Nollaig 2022. Tá togra maidir le Caighdeán Eorpach Bannaí Glasa fógartha ag an gCoimisiún freisin ina Chlár Oibre le haghaidh 2021, d'fhonn bearta leantacha a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú.

---

[33] COM(2018) 97 críochnaitheach.

[34] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[36] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna

[33] COM(2018) 97 críochnaitheach.

[34] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[36] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna

Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtaí inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17).

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1).

[38] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íosmhéid inneachair a bheidh sa mhíniú ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mhodheolaíocht tagarmhairc (IO L 406, 3.12.2020, lch. 12).

[39] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17).

[40] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

[41] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE)

Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtaí inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17).

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1).

[38] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íosmhéid inneachair a bheidh sa mhíniú ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mhodheolaíocht tagarmhairc (IO L 406, 3.12.2020, lch. 12).

[39] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17).

[40] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

[41] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE)

| | |
|---|---|
| Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1). | Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1). |
| [42] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2011/61/AE, Treoir 2013/36/AE, Treoir 2014/59/AE agus Treoir 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64). | [42] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2011/61/AE, Treoir 2013/36/AE, Treoir 2014/59/AE agus Treoir 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) D'fhéadfadh sé go n-imreodh éagsúlacht ar bhoird cuideachtaí tionchar ar chinnteoireacht, ar rialachas corparáideach agus ar athléimneacht.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is iad na saoránaigh agus ***na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den*** tuairisciú níos fearr ***ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais***. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na ***tairbhithe*** sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in | (8) Is iad na ***húdaráis phoiblí,*** saoránaigh ***aonair, lena n-áirítear oibrithe, coigilteoirí, ceardchumainn*** agus ***ionadaithe oibrithe is mó a bhainfidh tairbhe as*** tuairisciú ***inbhuanaitheachta*** níos fearr***, lenar bhfeabhsófar an pháirt a ghlacadh siad san idirphlé sóisialta***. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach ***eiticiúil agus*** inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na |

iúl do ***dhá*** phríomhghrúpa (‘úsáideoirí’) ar dtús. Is infheisteoirí atá sa ***chéad ghrúpa*** úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa ***dara*** grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh ***páirtithe leasmhara*** eile úsáid a bhaint as ***an bhfaisnéis*** inbhuanaitheachta ***a nochtar*** i dtuarascálacha bliantúla ***freisin***. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d’fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

***tairbhí*** sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do ***thrí*** phríomhghrúpa (‘úsáideoirí’) ar dtús. ***Tá an chéad ghrúpa úsáideoirí comhdhéanta de lucht déanta beartas agus údaráis phoiblí.*** Is infheisteoirí atá sa ***dara grúpa*** úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa ***tríú*** grúpa úsáideoirí ***gníomhaithe na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol ***nó i gcás ionadaithe na n-oibrithe ar mian leo páirt a ghlacadh i ndearadh na dtuarascálacha sin***. Féadfaidh ***geallsealbhóirí*** eile úsáid a bhaint as ***faisnéis*** inbhuanaitheachta ***arna foilsiú*** i dtuarascálacha bliantúla***, go háirithe chun inchomparáideacht a chothú ar fud earnálacha an mhargaidh agus laistigh díobh agus chun measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852, ar urramú an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’***. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d’fhéadfaidís úsáid a bhaint as

| | |
|---|---|
| | faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Tá an margadh le haghaidh faisnéis inbhuanaitheachta ag fás go gasta, agus tá ról na soláthraithe sonraí ag dul i dtábhacht leis na hoibleagáidí nua is gá d'infheisteoirí agus do bhainisteoirí sócmhainní a chomhlíonadh. Agus níos mó sonraí imdhealaithe ar fáil, ba cheart an costas atá ar fhaisnéis inbhuanaitheachta a bheith níos réasúnaí. Táthar ag súil, le Treoir leasaithe 2013/34, go bhfeabhsófar inchomparáideacht sonraí agus go ndéanfar caighdeáin a chomhchuibhiú. Táthar ag dréim leis gur cheart go dtiocfadh cleachtais na soláthraithe sonraí le chéile agus go gcuirfí leis an saineolas sa réimse sin, lena mbainfeadh lear mór féidearthachtaí cruthaithe post. I gcás inarb é conclúid an athbhreithnithe ar an Treoir seo go bhfuil cleachtais na soláthraithe sonraí ilroinnte i gcónaí, ba cheart rialacha a thabhairt isteach chun na cleachtais sin a chaighdeánú tuilleadh agus chun cur lena n-iontaofacht.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá ***feasacht ag méadú*** freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear ***saincheisteanna sláinte***. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a ***n-iarrtar leo*** go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a ***bhaint amach. Tá*** cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil ***na reachtaíochta de chuid*** an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar. | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta ***agus ón tsochaí shibhialta***. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá ***méadú ag teacht*** freisin ar ***an bhfeasacht ar*** na rioscaí ***agus na deiseanna atá ann*** do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil ***agus aeráide*** eile agus as saincheisteanna ***sláinte agus*** sóisialta, lena n-áirítear ***maidir le leanaí agus obair éigeantais***. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a ***fhéachann*** go sainráite ***le*** caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a ***ghnóthú, agus comhleanúnachas a áirithiú le huaillmhian Chomhaontú Pháras, an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht agus bheartais an Aontais. Tharla*** cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil ***ar reachtaíocht*** an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil |

baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9c) Ba cheart do chomhlachtaí reachtacha deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Ba cheart go lamhálfaí do ghnóthais, do chustaiméirí agus do cheardchumainn, i measc grúpaí eile, teacht ar chomhaontú maidir le treoirlínte a d'fhéadfadh tacú le cur i bhfeidhm na Treorach seo.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Éileofar, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, athrú iompraíochta chun a cuspóirí an Chomhaontaithe a ghnóthú. Mar gheall air sin, is gá aistriú ón ngearrtéarmachas corparáideach go cinnteoireacht níos inbhuanaithe agus níos fadtéarmaí. Mar a léiríodh i staidéar a rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí i mí Iúil 2020, tá an creat rialála ar cheann de bhunchúiseanna an ghearrthéarmais chorparáidigh1a. Cé nach leor an tuairisciú inbhuanaitheachta ann féin, d'fhéadfadh sé a bheith ina dhreasacht thábhachtach do chinnteoireacht chorparáideach agus do rialachas níos inbhuanaithe. Tá tuairisciú inbhuanaitheachta ríthábhachtach freisin chun súil a choinneáil ar an dul chun*** |

***cinn atá déanta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.***

__________________

***1a Staidéar maidir le Dualgais Stiúrthóirí agus Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, arna ullmhú don Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí i mí Iúil 2020***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach sin[48] . Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann ***go leor gnóthais*** faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht. ***D'aithin an*** tuarascáil inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta ***mar fhadhbanna*** suntasacha freisin. ***Sa bhreis air*** sin, i gcás go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin ***faisnéis den sórt*** sin a thuairisciú. | (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach sin[48] . Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann ***a lán gnóthas*** faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht***, go háirithe faisnéis a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear an t-astú gás ceaptha teasa go léir agus na tosca a dhéanann difear don bhithéagsúlacht***. ***Sainaithníodh sa*** tuarascáil ***go raibh*** inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta ***ina bhfadhbanna*** suntasacha freisin. ***Thairis*** sin, i gcás go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin ***an fhaisnéis*** sin a thuairisciú***, rud a chuireann i bhfios go láidir go bhfuil gá le creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá láidir agus inacmhainne, agus iniúchadh éifeachtach laistigh den tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach, chun iontaofacht sonraí a áirithiú agus chun snas glas agus/nó cuntasaíocht dhúbailte*** |

***a sheachaint**.*

---

[48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo.

[48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d’fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d’fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an | (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d’fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d’fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an |

Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe.

Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú ***agus do chuspóirí chomhaontú Pháras***. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol ***agus ar an aeráid***. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe. ***Leis an easpa faisnéise inbhuanaitheachta, cuirtear teorainn freisin le cumas na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear gníomhaithe na sochaí sibhialta, ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe, dul i mbun idirphlé le gnóthais maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Sa tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe i dTreoir 2014/95/AE, agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh méadú suntasach ar líon na n-iarrataí ar fhaisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta do ghnóthais freisin agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an mbearna faisnéise a bhí ann cheana féin. Chomh maith leis | (13) Sa tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe i dTreoir 2014/95/AE, agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh méadú suntasach ar líon na n-iarrataí ar fhaisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta do ghnóthais freisin agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an mbearna faisnéise a bhí ann cheana féin. Chomh maith leis |

| | |
|---|---|
| sin, is dócha go ***mbeidh coinne fós leis go n-úsáidfeadh gnóthais*** réimse creataí agus caighdeán agus d'fhéadfaí béim níos mó a leagan air sin de réir mar a éiríonn faisnéis inbhuanaitheachta níos tábhachtaí. In éagmais gníomhaíocht beartais chun comhdhearcadh a spreagadh maidir leis an bhfaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú, tiocfaidh méaduithe suntasacha ar chostais agus ar an ualach do ghnóthais tuairiscithe agus d'úsáideoirí na faisnéise sin. | sin, is dócha go ***leanfar de*** réimse creataí agus caighdeán agus d'fhéadfaí béim níos mó a leagan air sin de réir mar a éiríonn faisnéis inbhuanaitheachta níos tábhachtaí. In éagmais gníomhaíocht beartais chun comhdhearcadh a spreagadh maidir leis an bhfaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú, tiocfaidh méaduithe suntasacha ar chostais agus ar an ualach do ghnóthais tuairiscithe agus d'úsáideoirí na faisnéise sin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, ***is iomchuí*** a cheangal ar gach gnóthas mór ***agus gach gnóthas atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas micreaghnóthais,*** faisnéis inbhuanaitheachta ***mhionsonraithe*** a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. | (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. ***Is iomchuí,*** dá bhrí sin, a cheangal ar gach gnóthas mór faisnéis ***mhionsonraithe*** inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair, is iomchuí go mbeadh cuideachtaí tríú tír nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí laistigh den Aontas faoi réir na rialacha tuairiscithe céanna agus atá cuideachtaí AE, nó ar a laghad go mbeadh rialacha á gcur i bhfeidhm acu a ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht orthu a bheidh coibhéiseach le caighdeáin AE, a luaithe a ghlacfar bearta cur chun feidhme do na scéimeanna coibhéise sin.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caighdeáin dheonacha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide*** |
| | ***(18a) Ba cheart an deis a thabhairt do FBManna tuairisciú a dhéanamh de réir caighdeán atá i gcomhréir lena n-inniúlachtaí agus a n-acmhainní. Féadfaidh FBManna liostaithe agus neamhliostaithe a roghnú caighdeáin chomhréireacha a úsáid ar bhonn deonach. Ba cheart tagairt a shocrú do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM, ó institiúidí infheistiúcháin agus ó chliaint ina slabhraí luacha.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (*71*) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar ***an*** ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. | (***18 b***) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar ualach riaracháin ***nach bhfuil gá leis***, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18c) Aithnítear roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha ardriosca ina ngníomhaíochtaí a bhfuil rioscaí suntasacha inbhuanaitheachta ag baint leo. Tá liosta na n-earnálacha ardriosca bunaithe ar threoir earnála atá ann cheana ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Chun a áirithiú go bhféadfaidh feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin in earnálacha ardriosca, ba cheart iad a shainiú agus ba cheart an chumhacht chun gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le liosta gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha ardriosca den ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhunú a tharmligean chuig an gCoimisiún. Ba cheart go n-úsáidfí sa liosta sin, a mhéid is féidir, aicmiúchán Eorpach NACE. Ní fhéadfaí a mheas go bhfuil gach gníomhaíocht eacnamaíoch sna hearnálacha ina ngníomhaíochtaí ardriosca. Ba cheart, dá*** |

***bhrí sin, go mbeadh sé d'aidhm ag an gCoimisiún an leibhéal aicmiúcháin is ísle is féidir a úsáid. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun a rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tá feidhm ag Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] maidir le gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe aige ar mhargaí rialáilte. Chun a áirithiú go dtagann gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte, lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír, faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta céanna, ba cheart na crostagairtí riachtanacha d'aon cheanglas maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta sa tuarascáil airgeadais bhliantúil a bheith i dTreoir 2004/109/CE. | (19) Tá feidhm ag Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] maidir le gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe aige ar mhargaí rialáilte. Chun a áirithiú go dtagann gach gnóthas ***mór*** a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte, ***nó gníomhaíochta gnó i margadh inmheánach an Aontais,*** lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír, faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta céanna, ba cheart na crostagairtí riachtanacha d'aon cheanglas maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta sa tuarascáil airgeadais bhliantúil a bheith i dTreoir 2004/109/CE. |

| | |
|---|---|
| [49] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38). | [49] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ***ón oibleagáid*** chun ***faisnéis*** neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann faoi mháthairghnóthas an fhoghnóthais díolmhaithe atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite. Dá bhrí sin, is gá a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais a fhoilsiú agus tagairt a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta don chaoi a bhfuil siad díolmhaithe ó ***fhaisnéis*** inbhuanaitheachta a thuairisciú. ***Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin freisin i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite ina ghnóthas tríú tír a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo nó ar bhealach atá comhionann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh.*** | (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ***ó oibleagáidí*** chun ***roinnt faisnéise*** neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin ***agus go bhfuil faisnéis áirithe miondealaithe le haghaidh gach eintitis chomhdhlúite***. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann faoi mháthairghnóthas an fhoghnóthais díolmhaithe atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite. Dá bhrí sin, is gá a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais a fhoilsiú agus tagairt a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta don chaoi a bhfuil siad díolmhaithe ó ***roinnt faisnéise*** inbhuanaitheachta a thuairisciú ***ina dtuarascáil bhainistíochta féin***. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Le hAirteagal 23 de Threoir 2013/34/AE, díolmhaítear máthairghnóthais ón oibleagáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ullmhú i gcás ina bhfuil na gnóthais sin ina bhfoghnóthais de mháthairghnóthas eile a chomhlíonann an oibleagáid sin. Ba cheart a shonrú áfach, maidir leis an gcóras díolúine le haghaidh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite, go bhfeidhmítear an córas sin ar leithligh ón gcóras díolúine le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite. ***Dá bhrí sin, féadfaidh gnóthas a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe airgeadais comhdhlúite ach gan a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcás ina n-ullmhaíonn a mháthairghnóthas deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais, nó i gcomhréir le ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír, ach nach n-ullmhaíonn sé tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, nó i gcomhréir leis na ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír.*** | (22) Le hAirteagal 23 de Threoir 2013/34/AE, díolmhaítear máthairghnóthais ón oibleagáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ullmhú i gcás ina bhfuil na gnóthais sin ina bhfoghnóthais de mháthairghnóthas eile a chomhlíonann an oibleagáid sin ***ach amháin i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas ina fhochuideachta de mhathairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír***. Ba cheart a shonrú áfach, maidir leis an gcóras díolúine le haghaidh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite, go bhfeidhmítear an córas sin ar leithligh ón gcóras díolúine le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (23) Bíonn ról lárnach ag institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais san aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá iomlán inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. D'fhéadfadh tionchair shuntasacha dhearfacha agus dhiúltacha a bheith acu trína gcuid gníomhaíochtaí iasachta, infheistíochta agus frithgheallta. Institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais seachas na cinn sin a n-éilítear orthu Treoir 2013/34/AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear comharchumainn agus gnóthais fhrithpháirteacha, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, dá bhrí sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir mhéide áirithe. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí na faisnéise sin measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngnóthas sin ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus ar na rioscaí a eascraíonn as ábhair inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do na gnóthais sin. Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais tuairiscithe Threoir 86/635/CEE ón gComhairle[50] maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile, féadfaidh Ballstáit a dhéanann tuairisciú inbhuanaitheachta a roghnú gan ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá liostaithe in Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | (23) Bíonn ról lárnach ag institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais san aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá iomlán inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. D'fhéadfadh tionchair shuntasacha dhearfacha agus dhiúltacha a bheith acu trína gcuid gníomhaíochtaí iasachta, infheistíochta agus frithgheallta. Institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais seachas na cinn sin a n-éilítear orthu Treoir 2013/34/AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear comharchumainn agus gnóthais fhrithpháirteacha, ***chomh maith le heintitis dhlíthiúla atá eagraithe ina n-iontaobhais nó faoi shocruithe dlíthiúla comhchosúla.*** ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta, dá bhrí sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir mhéide áirithe. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí na faisnéise sin measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngnóthas sin ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus ar na rioscaí a eascraíonn as ábhair inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do na gnóthais sin. Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais tuairiscithe Threoir 86/635/CEE ón gComhairle[50] maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile, féadfaidh Ballstáit a dhéanann tuairisciú inbhuanaitheachta a roghnú gan ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá liostaithe in Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. |
| [50] Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1). | [50] Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1). |

[51] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

[51] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar ‘thosca inbhuanaitheachta’ a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí ‘comhshaoil’, ‘sóisialta’ agus ‘rialachas’ go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar ‘thosca inbhuanaitheachta’ a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. | (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar ‘thosca inbhuanaitheachta’ a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 ***agus ba cheart cosc a chur ar neamhréir faisnéise, ar faisnéis í a éilíonn úsáideoirí sonraí agus a bheidh le tuairisciú ag na hullmhóirí sonraí***. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí ‘comhshaoil’, ‘sóisialta’ agus ‘rialachas’ go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar ‘thosca inbhuanaitheachta’ ***agus ar tháscairí agus modheolaíochtaí na dtosca sin,*** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 ***agus i ngníomhartha tarmligthe***, ach le hábhair rialachais curtha leis ***sin***. ***Is íoscheanglas é an liosta, nach laghdóidh na ceanglais tuairiscithe náisiúnta atá ann cheana. Ba*** |

***cheart an liosta d'ábhair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bheith bunaithe ar tháscairí agus ar mhodheolaíochtaí bunúsacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 agus i ngníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh dá bhun, agus ba cheart na táscairí agus na modheolaíochtaí sin a chur san áireamh, toisc go gcruthaíonn siad go comhpháirteach córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, ***agus*** ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais tuairisciú ar an difear a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla don ghnóthas, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht | (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, ***aeráidbhainteacha,*** shóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, ***comhionannas inscne,*** ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais tuairisciú ar an difear a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla don ghnóthas, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach |

| | |
|---|---|
| ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. | mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin***, ag cur san áireamh go bhfuil ábharthacht dhúbailte bunriachtanach chun cruthú luacha fadtéarmach de chuideachta a thuiscint***. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, |

chomh maith le haon phleananna a d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; aon ***deis*** don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***sprioc*** inbhuanaitheachta ***a shocraigh an gnóthas*** agus an dul chun cinn a ***rinneadh i dtreo iad*** a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a d’aithin an gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn ***siad***. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh.

chomh maith le haon phleananna a d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach ***agus ba cheart faisnéis a áireamh, de réir mar is iomchuí, maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú le haghaidh athrú aeráide***; ***úsáid inbhuanaithe agus cosaint inbhuanaithe*** a ***dhéanamh ar uisce agus acmhainní muirí agus ithreach; an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid acmhainní; truailliú a chosc agus a rialú; agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú. a*** chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa***, lena n-áirítear oibrithe, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla***; aon ***deiseanna*** don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha*** inbhuanaitheachta ***atá bunaithe ar eolaíocht*** agus ***faoi cheangal ama arna leagan síos ag*** an ***ngnóthas agus an*** dul chun cinn a ***bheidh déanta chun na spriocanna sin*** a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; ***tuairisc ar an straitéis díchill chuí;*** na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a d’aithin an gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn ***sé agus conas a rinne sé meastóireacht uirthi***. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar ***drochthionchar*** iarbhír nó féideartha a bheith ina ***phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais*** bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an | (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach ***agus an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair***, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a ***rianú, a*** chosc, a mhaolú***, a stad*** agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar ***tionchar*** iarbhír nó féideartha a bheith ina ***dhrochthionchar*** bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó |

| | |
|---|---|
| comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. | méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go nochtfar faisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe. Aithnítear go forleathan, nach ndéantar go leor tuairiscithe ar fhaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe agus tosca doláimhsithe eile, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach, rud a chuireann bac ar mheasúnú ceart a dhéanamh ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh gnóthais agus ar fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí. Chun é a chur ar a gcumas d’infheisteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna mhéadaitheach idir leabharluach cuntasaíochta go leor gnóthas agus a luacháil margaidh, a thugtar faoi deara i mórán earnálacha den gheilleagar, ba cheart tuairisciú leordhóthanach ar shócmhainní doláimhsithe a éileamh. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi shócmhainní doláimhsithe ***seachas*** sócmhainní doláimhsithe a ***aithnítear sa chlár comhardaithe***, lena n-áirítear caipiteal intleachtúil, caipiteal daonna, lena n-áirítear forbairt scileanna, agus caipiteal sóisialta agus caidrimh, lena n-áirítear caipiteal cáile. Ba cheart faisnéis a bhaineann le taighde agus forbairt a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe freisin. | (28) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go nochtfar faisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe. Aithnítear go forleathan, nach ndéantar go leor tuairiscithe ar fhaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe agus tosca doláimhsithe eile, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach, rud a chuireann bac ar mheasúnú ceart a dhéanamh ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh gnóthais agus ar fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí. Chun é a chur ar a gcumas d’infheisteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna mhéadaitheach idir leabharluach cuntasaíochta go leor gnóthas agus a luacháil margaidh, a thugtar faoi deara i mórán earnálacha den gheilleagar, ba cheart tuairisciú leordhóthanach ar shócmhainní doláimhsithe a éileamh. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ghnóthais faisnéis ***ábhartha*** a nochtadh faoi shócmhainní doláimhsithe ***atá i gcomhréir leis na*** sócmhainní doláimhsithe a ***thuairiscítear sa ráiteas airgeadais***, lena n-áirítear ***ábhar maidir le*** caipiteal intleachtúil, caipiteal daonna, lena n-áirítear forbairt scileanna, agus caipiteal sóisialta agus caidrimh, lena n-áirítear caipiteal cáile. Ba cheart faisnéis a bhaineann le taighde agus forbairt a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe freisin. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***le hAirteagal 19a*** agus Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE nach mór*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, ***a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. | (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***in Airteagal 19a*** agus ***in*** Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE go n-áireofar san fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisceofar*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon ***a bheidh bunaithe ar tháscairí eolaíochtbhunaithe***, ***comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha, ach nach gcuirfear staid tráchtála an ghnóthais i mbaol***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. ***Ba cheart don Choimisiún cuidiú le gnólachtaí agus treoirlínte neamhcheangailteacha a ullmhú, maidir le modheolaíochtaí*** |

***iomchuí chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa tuairisciú a ghiniúint.***

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Chun críocha tuairiscithe, níor cheart go gceanglófaí le hAirteagal 19a(1) agus le hAirteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ar ghnóthais faisnéis rúnda a fhoilsiú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta a chosaint (an Treoir maidir le Rúin Trádála).*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do | (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do |

ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte ***amháin*** go mbeidh an fhaisnéis ***go léir a nochtfaidh*** gnóthais ***dhifriúla inchomparáide*** ná go nochtfar an fhaisnéis ***uile*** a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide agus go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digitiú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais.

ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte ***astu féin*** go mbeidh an fhaisnéis ***a nochtar ag*** gnóthais ***éagsúla inchomparáideach, iontaofa agus dáiríre,*** ná go nochtfar an fhaisnéis ***go léir*** a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide***, iontaofa*** agus ***dílis agus*** go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digitiú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais. ***Agus na caighdeáin sin á sainiú, tá sé fíor-riachtanach breithniú cuí a dhéanamh ar na príomhchaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a úsáidtear ar fud an domhain.***

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234).

[53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490).

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234).

[53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490).

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú, ***i gcás inarb iomchuí,*** le hoibleagáidí ***eile faoi dhlí an Aontais chun faisnéis inbhuanaitheachta*** a ***nochtadh, lena n-áirítear oibleagáidí a*** leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. ***Chomh maith leis*** sin, ní mór ***na*** caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ***shainordaitheacha*** do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir ***aeráidneodrachta*** an Aontais le ***haghaidh*** 2050. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe | (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú, ***lena n-áirítear*** le hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088 ***agus le acquis AE***. ***Ní mór don fhaisnéis*** sin ***a bheith bunaithe ar tháscairí eolaíochtbhunaithe***, ***comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha. Ina theannta sin,*** ní mór caighdeáin ***éigeantacha*** tuairiscithe inbhuanaitheachta do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ***le*** cuspóir an Aontais ***maidir*** le ***neodracht aeráide do*** 2050 ***chomh maith le spriocanna idirmheánacha faoi Rialachán (AE) 2021/1119***. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a |

| | |
|---|---|
| inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. | chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais***, agus comhleanúnachas le caighdeáin idirnáisiúnta á áirithiú ag an am céanna***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe | (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe |

| | |
|---|---|
| féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun ***caighdeáin ardcháilíochta*** a áirithiú a ***chuireann le*** leas ***phobal na hEorpa*** agus ***lena gcomhlíontar*** riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le ***próis chuí chóir, formhaoirseacht*** phoiblí agus trédhearcacht, ***in éineacht*** le hanailísí costais ***is tairbhe***, agus ba cheart ***saineolas páirtithe leasmhara*** ábhartha a ***chur san áireamh*** agus ***í á forbairt***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA | féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. ***I mí Eanáir 2022, d'fhógair EFRAG ballraíocht roinnt eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus tá súil aige ionadaíocht níos leithne a chumasú do na geallsealbhóirí ábhartha uile a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta.*** Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun a áirithiú ***go mbeidh neamhspleáchas leordhóthanach ag EFRAG ar ranníocaíochtaí cistiúcháin phríobháidigh lena bhuiséad ach ag an am céanna go mbeidh sé feistithe go leordhóthanach le haghaidh moltaí ardchaighdeáin*** a ***fhorbairt, ba cheart don Choimisiún a chistiú a mhéadú go 75 % ar a laghad den obair ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta i sciar coibhneasta agus iomlán. Chun ardchaighdeáin a áirithiú a rannchuidíonn leis an*** leas ***poiblí Eorpach*** agus ***a chomhlíonann*** riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le ***próiseas cuí, maoirseacht*** phoiblí agus trédhearcacht, ***mar aon*** le hanailísí costais ***ar thairbhe***, agus ***a fhorbairt le saineolas ó gheallsealbhóirí ábhartha atá cothrom ó thaobh ionadaíochta de, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí tomhaltóirí, ar cheart dóibh a bheith in ann páirt a ghlacadh sa phróiseas socraithe caighdeán ar bhonn comhionann. Beidh rannpháirtíocht sa ghrúpa comhairleach teicniúil neamhspleách bunaithe ar shaineolas ar ábhair a leagtar amach in Airteagal 19a*** |

tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

***agus in Airteagal 19b agus ní bheidh sé coinníollach ar aon ranníocaíocht airgeadais.*** Ba cheart ***don Choimisiún próiseas trédhearcach a ráthú lena seachnófar aon choinbhleacht leasa, a ráthú go gcuimseofaí go hiomlán, i bhforbairt caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta, ceardchumainn, eagraíochtaí tomhaltóirí, ENRanna agus gach geallsealbhóir*** ábhartha ***eile, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta nó rialtais ó thíortha ina n-oibreoidh an gnóthas nó*** a ***shlabhra luacha*** agus ***soláthair, ionas go mbeidh ionadaíocht ann ar leasanna gach grúpa úsáideoirí***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht

Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 a) Gach bliain, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le meithleacha ábhartha na Comhairle agus le coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa maidir le clár oibre EFRAG agus ceangal a dhéanamh eatarthu. Chun rialú daonlathach, grinnscrúdú parlaiminteach agus trédhearcacht a chothú, ba cheart malartuithe rialta a dhéanamh idir EFRAG agus coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[55] , agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin. | (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [55] , agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin. |

__________________

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

[58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

[59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

__________________

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

[58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

[59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú ***neamhairgeadais***[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a ***thuairisciú***[61] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. | (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú ***neamhairgeadais*** agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a ***thuairisciú***[60] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear eochairtháscairí feidhmíochta na dtreoirlínte sin***[61] . Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. |
| ___________________ | ___________________ |
| [60] 2017/C 215/01. | [60] 2017/C 215/01. |
| [61] 2019/C 209/01. | [61] 2019/C 209/01. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus níor cheart go leagfaidis ualach riaracháin gan ghá ar na cuideachtaí a gceanglaítear orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart ***do chaighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus creataí atá ann cheana féin | (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus níor cheart go leagfaidis ualach riaracháin gan ghá ar na cuideachtaí a gceanglaítear orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart ***a chur san áireamh le caighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus |

| | |
|---|---|
| maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta ***a chur san áireamh*** i gcás inarb iomchuí. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo). Ba cheart ***go ndéanfadh caighdeáin an Aontais Eorpaigh*** aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a forbraíodh faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a chur san áireamh. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda. | creataí atá ann cheana féin maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta i gcás inarb iomchuí. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo).***agus an Prótacal maidir le gás ceaptha teasa maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh, lena n-áirítear raon feidhme 1, 2 agus 3 ó ghnóthais, agus lena n-áirítear astaíochtaí a ghintear ó tháirgeadh beostoic thionsclaíoch.*** Ba cheart aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a forbraíodh faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a chur san áireamh ***le caighdeáin an Aontais Eorpaigh***. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda ***trí thacú le hobair an Bhoird Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta (ISSB)***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do | (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear lucht déanta beartais agus nach gcuirtear ualach díréireach ó*** |

| | |
|---|---|
| ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | ***thaobh iarrachta agus costais de orthu siúd atá ag tuairisciú***. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. ***Agus an fhaisnéis faoi thosca comhshaoil atá le nochtadh ag gnóthais á sonrú, ba cheart comhchuibheas leis na sainmhínithe in Airteagal 2 agus leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin a áirithiú.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, agus faoina n-athléimneacht ***i leith cásanna*** difriúla aeráide. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas | (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí***, lena n-airítear tomhaltóirí,*** foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, agus faoina n-athléimneacht ***agus faoina bpleananna oiriúnú do chásanna*** difriúla aeráide ***agus do sprioc AE maidir leis an aeráidneodracht***. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe |

| | |
|---|---|
| fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. ***Tá spéis ag na páirtithe sin freisin eolas a bheith acu ar na hiarrachtaí atá déanta ag cuideachtaí astaíochtaí iomlána GCT a laghdú go héifeachtach mar chuid*** dá ***straitéisí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Dá*** bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ní mór na hearnálacha eacnamaíocha uile a shlógadh go hiomlán chun geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach agus timpeallacht ***saor ó thocsainí*** a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach úsáid fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chuige sin, mar úsáidtear fuinneamh ar fud na slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe fuinnimh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe i ndáil le hábhair chomhshaoil. | (42) Ní mór na hearnálacha eacnamaíocha uile a shlógadh go hiomlán chun geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach agus timpeallacht ***gan truailliú idirleata*** a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach úsáid fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chuige sin, mar úsáidtear fuinneamh ar fud na slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe fuinnimh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe i ndáil le hábhair chomhshaoil ***agus cúrsaí a bhaineann leis an aeráid***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis is ***gá*** do ghnóthais a nochtadh ***maidir*** le tosca sóisialta, lena n-áirítear ***tosca fostaithe*** agus cearta an duine***, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine***, lena n-áirítear*** ar shláinte daoine, a ***chumhdach le faisnéis den sórt*** sin. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***prionsabail*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ***atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear*** deiseanna ***comhionanna*** do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair ***agus*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (43) Ba cheart ***a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin*** an fhaisnéis is ***ceart*** do ghnóthais a nochtadh ***i ndáil*** le tosca sóisialta, lena n-áirítear ***dálaí oibre, cearta oibrithe, rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta, cómhargáil, comhionannas, neamh-idirdhealú, cosc ar fhoréigean*** agus ***ciapadh san áit oibre, éagsúlacht agus cuimsiú, agus*** cearta an duine. Ba cheart ***faisnéis den sórt sin a nochtadh de réir tíre, i gcás inarb ábhartha, i ndlúthchomhar le ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe agus ba cheart go gcumhdófaí léi*** na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar ***a n-oibrithe, ar*** dhaoine ***agus*** ar shláinte daoine***. I gcás ina bhfaighidh comhlacht riaracháin nó bainistíochta an ghnóthais tuairim ó ionadaithe na n-oibrithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta***, ***ba cheart dó an tuairim sin*** a ***chur i gceangal leis an tuarascáil inbhuanaitheachta, má dhéantar foráil dó*** sin ***faoin dlí náisiúnta agus faoi chleachtais náisiúnta***. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ***agus dúshaothrú leanaí*** ina slabhraí luacha ***agus soláthair*** a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. ***Níor cheart ceanglais tuairiscithe ar shaothar éignithe a chur in ionad fhreagracht na n-údarás poiblí aghaidh a thabhairt ar allmhairiú earraí, a tháirgtear de dheasca sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éignithe, trí bheartas trádála agus trí mhodhanna taidhleoireachta. Ina theannta sin, ba cheart do gnóthais a bheith in ann tuairisciú ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar threochtaí diúltacha maidir le fostaíocht agus ioncaim, ós rud é nach ann do phróiseas an aistrithe cóir.*** I gcás |

caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***20 prionsabal*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***, go háirithe comhionannas*** deiseanna do gach duine agus dálaí oibre ***cothroma***. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, ***lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***,*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta***, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta*** agus ***Beartas Sóisialta, lena n-áirítear liosta na gcaighdeán ábhartha faoi Iarscríbhinn I dá chuid,*** an ***Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe), an*** Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta***. ***Ba cheart an tuairisciú a dhéantar ar thosca sóisialta a bheith comhréireach le raon feidhme agus spriocanna na Treorach seo.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas agus a gcur chuige i leith eitic ghnó freisin, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, agus faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a | (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí ***agus coistí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, ***go háirithe maidir le rannphháirtíocht na n-oibrithe*** agus ***na mban agus cothromaíocht inscne agus i dtaobh an bhfuil beartas ag an gcuideachta ó thaobh dreasachtaí arna dtairiscint do chomhaltaí na gcomhlachtaí sin a bhfuil baint acu le hábhair inbhuanaitheachta, agus*** rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas agus a gcur chuige i leith eitic ghnó freisin, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, agus faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí |

fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(44 a) Cuireann éagsúlacht ar bhoird cuideachtaí le cinnteoireacht, rialachas corparáideach agus athléimneacht níos fearr i ngnóthais. Dhéanfadh ionadaithe oibrithe chomh maith le níos mó ban ar bhoird forbairt inbhuanaithe gnóthas a chur chun cinn.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(45 a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin, lena n-áirítear i dtaca le páirt a ghlacadh i ndearadh an chórais tuairiscithe i*** |

***ndlúthchomhar le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta.***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin ***31 Deireadh Fómhair 2022***. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin ***31 Deireadh Fómhair 2023*** ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach 3 bliana ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. | (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin ***30 Aibreán 2023***. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. ***Chun na hoibleagáidí nochta sin a chomhlíonadh,*** ba cheart ***dóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun faisnéis ábhartha a fháil ó ghnóthais. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar Rannpháirtithe sa Mhargadh Airgeadais tuairisciú a dhéanamh ar ábhair inbhuanaitheachta a bhfuil gá sonrach leo chun na bearta a leagtar síos i Rialachán (AE 2019/2088) maidir leis an mbliain airgeadais tar éis na chéad bhliana de thrasuíomh oibleagáidí do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chomhlíonadh. Ba cheart faisnéis eile a thuairisciú de réir spriocdhátaí trasuímh a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais faoi raon feidhme na*** |

***Treorach. Ba cheart*** don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin ***31 Eanáir 2024*** ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach 3 bliana ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta.

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47 a) Ba cheart do ghnóthais in earnálacha ardastaíochtaí áirithe, amhail tionscail na mbreoslaí eastóscacha agus iontaise, treoir earnála ábhartha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh a chur san áireamh. Ba cheart gnóthais atá gníomhach sa tionscal eastóscach mar a shainmhínítear in Airteagal 41(1) de Threoir 2013/34/AE a bheith faoi réir nochtadh inbhuanaitheachta breise, toisc go bhfuil rioscaí agus tionchair arda inbhuanaitheachta acu ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú, bithéagsúlacht agus sláinte an duine de, rud a thabharfadh nochtadh ar leith don aeráid agus don chlaochlú fuinnimh i dtéarmaí a rioscaí agus a ndeiseanna.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ní ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***so-aimsitheacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha. Cruthaíonn digitiú deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815 ón gCoimisiún***[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***mbeifí ábalta an*** fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha. | (48) Ní ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***sho-aimsitheacht, ar inrochtaineacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe***, inchomparáide*** agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha ***agus go hiomlán inrochtana, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas***. Cruthaíonn digitiú deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. ***Leis an digitiú, cumasaítear lárú sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i bhformáid oscailte inrochtana lena n-éascaítear an léamh agus lenar féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí.*** Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815***[63] ***ón gCoimisiún***, agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***lamhálfar d'***fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí |

mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha.

---

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en


[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en


**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil ***gan mhoill*** tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. | (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid ***inléite ag meaisín agus*** leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Le hAirteagal 19a(4) de Threoir 2013/34/AE cuirtear ar a gcumas do Bhallstáit gnóthais a dhíolmhú ón ráiteas neamhairgeadais a éilítear faoi Airteagal 19a(1) a chur san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta. Féadfaidh Ballstáit é sin a dhéanamh i gcás ina n-ullmhaíonn an gnóthas lena mbaineann tuarascáil ar leithligh a fhoilsítear in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin, nó i gcás ina gcuirtear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an ghnóthais laistigh de thréimhse réasúnach ama nach mó ná 6 mhí, tar éis dháta an chláir chomhardaithe, agus go dtagraítear di sa tuarascáil bhainistíochta. Tá an fhéidearthacht chéanna ann maidir leis an ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 29(a)(4) de Threoir 2013/34/AE. Bhain fiche Ballstát leas as an rogha sin. Leis an bhféidearthacht maidir le tuarascáil ar leithligh a fhoilsiú, cuirtear bac ar infhaighteacht na faisnéise a nascann faisnéis airgeadais agus faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta, áfach. Cuireann sé sin bac ar sho-aimsitheacht agus inrochtaineacht na faisnéise d’úsáideoirí freisin, go háirithe infheisteoirí, a bhfuil spéis acu i bhfaisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta araon. Géaraítear an fhadhb sin leis an bhféidearthacht d’amanna foilsithe difriúla le haghaidh faisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta. Má dhéantar foilsiú i dtuarascáil ar leithligh, féadfar a thabhairt le fios freisin, go hinmheánach agus go seachtrach, go mbaineann faisnéis inbhuanaitheachta le catagóir faisnéise nach bhfuil chomh hábhartha céanna, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d’iontaofacht braite na faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais faisnéis inbhuanaitheachta a | (50) Le hAirteagal 19a(4) de Threoir 2013/34/AE cuirtear ar a gcumas do Bhallstáit gnóthais a dhíolmhú ón ráiteas neamhairgeadais a éilítear faoi Airteagal 19a(1) a chur san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta. Féadfaidh Ballstáit é sin a dhéanamh i gcás ina n-ullmhaíonn an gnóthas lena mbaineann tuarascáil ar leithligh a fhoilsítear in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin, nó i gcás ina gcuirtear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an ghnóthais laistigh de thréimhse réasúnach ama nach mó ná 6 mhí, tar éis dháta an chláir chomhardaithe, agus go dtagraítear di sa tuarascáil bhainistíochta. Tá an fhéidearthacht chéanna ann maidir leis an ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 29(a)(4) de Threoir 2013/34/AE. Bhain fiche Ballstát leas as an rogha sin. Leis an bhféidearthacht maidir le tuarascáil ar leithligh a fhoilsiú, cuirtear bac ar infhaighteacht na faisnéise a nascann faisnéis airgeadais agus faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta, áfach. Cuireann sé sin bac ar sho-aimsitheacht agus inrochtaineacht na faisnéise d’úsáideoirí freisin, go háirithe infheisteoirí, a bhfuil spéis acu i bhfaisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta araon. Géaraítear an fhadhb sin leis an bhféidearthacht d’amanna foilsithe difriúla le haghaidh faisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta. Má dhéantar foilsiú i dtuarascáil ar leithligh, féadfar a thabhairt le fios freisin, go hinmheánach agus go seachtrach, go mbaineann faisnéis inbhuanaitheachta le catagóir faisnéise nach bhfuil chomh hábhartha céanna, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d’iontaofacht braite na faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais faisnéis inbhuanaitheachta a |

thuairisciú sa tuarascáil bhainistíochta agus níor cheart a cheadú do Bhallstáit a thuilleadh gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid chun faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a chuimsiú sa tuarascáil bhainistíochta. Cuideoidh oibleagáid den sórt sin freisin chun ról na n-údarás náisiúnta inniúil a shoiléiriú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta, mar chuid den tuarascáil bhainistíochta, i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE. Chomh maith leis sin, maidir le gnóthais a gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, níor cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid chun an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú mar tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear faisnéis inbhuanaitheachta ar fáil go poiblí.

thuairisciú sa tuarascáil bhainistíochta agus níor cheart a cheadú do Bhallstáit a thuilleadh gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid chun faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a chuimsiú sa tuarascáil bhainistíochta ***ach ba cheart cead a bheith acu, ar an leibhéal comhdhlúite, faisnéis maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta a fhoilsiú i roinn shonrach den tuarascáil bhainistíochta agus i bhformáid a bheidh coibhéiseach agus comhoiriúnach leis an bhformáid a leagtar síos le haghaidh fhoilsiú na ráiteas airgeadais***. Cuideoidh oibleagáid den sórt sin freisin chun ról na n-údarás náisiúnta inniúil a shoiléiriú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta, mar chuid den tuarascáil bhainistíochta, i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE. Chomh maith leis sin, maidir le gnóthais a gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, níor cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid chun an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú mar tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear faisnéis inbhuanaitheachta ar fáil go poiblí.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina | (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina |

| | |
|---|---|
| leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. | leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne***, chomh maith le gnéithe eile de bheartais amhail aois nó cúlraí oideachais*** agus ***gairmiúla nó míchumais, agus*** ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) De réir Airteagal 33 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil sé de fhreagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais a áirithiú go ndéantar na ráitis airgeadais bhliantúla (chomhdhlúite), an tuarascáil bhainistíochta (chomhdhlúite) agus an ráiteas rialachais chorparáidigh (comhdhlúite) a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Ba cheart an fhreagracht chomhchoiteann sin a shíneadh chuig na ceanglais maidir le digitiú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, chuig an gceanglas chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh agus chuig an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a | (52) De réir Airteagal 33 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil sé de fhreagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais***, ar freagracht é atá sainithe go maith,*** a áirithiú go ndéantar na ráitis airgeadais bhliantúla (chomhdhlúite), an tuarascáil bhainistíochta (chomhdhlúite) agus an ráiteas rialachais chorparáidigh (comhdhlúite) a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Ba cheart an fhreagracht chomhchoiteann sin a shíneadh chuig na ceanglais maidir le digitiú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, chuig an gceanglas chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh agus chuig an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a |

mharcáil.

mharcáil.

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Déanann gairm an dearbhaithe idirdhealú idir dearbhuithe iontaofachta teoranta agus réasúnacha. Soláthraítear an chonclúid ar dhearbhú iontaofachta teoranta le léiriú diúltach de ghnáth, trína lua nár aithin an cleachtóir aon ábhar as a mbainfí an chonclúid gur tugadh míráiteas ábhartha i leith an ábhair atá i gceist. Déanann an t-iniúchóir líon níos lú tástálacha ná mar a dhéantar le dearbhú iontaofachta réasúnach. Dá bhrí sin, bíonn méid níos lú oibre i gceist le gníomhaíocht dearbhaithe theoranta ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach. Cuimsítear nósanna imeachta fairsinge leis an iarracht oibre a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach lena n-áirítear breithniú ar rialuithe inmheánacha an ghnóthais atá ag tuairisciú agus tástáil shubstainteach, agus dá bhrí sin, bíonn an iarracht oibre i bhfad níos mó ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta teoranta. Léirítear conclúid an chineáil sin dearbhaithe i bhfoirm dhearfach de ghnáth agus luaitear tuairim ar an ábhar a thomhas in aghaidh critéar a sainíodh cheana féin. De réir Airteagal 19a(5) agus Airteagal 29a(5) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go seiceálann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta cibé an ndearnadh an ráiteas neamhairgeadais nó an tuarascáil ar leithligh a sholáthar. Ní éilítear leis an Treoir go ndéanfadh soláthraí neamhspleách de sheirbhísí dearbhaithe an fhaisnéis a fhíorú, cé go gcuireann sé ar chumas na mBallstát an fíorú sin a éileamh más mian leo. In éagmais ceanglas dearbhaithe maidir le tuairisciú | (53) Déanann gairm an dearbhaithe idirdhealú idir dearbhuithe iontaofachta teoranta agus réasúnacha. Soláthraítear an chonclúid ar dhearbhú iontaofachta teoranta le léiriú diúltach de ghnáth, trína lua nár aithin an cleachtóir aon ábhar as a mbainfí an chonclúid gur tugadh míráiteas ábhartha i leith an ábhair atá i gceist. Déanann an t-iniúchóir líon níos lú tástálacha ná mar a dhéantar le dearbhú iontaofachta réasúnach. Dá bhrí sin, bíonn méid níos lú oibre i gceist le gníomhaíocht dearbhaithe theoranta ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach. Cuimsítear nósanna imeachta fairsinge leis an iarracht oibre a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach lena n-áirítear breithniú ar rialuithe inmheánacha an ghnóthais atá ag tuairisciú agus tástáil shubstainteach, agus dá bhrí sin, bíonn an iarracht oibre i bhfad níos mó ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta teoranta. Léirítear conclúid an chineáil sin dearbhaithe i bhfoirm dhearfach de ghnáth agus luaitear tuairim ar an ábhar a thomhas in aghaidh critéar a sainíodh cheana féin. De réir Airteagal 19a(5) agus Airteagal 29a(5) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go seiceálann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta cibé an ndearnadh an ráiteas neamhairgeadais nó an tuarascáil ar leithligh a sholáthar. Ní éilítear leis an Treoir go ndéanfadh soláthraí neamhspleách de sheirbhísí dearbhaithe an fhaisnéis a fhíorú, cé go gcuireann sé ar chumas na mBallstát an fíorú sin a éileamh más mian leo. In éagmais ceanglas dearbhaithe maidir le tuairisciú |

inbhuanaitheachta, i gcodarsnacht leis an gceanglas a chuirtear ar an iniúchóir reachtúil chun dearbhú iontaofachta réasúnach a dhéanamh ar ráitis airgeadais, chuirfí creidiúnacht na faisnéise inbhuanaitheachta a nochtar i mbaol, agus ar an gcaoi sin ní fhéadfaí riachtanais úsáideoirí beartaithe na faisnéise a chomhlíonadh. Cé gurb é an cuspóir leibhéal dearbhaithe comhchosúil a bhaint amach maidir le tuairisciú airgeadais agus inbhuanaitheachta, tá an baol ann go mbeidh tuiscintí agus ionchais dhifriúla ann i ndáil leis an méid a bheadh i gceist le gealltanas dearbhaithe réasúnta le haghaidh catagóirí difriúla faisnéise inbhuanaitheachta toisc nach bhfuil caighdeán a comhaontaíodh i gcomhpháirt ann maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú, go háirithe maidir le nochtaí réamhbhreathnaitheacha agus cáilíochtúla. Dá bhrí sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige forásach chun feabhas a chur ar leibhéal an dearbhaithe a éilítear maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, ag tosú le hoibleagáid ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta chun tuairim a léiriú maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta. Ba cheart a chumhdach leis an tuairim sin cibé an gcomhlíontar caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta nó nach gcomhlíontar, mar aon leis an bpróiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear a aithint de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an chomhlíontacht leis an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil. Ba cheart don iniúchóir measúnú a dhéanamh freisin ar cibé an gcomhlíonann tuairisciú an ghnóthais na ceanglais maidir le tuairisciú atá in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 nó nach gcomhlíonann. Chun comhthuiscint agus ionchais choiteann a ráthú maidir leis an méid a bheadh i gceist le ***dearbhú***

inbhuanaitheachta, i gcodarsnacht leis an gceanglas a chuirtear ar an iniúchóir reachtúil chun dearbhú iontaofachta réasúnach a dhéanamh ar ráitis airgeadais, chuirfí creidiúnacht na faisnéise inbhuanaitheachta a nochtar i mbaol, agus ar an gcaoi sin ní fhéadfaí riachtanais úsáideoirí beartaithe na faisnéise a chomhlíonadh. Cé gurb é an cuspóir leibhéal dearbhaithe comhchosúil a bhaint amach maidir le tuairisciú airgeadais agus inbhuanaitheachta, tá an baol ann go mbeidh tuiscintí agus ionchais dhifriúla ann i ndáil leis an méid a bheadh i gceist le gealltanas dearbhaithe réasúnta le haghaidh catagóirí difriúla faisnéise inbhuanaitheachta toisc nach bhfuil caighdeán a comhaontaíodh i gcomhpháirt ann maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú, go háirithe maidir le nochtaí réamhbhreathnaitheacha agus cáilíochtúla. Dá bhrí sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige forásach ***agus cóirithe*** chun feabhas a chur ar leibhéal an dearbhaithe a éilítear maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, ag tosú le hoibleagáid ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta chun tuairim a léiriú maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta. Ba cheart a chumhdach leis an tuairim sin cibé an gcomhlíontar caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta nó nach gcomhlíontar, mar aon leis an bpróiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear a aithint de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an chomhlíontacht leis an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil. Ba cheart don iniúchóir measúnú a dhéanamh freisin ar cibé an gcomhlíonann tuairisciú an ghnóthais na ceanglais maidir le tuairisciú atá in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 nó nach gcomhlíonann. Chun comhthuiscint agus ionchais choiteann a ráthú maidir leis an méid a bheadh i gceist le ***fostaíocht***

| | |
|---|---|
| ***iontaofachta réasúnach***, ba cheart a cheangal ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta tuairim a léiriú bunaithe ar ***dhearbhú iontaofachta réasúnach*** maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, ***dá nglacfadh an Coimisiún*** caighdeáin dearbhaithe i ndáil le ***dearbhú iontaofachta réasúnach ar thuairisciú inbhuanaitheachta***. Ar an gcaoi sin, chumasófaí forbairt fhorásach an mhargaidh um dhearbhú iontaofachta maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, agus forbairt fhorásach chleachtais tuairiscithe gnóthas freisin. ***Ar deireadh, leis an gcur chuige forásach sin thabharfaí isteach an méadú ar chostais de réir a chéile do ghnóthas atá ag tuairisciú, ós rud é go mbaineann costas níos airde le dearbhú iontaofachta réasúnach ná dearbhú iontaofachta teoranta.*** | ***dearbhaithe réasúnta***, ba cheart ***ansin*** a cheangal ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta tuairim a léiriú bunaithe ar ***fhostaíocht dearbhaithe réasúnta*** maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, ***tar éis don Choimisiún*** caighdeáin dearbhaithe ***a ghlacadh*** i ndáil le ***fostaíocht dearbhaithe réasúnta maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus tar éis toradh dearfach ar an sásra athbhreithnithe agus sa chás go gcinnfeadh na comhreachtóirí athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal an chomhlíonta dearbhaithe***. Ar an gcaoi sin, chumasófaí forbairt fhorásach an mhargaidh um dhearbhú iontaofachta maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, agus forbairt fhorásach chleachtais tuairiscithe gnóthas freisin. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Déanann iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta na ráitis airgeadais agus an tuarascáil bhainistíochta a fhíorú cheana féin. I gcás ina ndéanfadh na hiniúchóirí reachtúla nó na gnólachtaí iniúchóireachta dearbhú iontaofachta i ndáil leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, chuideodh sé sin chun nascacht agus comhsheasmhacht a áirithiú idir faisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta, rud atá fíorthábhachtach d’úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta. Tá an baol ann go ndéanfaí an margadh iniúchóireachta a chomhchruinniú a thuilleadh áfach, rud a chuirfeadh neamhspleáchas iniúchóirí i mbaol agus d’fhéadfaí táillí iniúchóireachta nó dearbhaithe a mhéadú dá thoradh. Dá bhrí sin, tá sé inmhianaithe rogha níos leithne soláthraithe dearbhaithe | (54) Déanann iniúchóirí reachtúla nó gnólachtaí iniúchóireachta na ráitis airgeadais agus an tuarascáil bhainistíochta a fhíorú cheana féin. I gcás ina ndéanfadh na hiniúchóirí reachtúla nó na gnólachtaí iniúchóireachta dearbhú iontaofachta i ndáil leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, chuideodh sé sin chun nascacht agus comhsheasmhacht a áirithiú idir faisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta, rud atá fíorthábhachtach d’úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta. Tá an baol ann go ndéanfaí an margadh iniúchóireachta a chomhchruinniú a thuilleadh áfach, rud a chuirfeadh neamhspleáchas iniúchóirí i mbaol agus d’fhéadfaí táillí iniúchóireachta nó dearbhaithe a mhéadú dá thoradh. Dá bhrí sin, tá sé inmhianaithe rogha níos leithne soláthraithe dearbhaithe |

iontaofachta neamhspleácha a thairiscint do ghnóthais i ndáil le dearbhú iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit soláthraithe neamhspleácha seirbhísí dearbhaithe a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[66] chun tuairim a sholáthar maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, ar cheart í a fhoilsiú in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta. Ba cheart do na Ballstáit ceanglais a leagan amach lena n-áiritheofaí torthaí comhsheasmhacha maidir le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanann soláthraithe seirbhíse dearbhaithe iontaofachta éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart na soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha uile a bheith faoi réir ceanglais atá ***comhsheasmhach*** leis na ceanglais sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú. Ar an gcaoi sin, déanfar cothrom iomaíochta a ráthú i measc na ndaoine agus na ngnólachtaí uile a gceadaíonn Ballstáit dóibh an tuairim a sholáthar maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iniúchóirí reachtúla. Má lorgaíonn gnóthas tuairim ó sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách creidiúnaithe seachas an t-iniúchóir reachtúil i ndáil lena thuairisciú inbhuanaitheachta, ní gá dó an tuairim sin a iarraidh ón iniúchóir reachtúil chomh maith.

iontaofachta neamhspleácha a thairiscint do ghnóthais i ndáil le dearbhú iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit soláthraithe neamhspleácha seirbhísí dearbhaithe a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[66] chun tuairim a sholáthar maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, ar cheart í a fhoilsiú in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta. Ba cheart do na Ballstáit ceanglais a leagan amach lena n-áiritheofaí torthaí comhsheasmhacha maidir le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanann soláthraithe seirbhíse dearbhaithe iontaofachta éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart na soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha uile a bheith faoi réir ceanglais atá ***coibhéiseach*** leis na ceanglais sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú. Ar an gcaoi sin, déanfar cothrom iomaíochta a ráthú i measc na ndaoine agus na ngnólachtaí uile a gceadaíonn Ballstáit dóibh an tuairim a sholáthar maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iniúchóirí reachtúla. Má lorgaíonn gnóthas tuairim ó sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách creidiúnaithe seachas an t-iniúchóir reachtúil i ndáil lena thuairisciú inbhuanaitheachta, ní gá dó an tuairim sin a iarraidh ón iniúchóir reachtúil chomh maith. ***Ina theannta sin, ba cheart ardleibhéal neamhspleáchais a áirithiú d'oibríochtaí dearbhaithe tuairiscithe inbhuanaitheachta trí phrionsabal na neamh-chomhoiriúnachta idir fostaíocht reachtúil iniúchóireachta agus dearbhú go bhfuil fostaíocht tuairiscithe inbhuanaitheachta á déanamh ag an iniúchóir reachtúil céanna nó ag an ngnólacht nó líonra iniúchóireachta céanna a bhunú.***

| | |
|---|---|
| [66] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30). | [66] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30). |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Leis na rialacha maidir le hiniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a fhormheas agus a aithint, ba cheart a áirithiú go bhfuil an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ag iniúchóirí reachtúla ar ábhair atá ábhartha maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Maidir le hiniúchóirí reachtúla a ndearna Ballstát iad a fhaomhadh nó a aithint cheana féin áfach, ba cheart a cheadú dóibh go fóill iniúchtaí reachtúla a dhéanamh agus a cheadú dóibh dearbhuithe iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú áfach go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla atá formheasta cheana féin an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta trí oideachas gairmiúil leanúnach. | (56) Leis na rialacha maidir le hiniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a fhormheas agus a aithint, ba cheart a áirithiú go bhfuil an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ag iniúchóirí reachtúla ar ábhair atá ábhartha maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. ***D'fhéadfadh an t-eolas sin a bheith bunaithe freisin ar thaithí fostaíochta roimhe seo agus ar choibhéisí gairmiúla.*** Maidir le hiniúchóirí reachtúla a ndearna Ballstát iad a fhaomhadh nó a aithint cheana féin áfach, ba cheart a cheadú dóibh go fóill iniúchtaí reachtúla a dhéanamh agus a cheadú dóibh dearbhuithe iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú áfach go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla atá formheasta cheana féin an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta trí oideachas gairmiúil leanúnach. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Ba cheart a áirithiú go bhfuil na ceanglais a fhorchuirtear ar iniúchóirí, a mhéid a bhaineann lena gcuid oibre ar an iniúchadh reachtúil, agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach. Ba cheart a leagan síos, dá bhrí sin, i gcás ina bhfaightear an tuairim ar thuairisciú inbhuanaitheachta ón iniúchóir reachtúil nó ón ngnólacht iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais, go bhfuil páirt ghníomhach ag na príomhpháirtithe iniúchóireachta i ndearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta. Le linn dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar iniúchóirí reachtúla am leordhóthanach a chaitheamh ar an dearbhú iontaofachta agus acmhainní leordhóthanacha a shannadh chun é a chur ar a gcumas a ndualgais a dhéanamh go hiomchuí. Ar deireadh, ba cheart na táillí a gearradh i ndáil le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta a shonrú i dtaifead cuntais an chliaint agus ba cheart faisnéis a chuimsiú sa chomhad iniúchóireachta maidir leis an dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta. | (57) Ba cheart a áirithiú go bhfuil na ceanglais a fhorchuirtear ar iniúchóirí, a mhéid a bhaineann lena gcuid oibre ar an iniúchadh reachtúil, agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach. Ba cheart a leagan síos, dá bhrí sin, i gcás ina bhfaightear an tuairim ar thuairisciú inbhuanaitheachta ón iniúchóir reachtúil nó ón ngnólacht iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais, go bhfuil páirt ghníomhach ag na príomhpháirtithe iniúchóireachta i ndearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta. Le linn dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh, ba cheart a cheangal ar iniúchóirí reachtúla am leordhóthanach a chaitheamh ar an dearbhú iontaofachta agus acmhainní leordhóthanacha ***agus saineolas leordhóthanach*** a shannadh chun é a chur ar a gcumas a ndualgais a dhéanamh go hiomchuí. Ar deireadh, ba cheart na táillí a gearradh i ndáil le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta a shonrú i dtaifead cuntais an chliaint agus ba cheart faisnéis a chuimsiú sa chomhad iniúchóireachta maidir leis an dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 57 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(57 a) Ba cheart ardleibhéal saineolais theicniúil agus speisialaithe i réimse na hinbhuanaitheachta a bheith ag na comhlachtaí iniúchóireachta le haghaidh tuarascálacha inbhuanaitheachta chun an fhaisnéis a mheasúnú.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) De réir Airteagal 39 de Threoir 2006/43/CE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil coiste iniúchóireachta ag gach eintiteas leasa phoiblí, agus go sonraíonn sé a chuid cúraimí maidir leis an iniúchadh reachtúil. Ba cheart cúraimí áirithe a shannadh don choiste iniúchóireachta maidir le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart a chuimsiú leis na cúraimí sin an oibleagáid chun comhlacht riaracháin nó maoirseachta an eintitis a ndéantar iniúchóireacht air a chur ar an eolas faoi thoradh an dearbhaithe iontaofachta ar an tuairisciú inbhuanaitheachta agus a mhíniú conas a chuidigh an coiste iniúchóireachta le sláine an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus cén ról a bhí ag an gcoiste iniúchóireachta sa phróiseas sin. | (65) De réir Airteagal 39 de Threoir 2006/43/CE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil coiste iniúchóireachta ag gach eintiteas leasa phoiblí, agus go sonraíonn sé a chuid cúraimí maidir leis an iniúchadh reachtúil. Ba cheart cúraimí áirithe a shannadh don choiste iniúchóireachta maidir le dearbhú iontaofachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart a chuimsiú leis na cúraimí sin an oibleagáid chun comhlacht riaracháin nó maoirseachta an eintitis a ndéantar iniúchóireacht air a chur ar an eolas faoi thoradh an dearbhaithe iontaofachta ar an tuairisciú inbhuanaitheachta agus a mhíniú conas a chuidigh an coiste iniúchóireachta le sláine an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus cén ról a bhí ag an gcoiste iniúchóireachta sa phróiseas sin. ***Tá Coistí um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach curtha ar bun ag roinnt cuideachtaí. Féadfaidh cuideachtaí a chinneadh an coiste iniúchóireachta agus aon choistí eile a bhfuil baint acu le tuairisciú inbhuanaithe a thabhairt isteach.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) De réir Airteagal 51 de Threoir 2013/34/AE, maidir le forfheidhmiú an tuairiscithe chorparáidigh ag gnóthais nach liostaítear a n-urrúis ar mhargaí rialáilte, déanann na Ballstáit é sin. Ní shonraítear na cineálacha pionós, áfach, agus fágann sin gur féidir athrú mór | (69) De réir Airteagal 51 de Threoir 2013/34/AE, maidir le forfheidhmiú an tuairiscithe chorparáidigh ag gnóthais nach liostaítear a n-urrúis ar mhargaí rialáilte, déanann na Ballstáit é sin. Ní shonraítear na cineálacha pionós, áfach, agus fágann sin gur féidir athrú mór |

| | |
|---|---|
| a bheith sna córais phionósaithe idir na Ballstáit, rud a dhéanann dochar don mhargadh aonair. Chun feabhas a chur ar thuairisciú inbhuanaitheachta sa mhargadh inmheánach agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá go hiomlán inbhuanaithe agus ionchuimsitheach ina ndéantar sochair an fháis a chomhroinnt go forleathan i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin áirithe i gcás sáruithe ar cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart córas pionósaithe Threoir 2013/34/AE a neartú dá réir sin, trína bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin iomchuí. | a bheith sna córais phionósaithe idir na Ballstáit, rud a dhéanann dochar don mhargadh aonair. Chun feabhas a chur ar thuairisciú inbhuanaitheachta sa mhargadh inmheánach agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá go hiomlán inbhuanaithe agus ionchuimsitheach ina ndéantar sochair an fháis a chomhroinnt go forleathan i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin ***de chineál*** áirithe i gcás sáruithe ar cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart córas pionósaithe Threoir 2013/34/AE a neartú dá réir sin, trína bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin ***de chineál*** iomchuí. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69 a) Ba cheart a cheangal ar chuideachtaí neamh-AE a dtuairisciú inbhuanaitheachta neamhairgeadais agus a straitéis díchill chuí a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin de réir ceanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta nó ceanglais a mheasann an Coimisiún Eorpach a bheith coibhéiseach. Ba cheart don Choimisiún fógra poiblí a thabhairt do chuideachtaí neamhchomhlíontacha á rá gur mhainnigh orthu na ceanglais a chomhlíonadh agus ba cheart go gceanglófaí orthu an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil. D'fhéadfaí smachtbhannaí níos déine a bheartú tríd an sásra athbhreithnithe.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71 a) Bunaítear leis an Treoir go dtíolacfaidh an Coimisiún, faoi dheireadh 2026, tuarascáil ar éifeachtacht na bhforálacha nua atá comhtháite sa Treoir seo agus déanfaidh sé measúnú ar roinnt gnéithe a moladh le linn chéim na caibidlíochta. Bhí clásal athbhreithnithe den sórt sin ann cheana sa Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais. Leis an gclásal athbhreithnithe sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ba cheart measúnú a dhéanamh go háirithe ar raon feidhme an mhéadaithe, ar leibhéal dearbhaithe iontaofachta iniúchóirí, ar an ngá atá le caighdeáin Eorpacha maidir le cearta an duine a fheabhsú, ar an mbreisluach a bhaineann le cur le liosta na ngníomhaíochtaí agus na n-earnálacha ardriosca agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara agus ar mheicníochtaí smachtbhannaí a fhorbairt do chuideachtaí atá ag feidhmiú san Eoraip atá bunaithe i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3. Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas*** |

*beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil:*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) eintitis dhlítheanacha bhrabúsacha atá eagraithe ina n-iontaobhais nó mar shocruithe dlíthiúla comhchosúla.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. De mhaolú ar Airteagal 1, mír 3, déanfaidh gnóthais dá dtagraítear i bhfomhír a) agus fomhír b) faisnéis a thuairisciú a shainítear sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19b mír 1 (a) a chomhfhreagraíonn do riachtanais oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088, maidir leis an mbliain airgeadais tar éis na chéad bhliana airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 17

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn “ábhair inbhuanaitheachta” fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*4, agus fachtóirí rialachais; | (17) ciallaíonn “ábhair inbhuanaitheachta” fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*4, agus ***a shonraítear tuilleadh sna caighdeáin agus sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4 de, chomh maith le*** fachtóirí rialachais; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 19

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn “sócmhainní doláimhsithe” acmhainní neamhfhisiceacha a rannchuidíonn le cruthú luacha an ghnóthais; | (19) ciallaíonn “sócmhainní doláimhsithe” acmhainní neamhfhisiceacha a rannchuidíonn le cruthú luacha an ghnóthais ***agus atá comhsheasmhach le sócmhainní doláimhsithe a tuairiscíodh cheana sa chreat tuairiscithe airgeadais***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 20 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20 a) ciallaíonn ‘sprioc eolaíochtbhunaithe’ sprioc arna sainiú ar bhonn fianaise eolaíche agus le bailíochtú eolaíoch neamhspleách, lena n-áirithítear, nuair a bhaineann an gnóthas amach í, go mbeidh tionchair an ghnóthais, mar a shonraítear in Airteagal*** |

***19a, i gcomhréir le spriocanna agus critéir inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh maidir leis na hábhair inbhuanaitheachta shonracha.***

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gnóthais mhóra ***agus, amhail ón 1 Eanáir 2026, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (1), pointe (a), áireoidh siad*** sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | 1. ***Áireoidh*** gnóthais mhóra sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Cuideachtaí tríú tír atá inchomparáide i bhfoirm dhlíthiúil le gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 19a (1) agus nach bhfuil bunaithe ar chríoch an Aontais nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ag earraí nó ag soláthar seirbhísí faoi bhearta cur chun feidhme a leagtar amach in Airteagal 19b (1) – iic), cuirfidh siad san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is*** |

| | |
|---|---|
| | ***gá chun tuiscint a fháil ar thionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag ábhair inbhuanaitheachta ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar sheasamh an ghnóthais.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii a) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis comhsheasmhach le fostaíocht a áirithiú in AE agus dálaí oibre cothroma a chur chun cinn mar a shainítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta;*** |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ***ghnó*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le ***teorannú an téimh dhomhanda chuig 1.5 C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras; | (iii) pleananna an ghnóthais***, agus an slabhra luacha iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear pleananna maidir le gníomhaíochtaí cur*** chun ***feidhme agus pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara, agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí absalóideacha gearrthéarmacha agus meántéarmacha do 2025 agus 2030,*** a ***ndéanfar athbhreithniú orthu gach cúig bliana suas go dtí 2050, chun a*** áirithiú go bhfuil a shamhail ***fhoriomlán*** ghnó agus a straitéis ***iomlán*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus |

| | |
|---|---|
| | le ***téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras***, gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta, agus de bhun na moltaí is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ó na moltaí is déanaí ón mBord Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide***; ***go bhfuil siad ailínithe ag an mBord Comhairleach Aeráide is déanaí ag an mBord Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide; agus*** |
| | ***- i gcás inarb ábhartha, méid neamhchosanta an ghnóthais ar earnálacha atá liostaithe i Ranna 05, 06, 09, 19, 35, 46.71, 73.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.1893/2006, a mhéid a bhaineann siad le gníomhaíochtaí guail, ola, gáis;*** |
| | ***- i gcás inarb ábhartha, déanfaidh gnóthais a mbíonn tionchar ar leith ag a gcuid gníomhaíochtaí ar acmhainní nádúrtha agus/nó a oibríonn in earnálacha atá ag brath go háirithe ar acmhainní nádúrtha, na tionchair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis na héiceachórais a bhfuil baint acu le samhail ghnó an ghnóthais agus na rioscaí a bhaineann leo a nochtadh, mar aon le pleananna ag an ngnóthas caillteanas an dúlra a mhaolú agus an dúlra a athbhunú i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghnóthais chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (v) conas a cuireadh straitéis an ghnóthais chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus spriocanna*** |

| | |
|---|---|
| | ***eolaíochtbhunaithe***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***atá leagtha*** síos ag an ngnóthas agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***chun*** na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha atá faoi cheangal ama*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***arna leagan*** síos ag an ngnóthas ***i ndáil le rioscaí*** agus ***deiseanna agus drochthionchair an ghnóthais*** ar ***chúrsaí inbhuanaitheachta,*** an ***bhfuil na spriocanna sin bunaithe ar eolaíocht agus an*** dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***i dtreo*** na spriocanna sin a bhaint amach***, lena n-áirítear conair atá sainithe go soiléir agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun iad sin a bhaint amach***; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról ***agus saineolas*** na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) faisnéis faoi scéimeanna dreasachta a bheith ann a thairgtear do chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhfuil baint acu le hábhair inbhuanaitheachta;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus, i gcás inarb infheidhme, de bhun reachtaíocht an Aontais agus/nó reachtaíocht náisiúnta***; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a chosc, a mhaolú ***nó*** a leigheas; | (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a ***shainaithint, a rianú, a*** chosc, a mhaolú***,*** a leigheas ***nó deireadh a chur leo***; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) táscairí atá ábhartha maidir leis na ***nochtaí*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f). | (g) táscairí ***agus spriocanna faoi cheangal ama*** atá ábhartha maidir leis na ***nochtuithe*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f) ***bunaithe ar na treoirlínte arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisceoidh gnóthais an próiseas a dhéantar chun go sainaithneofar an fhaisnéis atá cuimsithe acu sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le mír 1 agus sa phróiseas sin cuirfidh siad ***tréimhsí ionchais*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. | Tuairisceoidh gnóthais an próiseas a dhéantar chun go sainaithneofar an fhaisnéis atá cuimsithe acu sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le mír 1 agus ***2, agus*** sa phróiseas sin cuirfidh siad ***cuspóirí, straitéisí agus spriocanna*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb ***iomchuí***, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. | I gcás inarb ***infheidhme***, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb ***iomchuí***, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla. | I gcás inarb ***infheidhme***, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, maidir le modheolaíochtaí iomchuí chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa tuairisciú a ghiniúint.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagal 19a, míreanna 1 go 4, féadfaidh na gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), pointe (a),*** | 5. I gcomhréir ***le reachtaíocht agus cleachtas AE agus*** leis ***an reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta is infheidhme, glacfaidh ionadaithe iomchuí an oibrí*** |

***tuairisciú a dhéanamh*** i gcomhréir leis na ***caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 19c***.

***páirt i ndearadh an chórais tuairiscithe agus ba cheart an toradh, i gcás inarb infheidhme, a chur i láthair*** na ***gcomhlachtaí ábhartha riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta***.

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.*** | ***scriosta*** |

______________

****6 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis***

***faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lth. 38).***

*Réasúnú*

*L'exemption proposée par la Commission diffère des règles pour la communication des données financières qui ne dispensent pas les entreprises de publier leur bilan si ce dernier est intégré dans les comptes consolidés de la maison mère ou du groupe. La consolidation des données de durabilité sur base d'un critère de matérialité au niveau de la maison mère ou du groupe peut entrainer l'omission de certaines informations particulièrement pertinentes pour les investisseurs et les parties prenantes. Le rapporteur propose de conserver l'obligation en matière d'information pour les filiales et les maisons mères au niveau de l'entreprise. L'absence d'exemption ne remet pas en cause la possibilité pour une entreprise mère de mutualiser les coûts et les ressources avec ses filiales afin de remplir leurs obligations en matière d'information et d'audit de durabilité. Cela ne remet pas non plus en cause la possibilité pour les entreprises mères de produire un rapport de gestion consolidé.*

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais ***dá dtagraítear i bhfomhír 1*** a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4 a rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4 a rialú. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An Ballstát a rialaíonn an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo*** a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. | An Ballstát a rialaíonn an gnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ***ar mháthairghnóthas*** a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun liosta gníomhaíochtaí lena n-áireofar gníomhaíochtaí eacnamaíocha sna hearnálacha ardriosca seo a leanas a bhunú agus a leasú:***<br>***- Ball éadaigh agus coisbheart, lena n-áirítear monarú teicstíle,***<br>***- Talmhaíocht, lena n-áirítear monarú dí agus bia,***<br>***- An earnáil eastóscach (tionscail mianadóireachta, ola agus gáis),***<br>***- Mianraí, lena n-áirítear stán, tantalam, tungstan agus ór, chomh maith leis na hacmhainní mianracha eile go léir.***<br>***Ba cheart go bhfreagródh an liosta do na cóid NACE Eorpacha agus go gcuirfí san áireamh ann, nuair is féidir, an leibhéal aicmiúcháin is ísle.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faoin ***31 Deireadh Fómhair 2022***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. | (a) faoin ***30 Aibreán 2023***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faoin ***31 Deireadh Fómhair 2023***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear: | (b) faoin ***1 Eanáir 2024***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear: |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn siad**.** | (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn siad***, agus tús áite á thabhairt d'fhaisnéis i ngníomhaíochtaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***eacnamaíocha in earnálacha ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 19a (7a);*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii a) na cuspóirí intomhaiste sonracha bunaithe ar fhianaise eolaíoch a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (20a);*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe ii b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii b) na critéir agus na rialacha cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais a oibríonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 19a (7a);*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe ii c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii c) rialacha agus treoirlínte cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 19 a) pointe 1a*** |

***arna rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Aontais nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach a dhíolann earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i ***mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha,*** ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, ***agus go léireofar*** ar dhóigh dhílis ***í***. | 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i ***mír 1, déanfar cáilíocht agus ábharthacht na faisnéise tuairiscithe a áirithiú, trína cheangal go mbeidh sí*** ionadaíoch, infhíoraithe, ***iontaofa, inrochtana go héasca,*** inchomparáide, ***léirithe*** ar dhóigh dhílis ***agus, i gcás inar féidir, bunaithe ar chuspóirí sonracha intomhaiste eolaíochtbhunaithe mar a thuairiscítear in Airteagal 19b) 1 b.iia).*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) maolú ar an athrú aeráide***;*** | (i) maolú ar an athrú aeráide***, lena n-áirítear:*** <br> ***- astaíochtaí maidir le raonta feidhme uile na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena n-áirítear raon feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus táscairí ábhartha eile, de réir mar is iomchuí;*** <br> ***- pleananna aistrithe, airgeadais agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***infheistíochta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aon spriocanna laghdaithe astaíochtaí de chuid an ghnóthais agus aon dáta spriocdhírithe chun an aeráidneodracht a bhaint amach; agus*** <br> ***- samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais a ailíniú leis an sprioc téamh domhanda a theorannú go go maith faoi 2 °C agus iarrachtaí a shaothrú chun í a theorannú go 1.5° gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta,*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) uisce agus ***acmhainní muirí***; | (iii) ***úsáid inbhuanaithe agus cosaint inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní*** uisce***, muirí*** agus ***ithreach***; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) úsáid acmhainní ***agus an geilleagar ciorclach***; | (iv) ***an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear*** úsáid acmhainní; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) truailliú; | (v) truailliú ***a chosc agus a rialú***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe vi

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais; | (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais ***a chosaint agus a athbhunú***; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) comhionannas deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ar ***obair chomhionann***, oiliúint agus forbairt scileanna, agus fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas; | (i) ***cóir chomhionann agus*** comhionannas deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ***as obair*** ar ***comhionann a luach***, ***éagsúlacht ar gach leibhéal, mar a shainítear faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, trédhearcacht pá, bearta i gcoinne foréigin agus ciaptha,*** oiliúint agus forbairt scileanna, ***go háirithe ráta*** agus ***miondealú oibrithe atá rannpháirteach in oiliúint agus*** fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas***, lena sonraítear faisnéis maidir le bearta inrochtaineachta de réir tíre***; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) comhdhéanamh an fhórsa saothair atá imdhealaithe de réir inscne, de réir tíre;*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i b) comhaontuithe comhchoiteanna a bheith ann agus oibrithe a chumhdach iontu, agus comhairlí oibre a bheith ann, lena n-áirítear comhairlí oibre idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an dlí agus leis an gcleachtas is infheidhme*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán ***agus inoiriúnaithe***, pá, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht ***oibrithe***, cothromaíocht oibre is saoil, agus ***timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte*** agus ***dea-oiriúnaithe***; | (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán, pá ***leormhaith agus cóir***, ***am oibre,*** idirphlé sóisialta, ***saoirse comhlachais,*** cómhargáil agus ***cearta faisnéise, comhairliúcháin agus rannphháirtíochta oibrithe, lena n-áirítear maidir lena*** rannphháirtíocht ***i mboird riaracháin agus maoirseachta***, cothromaíocht oibre is saoil, ***saoire mháithreachais, saoire atharthachta*** agus ***saoire tuismitheora,*** agus ***sláinte agus sábháilteacht, agus ráta na n-oibrithe atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***gortaithe agus breoite ag an obair***; |
| | ***I gcomhréir le acquis dhlí saothair an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, rachaidh an bhainistíochta lárnach i gcomhairle leis na ceardchumainn agus le hionadaithe na n-oibrithe ag tús na tréimhse tuairiscithe maidir le dearadh an chórais tuairiscithe, lena n-áirítear na táscairí a áirítear agus na modhanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a fháil agus a fhíorú. Rachaidh an bhainistíocht lárnach i gcomhairle freisin le ceardchumainn agus le hionadaithe oibrithe chun rioscaí agus tionchair an ghnóthais ar an gcomhshaol agus ar dhaoine a shainaithint.*** |
| | ***Cuirfear na hacmhainní is gá ar fáil d'ionadaithe oibrithe chun feidhmiú éifeachtach na gceart a eascraíonn as an Treoir seo a áirithiú. Áireofar air sin tacaíocht ó shaineolaí, i gcás ina mbeidh sé sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta agus go bhfeidhmeofar iad i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, amhail Treoir 2002/14/CE, Treoir 2009/38/CE, Treoir 2001/86/CE agus Treoir 2003/72/CE.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a | (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a |

| | |
|---|---|
| bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine***, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó*** agus ***Cearta an Duine agus*** croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, ***lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha ***agus coinbhinsiúin rialachais*** EIS***, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta*** agus ***Beartas Sóisialta, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an Chairt Shóisialta Eorpach athbhreithnithe,*** Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus acquis dhlí saothair an Aontais***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ról chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh; | (i) ról ***agus saineolas*** chomhlachtaí ***agus coistí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht; | (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht ***agus socruithe inmheánacha laistigh den ghnóthas chun sceithirí agus leas ainmhithe a chosaint i gcás inarb infheidhme***; |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***rannpháirtíocht pholaitiúil*** an ghnóthais, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta; | (iii) ***tionchar polaitiúil*** an ghnóthais, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta ***agus a shíntiúis pholaitiúla***; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) bainistíocht agus cáilíocht caidreamh le comhpháirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta; | (iv) bainistíocht agus cáilíocht caidreamh le comhpháirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta***, go háirithe maidir le FBManna***; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) córais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an ghnóthais, lena n-áirítear i ndáil le próiseas tuairiscithe an ghnóthais. | (v) córais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an ghnóthais, lena n-áirítear i ndáil le próiseas tuairiscithe ***agus cinnteoireachta*** an ghnóthais. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus an fhaisnéis faoi thosca comhshaoil atá le nochtadh ag gnóthais á sonrú, déanfar comhchuibheas leis na sainmhínithe in Airteagal 2 agus leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 (an Rialacháin maidir le Tacsanamaíocht) agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin a áirithiú.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 3 – pointe aa

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) costais riaracháin a bhaineann le tuairisciú do ghnóthais;*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na critéir a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***a ghlactar*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852*7***;*** | (c) na critéir***, táscairí agus modheolaíochtaí*** a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***arna nglacadh*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852*[7]***, lena n-áirítear, inter alia, critéir scagtha theicniúla, critéir maidir le rannchuidiú substaintiúil agus critéir DNSH.*** |
| __________ | __________ |
| *[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). | *[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). |

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ***Treoir 2003/87/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[13]; | (g) ***Rialachán (AE) Uimh. 2021/1119*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[13]; |
| __________ | __________ |
| *[13] ***Treoir 2003/87/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***13 Deireadh Fómhair 2003*** lena mbunaítear ***scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal*** agus lena leasaítear ***Treoir 96/61/CE ón gComhairle*** (IO ***L 275***, ***25.10.2003,*** lch. ***32)***. | *[13] ***Rialachán (AE) 2021/1119*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***30 Meitheamh 2021*** lena mbunaítear ***an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach*** agus lena leasaítear ***Rialacháin*** (***CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')*** IO ***L 243***, ***9.7.2021,*** lch. ***1-17***. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 3 – pointe h a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna | Caighdeáin tuairiscithe ***deonacha*** inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna |
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a a thuairisceoidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide ***dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1)(a)***. Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a a thuairisceoidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide ***a roghnaíonn caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a úsáid do FBManna ar bhonn deonach agus ceanglais agus oibleagáidí na Treorach seo maidir le hábhar, iniúchadh agus foilsiú na tuarascála bainistíochta á gcomhlíonadh acu***. Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c – fomhír 1a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar a ngníomhartha trasuite ar FBManna agus aird faoi leith á tabhairt ar fhiontair bheaga, go háirithe FBManna a bhfuil tionchar indíreach acu ar oibleagáidí na Treorach, chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh, agus chun torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Féadfaidh na Ballstáit bearta a chur ar bun agus a oibriú, amhail lipéid dheimhnithe nó tacaíocht airgeadais, chun cabhrú le FBManna caighdeáin dheonacha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c – fomhír 1b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Le caighdeáin dheonacha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, ba cheart tagairt a leagan síos do ghnóthais atá laistigh de raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnach ar sholáthraithe FBManna agus ar chliaint ina slabhraí luacha.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. | 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. ***Ní mór an corrlach a bheith comhoiriúnach le comhdhlúthú agus athúsáid na sonraí sin i bpointe rochtana aonair Eorpach mar a thuairiscítear i nGníomhaíocht 1 den Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'A Capital Markets Union for people and businesses – new action plan' [Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua].*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 d – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Ní mór ráitis airgeadais leictreonacha agus tuarascálacha bainistíochta leictreonacha a bheith i gcomhréir leis na ceanglais rochtana ábhartha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir Airteagal 29a a ráitis airgeadais chomhdhlúite agus a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 agus déanfaidh siad tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. | 2. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir Airteagal 29a a ráitis airgeadais chomhdhlúite agus a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 agus déanfaidh siad tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. ***Ní mór an corrlach a bheith comhoiriúnach leis an bhformáid atá sonraithe i mír 1.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 5 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – mír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le hinscne agus gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás.***’;*** | (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le hinscne agus gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla ***nó míchumais***, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 28d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ***agus*** le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta. | Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil**,** le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ***agus leis an Údarás Eorpach Saothair***, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán ***(AE) Uimh.*** 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta ***laistigh de thréimhse ama réasúnta***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. ***Foilseofar an fhaisnéis sin i roinn shonrach den tuarascáil bhainistíochta agus i bhformáid a bheidh coibhéiseach agus comhoiriúnach leis an bhformáid a leagtar síos le haghaidh fhoilsiú na ráiteas airgeadais.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an méid seo a leanas ***go háirithe*** san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1: | 2. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1: |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tuairisc ***ghearr*** ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa, lena n-áirítear: | (a) tuairisc ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa, lena n-áirítear: |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) pleananna an ***ghrúpa*** chun a áirithiú go bhfuil ***samhail*** ghnó agus straitéis ***ghnó an ghrúpa*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le ***teorannú an téimh dhomhanda chuig 1.5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras; | (iii) pleananna an ***ghnóthais, agus an slabhra luacha iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear pleananna maidir le gníomhaíochtaí cur*** chun ***feidhme agus pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara, agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí absalóideacha gearrthéarmacha agus meántéarmacha do 2025 agus 2030,*** a ***ndéanfar athbhreithniú orthu gach cúig bliana suas go dtí 2050, chun a*** áirithiú go bhfuil ***a shamhail fhoriomlán*** ghnó agus ***a*** straitéis ***iomlán*** comhoiriúnach leis an |

aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le ***téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras***, gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta, agus de bhun na moltaí is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus na moltaí is déanaí ón mBord Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide***; ***go bhfuil oibríochtaí an ghnóthais laistigh den Aontas ailínithe leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a leagtar amach i Rialachán (AE)2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 ('An Dlí Aeráide Eorpach'); agus***

***- i gcás inarb ábhartha, méid neamhchosanta an ghnóthais ar earnálacha atá liostaithe i Ranna 05, 06, 09, 19, 35, 46.71, 73.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.1893/2006, a mhéid a bhaineann siad le gníomhaíochtaí guail, ola, gáis;***

***- i gcás inarb ábhartha, déanfaidh gnóthais a mbíonn tionchar ar leith ag a gcuid gníomhaíochtaí ar acmhainní nádúrtha agus/nó a oibríonn in earnálacha atá ag brath go háirithe ar acmhainní nádúrtha, na tionchair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis na héiceachórais a bhfuil baint acu le samhail ghnó an ghnóthais agus na rioscaí a bhaineann leo a nochtadh, mar aon le pleananna ag an ngnóthas caillteanas an dúlra a mhaolú agus an dúlra a athbhunú i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí;***

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ***ghrúpa*** agus ***tionchair an ghrúpa*** ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ***ghrúpa***; | (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ***ghnóthais*** agus ***tionchar an ghnóthais*** ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ***ghnóthais***; |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ***ghrúpa*** chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (v) conas a cuireadh straitéis an ***ghnóthais*** chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus spriocanna eolaíochtbhunaithe***; |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***atá leagtha*** síos ag an ***ngrúpa*** agus ar ***dhul*** chun cinn an ***ghnóthais chun*** na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***faoi cheangal ama*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***arna leagan*** síos ag an ***ngnóthas i ndáil le rioscaí*** agus ***deiseanna an ghnóthais agus na drochthionchair atá aige*** ar ***chúrsaí inbhuanaitheachta, an bhfuil na spriocanna sin bunaithe ar eolaíocht agus an dul*** chun cinn ***atá déanta ag*** an ***ngnóthas i dtreo*** na spriocanna sin a bhaint amach***, lena n-áirítear conair atá sainithe go soiléir agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun iad sin a bhaint amach***; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról ***agus saineolas*** na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ***ghrúpa*** i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ***ghnóthais*** i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) faisnéis faoi scéimeanna dreasachta a bheith ann a thairgtear do chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bhfuil baint acu le hábhair inbhuanaitheachta;*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus, i gcás inarb infheidhme, de bhun reachtaíocht an Aontais agus/nó reachtaíocht náisiúnta***; |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ***ghrúpa***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ***ghnóthais***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a chosc, a mhaolú ***nó*** a leigheas; | (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a ***shainaithint, a rianú, a*** chosc, a mhaolú***,*** a leigheas ***nó deireadh a chur leo***; |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) táscairí atá ábhartha maidir leis na nochtuithe dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f). | (g) táscairí ***agus spriocanna faoi cheangal ama*** atá ábhartha maidir leis na nochtuithe dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f) ***bunaithe ar na treoirlínte arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach***. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ***ionchais*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha ***san áireamh***, i gcás inarb iomchuí. | 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ***cuspóirí ama, straitéisí agus spriocanna*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, |

| | |
|---|---|
| i gcás inarb ***iomchuí***. | i gcás inarb ***infheidhme***. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin, i gcás inarb ***iomchuí***, d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 29 den Treoir seo agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin, i gcás inarb ***infheidhme***, d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 29 den Treoir seo agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, maidir le modheolaíochtaí iomchuí chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa tuairisciú a ghiniúint.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De mhaolú ar Airteagal 29a, | 5. De mhaolú ar Airteagal 29a, |

| | |
|---|---|
| míreanna 1 go 4, féadfaidh máthairghnóthais ar gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), pointe (a), tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 19c. | míreanna 1 go 4, féadfaidh máthairghnóthais ar gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), pointe (a), tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 19c. ***Níl feidhm ag an maolú seo i gcás ina dtuairiscíonn máthairghnóthais de chuid grúpa dá dtagraítear in Airteagal 3(7) an fhaisnéis i dtuarascáil chomhdhlúite inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcomhréir le reachtaíocht agus cleachtas AE agus náisiúnta is infheidhme, glacfaidh ionadaithe iomchuí an oibrí páirt i ndearadh an chórais tuairiscithe agus ba cheart an toradh a chur i láthair na gcomhlachtaí ábhartha riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, i gcás inarb infheidhme.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin beidh sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i míreanna 1 go ***4*** má áirítear an máthairghnóthas díolmhaithe sin | 7. Máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin beidh sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i míreanna 1 go ***2, cé is moite de na hoibleagáidí a leagtar amach*** |

agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid gnóthais eile, a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo. ***Máthairghnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.***

***i mír 2) a), b), e), f)agus na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar amach in g),*** má áirítear an máthairghnóthas díolmhaithe sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid gnóthais eile, a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo.

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas ***atá díolmhaithe ó*** na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 1 go 4*** a rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas ***a chomhlíonann*** na ***ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 cé is moite de na*** hoibleagáidí a leagtar amach i ***mír 2*** a***), b), e), f) agus na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar amach in g) á*** rialú. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An Ballstát a rialaíonn an máthairghnóthas atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú***. | ***The Member State by which the parent undertaking, which meets the requirements referred to in paragraphs 1 and 2 with the exception of obligations set out in paragraph 2 a), b), e), f) and corresponding obligations set out in g), is governed, may require that the consolidated management report referred to in the first subparagraph of this paragraph is published in its official language or in a language customary in the sphere of international finance, and that any necessary translation into those languages is provided***. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais ***atá díolmhaithe ó*** na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 1 go 4***: | Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais***, a chomhlíonann*** na ***ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cé is moite de na*** hoibleagáidí a leagtar amach i ***mír 2 a), b), e), f) agus na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar amach in g)***: |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.*** | (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 2 (c) agus (d)';*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 4 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) ainm agus seoladh gach eintitis chomhdhlúite.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh gnóthais laistigh de thréimhse réasúnach, nach mbeidh níos faide ná 12 mhí tar éis dháta an chláir chomhardaithe, na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhainistíochta atá formheasta go cuí san fhormáid a fhorordaítear le hAirteagal 19d den Treoir seo i gcás inarb infheidhme, mar aon leis na tuairimí agus an ráiteas a thíolacfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 34 den Treoir seo, mar a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le Caibidil 3 de Threoir (AE) 2017/1132 ó | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh gnóthais ***ar líne*** laistigh de thréimhse réasúnach, nach mbeidh níos faide ná 12 mhí tar éis dháta an chláir chomhardaithe, na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhainistíochta atá formheasta go cuí san fhormáid a fhorordaítear le hAirteagal 19d den Treoir seo i gcás inarb infheidhme, mar aon leis na tuairimí agus an ráiteas a thíolacfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 34 den Treoir seo, mar a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le Caibidil 3 de Threoir (AE) 2017/1132 ó |

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*16.’ | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[16].’ |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 9**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 33 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta de chuid gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, ***as*** a áirithiú go ndéanfar na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, le Rialachán Tarmligthe 2019/815, leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo, agus le ceanglais Airteagal 19d den Treoir seo: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta de chuid gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, ***atá sainithe go soiléir chun*** a áirithiú go ndéanfar na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, le Rialachán Tarmligthe 2019/815, leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo, agus le ceanglais Airteagal 19d den Treoir seo: |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an | (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais ***agus raon*** na Treorach seo, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.; | comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.***’***; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 10 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***a cheadú*** do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá ***comhsheasmhach*** leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. | 3. ***Ceadóidh*** na Ballstáit do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá ***coibhéiseach*** leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. ***Ceadóidh na Ballstáit coibhéis chuí na gceanglas sin san Aontas Eorpach trí pháirt a thabhairt do na húdaráis náisiúnta ábhartha. Sonróidh na Ballstáit na ceanglais sin a bhfuil feidhm acu maidir le soláthraithe seirbhíse neamhspleácha agus beidh éifeachtaí comhionanna acu ó thaobh cháilíocht an iniúchta ar fhaisnéis inbhuanaitheachta, agus iad á n-oiriúnú do sholáthraí dearbhaithe nach ndéanann iniúchóireacht reachtúil ar fhaisnéis airgeadais.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 11 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 1***(2), 3(13), 46(2), 19b agus 19c a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama***. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 1***(2), 3(13), 46(2), 19b agus 19c a thabhairt don Choimisiún go ceann ***4 bliana ó theacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh bhunúsaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe i gcomhair tréimhsí comhfhaid, mura rud é go ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na*** tréimhse ***4 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta***. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3a. Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll ***gur forbraíodh*** an chomhairle sin le próis chuí***,*** formhaoirseacht phoiblí agus ***trédhearcacht chóir agus*** le ***saineolas geallsealbhóirí ábhartha***, agus go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear ***anailísí ar thionchair*** na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. | 3a. Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll ***go bhfaigheann EFRAG maoiniú poiblí leordhóthanach arb ionann é agus ar a laghad 75 % den bhuiséad atá tiomnaithe don obair ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus go ndearnadh*** an chomhairle sin ***a fhorbairt*** le próis chuí ***agus*** formhaoirseacht phoiblí ***thrédhearcach, le neamhspleáchas leordhóthanach*** agus le ***rannpháirtíocht chothrom na n-ullmhóirí***, |

***na n-infheisteoirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta*** agus ***ceardchumainn agus*** go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear ***tionchair*** na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. ***Beidh rannpháirtíocht sa ghrúpa comhairleach teicniúil neamhspleách bunaithe ar shaineolas ar ábhair a leagtar amach in Airteagal 19a agus in Airteagal 19b agus ní bheidh sé coinníollach ar aon ranníocaíocht airgeadais.***

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Uair sa bhliain ar a laghad, déanfaidh an Coimisiún comhcheangal agus rachaidh sé i gcomhairle go comhpháirteach le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852, leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 1606/2002 agus le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa maidir le clár oibre EFRAG i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta | Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta |

Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bhunaítear de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 19b agus 19c. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.***;***

Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bhunaítear de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 19b agus 19c. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo. ***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar tuairimí a chomhordú ar bhealach a fhágfaidh gur féidir gníomhartha tarmligthe a chur chun feidhme d'ardchaighdeán.***

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 11 – pointe c**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 1(2), 3(13), 46(2), 19b ná 19c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***dhá*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***dhá*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 1(2), 3(13), 46(2), 19b ná 19c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***trí*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***trí*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***'*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl an duine ***nádúrtha*** nó an t-eintiteas dlítheanach atá freagrach agus cineál an tsáraithe; | (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl an duine nó an t-eintiteas dlítheanach atá freagrach agus cineál an tsáraithe; |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ordú á cheangal ar an duine ***nádúrtha*** nó ar an eintiteas dlítheanach atá freagrach scor den iompar ar sárú é agus staonadh ó aon iompar den sórt sin a dhéanamh an athuair; | (b) ordú á cheangal ar an duine nó ar an eintiteas dlítheanach atá freagrach scor den iompar ar sárú é agus staonadh ó aon iompar den sórt sin a dhéanamh an athuair; |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) leibhéal freagrachta an duine ***nádúrtha*** nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach; | (b) leibhéal freagrachta an duine nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach; |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) acmhainn airgeadais an duine ***nádúrtha*** nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach; | (c) acmhainn airgeadais an duine nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach; |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) leibhéal comhair an duine ***nádúrtha*** nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach leis an údarás inniúil; | (f) leibhéal comhair an duine nó an eintitis dhlítheanaigh atá freagrach leis an údarás inniúil; |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) sáruithe a bhí déanta roimhe sin ag an duine ***nádúrtha*** nó ag an eintiteas dlítheanach atá freagrach.’. | (g) sáruithe a bhí déanta roimhe sin ag an duine nó ag an eintiteas dlítheanach atá freagrach.’. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3 a. Áiritheoidh na Ballstáit, agus cineál agus leibhéal na bpionós, na bpionós riaracháin nó na mbeart dá dtagraítear i mír 2 á gcinneadh, go bhforáiltear leo freisin do shásra sásaimh éifeachtach bunaithe ar an dlí náisiúnta*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3 b. Mura ndéanann gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 19a (1), a rialaítear le dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe ar chríoch an Aontais nuair a oibríonn sé earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí, tuairisc a thabhairt de réir na mbeart cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 19b (1) – iic) déanfaidh an Coimisiún Eorpach a áirithiú go ndéantar na hoibleagáidí maidir le tuairisciú laistigh den mhargadh inmheánach a chomhlíonadh, déanfaidh sé fógra foirmiúil i scríbhinn a fhoilsiú agus a sheoladh chuig an ngnóthas mar gheall ar mhainneachtain an méid seo a leanas ar a laghad a chomhlíonadh:***<br>***- iarraidh ar an ngnóthas a oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh laistigh de spriocam réasúnta***<br>***- iarraidh ar fhaisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcúis nár chomhlíon an gnóthas a oibleagáidí tuairiscithe.*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – pointe 4 (nua)**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 28 d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28 d*** |
| | ***Treoirlínte ESMA*** |
| | ***Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – pointe 5**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 10 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun an cumas chun eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm sa chleachtas a áirithiú, a n-áirítear tástáil air sin sa scrúdú, cuirfidh oiliúnaí ***ar a laghad trí bliana d'***oiliúint phraiticiúil i gcrích, inter alia, an iniúchóireacht ar ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite nó ráitis airgeadais chomhchosúla agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite. Cuirfear ar a laghad dhá thrian den oiliúint phraiticiúil sin i gcrích le hiniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta atá formheasta in aon Bhallstát.***;*** | 1. Chun an cumas chun eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm sa chleachtas a áirithiú, a n-áirítear tástáil air sin sa scrúdú, cuirfidh oiliúnaí oiliúint phraiticiúil i gcrích, inter alia, ***maidir leis*** an iniúchóireacht ar ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite nó ráitis airgeadais chomhchosúla agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite. ***Sna measúnuithe ar an gcumas eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm sa chleachtas, ba cheart go gcuirfí san áireamh an taithí a fuarthas roimhe seo ar an bhfostaíocht agus na coibhéisí gairmiúla. Cinnfidh na Ballstáit fad na hoiliúna praiticiúla, nach mór a bheith coibhéiseach i ngach Ballstát.*** Cuirfear ar a laghad dhá thrian den oiliúint phraiticiúil sin i gcrích le hiniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta atá formheasta in |

aon Bhallstát.

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – pointe 8**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 14a – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla a fhormheastar roimh an 1 Eanáir 2023 an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta tríd an gceanglas maidir le hoideachas leanúnach in Airteagal 13.'; | Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla a fhormheastar roimh an 1 Eanáir 2023 an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta tríd an gceanglas maidir le hoideachas leanúnach in Airteagal 13.'; ***Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ardleibhéal saineolais theicniúil agus speisialaithe ag na comhlachtaí iniúchóireachta i ndáil le tuarascálacha inbhuanaitheachta i réimse na hinbhuanaitheachta chun an fhaisnéis a mheasúnú.';*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 26 a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cumhachtófar don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 48a, na caighdeáin dearbhaithe ***dá dtagraítear i mír 1*** a ghlacadh chun na nósanna imeachta a leagan amach, nósanna imeachta a fheidhmeoidh an t-iniúchóir chun teacht ar a chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil dearbhaithe iontaofachta, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh | 2. Cumhachtófar don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 48a, na caighdeáin dearbhaithe ***theoranta*** a ghlacadh ***roimh an 1 Deireadh Fómhair 2023 mar aon le caighdeáin dearbhaithe réasúnta a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 2026*** chun na nósanna imeachta a leagan amach, nósanna imeachta a fheidhmeoidh an t-iniúchóir chun teacht ar a chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil dearbhaithe |

| | |
|---|---|
| sa tuarascáil iniúchóireachta. | iontaofachta, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil iniúchóireachta. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 26 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina ***nglacann*** an Coimisiún caighdeáin ***maidir le dearbhú réasúnach***, beidh an tuairim dá dtagraítear ***in Airteagal 34***(1)***, an dara fomhír, pointe (aa) de Threoir 2013/34/AE*** bunaithe ar ***dhearbhú iontaofachta réasúnach.’***; | 3. I gcás ina ***nglacfaidh*** an Coimisiún caighdeáin ***i gcomhair urrúis réasúnaigh***, ***tar éis toradh dearfach ar an sásra athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 5a,*** beidh an tuairim dá dtagraítear ***i bpointe*** (***aa) d’Airteagal 34(***1) ***de Threoir 2013/34/AE*** bunaithe ar ***rannpháirtíocht dearbhaithe réasúnta do na blianta airgeadais tar éis ghlacadh chur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2.***; |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 14 – pointe e**
Treoir 2013/34/AE

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh*** an tuarascáil iniúchóireachta ***sínithe*** agus ***dátaithe ag an iniúchóir reachtúil***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil ***agus***, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. I gcás ina | ***Déanfaidh*** an ***t-iniúchóir reachtúil agus an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta an*** tuarascáil iniúchóireachta ***a shíniú*** agus ***a dhátú***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil ***nó***, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an |

| | |
|---|---|
| mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do shlándáil phearsanta aon duine.; | iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. ***Ní féidir leis an iniúchóir reachtúil ná leis an ngnólacht iniúchóireachta a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith páirteach sa ghnólacht iniúchóireachta céanna ná a bheith ina mbaill den líonra céanna.*** I gcás ina mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do shlándáil phearsanta aon duine.*’*; |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – pointe 19**
Treoir 2013/34/AE

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhlacht riaracháin nó maoirseachta an eintitis a ndéantar iniúchóireacht air a chur ar an eolas faoi thoradh na hiniúchóireachta reachtúla agus faoi thoradh dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus a mhíniú conas a chuir an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta le sláine an tuairiscithe airgeadais agus inbhuanaitheachta agus cén ról a bhí ag an gcoiste iniúchóireachta sa phróiseas sin; | (a) comhlacht riaracháin nó maoirseachta an eintitis a ndéantar iniúchóireacht air a chur ar an eolas faoi thoradh na hiniúchóireachta reachtúla agus faoi thoradh dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus a mhíniú conas a chuir an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta le sláine an tuairiscithe airgeadais agus inbhuanaitheachta agus cén ról a bhí ag an gcoiste iniúchóireachta ***agus aon choiste eile a raibh ról coibhéiseach aige*** sa phróiseas sin; |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 3 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ***1 Nollaig 2022***. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. | 1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 3 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ***1 Nollaig 2023***. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit foráil go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le blianta airgeadais an ***1 Eanáir 2023 nó dá éis sin***. | Déanfaidh na Ballstáit foráil go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le blianta airgeadais an ***1 Eanáir 2024, nó níos déanaí an bhliain chéanna, i gcás gnóthas mór***. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Forálfaidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026, nó níos déanaí an bhliain chéanna, maidir le gnóthais mheánmhéide bheaga a roghnaíonn caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a úsáid do FBManna ar bhonn deonach.*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú ar Airteagal 5, ní thiocfaidh na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19b agus in Airteagal 19c i bhfeidhm níos luaithe ná sé mhí tar éis don Choimisiún iad a ghlacadh.*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5 a*** |
| | ***Athbhreithniú agus tuairisciú*** |
| | ***Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear, i measc gnéithe eile:*** |
| | ***- measúnú ar leathnú féideartha a raon feidhme chuig gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1), pointe (a) agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus 3(3) a oibríonn i ngníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó in earnálacha ardriosca dá dtagraítear in 19a (7a), agus dá n-éascófaí cur chun feidhme SFDR agus measúnú ar dhul chun cinn spriocanna sóisialta agus comhshaoil AE le leathnú an raon feidhme,*** |
| | ***- measúnú ar líon na FBManna a úsáideann na caighdeáin tuairiscithe*** |

***deonacha dá dtagraítear in Airteagal 19c,***

***- an breisluach a bhaineann le leathnú liosta na ngníomhaíochtaí agus na n-earnálacha ardriosca dá dtagraítear in 19a (7a),***

***- cur i bhfeidhm, éifeachtacht agus leibhéal na treorach agus na modhanna a sholáthraítear,***

***- coinbhéirseacht cleachtas tuairiscithe idir na Ballstáit,***

***- an dul chun cinn maidir le tuairisciú neamhairgeadais ar fud an domhain,***

***- coinbhéirseacht ar chleachtais soláthraithe sonraí agus úsáideoirí sonraí agus ar an leibhéal treorach agus na modhanna a chuirtear ar fáil,***

***- a indéanta atá sé caighdeáin a chur i bhfeidhm maidir le cinnteacht réasúnach,- éifeachtacht na gcaighdeán tuairiscithe a bhaineann le cearta an duine,***

***- an fhéidearthacht bearta sonracha a fhorbairt chun an fógra foirmiúil a thabhairt chun críche i gcás nár comhlíonadh na hoibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 51 (4) de Threoir 2013/34/AE.***

***- measúnú tionchair ar chearta an duine arna dhéanamh ag na húdaráis phoiblí ábhartha***

***Foilseofar an tuarascáil faoin 31 Nollaig 2026 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, agus beidh tograí reachtacha ag gabháil léi, más iomchuí.***

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag Airteagal 4 den Treoir seo maidir le blianta airgeadais dar tús an | Beidh feidhm ag Airteagal 4 den Treoir seo maidir le blianta airgeadais dar tús an |

*1 Eanáir 2023* nó dá éis sin. *1 Eanáir 2024* nó dá éis sin.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ina rún an 17 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe[3], d'athdhearbhaigh an Pharlaimint an gá atá le hathbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais (TFNA) atá i bhfeidhm ó 2014[4]. Leis an togra le haghaidh treorach ar a dtugtar an Treoir maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach a Thuairisciú (TICT), rinneadh iarrataí na Parlaiminte a ionchorprú den chuid is mó, agus an gá le sonraí neamhairgeadais a chur in iúl leis an déine agus an iontaofacht chéanna le sonraí airgeadais san áireamh.

Leis an athbhreithniú sin, tá an reachtóir Eorpach ag iarraidh feabhas a chur ar ról na ngnóthas maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus shóisialta trí thagarmharc coiteann a bhunú ionas go gcuirfidh gach gnóthas na táscairí céanna in iúl. Ós rud é go mbeidh feidhmíocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach agus fiú marthanas airgeadais gnóthas ag brath níos mó agus níos mó ar a gcumas dul in oiriúint do na dúshláin sin, fágfaidh táscairí feidhmíochta comhshaoil, sóisialta agus rialachais go mbeifear in ann a gcuid gníomhaíochtaí a dhíriú níos éifeachtaí ar shamhail níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart feidhmíocht fhoriomlán an ghnóthais a thomhas mar theaglaim dá bhfeidhmíocht airgeadais agus neamhairgeadais.

Thar aon ní eile, tá iontaofacht na sonraí bunaithe ar cheanglas chun faisnéis inbhuanaitheachta a dhearbhú go docht. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí inbhuanaitheachta feadh an tslabhra luacha agus go méadófar an leibhéal dearbhaithe de réir a chéile le himeacht ama. Beidh soláthraithe iniúchóireachta in ann feidhmiú i margadh níos iomaíche, a bheidh oscailte d'iontrálaithe nua.

Ní hé an tAontas Eorpach an t-aon chumhacht amháin a bhaineann le caighdeáin nua neamhairgeadais a dhréachtú. Bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta nó faoi choimirce IFRS[5], tá tíortha eile i mbun a dtáscairí féin a cheapadh. Dá mba rud é go mbeadh na caighdeáin sin ina gcaighdeán idirnáisiúnta, dhéanfaí forbairt inbhuanaithe a shainmhíniú trí fhís neamh-Eorpach, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé ní ba dheacra luachanna na hEorpa a chur san áireamh go héifeachtach.

Is é atá i gceist ná neamhspleáchas agus ceannasacht na hEorpa agus baint amach spriocanna sochaí inbhuanaithe a urramaíonn cearta an duine, cearta sóisialta agus cearta comhshaoil.

Dá bhrí sin, tá an togra ón Rapóirtéir maidir le leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach leagtha amach i dtrí phríomhréimse:

**1. An togra a fhorbairt agus a dhoimhniú le haghaidh comhbhonn simplithe le haghaidh tuairisciú neamhairgeadais ó thaobh formáid agus chineál na faisnéise atá le cur san**

[3] A9-0240/2020 (INI)
[4] Treoir 2014/95/AE (TFNA).
[5] Fondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais.

**áireamh chun caighdeáin tuairiscithe a fhorbairt**

Ní i gcónaí a bhíonn an fhaisnéis a chuireann gnóthais ar fáil faoina mbeartais soiléir ná comhsheasmhach, go háirithe maidir le cearta an duine a urramú. Is iomaí 'táscaire intomhaiste eolaíochtbhunaithe' a d'fhéadfadh feabhas a chur ar cháilíocht na dtuarascálacha sin. Molann an Rapóirtéir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shainmhínithe na bhforálacha maidir leis na táscairí intomhaiste sin agus, ag an am céanna, é a fhágáil don Choimisiún, faoi réir mhaoirseacht na gcomhreachtóirí, sainmhíniú beacht a bhaint amach maidir leis na nithe is gá a thuairisciú (Leasuithe 11, 13, 14, 15, 16, 18, 22, 23, 24, 27, 29 agus 35).

Tá an díolúine atá beartaithe ag an gCoimisiún éagsúil leis na rialacha maidir le sonraí airgeadais a thuairisciú, ar rialacha iad nach ndíolmhaítear leo gnóthais óna gclár comhardaithe a fhoilsiú má áirítear é i gcuntais chomhdhlúite na máthairchuideachta nó an ghrúpa. Má dhéantar sonraí inbhuanaitheachta a chomhdhlúthú ar bhonn critéar ábharthachta ar leibhéal na máthairchuideachta nó an ghrúpa, d'fhéadfaí faisnéis áirithe atá ábhartha go háirithe d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí a fhágáil ar lár. Molann an Rapóirtéir go gcoinneofaí an oibleagáid tuairiscithe ar fhochuideachtaí agus ar mháthairghnóthais ar leibhéal an ghnóthais (Leasuithe 21 agus 38). Ní dhéanann an easpa díolúine difear don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthas costais agus acmhainní a chomhthiomsú lena fhoghnóthais chun a n-oibleagáidí tuairiscithe agus iniúchóireachta inbhuanaitheachta a chomhlíonadh. Ní dhéanann sí difear ach oiread don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthais tuarascáil bhainstíochta chomhdhlúite a chur ar fáil.

**2. Raon feidhme na Treorach a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais faisnéise infheisteoirí agus geallsealbhóirí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta**

Chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán gnóthais, tá sé tábhachtach, le himeacht ama, go mbeidh fáil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta ní hamháin inchomparáide agus comhoiriúnach ach freisin faoi réir an leibhéil chéanna ceanglais le sonraí airgeadais. Mar a tharlaíonn i gcás iniúchóireachtaí reachtúla, chun bheith cruinn agus cothrom ní mór an dearbhú i dtaobh faisnéis chomhdhlúite ar leibhéal an ghrúpa a bheith forlíonta le dearbhú i dtaobh na faisnéise céanna ag leibhéal na máthairghnóthas agus na bhfochuideachtaí móra, bíodh sí de réir gnó nó de réir tíre.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir le raon feidhme na Treorach a thabhairt i gcomhréir leis an tairseach do 'ghnóthais mhóra' sa Treoir Chuntasaíochta[6], rud a chuideodh leis an gcóras tuairiscithe a shimpliú agus a chomhchuibhiú ar bhonn comhchoiteann. Tá feidhm ag an loighic sin freisin maidir le gach gnóthas poiblí liostaithe, atá faoi réir ceanglas trédhearcachta cheana féin maidir leis an gcuid sin dá ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gclár comhardaithe.

Ba cheart go mbeadh machaire comhréidh agus cóir chomhionann ráthaithe do ghnóthais atá ag feidhmiú san Eoraip ina threoirphrionsabal don athbhreithniú seo. Tacaíonn an Rapóirtéir leis an raon feidhme a leathnú chun go gcuirfear san áireamh gnóthais áirithe atá bunaithe lasmuigh de AE ach atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach (Leasuithe 1, 13 agus 27).

Tá gníomhaíochtaí gnó áirithe a oibríonn in earnálacha 'riosca' cheana féin faoi réir ceanglais

[6] Treoir 2013/34/AE

fheabhsaithe trédhearcachta (e.g. mianraí coinbhleachta) nó fiú toirmisc ar rochtain ar mhargadh na hEorpa (e.g. adhmad ón bhforaoiseacht neamhdhleathach) mar gheall ar an tionchar suntasach a bhíonn ag na gníomhaíochtaí sin arís agus arís eile ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas. Mar sin féin, cuirtear bac ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeartas earnála sin mar gheall ar easpa rochtana ar fhaisnéis agus mar gheall ar fhaisnéis neamhiontaofa. Dá bhrí sin, is mian leis an Rapóirtéir raon feidhme na Treorach a leathnú chun gnóthais mheánmhéide a oibríonn in earnálacha 'ardriosca' a áireamh, gan an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí beaga a mhéadú. Dréachtóidh an Coimisiún, faoi réir mhaoirseacht na gcomhreachtóirí, liosta tosaíochta de na hearnálacha eacnamaíocha 'ardriosca' sin i gcomhréir leis an obair idirnáisiúnta ar an ábhar (Leasuithe 2, 11, 13, 23 agus 26).

**3. Oscailt an mhargaidh iniúchóireachta inbhuanaitheachta a cheadú trí theacht chun cinn soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha a chur chun cinn agus iniúchtaí airgeadais a dheighilt agus iniúchtaí inbhuanaitheachta a dhéanamh**

I bhfianaise hipir-chomhchruinniú an mhargaidh iniúchóireachta airgeadais san Eoraip, an riosca go gcuirfí isteach ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus an mhéadaithe fhéideartha ar tháillí iniúchóireachta nó dearbhaithe a bheadh mar thoradh air sin, tá sé tábhachtach gnóthais a spreagadh chun glaonna ar thairiscintí a eisiúint chun soláthraithe seirbhísí dearbhaithe a roghnú. Chun iomaíocht chóir a áirithiú sa mhargadh aonair, ní mór d'oibreoirí iniúchóireachta neamhspleácha a bheith faoi réir ceanglais choibhéiseacha, ní hamháin idir na Ballstáit ach i dtaca le soláthraithe iniúchóireachta creidiúnaithe eile freisin.

Tá difríocht shuntasach sa chostas idir fostaíochtaí iniúchóireachta agus fostaíochtaí dearbhaithe. Féadfaidh an fhostaíocht iniúchóireachta a bheith in ionannas le níos mó ná 95 % de chostas na fostaíochta dearbhaithe. Leis an díréir sin, tá an baol ann go dtiocfadh cathú ar iniúchóir reachtúil nó ar ghnólacht iniúchóireachta neamhaird a thabhairt ar an bhfostaíocht dearbhaithe cé gur cheart aird chomhionann a thabhairt air.

Ar an taobh eile, d'fhéadfadh feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht inbhuanaitheachta a bheith frisnéiseach. Leis sin, chuirfí iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta atá i mbun iniúchtaí ag an am céanna ar na ráitis airgeadais agus ar an dearbhú i dtaobh tuairisciú inbhuanaitheachta i gcoinbhleacht íogair leasa, agus is cinnte go mbeadh sé sin díobhálach don fhostaíocht dearbhaithe.

Chun na cásanna sin a chosc, molann an Rapóirtéir toirmeasc a chur ar iniúchóirí reachtúla agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta iniúchtaí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus ar an tuairisciú inbhuanaitheachta sa ghnóthas céanna nó sa ghrúpa céanna (Leasuithe 8, 49, 50 agus 51).

I bhfianaise na dteorainneacha ama chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun an athbhreithnithe seo agus na rialachán gaolmhar is gá chun na caighdeáin tuairiscithe a tharraingt suas, agus chun cur chun feidhme cuí an téacs a áirithiú, molann an Rapóirtéir go gcuirfí a theacht i bhfeidhm a chur siar faoi bhliain amháin, agus na spriocdhátaí mar atá molta faoi láthair d'fhorbairt na gcaighdeán tuairiscithe á gcoimeád aige (Leasú 53).

28.2.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí
(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Jessica Polfjärd

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú ***neamhairgeadais.***[31] Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d’aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a | (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 201930, thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú ***neamhairgeadais***[31]***.*** Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d’aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a |

mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas.[32]

***[30]30 COM(2019) 640 final.***

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist ***ar ardcháilíocht***, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas.[32]

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) D'fhéadfadh sé go n-imreodh éagsúlacht ar bhoird cuideachtaí tionchar ar chinnteoireacht, ar rialachas corparáideach agus ar athléimneacht.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san áireamh. | (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san áireamh ***agus tréaniarracht a thabhairt ar chomhleanúnachas idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta agus caighdeáin tuairiscithe airgeadais a fheabhsú***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ***ceaptha*** beartas ***agus*** gníomhaireachtaí comhshaoil ***úsáid a bhaint as*** faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun ***faireachán*** a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun ***faisnéis*** a chur ar fáil ***i gcomhair beartas*** poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha | (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe***, trédhearcach*** agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ***déanta*** beartas***, comhpháirtithe sóisialta,*** gníomhaireachtaí comhshaoil ***agus eagraíochtaí neamhrialtasacha*** faisnéis den sórt sin ***a úsáid***, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun ***monatóireacht*** a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil ***agus le comhleanúnachas eacnamaíoch*** |

gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

***agus sóisialta***, agus chun ***eolas*** a chur ar fáil ***don bheartas*** poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid |

| | |
|---|---|
| den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha ***gnóthas*** dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar. | den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe***, go háirithe iad siúd atá i bpoist ar phá íseal*** agus ***iad siúd a bhfuil róil chúraim acu, agus dícheall cuí gnóthas feadh*** slabhraí ***soláthair agus*** luacha dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Bíonn tionchar ag éifeachtaí guaiseacha nádúrtha nó guaiseacha de dhéantús an duine ar shlabhraí luacha domhanda, go háirithe ar shlabhraí luacha amhábhar criticiúil. Léiríodh le géarchéim COVID-19 na rioscaí a bhaineann slabhraí soláthair criticiúla agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar thionchar na suaití sin amach anseo, rud as a dtiocfaidh méadú ina dhiaidh sin ar luaineacht mhaicreacnamaíoch chomh maith le neamhchinnteacht mhargaidh agus trádála.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Is gá na hiarrachtaí maorlathacha a laghdú a laghad is féidir agus níor cheart go gcruthóidh siad bacainní breise do chuideachtaí agus do FBManna i gcoitinne.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9c) Ba cheart do chomhlachtaí reachtacha deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Ba cheart go lamhálfaí do ghnóthais, do chustaiméirí agus do cheardchumainn, i measc grúpaí eile, teacht ar chomhaontú maidir le treoirlínte a d'fhéadfadh tacú le cur i bhfeidhm na Treorach seo.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach sin[48] . Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann go leor gnóthais faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht. D'aithin an tuarascáil inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta mar fhadhbanna suntasacha freisin. Sa bhreis air sin, i gcás | (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach sin[48] . Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann go leor gnóthais faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht. D'aithin an tuarascáil inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta mar fhadhbanna suntasacha freisin. Sa bhreis air sin, i gcás |

| | |
|---|---|
| go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin faisnéis den sórt sin a thuairisciú. | go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin faisnéis den sórt sin a thuairisciú***, ar fíoras é a chuireann i bhfios go láidir go bhfuil gá le creat láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe agus le hiniúchadh éifeachtach laistigh de thuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach chun iontaofacht sonraí a áirithiú agus chun fritháireamh, glas-snasú agus/nó cuntasaíocht dhúbailte a sheachaint***. |
| __________________ | __________________ |
| [48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo. | [48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird ***chuí*** leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais | (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird ***leormhaith*** leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol ***agus moill a chur ar*** |

Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe.

***fhorbairt agus ar leathnú FBManna***. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe***, agus leanann an easpa sin de bhac a chur ar phríomhshruthú na gníomhaíochta eacnamaíche sóisialta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain***. ***Le tomhas tionchair agus luacháil tionchair, soláthraítear treoir maidir le cainníochtú agus luacháil airgeadaíochta den tionchar a bhíonn ag gnóthas ar an gcomhshaol.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) I bhfianaise na bearna atá ag fás idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus na cleachtais tuairiscithe atá i bhfeidhm faoi láthair ag gnóthais, is mó an seans go dtabharfaidh Ballstáit aonair rialacha nó caighdeáin náisiúnta níos éagsúla isteach. Le ceanglais tuairiscithe dhifriúla i mBallstáit dhifriúla chruthófaí costais bhreise agus castacht níos mó do ghnóthais a oibríonn thar theorainneacha agus dá bhrí sin, dhéanfaí dochar don mhargadh aonair, agus dhéanfaí dochar freisin don cheart chun caipiteal a bhunú agus a bhogadh go héasca ar fud an Aontais. De thoradh ar na ceanglais tuairiscithe dhifriúla sin freisin bheadh sé níos deacra an fhaisnéis a thuairiscítear a chur i gcomparáid lena chéile thar theorainneacha, rud a dhéanfadh dochar d'aontas na margaí caipitil. | (14) I bhfianaise na bearna atá ag fás idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus na cleachtais tuairiscithe atá i bhfeidhm faoi láthair ag gnóthais, is mó an seans go dtabharfaidh Ballstáit aonair rialacha nó caighdeáin náisiúnta níos éagsúla isteach. Le ceanglais tuairiscithe dhifriúla i mBallstáit dhifriúla chruthófaí costais bhreise agus castacht níos mó do ghnóthais a oibríonn thar theorainneacha agus dá bhrí sin, dhéanfaí dochar don mhargadh aonair, agus dhéanfaí dochar freisin don cheart chun caipiteal a bhunú agus a bhogadh go héasca ar fud an Aontais. De thoradh ar na ceanglais tuairiscithe dhifriúla sin freisin bheadh sé níos deacra an fhaisnéis a thuairiscítear a chur i gcomparáid lena chéile thar theorainneacha, rud a dhéanfadh dochar d'aontas na margaí caipitil. ***Tá sé beartaithe leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo cleachtais chomhchuibhithe a áirithiú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta chomh maith le lamháil do ghnóthais dlí an Aontais a chomhlíonadh a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta ar leibhéal corparáideach bunaithe ar thacar amháin de chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa | (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa |

| | |
|---|---|
| phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar gach gnóthas mór agus gach gnóthas atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas micreaghnóthais, faisnéis inbhuanaitheachta mhionsonraithe a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. | phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar gach gnóthas mór agus gach gnóthas atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas micreaghnóthais, faisnéis inbhuanaitheachta mhionsonraithe a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. ***Ba cheart do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a chomhlíonann na critéir sin agus a oibríonn sa mhargadh inmheánach a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun a dtionchar inbhuanaitheachta a chur san áireamh agus chun machaire comhréidh a sholáthar do ghnóthais atá bunaithe san Aontas.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) An ceanglas atá ar ghnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha agus a oibríonn san Aontas faisnéis a nochtadh freisin faoi ábhair inbhuanaitheachta, tá gá leis chun an gá atá ag úsáideoirí, tomhaltóirí agus infheisteoirí Eorpacha rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a chur san áireamh. Tá gá leis freisin chun machaire comhréidh sa mhargadh aonair a ráthú idir gnóthais atá bunaithe san Aontas agus gnóthais tríú tír.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann faoi ***mháthairghnóthas an fhoghnóthais díolmhaithe atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite***. Dá bhrí sin, ***is gá*** a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ***máthairghnóthais a fhoilsiú agus tagairt a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta don chaoi a bhfuil siad díolmhaithe ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin freisin i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite ina ghnóthas tríú tír a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo nó ar bhealach atá comhionann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh.*** | (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ***mar a shainmhínítear sa Treoir sin,*** ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú***,*** áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann ***maidir le gníomhaíochtaí na ngnóthas uile a thagann*** faoi ***raon feidhme na Treorach sin***. ***Is gá,*** dá bhrí sin, a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta ***a fhoilsiú ina mbeidh faisnéis maidir le hinbhuanaitheacht. Ní dhéanann an easpa díolúine difear don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthas costais agus acmhainní a chomhthiomsú lena fhoghnóthais chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus iniúchadh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ní dhéanann sí difear ach oiread don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthais tuarascáil bhainistíochta*** chomhdhlúite a ***chur ar fáil.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(22) Le hAirteagal 23 de Threoir 2013/34/AE, díolmhaítear máthairghnóthais ón oibleagáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ullmhú i gcás ina bhfuil na gnóthais sin ina bhfoghnóthais de mháthairghnóthas eile a chomhlíonann an oibleagáid sin. Ba cheart a shonrú áfach, maidir leis an gcóras díolúine le haghaidh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite, go bhfeidhmítear an córas sin ar leithligh ón gcóras díolúine le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite. Dá bhrí sin, féadfaidh gnóthas a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe airgeadais comhdhlúite ach gan a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcás ina n-ullmhaíonn a mháthairghnóthas deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais, nó i gcomhréir le ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír, ach nach n-ullmhaíonn sé tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, nó i gcomhréir leis na ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an | (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an |

| | |
|---|---|
| sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. | sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. ***Is íoscheanglas é an liosta, nach laghdóidh na ceanglais tuairiscithe náisiúnta atá ann cheana.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, agus ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, ***cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais*** tuairisciú ar ***an difear*** a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla ***don ghnóthas***, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don | (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, meas ar chearta an duine, agus ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. ***Leis na hairteagail sin, ceanglaítear ar ghnóthais,*** dá bhrí sin, tuairisciú ar ***conas*** a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla ***tionchar a imirt ar an ngnóthas***, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus |

| | |
|---|---|
| ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. | tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin***, ag cur san áireamh go bhfuil ábharthacht dhúbailte bunriachtanach chun cruthú luacha fadtéarmach de chuideachta a thuiscint***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí |

| | |
|---|---|
| tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; aon deis don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. | tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; aon deis don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. ***Chun iomaíochas na bhfiontar a chosaint, is gá an fhaisnéis a sholáthar ar leibhéal comhiomlánaithe.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le | (27) Chun comhsheasmhacht le |

| | |
|---|---|
| hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. | hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. ***Soláthraítear le tionscadal trédhearcach an mhodheolaíocht chun tionchar a thomhas agus a luacháil thar an slabhra luacha iomlán.*** Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***le hAirteagal 19a*** agus Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE nach mór*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, a ***bheith san áireamh*** leis an ***bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. | (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. ***Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach cineál íogair na faisnéise sin a chur san áireamh ó thaobh rúndachta gnó de chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil an fhaisnéis sin faoi réir éiginnteachta agus nach bhfuil sí iniúchadh-dhíonach ar bhealach stóinsithe.*** Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***in Airteagal 19a*** agus ***in*** Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE go n-áireofar san fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisceofar*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon ***a bheidh bunaithe ar tháscairí eolaíocht-bhunaithe comhchuibhithe***, ***inchomparáide agus aonfhoirmeacha agus*** a ***bheidh comhsheasmhach*** leis an ***measúnú comhchuibhithe saolré, ach nach gcuirfear seasamh tráchtála an ghnóthais i mbaol ag an am céanna***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi ***thionchar*** shlabhra luacha iomlán an ghnóthais ***ar an tsochaí***, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann |

| | |
|---|---|
| | lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) De réir Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais míniú soiléir agus réasúnaithe a sholáthar ar an gcúis nár saothraíodh beartais i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na hábhair atá liostaithe, i gcás nach ndéanann an gnóthas amhlaidh. Toisc gur pléadh go difriúil le nochtaí faoi na beartais a d’fhéadfadh a bheith ag gnóthais, i gcomparáid le réimsí tuairiscithe eile a áirítear sna hairteagail sin, cruthaíodh mearbhall idir gnóthais tuairiscithe agus níor chuidigh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a thuairiscítear. Dá bhrí sin, ní gá leanúint leis an láimhseáil dhifriúil sin i ndáil le beartais sa Treoir. Cinnfear leis na caighdeáin cén fhaisnéis is gá a nochtadh i ndáil le gach ceann de na réimsí tuairiscithe a luaitear in Airteagal 19a agus Airteagal 29a. | (31) De réir Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais míniú soiléir agus réasúnaithe a sholáthar ar an gcúis nár saothraíodh beartais i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na hábhair atá liostaithe, i gcás nach ndéanann an gnóthas amhlaidh. Toisc gur pléadh go difriúil le nochtaí faoi na beartais a d’fhéadfadh a bheith ag gnóthais, i gcomparáid le réimsí tuairiscithe eile a áirítear sna hairteagail sin, cruthaíodh mearbhall idir gnóthais tuairiscithe agus níor chuidigh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a thuairiscítear. Dá bhrí sin, ní gá leanúint leis an láimhseáil dhifriúil sin i ndáil le beartais sa Treoir. Cinnfear leis na caighdeáin cén fhaisnéis is gá a nochtadh i ndáil le gach ceann de na réimsí tuairiscithe a luaitear in Airteagal 19a agus Airteagal 29a. |

*Réasúnú*

*Leasú eagarthóireachta.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) ***Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair lena sásaítear riachtanais an Aontais i ndáil*** le tuairisciú inbhuanaitheachta ***mionsonraithe leis féin***. Maidir leis an bhfaisnéis a ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is ***gá í*** a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***chun*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear ***oibleagáidí*** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050. Dá bhrí sin, ***is gá*** an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***tapa*** agus a áirithiú go ***bhfuil*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. | (33) ***Agus a chaighdeáin féin maidir*** le tuairisciú inbhuanaitheachta ***á bhforbairt aige, ba cheart don Aontas comhsheasmhacht le caighdeáin choibhéiseacha dhomhanda a áirithiú***. Maidir leis an bhfaisnéis a ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi***, lena n-áirítear luacháil airgeadaíochta de thionchair ghnó ar an tsochaí, i gcás inar tairbhiúil d'ullmhóirí sonraí*** agus ***d'úsáideoirí sonraí chun ábharthacht na dtáscairí éagsúla a chur i gcomparáid. Chun dúbailt oibleagáidí agus neamhréireachtaí i sainmhínithe a sheachaint, ní foláir raon feidhme agus cuspóirí na gceanglas*** is ***infheidhme agus na hinbhuanaitheachta*** a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***i dtaobh*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear***, ach gan*** a ***bheith teoranta dóibh, na hoibleagáidí a*** leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. ***Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin bunaithe ar tháscairí eolaíocht-bhunaithe comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha agus i gcomhréir leis an measúnú comhchuibhithe saolré.*** Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le ***cuspóirí sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais faoi Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, le*** leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ***le*** cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050***, agus caighdeáin dhomhanda á gcur san áireamh ag an am céanna***. ***Tá sé riachtanach,*** dá bhrí sin, an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, ***i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcóineasú le forbairt na gCaighdeán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta arna nglacadh ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisúnta Inbhuanaitheachta,*** lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***mear*** agus***, i gcás inar gá,*** a áirithiú go ***mbeidh*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, ***chomh maith le*** tograí chun ***comhar*** a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán | (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear luacháil airgeadaíochta de thionchair agus modhanna cuntasaíochta caipitil nádúrtha*** ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, |

dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht, in éineacht le hanailísí costais is tairbhe, agus ba cheart saineolas páirtithe leasmhara ábhartha ***a chur san áireamh*** agus ***í á forbairt***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe

***agus*** tograí chun ***cóineasú*** a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda ***amhail Caighdeáin Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta arna nglacadh ag an Bord um Chaighdeáin Idirnáisúnta Inbhuanaitheachta*** agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le ***cóineasú le tionscnaimh dhomhanda socraithe caighdeán agus laistigh den Aontas amhail SDFR agus tacsanomaíocht agus le*** leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas***,*** agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht, in éineacht le ***comhairliúcháin phoiblí agus le*** hanailísí costais is tairbhe, agus ba cheart ***comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt ag baint úsáid as*** saineolas páirtithe leasmhara ábhartha***, lena n-áirítear an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe,*** agus ***saineolaithe náisiúnta ábhartha na mBallstát***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula

ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de ***2 mhí*** ón dáta a ***fhaightear*** an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

nglacann sé na caighdeáin sin. ***Chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais an gá atá le comhsheasmhacht le Rialachán (AE) 2020/852, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacfar na caighdeáin sin. Chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais an gá atá le cóineasú le tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda, sula nglacfar na caighdeáin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord um Chaighdeáin Idirnáisúnta Inbhuanaitheachta.*** Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de ***cheithre mhí*** ón dáta a ***bhfaighfear*** an iarraidh ón gCoimisiún ***agus soláthróidh sé a thuairim maidir le leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighidh sé an iarraidh ón gCoimisiún***. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht

Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. ***Chomh maith leis sin, ba cheart saineolas agus tuairim an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta d'Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais a chur san áireamh.*** I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna | (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na ***critéir,*** táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna |

nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59]***, agus ceanglais*** a ***leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a*** chur san áireamh freisin.

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59] a chur san áireamh freisin.

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

| | |
|---|---|
| 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). | 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). |
| [57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1). | [57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1). |
| [58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). | [58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). |
| [59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | [59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú ***neamhairgeadais***[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a ***thuairisciú***[61] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh ***leo*** | (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú ***neamhairgeadais*** agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a ***thuairisciú*** a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. ***Go háirithe,*** ba cheart ***tagairt a dhéanamh iontu do phríomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear na táscairí sin arna bhforbairt*** |

freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE.

***faoi Roinn 3.5 de Theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2019 dar teideal 'Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh ar thuairisciú ar fhaisnéis a bhaineann leis an aeráid' chomh maith le táscairí breise a chumhdaíonn na cuspóirí comhshaoil go léir. Ba cheart na táscairí sin a shainiú i gcomhréir le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2017 dar teideal 'Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú)' agus i ndlúthchomhar agus i ndlúthpháirt le heagraíochtaí a chuireann cosaint chomhshaoil, comhpháirtithe sóisialta, infheisteoirí agus páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cearta idirnáisiúnta an duine agus le hábhair shóisialta chun cinn. Ba cheart*** ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh ***le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta*** freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE.

***[60] 2017/C 215/01.***

***[61] 2019/C 209/01.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus ***níor*** cheart ***go leagfaidís*** ualach | (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus ***ní*** cheart ***dóibh*** ualach riaracháin |

riaracháin gan ghá ar na cuideachtaí a ***gceanglaítear*** orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart ***do chaighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus creataí atá ann cheana féin maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta ***a chur san áireamh*** i gcás inarb iomchuí. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo). Ba cheart ***go ndéanfadh caighdeáin an Aontais Eorpaigh*** aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ***a forbraíodh*** faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a chur san áireamh. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda.

***agus costais*** gan ghá ***a chur*** ar na cuideachtaí a ***gcuirtear ceangal*** orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart ***a chur san áireamh le caighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus creataí atá ann cheana féin maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta i gcás inarb iomchuí ***agus comhsheasmhacht leo a áirithiú***. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo). Ba cheart aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ***arna fhorbairt*** faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais***, go háirithe caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisúnta Inbhuanaitheachta,*** a chur san áireamh ***le caighdeáin an Aontais Eorpaigh***. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda. ***Ba cheart go gcuirfí san áireamh i gcaighdeáin inbhuanaitheachta an Aontais, a mhéid is féidir, caighdeáin dhomhanda tuairiscithe inbhuanaitheachta atá coibhéiseach. I gcás inar féidir, ba cheart don Aontas comhoibriú le gníomhaithe idirnáisiúnta eile chun úsáid na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir seo a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Sa teachtaireacht uaidh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, gheall an Coimisiún Eorpach go dtacódh sé le gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile chun cleachtais chuntasaíochta caighdeánaithe don chaipiteal nádúrtha a fhorbairt laistigh den Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta, agus é mar aidhm aige bainistiú iomchuí ar rioscaí comhshaoil agus deiseanna maolaithe a áirithiú, agus na costais idirbhirt lena mbaineann a laghdú. Tá an chéad mhodheolaíocht cuntasaíochta nádúrtha á forbairt ag an Tionscadal Trédhearcach atá urraithe faoin gclár LIFE, lena ***mbeidh sé níos éasca*** na modhanna atá ann cheana féin a chur i gcomparáid ***lena chéile*** agus ***lena ndéanfar*** níos trédhearcaí ***iad***, fad is a ***ísleofar*** an tairseach do chuideachtaí chun na córais a ghlacadh agus a úsáid chun tacú lena ngnó fanacht slán i bhfad aimsire. ***Is tagairt thábhachtach é*** an Prótacal Caipitil Nádúrtha sa réimse seo ***freisin***. Cé gurb é an phríomhchúis le modhanna cuntasaíochta caipitil nádúrtha ná cinntí bainistíochta inmheánacha a neartú, ba cheart iad a chur san áireamh go ***hiomchuí*** nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á mbunú. Bíonn sé d’aidhm ag roinnt modheolaíochtaí cuntasaíochta caipitil nádúrtha luach airgid a shannadh do na tionchair chomhshaoil a bhíonn i gceist de thoradh gníomhaíochtaí cuideachtaí, rud a ***d’fhéadfadh cuidiú*** le húsáideoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair sin. Dá bhrí sin, is iomchuí go bhféadfaí táscairí airgid ar thionchair inbhuanaitheachta a chuimsiú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta má mheastar go bhfuil gá leis sin. | (38) Sa teachtaireacht uaidh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, gheall an Coimisiún Eorpach go dtacódh sé le gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile chun cleachtais chuntasaíochta caighdeánaithe don chaipiteal nádúrtha a fhorbairt laistigh den Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta, agus é mar aidhm aige bainistiú iomchuí ar rioscaí comhshaoil agus deiseanna maolaithe ***chomh maith lena dtionchar ar rioscaí sóisialta, eacnamaíocha agus rialachais*** a áirithiú, agus na costais idirbhirt lena mbaineann a laghdú. Tá an chéad mhodheolaíocht cuntasaíochta nádúrtha á forbairt ***agus á tástáil*** ag an Tionscadal Trédhearcach atá urraithe faoin gclár LIFE, lena ***gcomhdhlúthaítear léi*** na modhanna ***agus na dea-chleachtais*** atá ann cheana féin ***chun feidhmíocht*** a ***dhéanamh níos éasca a*** chur i gcomparáid agus ***í a dhéanamh*** níos trédhearcaí, fad is a ***íslítear*** an tairseach do chuideachtaí chun na córais a ghlacadh agus a úsáid chun tacú lena ngnó fanacht slán i bhfad aimsire. ***Forbraítear le modheolaíocht*** an ***Tionscadail Thrédhearcaigh an*** Prótacal Caipitil Nádúrtha***, ar tagairt thábhachtach é freisin*** sa réimse seo ***agus lena léirítear peirspictíocht na hábharthachta dúbailte***. Cé gurb é an phríomhchúis le modhanna cuntasaíochta caipitil nádúrtha ná cinntí bainistíochta inmheánacha a neartú, ba cheart iad a chur san áireamh go ***cuí*** nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á mbunú ***ós rud é go n-úsáidfear faisnéis arna bailiú agus arna hiniúchadh le haghaidh nochtadh seachtrach chomh maith***. Bíonn sé d’aidhm ag roinnt modheolaíochtaí |

cuntasaíochta caipitil nádúrtha luach airgid a shannadh do na tionchair chomhshaoil a bhíonn i gceist de thoradh gníomhaíochtaí cuideachtaí, rud a ***chuideoidh*** le húsáideoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair sin ***agus ar a n-idirthuilleamaíochtaí***. Dá bhrí sin, is iomchuí go bhféadfaí táscairí airgid ar thionchair inbhuanaitheachta a chuimsiú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta má mheastar go bhfuil gá leis sin.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, agus faoina n-athléimneacht ***i leith cásanna*** difriúla ***aeráide***. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d’fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, ***faoina bpleananna mionsonraithe chun a n-astaíochtaí féin a mhaolú,*** agus faoina n-athléimneacht ***agus faoina bpleananna chun oiriúnú do chásanna aeráide*** difriúla. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d’fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine***, lena n-áirítear ar shláinte daoine,*** a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta ***agus*** an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***, coinbhinsiúin ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair*** agus ***go háirithe*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta***, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Cairt Shóisialta na hEorpa, an*** Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***,*** |

| | |
|---|---|
| | ***Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Cúrsaí Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta**.* |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ní ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***so-aimsitheacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn ***coinne ag*** úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta ***i gcónaí*** go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha. ***Cruthaíonn*** digitiú ***deiseanna chun*** faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'***fhéadfaí*** coigilteas costais suntasach a ***dhéanamh leis*** d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***mbeifí ábalta an*** fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú | (48) Ní ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***sho-aimsitheacht, ar inrochtaineacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta ***ag súil níos mó de réir a chéile*** go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe***, inchomparáide*** agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha ***agus foilsithe faoi phrionsabail sonraí oscailte***. ***Cruthaítear deiseanna leis an*** digitiú ***i dtaobh*** faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus ***tá sé*** d'***acmhainneacht aige*** coigilteas costais suntasach a ***sholáthar*** d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú ***agus iad a chur ar fáil go poiblí*** i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***lamhálfar d'***fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis |

i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha.

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en

Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha.

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan ***mhoill*** tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. | (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair ***agus chun a áirithiú go ndéanfar amhlaidh***, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid ***sonraí oscailte agus meaisín-inléite*** leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan ***moill mhíchuí*** tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá |

| | |
|---|---|
| | dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Le hAirteagal 19a(4) de Threoir 2013/34/AE cuirtear ar a gcumas do Bhallstáit gnóthais a dhíolmhú ón ráiteas neamhairgeadais a éilítear faoi Airteagal 19a(1) a chur san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta. Féadfaidh Ballstáit é sin a dhéanamh i gcás ina n-ullmhaíonn an gnóthas lena mbaineann tuarascáil ar leithligh a fhoilsítear in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin, nó i gcás ina gcuirtear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an ghnóthais laistigh de thréimhse réasúnach ama nach mó ná 6 mhí, tar éis dháta an chláir chomhardaithe, agus go dtagraítear di sa tuarascáil bhainistíochta. Tá an fhéidearthacht chéanna ann maidir leis an ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 29(a)(4) de Threoir 2013/34/AE. Bhain fiche Ballstát leas as an rogha sin. ***Leis an bhféidearthacht maidir le tuarascáil ar leithligh a fhoilsiú, cuirtear bac ar infhaighteacht na faisnéise a nascann faisnéis airgeadais agus faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta, áfach. Cuireann sé sin bac ar sho-aimsitheacht agus inrochtaineacht na faisnéise d'úsáideoirí freisin, go háirithe infheisteoirí, a bhfuil spéis acu i bhfaisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta araon. Géaraítear an fhadhb sin leis an bhféidearthacht d'amanna foilsithe difriúla le haghaidh faisnéis airgeadais agus faisnéis inbhuanaitheachta. Má dhéantar foilsiú i*** | (50) Le hAirteagal 19a(4) de Threoir 2013/34/AE cuirtear ar a gcumas do Bhallstáit gnóthais a dhíolmhú ón ráiteas neamhairgeadais a éilítear faoi Airteagal 19a(1) a chur san áireamh sa tuarascáil bhainistíochta. Féadfaidh Ballstáit é sin a dhéanamh i gcás ina n-ullmhaíonn an gnóthas lena mbaineann tuarascáil ar leithligh a fhoilsítear in éineacht leis an tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin, nó i gcás ina gcuirtear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an ghnóthais laistigh de thréimhse réasúnach ama nach mó ná 6 mhí, tar éis dháta an chláir chomhardaithe, agus go dtagraítear di sa tuarascáil bhainistíochta. Tá an fhéidearthacht chéanna ann maidir leis an ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 29(a)(4) de Threoir 2013/34/AE. Bhain fiche Ballstát leas as an rogha sin. |

***dtuarascáil ar leithligh, féadfar a thabhairt le fios freisin, go hinmheánach agus go seachtrach, go mbaineann faisnéis inbhuanaitheachta le catagóir faisnéise nach bhfuil chomh hábhartha céanna, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'iontaofacht braite na faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú sa tuarascáil bhainistíochta agus níor cheart a cheadú do Bhallstáit a thuilleadh gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid chun faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a chuimsiú sa tuarascáil bhainistíochta. Cuideoidh oibleagáid den sórt sin freisin chun ról na n-údarás náisiúnta inniúil a shoiléiriú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta, mar chuid den tuarascáil bhainistíochta, i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE. Chomh maith leis sin, maidir le gnóthais a gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, níor cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid chun an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú mar tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirtear faisnéis inbhuanaitheachta ar fáil go poiblí.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de | (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de |

| | |
|---|---|
| Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. | Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne***, lena n-áirítear maidir le mná ar bhoird,*** agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) De réir Airteagal 33 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil sé de fhreagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais a áirithiú go ndéantar na ráitis airgeadais bhliantúla (chomhdhlúite), an tuarascáil bhainistíochta (chomhdhlúite) agus an ráiteas rialachais chorparáidigh (comhdhlúite) a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Ba cheart an fhreagracht chomhchoiteann sin a shíneadh chuig na ceanglais maidir le digitiú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, chuig an gceanglas chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh agus chuig an gceanglas | (52) De réir Airteagal 33 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go bhfuil sé de fhreagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais a áirithiú go ndéantar na ráitis airgeadais bhliantúla (chomhdhlúite), an tuarascáil bhainistíochta (chomhdhlúite) agus an ráiteas rialachais chorparáidigh (comhdhlúite) a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin. Ba cheart an fhreagracht chomhchoiteann sin a shíneadh chuig na ceanglais maidir le digitiú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, chuig an gceanglas chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh agus chuig an gceanglas |

| | |
|---|---|
| chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil. | chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil ***agus chun foilsiú i bhformáid sonraí oscailte***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Leis na rialacha maidir le hiniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a fhormheas agus a aithint, ba cheart a áirithiú go bhfuil an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ag iniúchóirí reachtúla ar ábhair atá ábhartha maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Maidir le hiniúchóirí reachtúla a ndearna Ballstát iad a fhaomhadh nó a aithint cheana féin áfach, ba cheart a cheadú dóibh go fóill iniúchtaí reachtúla a dhéanamh agus a cheadú dóibh dearbhuithe iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú áfach go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla atá formheasta cheana féin an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta trí oideachas gairmiúil leanúnach. | (56) Leis na rialacha maidir le hiniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a fhormheas agus a aithint, ba cheart a áirithiú go bhfuil an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ag iniúchóirí reachtúla ar ábhair atá ábhartha maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Maidir le hiniúchóirí reachtúla a ndearna Ballstát iad a fhaomhadh nó a aithint cheana féin áfach, ba cheart a cheadú dóibh go fóill iniúchtaí reachtúla a dhéanamh agus a cheadú dóibh dearbhuithe iontaofachta a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú áfach go bhfaighidh iniúchóirí reachtúla atá formheasta cheana féin an t-eolas is gá sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta trí oideachas gairmiúil leanúnach. ***Níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Treoir seo cosc ar iniúchóirí reachtúla obair árachais a dhéanamh freisin.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Na bearta comhordúcháin a | (3) Na bearta comhordúcháin a |

| | |
|---|---|
| fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil: | fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil***, ar choinníoll go mbeidh breis agus 500 fostaí acu***: |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan na bearta comhordúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthais a liostaítear in Airteagal 2(5), pointí (2) go (23), de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[3]. | Féadfaidh na Ballstáit a roghnú***, agus cúis acu a bhfuil údar cuí léi,*** gan na bearta comhordúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthais a liostaítear in Airteagal 2(5), pointí (2) go (23), de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[3]. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 17

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn "ábhair inbhuanaitheachta" fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[4], agus fachtóirí rialachais; | (17) ciallaíonn "ábhair inbhuanaitheachta" fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*4, agus fachtóirí rialachais***, ina dtuigtear na fachtóirí comhshaoil i gcomhréir leis na cuspóirí comhshaoil a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852***; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 19

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn "sócmhainní doláimhsithe" acmhainní neamhfhisiceacha a rannchuidíonn le cruthú luacha an ghnóthais; | (19) ciallaíonn "sócmhainní doláimhsithe" acmhainní neamhfhisiceacha a rannchuidíonn le cruthú luacha an ghnóthais ***agus atá comhsheasmhach le sócmhainní doláimhsithe a tuairiscíodh cheana sa chreat tuairiscithe airgeadais***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 20 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) ciallaíonn "gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardriosca" gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar dócha go mbeidh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha acu ar chúrsaí inbhuanaitheachta nó orthu siúd atá neamhchosanta ar rioscaí inbhuanaitheachta agus a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 19a(7a);*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Gnóthais mhóra agus, amhail ón 1 Eanáir 2026, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (1), pointe (a), áireoidh siad*** sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint***.*** | 1. ***Áireoidh na heintitis seo a leanas*** sa tuarascáil bhainistíochta ***iniúchta iomlán*** an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint***:*** |
| | ***(a) gnóthais mhóra, lena n-áirítear gnóthais arna n-eagrú mar fhondúireachtaí, iontaobhais nó saincheadúnais;*** |
| | ***(b) gnóthais mhóra agus gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 3(7) arna rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe ar chríoch an Aontais nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí faoi na socruithe;*** |
| | ***(c) gnóthais bheaga agus mheánmhéide a ligtear a n-urrúis inaistrithe isteach chun a dtrádála ar ionad trádála aon Bhallstáit de réir bhrí phointe (24) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE*** |
| | ***(d) gnóthais bheaga agus mheánmhéide a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardriosca.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an méid seo a leanas ***go háirithe*** san fhaisnéis dá dtagraítear i | 2. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1: |

mír 1:

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***agus leis an athrú aeráide go háirithe***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna an ghnóthais a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna ***agus rioscaí*** an ghnóthais a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear an t-aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) conas a chuirtear leasanna geallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i ***samhail ghnó agus straitéis ghnó*** an ghnóthais; | (iv) conas a chuirtear ***bainistiú riosca,*** leasanna geallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i ***ngnó*** an ghnóthais; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghnóthais chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (v) conas a cuireadh straitéis an ghnóthais chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus an t-athrú aeráide go háirithe***; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, chomh maith lena gcomhdhéanamh agus lena saineolas, na geallsealbhóirí a dtéann siad i gcomhairle leo maidir le hábhair inbhuanaitheachta agus spriocanna gaolmhara, a bpróisis chinnteoireachta, agus i dtaobh an ndéantar dreasachtaí a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta a thairiscint do chomhaltaí na gcomhlachtaí sin***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta ***agus spriocanna gaolmhara***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta sóisialta agus cearta an duine, go háirithe Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, ós rud é go gcaomhnaítear iomaíochas an*** |

***ghnóthais trí shonraí íogaire gairmiúla nó tionsclaíocha a chosaint***;

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***drochthionchair*** iarbhír ***nó ionchasacha*** a chosc, a mhaolú ***nó*** a leigheas; | (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***tionchair*** iarbhír a ***shainaithint, a mheasúnú, a*** chosc, a mhaolú***,*** a ***stopadh, chun faireachán a dhéanamh orthu, iad a chur in iúl, míniú a thabhairt orthu, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a*** leigheas; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nochtfaidh gnóthais freisin faisnéis maidir le sócmhainní doláimhsithe, ***lena n-áirítear faisnéis maidir le caipiteal intleachtúil, daonna, agus sóisialta agus caidrimh***. | Nochtfaidh gnóthais freisin faisnéis maidir le sócmhainní doláimhsithe ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2***, ***pointe(19)***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisceoidh gnóthais an próiseas a | Tuairisceoidh gnóthais an próiseas a |

| | |
|---|---|
| dhéantar chun go sainaithneofar an fhaisnéis atá cuimsithe acu sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le mír 1 agus sa phróiseas sin cuirfidh siad tréimhsí ionchais gearrthéarmacha***,*** meántéarmacha ***agus fadtéarmacha*** san áireamh. | dhéantar chun go sainaithneofar an fhaisnéis atá cuimsithe acu sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le mír 1 agus sa phróiseas sin cuirfidh siad tréimhsí ionchais gearrthéarmacha ***agus*** meántéarmacha san áireamh. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach ***agus chúlghabhálach, agus*** faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis ***chúlghabhálach agus, nuair is ábhartha, faisnéis*** réamhbhreathnaitheach***. Tabharfar*** faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ***le chéile san fhaisnéis chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis is ábhartha a thuairisciú faoi gach caighdeán***. ***I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ionchais gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach comhiomlánaithe lena gcumhdófar na limistéir ina n-oibríonn an gnóthas.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás inarb iomchuí,*** san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha ***agus soláthair*** an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, ***agus*** a chaidrimh ghnó***, ar*** |

ghnó ***agus a shlabhra soláthair***.

***choinníoll go gcaomhnaítear iomaíochas an ghnóthais trí shonraí íogaire gairmiúla nó tionsclaíocha a chosaint***.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna ***eisceachtúla*** inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin***, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta***. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna ***áirithe*** inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála ***agus iomaíoch*** an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte, agus comhairle theicniúil ó EFRAG á cur san áireamh aige, maidir leis an modheolaíocht iomchuí chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa*** |

| | |
|---|---|
| | ***tuairisciú a ghiniúint. Beidh na treoirlínte gearr agus gonta agus cuirfear san áireamh iontu ualach riaracháin an ghnóthais tuairiscithe.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De mhaolú ar Airteagal 19a***, míreanna 1*** go 4, féadfaidh na gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe*** (1), ***pointe (a***), tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 19c. | 5. De mhaolú ar Airteagal 19a***(1)*** go ***(***4***)***, féadfaidh na gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in ***Airteagal 19a***(1), ***pointí (d***) ***agus (c)***, tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 19c. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 5 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. I gcomhréir le hAirteagal 34, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil amháin nó níos mó, arna fhormheas nó arna bhformheas ag na Ballstáit chun iniúchóireachtaí reachtúla a dhéanamh de bhun Threoir 2006/43/CE, iniúchadh ar an tuarascáil bhainistíochta.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.*** | ***scriosta*** |
| __________ | |
| ****6 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).';*** | |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí*** a ***leagtar amach i míreanna 1 go 4 a*** rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas a rialú. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An Ballstát a rialaíonn an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4***, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. | An Ballstát a rialaíonn an gnóthas, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun liosta a bhunú de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a meastar go bhfuil ardriosca ag baint leo maidir le tionchair dhiúltacha iarbhír nó fhéideartha ar ábhair inbhuanaitheachta nó neamhchosaint ar rioscaí inbhuanaitheachta. Áireofar ar liosta na ngníomhaíochtaí ardriosca gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá rangaithe le leibhéal riosca 'ard' i gcatagóir comhshaoil nó sóisialta liosta EBRD do Chatagóiriú Rioscaí Comhshaoil agus Sóisialta nó atá eisiata ó bheith maoinithe le cistí BEAF. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún imeacht ó liosta BEAF nó an liosta a fhorlíonadh le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a bhfuil tionchair nó rioscaí diúltacha iarbhír nó féideartha ag baint leo ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, agus obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach á cur san áireamh, lena n-áirítear le haghaidh na mianadóireachta, tionscail eastóscacha, na talmhaíochta, éadaí agus coisbhirt, airgeadais agus loingseoireacht idirnáisiúnta. Gach trí bliana, athbhreithneoidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin de réir mar is iomchuí.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b, Airteagal 19c agus Airteagal 19d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) cuirtear na hAirteagail 19b, 19c agus 19d ***seo a leanas*** isteach: | (4) cuirtear na hAirteagail 19b, 19c agus 19d isteach ***ina dhiaidh sin***: |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ***phrionsabalbhunaithe***. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ***áiritheofar simplíocht, agus cuirfear chun feidhme iad sa chaoi go bhfaighidh na geallsealbhóirí faisnéis ábhartha agus ábharthach agus go ndéanfar aon ualach riaracháin gan ghá ar an ngnóthas tuairiscithe a sheachaint. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta*** sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faoin ***31 Deireadh Fómhair 2022***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le ***míreanna 1*** agus 2 ***d'Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí*** maidir le nochtadh i | (a) faoin ***... [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le ***hAirteagal 19a(1)*** agus ***(***2***), i gcomhréir leis na hoibleagáidí*** maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. |

Rialachán (AE) 2019/2088.

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faoin ***31 Deireadh Fómhair 2023***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear: | (b) faoin ***... [30 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear: |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) faisnéis chomhlántach a thuairisceoidh gnóthais maidir leis na hábhair inbhuanaitheachta agus na réimsí tuairiscithe a liostaítear in Airteagal 19a(2), i gcás inar gá; | (i) faisnéis chomhlántach a thuairisceoidh gnóthais maidir leis na hábhair inbhuanaitheachta agus na réimsí tuairiscithe a liostaítear in Airteagal 19a(2), i gcás inar gá***, i bhfoirm bheacht agus inrochtana***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) na critéir agus na rialacha cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal*** |

***19ú(1);***

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii b) na cuspóirí intomhaiste sonracha bunaithe ar fhianaise eolaíoch;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii c) na critéir agus na rialacha cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 3(7) arna rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe san Aontas nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, uair amháin sa bhliain ar a laghad, leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 20 agus le Grúpa Saineolaithe*** |

***na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le clár oibre EFRAG i dtaca le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt.***

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. | Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, ***iontaofa,*** inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. ***I gcás inar féidir, ba cheart an fhaisnéis sin a bheith eolaíochtbhunaithe. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta áiritheofar simplíocht, agus cuirfear chun feidhme iad sa chaoi go bhfaighidh na geallsealbhóirí faisnéis ábhartha agus ábharthach.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar an méid seo a leanas*** leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, agus ***ábhar caighdeáin ar leith á chur san áireamh***: | Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, ***léireofar na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852*** agus ***beidh siad comhsheasmhach leis na sainmhínithe agus na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin agus sna*** |

| | |
|---|---|
| | ***gníomhartha tarmligthe gaolmhara agus sonrófar an méid seo a leanas iontu***: |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí comhshaoil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) uisce agus acmhainní muirí; | (iii) ***úsáid inbhuanaithe a bhaint as*** uisce agus acmhainní muirí ***agus iad a chosaint***; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***úsáid acmhainní agus*** an geilleagar ciorclach; | (iv) an ***t-aistriú chuig*** geilleagar ciorclach; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) truailliú; | (v) truailliú ***a chosc agus a rialú***; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe vi

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vi) ***bithéagsúlacht*** agus éiceachórais; | (vi) ***an bhithéagsúlacht*** agus éiceachórais ***a chosaint agus a athbhunú***; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) eitic ghnó ***agus cultúr corparáideach***, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht; | (ii) eitic ghnó, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***rannpháirtíocht pholaitiúil an ghnóthais, lena n-áirítear a*** | (iii) ***tionchar díreach polaitiúil ar fhoirmliú nó ar chur chun feidhme*** |

| | |
|---|---|
| ***ghníomhaíochtaí brústocaireachta***; | ***beartais agus ar na próisis chinnteoireachta***; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe v a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(v a) samhail agus straitéis ghnó fhoriomlán an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta, agus a chaidreamh leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe stáit.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh an fhaisnéis a bheith bunaithe, inter alia, ar luacháil airgeadaíochta tionchar inbhuanaitheachta, má mheastar go mbeadh sé sin úsáideach.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na critéir a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***a ghlactar*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852*7***;*** | (c) na critéir***, táscairí agus modheolaíochtaí*** a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***arna nglacadh*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852*[7]***, lena n-*** |

***áirítear, inter alia, critéir scagtha theicniúla, critéir maidir le rannchuidiú substaintiúil agus critéir DNSH.***

__________

*[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

__________

*[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 3 – pointe h a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) modhanna cuntasaíochta an chaipitil nádúrtha chun cinntí inmheánacha bainistíochta a neartú chun luach airgid a shannadh do na tionchair chomhshaoil a bhíonn i gceist de thoradh gníomhaíochtaí cuideachtaí, rud a d'fhéadfadh cuidiú le húsáideoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair sin.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar ***an*** | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar ***chaoi a*** |

| | |
|---|---|
| ***fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a a thuairisceoidh*** gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe*** (1)(***a***). Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b***, míreanna 2*** agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. | ***dtuairisceoidh*** gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in ***Airteagal 19a***(1)***, pointí*** (***d***) ***agus (c) maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a***. Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b***(2)*** agus ***(***3***)*** san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 d – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Leis an ardán ar líne chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis, ba cheart go gcuirfí ar chumas úsáideoirí comparáid éasca a dhéanamh idir na sonraí a nochtann cuideachtaí ar líne, lena n-áirítear de réir catagóirí amhail téamaí, earnálacha, tíortha, láimhdeachas agus líon fostaithe.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Áireoidh*** máthairghnóthais grúpa mhóir ***sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite*** an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun ***conas a dhéanann*** ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | 1. ***Eintitis leasa phoiblí ar*** máthairghnóthais grúpa mhóir ***iad a sháraíonn, ar dháta a gcláir chomhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, na critéir maidir leis*** an ***meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais, áireoidh siad an*** fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun ***an chaoi a ndéanann*** |

ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint.

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***agus leis an athrú aeráide go háirithe***; |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a– mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna an ghrúpa a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna an ghrúpa a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***agus go háirithe leis an aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de***; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghrúpa agus tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó | (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghrúpa agus tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta***, rioscaí inbhuanaitheachta don ghrúpa agus na príomh-dhrochthionchair iarbhír*** |

| | |
|---|---|
| an ghrúpa; | ***nó ionchasacha*** san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (v) conas a cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus spriocanna gaolmhara***; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta sóisialta agus cearta an duine, go háirithe Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ***ghníomhaíocht*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a chosc, a mhaolú nó a leigheas; | (iii) aon ***ghníomhaíochtaí*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha ***agus éifeachtacht*** a ***dtorthaí a*** chosc, a mhaolú nó a leigheas; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Má mheastar gur gá sin, ceapfar na nochtuithe dá dtagraítear i bpointí (a) go pointe (f) den chéad fhomhír sa chaoi is go n-áireofar an luacháil airgeadaíochta ar thionchair inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach ***agus*** faisnéis ***maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis*** cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ionchais gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh***, i gcás inarb iomchuí***. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis ***chúlghabhálach agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis*** réamhbhreathnaitheach***. Tabharfar*** faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ***le chéile san fhaisnéis chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis is ábhartha a thuairisciú faoi gach caighdeán***. ***I gcás inarb iomchuí,*** san fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ionchais gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. ***Cuirfear an*** |

| | |
|---|---|
| | ***fhaisnéis ar fáil ar bhealach comhiomlánaithe lena gcumhdófar na limistéir ina n-oibríonn an gnóthas.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna ***eisceachtúla*** inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a ***dhéanfadh*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin***, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta***. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna ***áirithe*** inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a ***dhéanfaí*** dochar mór do sheasamh tráchtála ***agus iomaíoch*** an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin beidh sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an máthairghnóthas díolmhaithe sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil*** | ***scriosta*** |

***bhainistíochta chomhdhlúite de chuid gnóthais eile, a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo. Máthairghnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.***

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An Ballstát a rialaíonn an máthairghnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4***, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. | An Ballstát a rialaíonn an máthairghnóthas, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7 – fomhír 4 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas ***sa tuarascáil*** bhainistíochta chomhdhlúite ***de chuid máthairghnóthais atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4***: | Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas ***i dtuarascáil*** bhainistíochta chomhdhlúite ***an mháthairghnóthais***: |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 7 – fomhír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh gnóthais laistigh de thréimhse réasúnach, nach mbeidh níos faide ná ***12 mhí*** tar éis dháta an chláir chomhardaithe, na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhainistíochta atá formheasta go cuí san fhormáid a fhorordaítear le hAirteagal 19d den Treoir seo i gcás inarb infheidhme, mar aon leis na tuairimí agus an ráiteas a thíolacfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 34 den Treoir seo, mar a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le Caibidil 3 de Threoir (AE) 2017/1132 ó | Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh gnóthais laistigh de thréimhse réasúnach, nach mbeidh níos faide ná ***18 mí*** tar éis dháta an chláir chomhardaithe, na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhainistíochta atá formheasta go cuí san fhormáid a fhorordaítear le hAirteagal 19d den Treoir seo i gcás inarb infheidhme, mar aon leis na tuairimí agus an ráiteas a thíolacfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 34 den Treoir seo, mar a leagtar síos le dlíthe gach Ballstáit i gcomhréir le Caibidil 3 de Threoir (AE) 2017/1132 ó |

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[16].’<br>__________________<br>*[16] Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (*IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).* | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[16].’<br>__________________<br>*[16] Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (*IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).* |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh na Ballstáit, áfach, gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú i gcás ina bhféadfar cóip iomlán d'aon tuarascáil den sórt sin nó cuid di a fháil go héasca arna iarraidh sin ar phraghas nach mó ná a costas riaracháin.’*** | ***scriosta*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 33 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbeidh freagracht chomhchoiteann ar chomhaltaí*** na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta de chuid gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, ***as a áirithiú*** go ndéanfar na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a ghlactar i gcomhréir le | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ***n-áiritheoidh comhaltaí*** na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta de chuid gnóthais, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta, ***agus roinnt freagrachta orthu atá sainithe*** go ***soiléir, go*** ndéanfar na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a ghlactar i |

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, le Rialachán Tarmligthe 2019/815, leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo, agus le ceanglais Airteagal 19d den Treoir seo: | gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, le Rialachán Tarmligthe 2019/815, leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo, agus le ceanglais Airteagal 19d den Treoir seo: |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** na Ballstáit a cheadú do ***sholáthraí*** seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá comhsheasmhach leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. | 3. ***Déanfaidh*** na Ballstáit a cheadú do ***sholáthraithe*** seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá comhsheasmhach leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** dá dtagraítear in ***Airteagail 1***(2), 3(13), 46(2), 19b agus ***19c*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in ***Airteagal 1***(2), ***Airteagal*** 3(13), ***Airteagal*** 46(2), ***Airteagal 19a, Airteagal*** 19b***, Airteagal 19c*** agus ***Airteagal 19ca*** a ***ghlacadh a*** thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagal 46(2), Airteagal 19b agus ***Airteagal 19c*** a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana***.***’; | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagal 46(2), ***Airteagal 19a,*** Airteagal 19b***, Airteagal 19c*** agus ***Airteagal 19ca*** a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana’; |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll gur forbraíodh an chomhairle sin le próis chuí, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht chóir agus le saineolas geallsealbhóirí ábhartha, agus go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. | Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll gur forbraíodh an chomhairle sin le próis chuí, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht chóir agus le saineolas ***agus rannpháirtíocht páirtithe sóisialta agus*** geallsealbhóirí ábhartha ***eile***, agus go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Iarrfaidh an Coimisiún tuairim an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG, go háirithe maidir lena comhsheasmhacht le Rialachán (AE) 2019/2088 agus a ghníomhartha tarmligthe. Soláthróidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a thuairim laistigh de ***dhá*** mhí ón dáta a ***fhaightear*** an iarraidh ón gCoimisiún. | Iarrfaidh an Coimisiún tuairim an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG, go háirithe maidir lena comhsheasmhacht le Rialachán (AE) 2019/2088 agus a ghníomhartha tarmligthe. Soláthróidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a thuairim ***maidir le caighdeáin nua*** laistigh de ***4*** mhí ón dáta a ***bhfaighfear*** an iarraidh ón gCoimisiún ***agus soláthróidh sé a thuairim maidir le leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana laistigh de 3 mhí ón dáta a bhfaighidh sé an iarraidh ón gCoimisiún***. ***Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar aon saincheisteanna suntasacha a shainaithneofar sna tuairimí sin sula nglacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19b.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a | Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an ***tÚdarás Eorpach Saothair, an*** Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le |

bhunaítear de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 19b agus 19c. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de ***dhá*** mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.***';***

Maoiniú Inbhuanaithe a bhunaítear de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir leis an gcomhairle theicniúil atá soláthartha ag EFRAG roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 19b agus 19c. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de ***thrí*** mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 1***(2), 3(13), 46(2), 19b ná ***19c*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***dhá*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***dhá*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 1***(2), ***Airteagal*** 3(13), ***Airteagal*** 46(2), ***Airteagal 19a, Airteagal*** 19b***, Airteagal 19c*** ná ***Airteagal 19ca*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***4*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***ceithre*** mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ráitis arna ndéanamh ag na daoine atá freagrach laistigh den eisitheoir, a léireofar a n-ainmneacha agus a bhfeidhmeanna go soiléir, á rá gurb amhlaidh, de réir mar is fearr is eol dóibh, a thugtar léargas ***fíor cothrom*** sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh i gcomhréir leis an tsraith caighdeán cuntasaíochta is infheidhme, ar léargas é ar shócmhainní, ar dhliteanais, ar staid airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an eisitheora agus na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina iomláine agus gurb amhlaidh a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta athbhreithniú ***cothrom*** ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an eisitheora agus na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina iomláine, mar aon le tuairisc ar na príomhrioscaí agus ar na príomh-neamhchinnteachtaí atá rompu agus, i gcás inarb iomchuí, a ullmhaítear i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE.; | (c) ráitis arna ndéanamh ag na daoine atá freagrach laistigh den eisitheoir, a léireofar a n-ainmneacha agus a bhfeidhmeanna go soiléir, á rá gurb amhlaidh, de réir mar is fearr is eol dóibh, a thugtar léargas ***trédhearcach*** sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh i gcomhréir leis an tsraith caighdeán cuntasaíochta is infheidhme, ar léargas é ar shócmhainní, ar dhliteanais, ar staid airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an eisitheora agus na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina iomláine agus gurb amhlaidh a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta athbhreithniú ***trédhearcach*** ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus ar staid an eisitheora***, na hanailíse*** agus ***an bhainistithe riosca agus*** na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina iomláine, mar aon le tuairisc ar na príomhrioscaí agus ar na príomh-neamhchinnteachtaí atá rompu agus, i gcás inarb iomchuí, a ullmhaítear i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE.; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 4 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil iniúchóra, arna síniú ag an duine nó na daoine atá freagrach as an obair a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 34 de Threoir 2013/34/AE, a nochtadh ina hiomláine don phobal mar aon leis an tuarascáil airgeadais bhliantúil. | Déanfar an tuarascáil iniúchóra, arna síniú ag an duine nó na daoine atá freagrach as an obair a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 34 de Threoir 2013/34/AE, a nochtadh ina hiomláine don phobal***, agus faisnéis ghnó íogair á cosaint ag an am céanna,*** mar aon leis an tuarascáil airgeadais bhliantúil. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(2), na cinntí is gá maidir le coibhéis na gcaighdeán cuntasaíochta agus coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE a úsáideann eisitheoirí tríú tír faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 30(3). Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta tríú tír ná caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta tríú tír coibhéiseach, féadfaidh sé a cheadú do na heisitheoirí lena mbaineann leanúint de na caighdeáin chuntasaíochta sin a úsáid le linn idirthréimhse iomchuí. | Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(2), na cinntí is gá maidir le coibhéis na gcaighdeán cuntasaíochta agus coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE a úsáideann eisitheoirí tríú tír faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 30(3). Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta tríú tír ná caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta tríú tír coibhéiseach, féadfaidh sé a cheadú do na heisitheoirí lena mbaineann leanúint de na caighdeáin chuntasaíochta sin a úsáid le linn idirthréimhse iomchuí ***nach rachaidh thar 2 bhliain ó ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 19b(1), pointe (b), de Threoir 2013/34/AE***. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 28d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ***agus*** le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú | Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil***,*** le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ***agus leis an Údarás Eorpach Saothair***, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán ***(AE) Uimh.*** 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis |

| | |
|---|---|
| inbhuanaitheachta. | náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta ***laistigh de thréimhse ama réasúnta***. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 7 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an scrúdú ar inniúlacht ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 6 ráthófar an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ar ábhair atá ábhartha maidir le tuairisciú iniúchóireachta reachtúla agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Is i scríbhinn a bheidh ar a laghad cuid den scrúdú sin.'; | Leis an scrúdú ar inniúlacht ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 6 ráthófar an leibhéal eolais theoiriciúil is gá ar ábhair atá ábhartha maidir le tuairisciú iniúchóireachta reachtúla agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an cumas an t-eolas sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas***, chomh maith le heolas teoiriciúil ar chomhar idirnáisiúnta um fhorbairt***. Is i scríbhinn a bheidh ar a laghad cuid den scrúdú sin.'; |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – pointe d**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 8 – mír 1 – pointe ff

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ff) próisis díchill chuí maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (ff) próisis díchill chuí maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus, i gcás inarb infheidhme, de bhun reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta***; |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 14 – pointe e**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh*** an tuarascáil iniúchóireachta ***sínithe*** agus ***dátaithe ag an iniúchóir reachtúil***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil ***agus***, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. I gcás ina mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do shlándáil phearsanta aon duine.***;*** | ***Déanfaidh*** an ***t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil an*** tuarascáil iniúchóireachta ***a shíniú*** agus ***a dhátú***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil ***nó***, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus ***síniú an iniúchóra a rinne*** dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. I gcás ina mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do shlándáil phearsanta aon duine. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 537/2014
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní dhéanfaidh iniúchóir reachtúil ná gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ***agus, i gcás inarb infheidhme,*** dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta ar eintiteas leasa phoiblí, ná aon chomhalta den líonra lena | 1. Ní dhéanfaidh iniúchóir reachtúil ná gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ***nó*** dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta ar eintiteas leasa phoiblí, ná aon chomhalta den líonra lena mbaineann an t-iniúchóir reachtúil nó |

mbaineann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta, aon seirbhís neamh-iniúchóireachta ar a bhfuil cosc a sholáthar go díreach ná go hindíreach don eintiteas a ndéantar iniúchóireacht air, dá mháthairghnóthas ná dá ghnóthais rialaithe laistigh den Aontas:

an gnólacht iniúchóireachta, aon seirbhís neamh-iniúchóireachta ar a bhfuil cosc a sholáthar go díreach ná go hindíreach don eintiteas a ndéantar iniúchóireacht air, dá mháthairghnóthas ná dá ghnóthais rialaithe laistigh den Aontas:

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 3 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ***1 Nollaig 2022***. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. | Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1 go 3 den Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ***1 Nollaig 2023***. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. |

*Réasúnú*

*Féach an réasúnú a ghabhann le leasú 11.*

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit foráil go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le blianta airgeadais an ***1 Eanáir 2023*** nó dá éis sin. | Déanfaidh na Ballstáit foráil go mbeidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le blianta airgeadais an ***1 Eanáir 2024*** nó dá éis sin. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag Airteagal 4 den Treoir seo maidir le blianta airgeadais dar tús an ***1 Eanáir 2023*** nó dá éis sin. | Beidh feidhm ag Airteagal 4 den Treoir seo maidir le blianta airgeadais dar tús an ***1 Eanáir 2024*** nó dá éis sin. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Clásal Athbhreithnithe*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar na leasuithe a dhéantar leis an Treoir seo faoin ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfar scrúdú san athbhreithniú sin, go háirithe, ar thionchar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ar thuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh ar ghnóthais airgeadais agus neamhairgeadais, ar an mbreisluach agus freisin ar an ualach riaracháin agus na costais dhíreacha agus indíreacha a bhaineann leis sin.*** |
| | ***Tar éis athbhreithniú rathúil, a deimhníodh le tuairimí ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ó Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Ghrinnscrúdú Rialála, féadfar leathnú eile ar raon feidhme na Treorach seo a chur san áireamh.*** |
| | ***Féadfar caighdeáin dheonacha do FBManna atá faoi bhun na gcritéar méide a leagtar síos in Airteagal 3(4) de Threoir 2013/34/AE a fhorbairt, ar caighdeáin iad a chomhfhreagraíonn don phróiseas chomh maith le ceanglais tuairiscithe na gcuideachtaí atá ag tuairisciú cheana i bhfoirm shimplithe chomhréireach.*** |

# PROCEDURE – COMMITTEE ASKED FOR OPINION

| | |
|---|---|
| *Teideal* | ***lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach*** |
| *Tagairtí* | ***COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD)*** |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***ECON***<br>***23.6.2021*** |
| ***Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***16.12.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Jessica Polfjärd***<br>***1.9.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 6.12.2021 7.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 25<br>0: 4 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| PPE | Frances Fitzgerald, Sirpa Pietikäinen |
| Renew | Gilles Boyer, Carlo Calenda, Luis Garicano, Billy Kelleher, Dragoş Pîslaru, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Marek Belka, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| The Left | Chris MacManus, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun |

| 25 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle |
| ID | Gunnar Beck, Valentino Grant, Maximilian Krah, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |
| NI | Enikő Győri, Lefteris Nikolaou-Alavanos |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Lídia Pereira, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Engin Eroglu |
| Verts/ALE | Stasys Jakeliūnas |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | France Jamet |
| PPE | Luděk Niedermayer |
| Renew | Ondřej Kovařík, Caroline Nagtegaal |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : abstentions

4.3.2022

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Kira Marie Peter-Hansen

## RÉASÚNÚ GEARR

Arís eile, nocht an phaindéim leochaileachtaí na slabhraí soláthair domhanda, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé cur chuige inbhuanaithe, seachas cur chuige gearrthéarmach, a dhaingniú i gcuideachtaí chun cearta agus leasanna na n-oibrithe agus na sochaí a chosaint, i gcomhchuibheas le riachtanais chomhshaoil agus ag tacú leo.

Forbraíodh caighdeáin shuntasacha ina leith sin ar an leibhéal idirnáisiúnta chun rialachas corparáideach inbhuanaithe a chur chun cinn, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine in 2011, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.

Tá céimeanna tugtha ag an Aontas cheana féin freisin, go háirithe maidir leis an trédhearcacht. Bhí glacadh na Treorach um Thuairisciú Neamhairgeadais in 2014 ina chéim mhór chun tosaigh maidir leis an trédhearcacht a chur chun cinn chun tomhas, faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht gnóthas agus an tionchar a bhíonn acu ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol.

Mar sin féin, léiríonn na heasnaimh a sainaithníodh le linn a chur chun feidhme go bhfuil géarghá leis an trédhearcacht a fheabhsú d’fhonn gur féidir cuntasacht a áirithiú maidir le hiompar cuideachtaí san Aontas mar cheann de na príomhionstraimí ó thaobh rialachas corparáideach inbhuanaithe de.

I rúin éagsúla ó Pharlaimint na hEorpa, amhail a rún maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus a rún maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, iarradh go méadófaí raon feidhme an chur i bhfeidhm chun cur le líon na gcuideachtaí nach mór cloí leis an oibleagáid maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Mar a cuireadh i dtreis sa rún maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, tá sé tábhachtach freisin earnálacha ardtionchair a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh.

Is ionann FBManna agus os cionn 99 faoin gcéad de na gnóthais ar leibhéal an Aontais agus fostaíonn siad 65 faoin gcéad de na fostaithe uile san Aontas. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí

sin, go ndéanann gach fostóir, atá liostaithe agus neamhliostaithe, tuairisciú ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Ní hamháin go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe sin riachtanach chun geilleagar a chruthú a oibríonn do na daoine, ach beidh deis ag cuideachtaí buntáiste iomaíoch a fháil óna dtiomantas d'aistriú díreach éiceolaíoch agus sóisialta.

Ba cheart an Treoir seo a bheith cuimsitheach agus sonrach ó thaobh na n-oibrithe agus na ngnéithe sóisialta de. Ba cheart tuairisciú ar chearta bunúsacha amhail an ceart chun saoirse comhlachais agus cómhargála agus príomhghnéithe an daonlathais ag an obair, go háirithe cearta faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, a bheith éigeantach. Ina theannta sin, ba cheart gnéithe sóisialta agus comhshaoil an aistrithe a nascadh go soiléir agus ba cheart na deiseanna a chuirtear ar fáil trí idirphlé sóisialta chun an bealach a réiteach d'aistriú cóir a léiriú.

Cuid dhílis den éagsúlacht agus den chuimsitheacht i saol na hoibre is ea an daonlathas agus an comhionannas. Leis an Treoir seo, ba cheart comhionannas inscne, cuimsiú ban i bpróisis rialachais a áirithiú mar aon le beartais éagsúlachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart cearta daoine faoi mhíchumas agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas mar cheanglais tuairiscithe a shoiléiriú agus a mhéadú, chomh maith lena modhanna rochtana ar thuarascálacha a áirithiú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais[31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na | (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais[31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na |

| | |
|---|---|
| saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas[32]. | saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist ***ar ardcháilíocht***, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas[32]. |

[30] COM(2019) 640 final.

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

[30] COM(2019) 640 final.

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Cuireann éagsúlacht ar bhoird cuideachtaí le cinnteoireacht níos fearr, le rialachas corparáideach agus le hathléimneacht i ngnóthais ardriosca.1a Chuirfeadh ionadaithe oibrithe mar aon le níos mó ban ar bhoird forbairt inbhuanaithe gnóthas chun cinn.*** |
| | *__________________* |
| | ***1a COM(2020) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Union of Equality: Gender Equality: Strategy 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: An Comhionannas Inscne: Straitéis 2020-2025], 5.3.2020.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san | (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san |

| | |
|---|---|
| áireamh. | áireamh ***agus caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ailíniú le caighdeáin tuairiscithe airgeadais***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí ***aonair*** na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do ***dhá*** phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is ***infheisteoirí*** atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa ***dara*** grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha | (8) Is iad na saoránaigh ***aonair, lena n-áirítear na hoibrithe,*** agus na coigilteoirí***, agus an geilleagar ina iomláine,*** na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. ***Le tuairisciú níos fearr ar inbhuanaitheacht, beidh faisnéis níos fearr ar fáil d'údaráis phoiblí agus do lucht ceaptha beartas chun beartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme. Le tuairisciú níos fearr ar inbhuanaitheacht, d'fhéadfaí ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe a chur ar an eolas go leormhaith, agus ar an gcaoi sin d'fhéadfaí dul i mbun idirphlé sóisialta ar bhealach níos fearr.*** Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe***, trédhearcach,*** agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do ***thrí*** phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is ***údaráis phoiblí*** atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí***; is infheisteoirí atá sa dara grúpa úsáideoirí***, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta ***don cháil atá orthu agus*** dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine***, go háirithe ar oibrithe,*** agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa ***tríú*** grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, |

beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil ***úsáid a bhaint as*** faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun ***faisnéis*** a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha*** agus gníomhaireachtaí comhshaoil faisnéis den sórt sin ***a úsáid***, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil ***agus dul chun cinn sóisialta***, agus chun ***eolas*** a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. ***Níor cheart, áfach, an Treoir seo a léirmhíniú, ar bhealach ar bith, mar bhealach a scaoilfeadh údaráis phoiblí óna ndualgais nó comhpháirtithe sóisialta óna bhfreagrachtaí sa bhreis ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta a nochtar.*** Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Níor cheart don tuairisciú ag gnóthais, áfach, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ualach iomarcach a chur ar chuideachtaí ná iarrachtaí a cheangal nach bhfuil comhréireach le méid na cuideachta, lena foireann agus/nó le raon feidhme a gníomhaíochtaí gnó, a chuirfeadh fostaíocht agus/nó ioncaim na bainistíochta agus an phearsanra atá ag gabháil do ghnáthghníomhaíochtaí gnó i mbaol, trí struchtúir nua, teidil poist agus poist bhainistíochta a fhorchur ar fhoireann na cuideachta.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) Ina theannta sin, níor cheart tuairisciú dúbailte a bheith ina cheangal agus níor cheart a thuiscint as an Treoir seo go gceanglaítear aon tuairisciú, atá éigeantach cheana féin faoi ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais nó faoi ghníomh reachtach náisiúnta eile, cé go bhféadfadh sé a bheith riachtanach an reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú go pointe áirithe chun tuairisciú dúbailte a sheachaint.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta ***agus ó*** |

méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

***institiúidí an Aontais***. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais ***agus clú*** na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear ***saothar leanaí agus saothar éignithe,*** saincheisteanna ***idirdhealaithe agus*** sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus ***go ndearna iad a luathú, go háirithe i gcás na mban agus oibrithe neamhdhearbhaithe, agus leochaileachtaí*** slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do ***cuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil | (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do ***chuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. ***D'fhéadfadh an easpa faisnéis inbhuanaitheachta srian a chur freisin ar chumas na gceardchumann agus ionadaithe na n-*** |

agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe**.**

***oibrithe dul i mbun idirphlé le gnóthais maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta.*** Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais mhóra neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas den sórt sin, lena n-áirítear trína slabhra luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas mór a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe freisin. | (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais mhóra neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas den sórt sin, lena n-áirítear trína slabhra luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas mór a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí ***chun cothrom na Féinne a áirithiú***. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe freisin. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Ba cheart aird a thabhairt ar chás sonrach gnóthas a dhéanann méid suntasach gníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas go rialta, cé nach bhfuil aon bhunaíocht dhlíthiúil acu san Aontas. Ba cheart go mbeadh gnóthais den sórt sin*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoi réir na n-oibleagáidí céanna leis na hoibleagáidí atá bunaithe ar chríoch an Aontais.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga ***liostaithe*** a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc | (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas ***agus go bhfuil 65 faoin gcéad d'fhostaithe uile an Aontais fostaithe acu***, chun cosaint infheisteoirí ***agus tionchair shóisialta agus chomhshaoil dhearfacha*** a ***n-oibríochtaí gnó a*** áirithiú***,*** is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin ***agus ar ghnóthais mheánmhéide in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca*** faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. ***Ní hamháin go bhfuil gá leis na caighdeáin tuairiscithe*** ach ***tá siad úsáideach freisin agus is deis iad do chuideachtaí a dtiomantas don aistriú éiceolaíoch agus sóisialta a léiriú agus caighdeáin cheannasacha a bhunú, agus ar*** an ***gcaoi sin cur lena dtairbhe iomaíoch. Ach an*** ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe ***agus gnóthais mheánmhéide in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca***, agus chun idirdhealú in aghaidh |

go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu***, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19***. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ***agus cothrom na Féinne a áirithiú***. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ***agus gnóthais mheánmhéide in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca*** ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna ***gan ualach iomarcach a chruthú agus iarrachtaí díréireacha a cheangal***. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart gnóthais mheánmhéide a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch ardriosca a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta freisin. Chun a áirithiú gur féidir feidhm a bheith ag an Treoir seo freisin maidir le hearnáil*** |

***gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca den sórt sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le liosta d'earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis | (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis |

inbhuanaitheachta go héasca ***agus go mbeidh trédhearcacht ann faoi mháthairghnóthas an fhoghnóthais díolmhaithe atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite***. Dá bhrí sin, is gá a chur de ***chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais a fhoilsiú agus tagairt a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta don chaoi a bhfuil siad díolmhaithe ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin freisin*** i gcás ***ina bhfuil an máthairghnóthas atá ag*** tuairisciú ***ar leibhéal comhdhlúite ina ghnóthas tríú tír a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo nó ar bhealach atá comhionann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh***.

inbhuanaitheachta go héasca***, lena n-áiritear maidir le fochuideachtaí***. Dá bhrí sin, is gá ***an fhaisnéis*** a ***chuireann foghnóthais ar fáil a*** chur ***san áireamh i dtuarascáil na ngnóthas féin chun forléargas poiblí comhiomlán*** de ***réir tíre a ghiniúint,*** i gcás ***inarb ábhartha, a bheadh cosúil leis na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach i dTreoir 2021/21011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an Treoir maidir le*** tuairisciú ***poiblí de réir tíre)***.

__________

***[1] Treoir (AE) 2021/21011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe (IO L 429, 1.12.2021, lch. 1).***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar | (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 ***agus caighdeáin atá ann cheana sa Tionscnaimh idirnáisiúnta um Thuairisciú Domhanda (GRI)***. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus |

bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis.

na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. ***Is íoscheanglas é an liosta, nach laghdóidh na ceanglais tuairiscithe náisiúnta atá ann cheana.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ***ábhair chomhshaoil, shóisialta*** agus ***fostaithe***, meas ar chearta an duine, agus ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais tuairisciú ar an difear a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla don ghnóthas, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go | (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE éilítear go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ***an gcomhshaol, ar chearta oibrithe*** agus ***cearta sóisialta***, meas ar chearta an duine, agus ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais tuairisciú ar an difear a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla don ghnóthas, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an |

| | |
|---|---|
| maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. | dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a |

| | |
|---|---|
| d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a ***chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear*** leasanna na ***bpáirtithe leasmhara san áireamh i*** samhail ***ghnó*** agus straitéis ghnó ***an ghrúpa***; aon deiseanna don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a d’aithin an gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn siad. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh. | d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; ***i dtaobh conas*** a ***dhéantar urraim d’obair chuibhiúil, do phá cóir, do chearta agus*** leasanna na ***ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear ceardchumainn, agus ionadaithe oibrithe, a áirithiú agus a choimirciú lena*** samhail agus straitéis ghnó; aon deiseanna don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; Na ***drochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a d’aithin an gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn siad. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in | (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine***, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta*** agus ***Beartas Sóisialta, agus Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus*** Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na |

Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is ***é*** atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a ***aithint***, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus ***aithnítear leis*** conas a ***thugann siad aghaidh*** ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina ***phríomh-dhrochthionchar*** i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is ***éard*** atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na ***drochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid ***oibríochtaí agus*** gníomhaíochtaí a ***shainaithint***, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus ***lena sainaithnítear*** conas ***aghaidh*** a ***thabhairt*** ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina ***dhrochthionchar tromchúiseasch*** i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú le hAirteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE nach mór faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair***, de réir mar is iomchuí***. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. | (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú le hAirteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE nach mór faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. ***Ba cheart an leibhéal mionsonra a chuirtear ar fáil sna tuarascálacha inbhuanaitheachta i ndáil le slabhraí soláthair agus luacha a bheith ag brath ar anailís riosca ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'fhéadfadh, dá bhrí sin, éagsúlacht a bheith ann idir gníomhaíochtaí eacnamaíocha.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) ***Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair lena sásaítear riachtanais an Aontais i ndáil*** le tuairisciú inbhuanaitheachta ***mionsonraithe*** leis ***féin. Maidir leis*** an bhfaisnéis a ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE***, is gá*** faisnéis ***a chumhdach léi*** atá ábhartha ó ***thaobh*** gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, ***is gá*** na hábhair inbhuanaitheachta uile a ***chumhdach léi agus is gá í a ailíniú***, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***chun*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear ***oibleagáidí*** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050. Dá bhrí sin, ***is gá*** an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***tapa*** agus a áirithiú go ***bhfuil*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. | (33) ***Agus a chaighdeáin féin maidir*** le tuairisciú inbhuanaitheachta ***á bhforbairt aige, ba cheart don Aontas a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht le caighdeáin choibhéiseacha dhomhanda.*** Leis an bhfaisnéis a ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE ***ní foláir go gcumhdófar*** faisnéis atá ábhartha ó gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, ***agus ní foláir go gcumhdófar*** na hábhair inbhuanaitheachta uile***. Chun dúbailt oibleagáidí agus neamhréireachtaí i sainmhínithe, i raon feidhme agus i gcuspóirí na gceanglas is infheidhme*** a ***sheachaint***, ***ní foláir don fhaisnéis inbhuanaitheachta a bheith comhsheasmhach,*** i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***i dtaobh*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear ***na hoibleagáidí*** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le ***cuspóirí socheacnamaíocha an Aontais faoi Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le*** leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ***le*** cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050. ***Tá sé riachtanach,*** dá bhrí sin, an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, ***chun go gcuirfear san áireamh an fhorbairt ar chaighdeáin idirnáisiúnta*** lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***mear*** agus a áirithiú go ***mbeidh*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin | (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. ***Mar sin féin, ní dhéantar foráil*** i ***struchtúr, rialachas agus feidhmiú reatha EFRAG do rannpháirtíocht ionadaithe na n-oibrithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá gá le hathruithe tábhachtacha maidir le rialachas EFRAG chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun cuimsiú geallsealbhóirí neamhchorparáideacha a ráthú. I*** mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas |

tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun ***caighdeáin ardcháilíochta*** a áirithiú a ***chuireann le*** leas ***phobal na hEorpa*** agus ***lena gcomhlíontar*** riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le ***próis chuí chóir, formhaoirseacht*** phoiblí agus trédhearcacht, ***in éineacht*** le hanailísí costais ***is tairbhe***, agus ***ba*** cheart ***saineolas páirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh*** agus ***í á forbairt***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an

EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun ***ardchaighdeáin*** a áirithiú a ***rannchuidíonn leis an*** leas ***poiblí Eorpach*** agus ***a chomhlíonann*** riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le ***próiseas cuí, maoirseacht*** phoiblí agus trédhearcacht, ***mar aon*** le hanailísí costais ***ar thairbhe***, agus ***a fhorbairt i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí tomhaltóirí, ar*** cheart ***dóibh a bheith in ann páirt a ghlacadh sa phróiseas socraithe caighdeán ar bhonn comhionann*** agus ***gan iallach a bheith orthu táillí a íoc***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag

Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an ***Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, an*** Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe***, mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile, go háirithe ceardchumainn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

---

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú[61] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. | (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú61***, lena n-áirítear KPInna atá sna treorlínte cheana féin,*** a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, d'fhonn tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. |
| [60] 2017/C 215/01. | [60] 2017/C 215/01. |
| [61] 2019/C 209/01. | 61 2019/C 209/01. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. | (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. |

Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe.

Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. ***Ba cheart méid an ghnóthais a chur san áireamh sna caighdeáin tuairiscithe sin, ionas nach gcuirfear ualach iomarcach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide leo.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart an fhaisnéis is ***gá*** do ghnóthais a nochtadh ***maidir*** le tosca sóisialta, lena n-áirítear ***tosca fostaithe*** agus cearta an duine***, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine***, lena n-áirítear*** ar shláinte daoine, a ***chumhdach le faisnéis den sórt*** sin. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***prionsabail*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ***atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear*** deiseanna ***comhionanna*** do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach

*Leasú*

(43) Ba cheart ***a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin*** an fhaisnéis is ***ceart*** do ghnóthais a nochtadh ***i ndáil*** le tosca sóisialta, lena n-áirítear ***dálaí oibre, cearta oibrithe, rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta, cómhargáil, comhionannas, neamh-idirdhealú, cosc ar fhoréigean*** agus ***ciapadh san áit oibre, éagsúlacht agus cuimsiú, agus*** cearta an duine. Ba cheart ***faisnéis den sórt sin a nochtadh de réir tíre, i gcás inarb ábhartha, i ndlúthchomhar le ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe agus ba cheart go gcumhdófaí léi*** na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar ***a n-oibrithe, ar*** dhaoine ***agus*** ar shláinte daoine***. I gcás ina bhfaighidh comhlacht riaracháin nó bainistíochta an ghnóthais tuairim ó ionadaithe na n-oibrithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta***, ***ba cheart dó an***

na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair ***agus*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

***tuairim sin*** a ***chur i gceangal leis an tuarascáil inbhuanaitheachta, má dhéantar foráil dó*** sin ***faoin dlí náisiúnta agus faoi chleachtais náisiúnta***. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ***agus dúshaothrú leanaí*** ina slabhraí luacha ***agus soláthair*** a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. ***Níor cheart ceanglais tuairiscithe ar shaothar éignithe a chur in ionad fhreagracht na n-údarás poiblí aghaidh a thabhairt ar allmhairiú earraí, a tháirgtear de dheasca sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éignithe, trí bheartas trádála agus trí mhodhanna taidhleoireachta. Ina theannta sin, ba cheart do gnóthais a bheith in ann tuairisciú ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar threochtaí diúltacha maidir le fostaíocht agus ioncaim, ós rud é nach ann do phróiseas an aistrithe cóir.*** I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***20 prionsabal*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta***, go háirithe comhionannas*** deiseanna do gach duine agus dálaí oibre ***cothroma***. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, ***lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Dearbhú***

| | |
|---|---|
| | ***na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***,*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta***, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta*** agus ***Beartas Sóisialta, lena n-áirítear liosta na gcaighdeán ábhartha faoi Iarscríbhinn I dá chuid,*** an ***Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe), an*** Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta***. ***Ba cheart an tuairisciú a dhéantar ar thosca sóisialta a bheith comhréireach le raon feidhme agus spriocanna na Treorach seo.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas agus ***a gcur*** chuige i leith ***eitic ghnó freisin***, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, agus faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais | (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas***, go háirithe comhionannas deiseanna, frith-idirdhealú*** agus ***bearta cuimsitheacha, cosc ar fhoréigean agus ciapadh san áit oibre chomh maith le cur*** chuige ***an ghnóthais*** i leith ***eitice gnó***, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht,***frith-idirdhealú*** agus ***frithchiapadh agus*** faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na |

téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa | (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa |

| | |
|---|---|
| mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2023 ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas**.** Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach 3 bliana ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. | mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2023 ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas***, go háirithe in earnálacha ardriosca inar cheart caighdeáin a fhorbairt mar thosaíocht;*** Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach 3 bliana ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar so-aimsitheacht agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i | (48) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar so-aimsitheacht agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i |

bhformáidí digiteacha. Cruthaíonn digitiú deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go mbeifí ábalta an fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. ***Ba cheart go mbeadh*** na ceanglais sin ***ina rannchuidiú*** leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht ***an*** Straitéis Eorpach maidir le ***Sonraí***[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] ***Déantar comhlánú leis*** na ceanglais sin ***ar phointe*** aonair ***rochtana Eorpach*** a chruthú ***i gcomhair*** faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ***ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá*** le sonraí struchtúrtha.

bhformáidí digiteacha ***agus go hiomlán inrochtana, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí***. Cruthaíonn digitiú deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go mbeifí ábalta an fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. ***Cuirfidh*** na ceanglais sin leis an obair ***ar dhigitiú*** a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht Straitéis Eorpach maidir le ***sonraí*** agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas ***Eorpach***[65]. ***Comhlánaíonn*** na ceanglais sin ***ionad Eorpach ilfhreastail*** aonair a chruthú ***le haghaidh*** faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ***lena ndéantar breithniú ar an ngá*** le sonraí struchtúrtha ***freisin***.

---

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 65 https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en | 65 https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. | (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch ***agus sa chomhionannas inscne i gcoitinne***, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne***, lena n-áirítear maidir le mná ar bhoird,*** agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin***, go háirithe maidir le hionadaíocht 40 faoin gcéad ar a laghad a bhaint amach do mhná ar bhoird cuideachtaí agus maidir lena mhéid a chomhlíonann siad ceanglais trédhearcachta pá***. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis |

inbhuanaitheachta eile.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) De réir Airteagal 51 de Threoir 2013/34/AE, maidir le forfheidhmiú an tuairiscithe chorparáidigh ag gnóthais nach liostaítear a n-urrúis ar mhargaí rialáilte, déanann na Ballstáit é sin. Ní shonraítear na cineálacha pionós, áfach, agus fágann sin gur féidir athrú mór a bheith sna córais phionósaithe idir na Ballstáit, rud a dhéanann dochar don mhargadh aonair. Chun feabhas a chur ar thuairisciú inbhuanaitheachta sa mhargadh inmheánach agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá go hiomlán inbhuanaithe agus ionchuimsitheach ina ndéantar sochair an fháis a chomhroinnt go forleathan i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin áirithe i gcás sáruithe ar cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart córas pionósaithe Threoir 2013/34/AE a neartú dá réir sin, trína bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin iomchuí. | (69) De réir Airteagal 51 de Threoir 2013/34/AE, maidir le forfheidhmiú an tuairiscithe chorparáidigh ag gnóthais nach liostaítear a n-urrúis ar mhargaí rialáilte, déanann na Ballstáit é sin. Ní shonraítear na cineálacha pionós, áfach, agus fágann sin gur féidir athrú mór a bheith sna córais phionósaithe idir na Ballstáit, rud a dhéanann dochar don mhargadh aonair. Chun feabhas a chur ar thuairisciú inbhuanaitheachta sa mhargadh inmheánach agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá go hiomlán inbhuanaithe agus ionchuimsitheach ina ndéantar sochair an fháis a chomhroinnt go forleathan i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ***agus lena aistriú cóir***, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin áirithe i gcás sáruithe ar cheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart córas pionósaithe Threoir 2013/34/AE a neartú dá réir sin, trína bhfuil na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le pionóis agus bearta riaracháin iomchuí. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach | (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach |

| | |
|---|---|
| ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit ***machnamh*** a ***dhéanamh ar bhearta a*** thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe ***shimplithe dheonacha*** a chur i bhfeidhm. | ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin ***míréasúnta***, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit ***bearta*** a thabhairt isteach chun tacú le ***gnóthais, go háirithe*** FBManna***,*** na caighdeáin tuairiscithe a chur i bhfeidhm. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil: | 3. Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas***, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir do na gnóthais a shainítear in Airteagal 19a(1)*** beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil: |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an liosta d'earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (20a)*** |

***a chur ar bun agus a leasú.***

***Cuirfear san áireamh sa liosta obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852, reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith, nochtaí earnáilsonracha i gcreataí tuairiscithe idirnáisiúnta aitheanta amhail GRI, Treoraíocht ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach agus taighde agus sonraí ó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Eurofound agus OSHA. Cuirfear aicmiú NACE san áireamh i sainmhínithe an liosta.***

***Agus an liosta á chur ar bun, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas d'earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca:***

- ***Mianraí***
- ***Baill éadaigh agus coisbheart***
- ***Talmhaíocht***
- ***Tionscail eastóscacha***
- ***Airgeagadas[1a]***

***Áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht fhóinteach geallsealbhóirí, lena n-áirítear ceardchumainn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, sa phróiseas chun an liosta a chur ar bun agus a leasú.***

______________

***[1a] ECFE.***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 20 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(20a) Ciallaíonn 'earnáil gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca' gníomhaíochtaí a bhfuil dóchúlacht ard ann go mbeidh tionchair iarbhír nó ionchasacha acu ar ábhair inbhuanaitheachta;***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – pointe 20 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(20b) Ciallaíonn 'tionchair thromchúiseacha' drochthionchair ar dhaoine agus ar an gcomhshaol a bhfuil baint acu le hoibríochtaí an ghnóthais féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a fhochuideachtaí, bunaithe ar thromchúis an tionchair ar an ábhar inbhuanaitheachta, ar líon na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó ar scála an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin; a dhéanann an díobháil is mó i gcoibhneas le tionchair eile arna sainaithint ag an ngnóthas[5a];***

***[5a] Tá an sainmhíniú ar 'tionchair thromchúiseacha' bunaithe ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine (Prionsabail 21, 24) agus ar Threoir ECFE um Dhícheall Cuí (leathanach 42).***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gnóthais mhóra agus, ***amhail ón 1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2 pointe*** (1), ***pointe*** (a), ***áireoidh*** siad ***sa tuarascáil bhainistíochta*** an fhaisnéis is gá chun ***tionchair*** an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a ***thuiscint***, agus an fhaisnéis is gá chun ***conas a dhéanann ábhair*** inbhuanaitheachta ***difear d'***fhorbairt, ***feidhmíocht*** agus ***seasamh*** an ghnóthais ***a thuiscint***. | 1. ***Déanfaidh*** gnóthais mhóra agus, ***ón 1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe*** (1), ***pointe*** (a), ***gnóthais mheánmhéide atá ag oibriú in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca, gnóthais atá cláraithe i dtír nach bhfuil in AE/LEE a bhfuil gnó suntasach aici san Aontas agus eintitis leasa phoiblí, déanfaidh*** siad an fhaisnéis is gá chun ***tuiscint a fháil ar thionchair*** an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a ***áireamh sa tuarascáil bhainistíochta***, agus an fhaisnéis is gá chun ***tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***ar*** fhorbairt, ***ar fheidhmiú*** agus ***ar sheasamh*** an ghnóthais. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna ***an ghnóthais*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna***, laigí agus rioscaí don ghnóthas*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) measúnú an ghnóthais ar na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iib) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis comhsheasmhach le fostaíocht a áirithiú san Aontas agus dálaí oibre cothroma a chur chun cinn mar a shainítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** | (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú ***cóir*** chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE

Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) pleananna an ghnóthais éagsúlacht agus comhionannas inscne a bhaint amach, lena n-áirítear trédhearcacht pá, pá comhionann as obair nó obair ar comhionann a luach, comhionannas deiseanna agus éagsúlacht ina bhainistíocht;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais; | (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais***, go háirithe ceardchumainn*** agus ***ionadaithe oibrithe, agus*** tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***;*** | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(i) a rannpháirtíocht san anailís ar na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna don ghnóthas;*** |

***(ii) straitéis agus spriocanna an ghnóthais agus na hacmhainní airgeadais lena gcur chun feidhme a fhormheas;***

***iii) maoirseacht shonrach ar chur chun feidhme straitéis an ghnóthais;***

***(iv) an saineolas maidir le hábhair inbhuanaitheachta;***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta ***agus go háirithe maidir le tionchair thromchúiseacha agus deiseanna iarbhír nó féideartha a sainaithníodh***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***;*** | (i) an próiseas díchill chuí***, mar*** a ***shainmhínítear faoi chaighdeáin an Aontais agus faoi chaighdeáin idirnáisiúnta, a*** cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***mar a shainmhínítear faoi Airteagal 19b.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghnóthais ***mar a shainaithnítear tríd an bpróiseas díchill chuí***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) aon bhearta lena bhforáiltear don ghairmoiliúint agus d'uasoiliúint maidir le hathstruchtúrú, go háirithe i réigiúin agus earnálacha leochaileacha;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás inarb iomchuí,*** san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a ***lucht saothair, a*** tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, agus i gcás inarb ábhartha, a chuid infheistíochtaí agus sócmhainní***. ***Déanfaidh an gnóthas coigeartú ar an tuairisciú ar a shlabhra soláthair agus luacha bunaithe ar anailís*** |

| | |
|---|---|
| | ***riosca ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 a bhaineann le critéir a sholáthar chun an anailís riosca sin a bhunú bunaithe ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis ***theoranta*** a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí ***go poiblí*** an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta ***agus féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh orthu mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***De mhaolú ar Airteagal 19a, míreanna 1 go 4, féadfaidh na gnóthais bheaga agus mheánmhéide*** dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe (1), pointe (a),*** tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ***maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide*** dá dtagraítear in Airteagal 19c. | 5. ***Déanfaidh gnóthais mheánmhéide in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca tuairisciú i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta*** dá dtagraítear in ***Airteagal 19c. Féadfaidh gnóthais bheaga*** tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19c. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a éilítear leis*** | ***scriosta*** |

***na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais ***dá dtagraítear*** i ***bhfomhír 1 a fhoilsiú i*** gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an ***gnóthas atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4 a rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an ***máthairghnóthas a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4 a rialú. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An Ballstát a rialaíonn an ***gnóthas atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ***i dteanga*** oifigiúil ***de chuid an Bhallstát*** nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. | An Ballstát a rialaíonn an ***máthairghnóthas a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ***ina theanga*** oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 7 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta de chuid ***gnóthais atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4: | Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta ***chomhdhlúite*** de chuid ***máthairghnóthais a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4: |
| (a) ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le ***hAirteagail 29*** agus ***29a***, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)***, pointe*** (i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin ***tuairiscithe inbhuanaitheachtadá dtagraítear in*** Airteagal 19b | (a) ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le ***hAirteagal 29*** agus ***leis an Airteagal seo***, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ***ábhartha*** a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin ***inbhuanaitheachta a ghlactar de bhun*** Airteagal 19b***;*** |
| (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 1 go 4 den Airteagal seo***. | (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 2(c) agus (d);***. |
| | ***(c) ainm gach eintitis chomhdhlúite.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a ***bhaineann*** go sonrach leis an earnáil ina ***n-oibríonn*** siad. | (ii) faisnéis a thuairisceoidh ***na*** gnóthais a ***bhainfidh*** go sonrach leis an earnáil ina ***bhfuil*** siad ***ag feidhmiú, go háirithe earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca***. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii ) na rialacha cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 3(7) arna rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe ar chríoch an Aontais nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***trí bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) ***á*** cur san áireamh, agus i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. | Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***3 bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG)***, na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, agus geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ceardchumann agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta á*** cur san áireamh, agus i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. | 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ***inrochtana go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas,*** ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) comhionannas deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ar ***obair chomhionann***, oiliúint agus forbairt scileanna, agus fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas; | (i) ***cóir chomhionann agus*** comhionannas deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ***as obair*** ar ***comhionann a luach***, ***éagsúlacht ar gach leibhéal, mar a shainítear faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, trédhearcacht pá, bearta i gcoinne foréigin agus ciaptha,*** oiliúint agus forbairt scileanna, ***go háirithe ráta*** agus ***miondealú oibrithe atá rannpháirteach in oiliúint agus*** fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas***, lena sonraítear faisnéis maidir le bearta inrochtaineachta de réir tíre, i gcás inarb ábhartha***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) méid an lucht saothair lena n-áirítear trína chuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí gnó, imdhealaithe de réir inscne, de réir tíre, i gcás inarb ábhartha;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) comhaontuithe comhchoiteanna a bheith ann agus oibrithe a chumhdach iontu, agus comhairlí oibre a bheith ann, lena n-áirítear comhairlí oibre idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an dlí agus leis an gcleachtas is infheidhme;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán ***agus inoiriúnaithe***, pá, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht ***oibrithe***, cothromaíocht oibre is saoil, agus ***timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte*** agus ***dea-oiriúnaithe***; | (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán, pá ***leordhóthanach agus cóir***, ***am oibre,*** idirphlé sóisialta, ***saoirse comhlachais,*** cómhargáil agus ***cearta faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta oibrithe, lena n-áirítear maidir lena*** rannpháirtíocht ***i mboird riaracháin agus maoirseachta***, cothromaíocht oibre is saoil, ***saoire*** |

***mháithreachais, saoire atharthachta*** agus ***saoire tuismitheora,*** agus ***sláinte agus sábháilteacht, agus an ráta oibrithe atá gortaithe agus breoite ag an obair***;

***I gcomhréir le acquis dhlí saothair an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, rachaidh an bhainistíochta lárnach i gcomhairle leis na ceardchumainn agus le hionadaithe na n-oibrithe ag tús na tréimhse tuairiscithe maidir le dearadh an chórais tuairiscithe, lena n-áirítear na táscairí a áirítear agus na modhanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a fháil agus a fhíorú. Rachaidh an bhainistíocht lárnach i gcomhairle freisin le ceardchumainn agus le hionadaithe oibrithe chun rioscaí agus tionchair an ghnóthais ar an gcomhshaol agus ar dhaoine a shainaithint.***

***Cuirfear na hacmhainní is gá ar fáil d'ionadaithe oibrithe chun feidhmiú éifeachtach na gceart a eascraíonn as an Treoir seo a áirithiú. Áireofar air sin tacaíocht ó shaineolaí, i gcás ina mbeidh sé sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta agus go bhfeidhmeofar iad i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, amhail Treoir 2002/14/CE, Treoir 2009/38/CE, Treoir 2001/86/CE agus Treoir 2003/72/CE.***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine***, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó*** agus ***Cearta an Duine agus*** croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, ***lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha ***agus coinbhinsiúin rialachais*** EIS***, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta*** agus ***Beartas Sóisialta, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an Chairt Shóisialta Eorpach athbhreithnithe,*** Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus acquis dhlí saothair an Aontais***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) measúnuithe tionchair ar chearta an duine arna ndéanamh ag na húdaráis phoiblí ábhartha agus ag an ngnóthas maidir le hábhair inbhuanaitheachta mar a shainítear faoin Treoir seo.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus ***frithbhreabaireacht***; | (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***measúnú ar rioscaí éillithe*** agus ***ar chláir frith-éillithe agus frithbhreabaireachta, agus nósanna imeachta sceithireachta agus torthaí***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe v a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) rannpháirtíocht an ghnóthais le geallsealbhóirí ábhartha[1a], , go háirithe leis an tsochaí shibhialta, maidir le hábhair inbhuanaitheachta agus cuspóir sóisialta an ghnóthais;*** |
| | ***[1a] Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, lch. 48.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 19b a*** |
| | ***Tuairisciú inbhuanaitheachta maidir le gnóthais a bhfuil orthu tuairisciú ar*** |

| | |
|---|---|
| | *íocaíochtaí le rialtais* |
| | ***Gnóthais atá faoi réir oibleagáide tuarascáil a ullmhú agus a phoibliú maidir le híocaíochtaí a dhéantar le rialtais de bhun Airteagal 42, nochtfaidh siad, ar leibhéal an tionscadail, gach doiciméad, gach sonra agus gach faisnéis eile, is gá chun tuiscint a fháil ar a dtuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagal 19a. Áireofar ar na doiciméid, ar a laghad, comhaontuithe lena sainordaítear caiteachas sóisialta cuideachtaí agus aon mheasúnuithe tionchair ar an gcomhshaol agus/nó ar an tionchar sóisialta.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an ***fhaisnéis*** dá dtagraítear in ***Airteagail 19a*** agus 29a ***a thuairisceoidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1)(a)***. Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. | Glacfaidh an Coimisiún***, faoi 31 Deireadh Fómhair 2024,*** gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an ***chaoi a dtuairisceoidh FBManna ar an bhfaisnéis*** dá dtagraítear in ***Airteagal 19a*** agus ***in Airteagal*** 29a. Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. | 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15]***, Treoir (AE) 2019/882*** agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19d – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Leanfaidh ráitis airgeadais leictreonacha agus tuarascálacha bainistíochta na ceanglais rochtana ábhartha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/882 chun go mbeidh siad inrochtana do lucht féachana níos leithne.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir | 2. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir |

| | |
|---|---|
| Airteagal 29a a ráitis airgeadais chomhdhlúite agus a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 agus déanfaidh siad tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. | Airteagal 29a a ráitis airgeadais chomhdhlúite agus a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815***, Treoir (AE) 2019/882*** agus déanfaidh siad tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – mír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le ***hinscne*** agus gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás***.***; | (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta ***agus cuimsithe*** a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le ***comhionannas inscne, frith-idirdhealú, grúpaí mionlaigh*** agus ***grúpaí leochaileacha, agus*** gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla ***nó míchumais***, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh ***ar bun agus*** chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa | 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa |

| | |
|---|---|
| mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá***, miondealaithe de réir tíre, i gcás inarb ábhartha,*** chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) beartais an ghnóthais maidir le héagsúlacht agus comhionannas inscne, go háirithe trédhearcacht pá, pá comhionann as obair nó obair ar comhionann a luach, comhionannas deiseanna agus éagsúlacht ina bhainistíocht;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghrúpa agus tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; | (iv) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghrúpa***, go háirithe ceardchumann*** agus ***oibrithe, agus*** tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear maidir le comhionannas inscne, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 19b***; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) aon bhearta lena bhforáiltear don ghairmoiliúint agus d'uasoiliúint maidir le hathstruchtúrú, go háirithe i réigiúin agus earnálacha leochaileacha;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis ***theoranta*** a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht |

| | |
|---|---|
| chomhchoiteann as an tuairim sin, a ***dhéanfadh*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ***ghrúpa*** dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ***ghrúpa*** ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | chomhchoiteann as an tuairim sin, a ***dhéanfaí*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ***ghnóthais*** dá nochtfaí ***go poiblí*** an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ***ghnóthais*** ná ar thionchar a ghníomhaíochta ***agus féadfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla athbhreithniú a dhéanamh orthu mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta***. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *7.* ***Máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin beidh sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an máthairghnóthas díolmhaithe sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid gnóthais eile, a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo. Máthairghnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in*** | ***scriosta*** |

| | |
|---|---|
| ***Airteagal 19b den Treoir seo.*** | |
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mhháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4 a rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mhháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4 a rialú. |
| An Ballstát a rialaíonn an máthairghnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. | An Ballstát a rialaíonn an máthairghnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú. |
| Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4: | Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4: |
| ***(a) ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin inbhuanaitheachta a ghlactar de bhun Airteagal 19b;*** | |
| (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.*** | (b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i ***mír 2, pointe (c) agus (d);*** |
| | ***(c) ainm gach eintitis chomhdhlúite.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.; | (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais ***agus raon feidhme*** na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 1***(2), 3(13), 46(2), 19b agus 19c a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama***. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 1***(2), ***Airteagal 1(3a), Airteagal*** 3(13), ***Airteagal*** 46(2), ***Airteagal*** 19b agus ***Airteagal*** 19c a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***3 bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí]***. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse*** 3 ***bliana,*** |
| 3. ***Féadfaidh*** Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ***tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), Airteagal 3(13), Airteagal 46(2), Airteagal 19b agus Airteagal 19c a chúlghairm*** tráth ***ar bith. Le cinneadh*** | |

| | |
|---|---|
| ***chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*** | ***tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta*. *Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh*** Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ***in aghaidh an fhadaithe sin*** tráth ***nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3a. Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll gur forbraíodh an chomhairle sin le próis chuí, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht chóir agus le saineolas geallsealbhóirí ábhartha, agus go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. | 3a. Le linn gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagail 19b agus 19c, cuirfidh an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll gur forbraíodh an chomhairle sin le próis chuí, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht chóir agus le saineolas geallsealbhóirí ábhartha, ***go háirithe comhpháirithe sóisialta, eagraíochtaí cosanta tomhaltóirí*** agus ***ENRanna, agus*** go bhfuil anailísí costais is tairbhe ag gabháil léi lena n-áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(2), na cinntí is gá maidir le coibhéis na gcaighdeán cuntasaíochta agus coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe | ‘Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27(2), na cinntí is gá maidir le coibhéis na gcaighdeán cuntasaíochta agus coibhéis na gcaighdeán tuairiscithe |

| | |
|---|---|
| inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE a úsáideann eisitheoirí tríú tír faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 30(3). Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta tríú tír ná caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta tríú tír coibhéiseach, féadfaidh sé a cheadú do na heisitheoirí lena mbaineann leanúint de na caighdeáin chuntasaíochta sin a úsáid le linn idirthréimhse iomchuí. | inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE a úsáideann eisitheoirí tríú tír faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 30(3). Má chinneann an Coimisiún***, tar éis tuairim a fháil ó EFRAG,*** nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta tríú tír ná caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta tríú tír coibhéiseach, féadfaidh sé a cheadú do na heisitheoirí lena mbaineann leanúint de na caighdeáin chuntasaíochta sin a úsáid le linn idirthréimhse iomchuí. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcomhthéacs an tríú fomhír, glacfaidh an Coimisiún freisin, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a ghlactar i gcomhréir le míreanna 2a, 2b agus 2c d'Airteagal 27, agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 27a agus 27b, bearta arb é is aidhm dóibh critéir choibhéise ghinearálta a bhunú maidir le caighdeáin chuntasaíochta agus caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ábhartha maidir le heisitheoirí ó bhreis agus tír amháin.'; | I gcomhthéacs an tríú fomhír, glacfaidh an Coimisiún freisin, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe a ghlactar i gcomhréir le míreanna 2a, 2b agus 2c d'Airteagal 27, agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 27a agus 27b, bearta arb é is aidhm dóibh critéir choibhéise ghinearálta a bhunú maidir le caighdeáin chuntasaíochta agus caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ábhartha maidir le heisitheoirí ó bhreis agus tír amháin***, tar éis tuairim a fháil ó EFRAG***.'; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 28d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis dul i gcomhairle leis an | Tar éis dul i gcomhairle leis ***na*** |

***nGníomhaireacht*** Eorpach Chomhshaoil agus ***le*** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta.

***gníomaireachtaí ábhartha de chuid*** an ***Aontais, amhail an Ghníomhaireacht*** Eorpach Chomhshaoil agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ***Eurofound, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EU-OSHA, agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ceardchumainn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta.

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 26a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cumhachtófar don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 48a, na caighdeáin dearbhaithe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh chun na nósanna imeachta a leagan amach, nósanna imeachta a fheidhmeoidh an t-iniúchóir chun teacht ar a chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil dearbhaithe iontaofachta, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil iniúchóireachta. | 2. Cumhachtófar don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 48a ***agus tar éis tuairim a fháil ó EFRAG***, na caighdeáin dearbhaithe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh chun na nósanna imeachta a leagan amach, nósanna imeachta a fheidhmeoidh an t-iniúchóir chun teacht ar a chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil dearbhaithe iontaofachta, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil iniúchóireachta. |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| ***Teideal*** | ***lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach*** |
| ***Tagairtí*** | ***COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD)*** |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***EMPL***<br>***23.6.2021*** |
| ***Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***16.12.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Kira Marie Peter-Hansen***<br>***19.10.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 2.12.2021 13.1.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.3.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 10<br>0: 11 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Giuseppe Milazzo, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Michal Šimečka, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Marie-Pierre Vedrenne, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Evelyn Regner, Eugenia Rodríguez Palop, Sara Skyttedal*** |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 31 | + |
|---|---|
| NI | Daniela Rondinelli |
| PPE | Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Stelios Kympouropoulos |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Michal Šimečka, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Manuel Pizarro, Evelyn Regner, Marianne Vind |
| The Left | Leila Chaibi, Özlem Demirel, Eugenia Rodríguez Palop, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka |

| 10 | - |
|---|---|
| ECR | Giuseppe Milazzo, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło |
| ID | Dominique Bilde, Nicolaus Fest, France Jamet, Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli |

| 11 | 0 |
|---|---|
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Helmut Geuking, Radan Kanev, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Sara Skyttedal, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

4.3.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí
(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Lídia Pereira

## RÉASÚNÚ GEARR

Beidh sonraí níos fearr ó chuideachtaí maidir leis na rioscaí inbhuanaitheachta a bhfuil siad neamhchosanta orthu, agus ar a dtionchar féin ar an inbhuanaitheacht, fíor-riachtanach chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a chur chun feidhme go rathúil. Ar an ábhar sin is colún tábhachtach é an togra chun gealltanais pholaitiúla Chomhaontú Glas don Eoraip a chlaochlú agus an tAontas Eorpach a iompú ina gheilleagar nua-aimseartha, aeráidneodrach a bheidh tíosach ar acmhainní agus iomaíoch. Tá sé mar aidhm aige a áirithiú go mbeidh na ceanglais tuairiscithe le haghaidh cuideachtaí comhsheasmhach leis an gcreat dlíthiúil maoinithe inbhuanaithe i gcoitinne atá leagtha amach faoi láthair sa Treoir Tuairiscithe Neamhairgeadais, sa Rialachán um Nochtadh Maoinithe Inbhuanaithe agus an Tacsanamaíocht AE trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú

Beidh ceithre phíosa reachtaíochta atá ann faoi láthair á leasú leis an togra: Ar an gcéad dul síos - agus ó pheirspictíocht an chomhshaoil de - perspictíocht a bhfuil an-tábhacht leis, an Treoir Chuntasaíochta, *inter alia* trí phrionsabal “na hábharthachta dúbailte” a shoiléiriú (gur cheart go léireodh an tuairisciú mar a dhéanann cúrsaí inbhuanaitheachta difear don chuideachta agus mar a théann an chuideachta i bhfeidhm ar an inbhuanaitheacht); trí raon feidhme na gceanglas tuairiscithe a leathnú; trí mhionsonraí a chur leis an bhfaisnéis a bheidh le nochtadh; trína shonrú go dtuairisceodh cuideachtaí maidir le ar fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil; trína cheangal go bhfuil feidhm ag na ceanglais tuairiscithe le máthairchuideachtaí a thuairiscíonn thar ceann an ghrúpa uile agus tríd an gCoimisiún a chumasú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh agus na ceanglais maidir lena nglacadh a leagan síos, i.e. critéir cháilíochta, topaicí a mbeidh tuairisciú le déanamh orthu agus ionstraimí áirithe a bheidh le cur san áireamh.

Ina theannta sin, leasaítear an Treoir Iniúchóireachta agus an Rialachán Iniúchóireachta leis an togra, chun iniúchadh faisnéise inbhuanaitheachta a chumhdach. Ar deireadh, leasaíonn sé an Treoir Trédhearcachta freisin chun raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leathnú chuig cuideachtaí a mbíonn urrúis liostaithe ar mhargaí rialáilte, agus chun an réimeas

maoirseachta maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta ag na cuideachtaí sin a shoiléiriú.

Measann an Rapóirtéir go n-éascófar trédhearcacht na margaí airgeadais, go gcuirfear faisnéis níos soiléire ar fáil d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí eile mar gheall ar measúnú foriomlán ar an ngá le raon feidhme an tuairiscithe a leathnú. Faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Tuairisciú ar Inbhuanaitheacht Corparáidí foráiltear don fhaisnéis riachtanach a bheith á cur ar fáil ag gnóthais le haghaidh infheistitheoirí, do dhlúthnasc idir na caighdeáin maidir le tuairisciú le reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus oibleagáidí a thiteann ar chuideachtaí, infheisteoiri agus rannpháirtithe eile sna margaí airgeadais, go háirithe faoin Rialachán um Thacsanamaíocht agus an Rialachán um Nochtadh Inbhuanaithe Airgeadais.

Cé go measann an Rapóirtéir ar na cúiseanna sin gur gá caighdeáin tuairiscithe na hEorpa a ghlacadh, gur cheart do na caighdeáin sin a bheith comhlántach maidir le caighdeáin idirnáisiúnta seachas ag forluí orthu.

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe comhshaoil agus na caighdeáin tuairiscithe comhshaoil, measann an Rapóirtéir go bhfuil an-tábhacht le hailíniú na n-oibleagáidi agus na gcaighdeán sin le sainmhínithe agus cuspóirí an Rialacháin maidir le Tacsanamaíocht. Go háirithe, ba cheart a laghad forluí agus is féidir a bheith ar na hoibleagáidí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanamaíocht agus an Treoir seo agus is féidir.

Measann an Rapóirtéir thairis sin gur den riachtanas é ailíniú a bheith ann maidir le hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil leis an athrú aeráide i dtreo beartais Aontais i gcoitinne, amhail Dlí Aeráide na hEorpa a bheith ag tacú leo. Ba cheart spriocanna tuairiscithe gnóthas a bheith ag ailíniú le spriocanna an Dlí Aeráide faoina mbeadh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, 2040 agus 2050. Agus caighdeáin á nglacadh ba cheart an Dlí Aeráide a bheith á chur san áireamh acu.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach foráil do thuairisciú ar bhonn tír ar thír an oiread agus is féidir.

De bharr oibleagáidí tuairiscithe a bheith á leathnú go ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, tá an baol ann go leagfar ualach mór riaracháin ar fhiontair bheaga. Measann an Rapóirtéir ar an ábhar sin go mbeidh sé riachtanach na hoibleagáidí sin a theorannú d'earnálacha ardriosca agus a áirithiú go mbeidh caighdeáin tuairiscithe comhréireacha ann le haghaidh FBManna.

Agus ar deireadh, cé go n-aithníonn an Rapóirtéir an gá le tuairisciú uileghabhálach, is doiléire agus éiginnteacht a thagann as an riachtanas oibleagáid tuairiscithe a leathnú chuig sócmhainní doláimhsithe le haghaidh comhlachtaí a thuairiscíonn agus gan ach fiúntas teoranta ann maidir le hinfheisteoirí agus geallsealbhóirí eile. Ba cheart na hoibleagáidí sin a bhaint ar an ábhar sin chun an próiseas a shruthlíniú agus chun go bhféadfaí é a athbhreithniú amach anseo.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ina Phlean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú leag an Coimisiún amach bearta chun na cuspóirí a leanas a bhaint amach: sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe ionchuimsitheach a bhaint amach, rioscaí airgeadais a eascraíonn as an athrú aeráide, ídiú acmhainní, díghrádú comhshaoil agus saincheisteanna sóisialta a bhainistiú, agus trédhearcacht agus fadtéarmachas i ngníomhaíocht airgeadais agus eacnamaíoch a chothú[33]. Réamhriachtanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach is ea nochtadh faisnéise ábhartha, inchomparáide agus iontaofa inbhuanaitheachta ag gnóthais. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le roinnt gníomhartha reachtacha mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] an chaoi a bhfuil rannpháirtithe margaí airgeadais agus comhairleoirí airgeadais le faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh d'infheisteoirí deiridh agus úinéirí sócmhainní. Cruthaítear le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é mar aidhm scálaí infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú agus dul i ngleic le glas-snasú táirgí airgeadais a mhaíonn go míchuí go bhfuil siad inbhuanaithe. Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna chomhlánú ag | (2) Ina Phlean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú leag an Coimisiún amach bearta chun na cuspóirí a leanas a bhaint amach: sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe ionchuimsitheach a bhaint amach, rioscaí airgeadais a eascraíonn as an athrú aeráide, ídiú acmhainní, díghrádú comhshaoil agus saincheisteanna sóisialta a bhainistiú, agus trédhearcacht agus fadtéarmachas i ngníomhaíocht airgeadais agus eacnamaíoch a chothú[33]. Réamhriachtanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach is ea nochtadh faisnéise ábhartha, inchomparáide agus iontaofa inbhuanaitheachta ag gnóthais. ***Ina threoirlínte maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú, leag an Coimisiún béim ar na buntáistí atá ann do chuideachtaí tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann leis an aeráid, go háirithe trí fheasacht agus tuiscint ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a mhéadú laistigh den chuideachta, tríd an mbonn infheisteoirí a éagsúlú, trí chostas níos ísle a chruthú maidir le caipiteal agus trí fheabhas a chur ar idirphlé cuiditheach leis na geallsealbhóirí uile.*** Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le roinnt gníomhartha reachtacha mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] an chaoi a bhfuil rannpháirtithe margaí airgeadais agus comhairleoirí airgeadais le faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh |

| | |
|---|---|
| Rialacháin Tarmligthe (AE) 2020/1816[37], (AE) 2020/1817[38] agus (AE) 2020/1818[39] ón gCoimisiún, ceanglais maidir le nochtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESG') le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna agus íoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a thógáil. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] ar institiúidí móra a bhfuil urrúis eisithe acu a ligtear isteach lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte faisnéis a nochtadh ar rioscaí ESG ón 28 Meitheamh 2022. Sa chreat nua stuamachta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] tá forálacha maidir le gné riosca ESG a thabhairt isteach sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta (SREP) ag údaráis inniúla, agus tá ceanglais maidir le nochtadh rioscaí ESG ann le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, a mbeidh feidhm acu ón 26 Nollaig 2022. Tá togra maidir le Caighdeán Eorpach Bannaí Glasa fógartha ag an gCoimisiún freisin ina Chlár Oibre le haghaidh 2021, d'fhonn bearta leantacha a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. | d'infheisteoirí deiridh agus úinéirí sócmhainní. Cruthaítear le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é mar aidhm scálaí infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú agus dul i ngleic le glas-snasú táirgí airgeadais a mhaíonn go míchuí go bhfuil siad inbhuanaithe. Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna chomhlánú ag Rialacháin Tarmligthe (AE) 2020/1816[37], (AE) 2020/1817[38] agus (AE) 2020/1818[39] ón gCoimisiún, ceanglais maidir le nochtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais ('ESG') le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna agus íoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a thógáil. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] ar institiúidí móra a bhfuil urrúis eisithe acu a ligtear isteach lena dtrádáil ar mhargadh rialáilte faisnéis a nochtadh ar rioscaí ESG ón 28 Meitheamh 2022. Sa chreat nua stuamachta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta a leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] tá forálacha maidir le gné riosca ESG a thabhairt isteach sa phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta (SREP) ag údaráis inniúla, agus tá ceanglais maidir le nochtadh rioscaí ESG ann le haghaidh gnólachtaí infheistíochta, a mbeidh feidhm acu ón 26 Nollaig 2022. Tá togra maidir le Caighdeán Eorpach Bannaí Glasa fógartha ag an gCoimisiún freisin ina Chlár Oibre le haghaidh 2021, d'fhonn bearta leantacha a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. |

[33] COM(2018) 97 críochnaitheach.

[34] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[36] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtaí inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17).

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1).

[38] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íosmhéid inneachair a bheidh sa mhíniú ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mhodheolaíocht tagarmhairc (IO L 406, 3.12.2020, lch. 12).

[39] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le

[33] COM(2018) 97 críochnaitheach.

[34] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[36] Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtaí inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17).

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1).

[38] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1817 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íosmhéid inneachair a bheidh sa mhíniú ar an gcaoi a léirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa mhodheolaíocht tagarmhairc (IO L 406, 3.12.2020, lch. 12).

[39] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le

| | |
|---|---|
| híoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17). | híoschaighdeáin maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17). |
| [40] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1). | [40] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1). |
| [41] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1). | [41] Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1). |
| [42] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2011/61/AE, Treoir 2013/36/AE, Treoir 2014/59/AE agus Treoir 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64). | [42] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, Treoir 2009/65/CE, Treoir 2011/61/AE, Treoir 2013/36/AE, Treoir 2014/59/AE agus Treoir 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64). |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ***Is iad*** na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. ***Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach*** inbhuanaithe ***tabharfar deis dóibh amhlaidh*** a dhéanamh, ***ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras*** | (8) ***Ní mór go mbeadh*** na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair ***ar*** na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. ***Ní mór an deis a bheith ag coigilteoirí ar mian leo infheistíocht*** inbhuanaithe a dhéanamh ***é sin a dhéanamh***, ***agus bainfidh gach saoránach tairbhe as córas*** eacnamaíoch |

| | |
|---|---|
| eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa (‘úsáideoirí’) ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as ***an bhfaisnéis*** inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla ***freisin***. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d’fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear | atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa (‘úsáideoirí’) ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint ***freisin*** as ***faisnéis*** inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla***, lena n-áirítear chun inchomparáideacht a chothú ar fud earnálacha margaidh ar bhonn fiúntais chomhshaoil***. ***Ba cheart d’eintitis chorparáideacha a nochtadh a mhéid a rannchuidíonn siad le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ba cheart go n-urramóidís an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de bhun Airteagail 3 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, faoi seach.*** Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a |

| | |
|---|---|
| tuarascálacha corparáideacha poiblí. | fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá ***feasacht ag méadú*** freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta ***áirithe*** a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta ***agus geallsealbhóirí eile, go háirithe an tsochaí shibhialta***. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá ***méadú ag teacht*** freisin ar ***an bhfeasacht ar*** na rioscaí ***agus na deiseanna atá ann*** do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil ***agus aeráide*** eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta ***eiticiúla*** a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach ***agus comhleanúnachas a áirithiú le huaillmhian Chomhaontú Pháras agus le beartais an Aontais, chomh maith le cothromaíocht a bhaint amach idir na trí*** |

athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

***cholún den inbhuanaitheacht, lena n-áirítear an comhshaol, an aeráid, an bhithéagsúlacht, sláinte phoiblí agus an geilleagar, is cúis leis an méadú ar fhaisnéis inbhuanaitheachta freisin***. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. ***Dá bhrí sin, déanfaidh an t-athbhreithniú ar an Treoir seo na hoibleagáidí tuairiscithe dá bhforáiltear i bpíosaí eile reachtaíochta a shimpliú agus a chaighdeánú.*** Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach ***sin***[48]. Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann ***go leor gnóthais*** faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht. D'aithin an tuarascáil inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta mar fhadhbanna | (11) Leis an tuarascáil ar an gclásal athbhreithnithe sa Treoir um Thuairisciú Neamh-Airgeadais (Treoir 2014/95/AE), agus an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach a ghabhann léi, aithníodh fadhbanna maidir le héifeachtacht na Treorach ***sin***. Tá fianaise shuntasach ann nach nochtann ***a lán gnóthas*** faisnéis ábhartha faoi na príomhthopaicí go léir a bhaineann le hinbhuanaitheacht***, go háirithe faisnéis a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa go léir agus na tosca a*** |

| | |
|---|---|
| suntasacha freisin. Sa bhreis air sin, i gcás go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin ***faisnéis den sórt*** sin a thuairisciú. | ***dhéanann difear don bhithéagsúlacht***. D'aithin an tuarascáil inchomparáideacht agus iontaofacht theoranta na faisnéise inbhuanaitheachta mar fhadhbanna suntasacha freisin. Sa bhreis air sin, i gcás go leor gnóthas óna mbíonn faisnéis inbhuanaitheachta ag teastáil ó úsáideoirí, ní bhíonn aon dualgas ar na gnóthais sin ***an fhaisnéis*** sin a thuairisciú***, rud a chuireann i bhfios go láidir go bhfuil gá le creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá láidir agus inacmhainne, agus iniúchadh éifeachtach laistigh den tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach, chun a áirithiú go mbeidh sonraí iontaofa agus chun an tsnas glas a sheachaint***. |
| [48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo. | [48] Oifig na bhFoilseachán: iontráil tagairt don Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na clásail athbhreithnithe i dTreoir 2013/34/AE, i dTreoir 2014/95/AE, agus i dTreoir 2013/50/AE, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (Seiceáil Oiriúnachta) a ghabhann leo. |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le | (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le |

| | |
|---|---|
| hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe. | hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú ***agus cuspóirí Chomhaontú Pháras***. Tá sé níos deacra ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe sóisialta, comhphobail a ndéanann gníomhaíochtaí gnóthas difear dóibh, agus páirtithe leasmhara eile gnóthais a thabhairt chun cuntais maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. ***Cuireann an easpa faisnéis inchomparáide inbhuanaitheachta srian freisin ar chumas na bpáirtithe leasmhara dul i mbun idirphlé le gnóthais maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta.*** Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, ***is iomchuí*** a cheangal ar ***gach gnóthas mór*** agus ***gach gnóthas*** atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas ***micreaghnóthais***, faisnéis inbhuanaitheachta ***mhionsonraithe*** a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. | (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. ***Is iomchuí,*** dá bhrí sin, a ***chur de*** cheangal ar ***na gnóthais mhóra uile*** agus ***ar na gnóthais go léir*** atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas ***micrifhiontair chomh maith le gnóthais bheaga agus mheánmhéide atá ag oibriú in earnálacha ardriosca***, faisnéis ***mhionsonraithe*** inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa. ***Ba cheart do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas ach a chomhlíonann na critéir sin agus a oibríonn sa mhargadh inmheánach a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun a dtionchar inbhuanaitheachta a chur san áireamh agus chun cothrom iomaíochta a sholáthar do ghnóthais atá bunaithe san Aontas.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais ***mhóra*** neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair | (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair |

inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas ***den sórt sin***, lena n-áirítear trína slabhra luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas mór a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe freisin.

inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas, lena n-áirítear trína slabhra ***soláthair agus*** luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas mór a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe freisin.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ***I gcás gnóthas*** nach bhfuil bunaithe san Aontas ach ***go bhfuil urrúis*** liostaithe ***acu*** ar mhargaí rialáilte ***tá ceangal ar na gnóthais sin*** faisnéis a nochtadh ***faoi ábhair*** inbhuanaitheachta ***agus freagraíonn an ceanglas sin*** do riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ***i ndáil*** le faisnéis ***a fháil ó ghnóthais den sórt*** sin chun ***tuiscint a fháil ar na*** rioscaí ***a bhaineann lena gcuid infheistíochtaí*** agus ***na*** tionchair a ***bheidh acu***, agus chun na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. | (17) ***Ba cheart don cheanglas ar ghnóthais*** nach bhfuil bunaithe san Aontas ach ***le hurrúis atá*** liostaithe ar mhargaí rialáilte ***nó ar ghnóthais atá bunaithe san Aontas ach atá liostaithe ar mhargaí lasmuigh den Aontas*** faisnéis a nochtadh ***maidir le cúrsaí*** inbhuanaitheachta***, faisnéis a nochtadh freisin*** do riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ***maidir*** le faisnéis ***ó na gnóthais*** sin chun rioscaí agus tionchair a ***n-infheistíochtaí a thuiscint***, agus chun na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun | (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun |

cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d’fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin ***agus FBManna in earnálacha ardriosca*** faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. ***Ní hamháin go bhfuil gá leis na caighdeáin tuairiscithe*** ach ***tá siad úsáideach freisin agus is deis iad do chuideachtaí a dtiomantas do chúrsaí inbhuanaitheachta, don athrú aeráide agus d’aistriú éiceolaíoch a léiriú agus caighdeáin cheannasacha a bhunú agus ar*** an ***gcaoi sin cur lena dtairbhe iomaíoch. Ach an*** ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ***agus FBManna in earnálacha ardriosca*** ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a

úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. | (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir leis an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. ***Ba cheart an liosta d'ábhair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bheith bunaithe ar tháscairí agus ar mhodheolaíochtaí bunúsacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 agus i ngníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh dá bhun, agus ba cheart na táscairí agus na modheolaíochtaí sin a chur san áireamh, toisc go gcruthaíonn siad go comhpháirteach córas aicmithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an*** |

***chomhshaoil de.***

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. ***Ba cheart*** ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; aon deis don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. ***Ní mór*** ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach ***agus ba cheart go n-áireofaí leo faisnéis, de réir mar is iomchuí, maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin***; ***úsáid inbhuanaithe agus cosaint inbhuanaithe*** a ***dhéanamh ar acmhainní*** |

| | |
|---|---|
| chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***sprioc*** inbhuanaitheachta ***a shocraigh an gnóthas*** agus an dul chun cinn a ***rinneadh i dtreo iad*** a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. | ***uisce, muirí agus ithreach; an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear úsáid acmhainní; truailliú a chosc agus a rialú; agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú. a*** chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa; aon deis don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha*** inbhuanaitheachta ***atá bunaithe ar eolaíocht*** agus ***faoi cheangal ama arna leagan síos ag*** an ***ngnóthas agus an*** dul chun cinn a ***bheidh déanta chun na spriocanna sin*** a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na ***drochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um | (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um |

| | |
|---|---|
| dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. ***I gcomhréir le Prionsabail*** Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, ***measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin***. | dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. ***Ba cheart an sainmhíniú ar mhórthionchair a bheith bunaithe ar Phrionsabail*** Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine ***lena ndéantar déine na dtionchar a mheas de bharr a scála***, ***a raon feidhme agus a gcarachtar neamh-mheánach***. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis | (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis |

atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ***ar fheidhmíocht roimhe seo***. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***le hAirteagal 19a*** agus Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE nach mór*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, ***a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach.

atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ***chúlghabhálach***. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú ***in Airteagal 19a*** agus ***in*** Airteagal 29a de ***Threoir 2013/34/AE go n-áireofar san fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisceofar*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon ***a bheidh bunaithe ar tháscairí eolaíochtbhunaithe***, ***comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha, ach nach gcuirfear staid tráchtála an ghnóthais i mbaol***. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, de réir mar is iomchuí. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis ***iontaofa agus dhílis*** a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i | (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i |

| | |
|---|---|
| gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte ***amháin*** go mbeidh an fhaisnéis ***go léir a nochtfaidh*** gnóthais ***dhifriúla inchomparáide*** ná go nochtfar an fhaisnéis ***uile*** a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide agus go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digiteáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá | gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte ***astu féin*** go mbeidh an fhaisnéis ***a nochtar ag*** gnóthais ***éagsúla inchomparáideach, iontaofa agus dáiríre,*** ná go nochtfar an fhaisnéis ***go léir*** a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide***, iontaofa*** agus ***dílis agus*** go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digiteáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus |

| | |
|---|---|
| caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais. | forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais. |
| ___________________ | ___________________ |
| [52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234). | [52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234). |
| [53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490). | [53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490). |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais chun faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. ***Chomh maith leis*** sin, ní mór ***na*** caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ***shainordaitheacha*** do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir ***aeráidneodrachta*** an | (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. ***Mar sin féin, is díol spéise é a áirithiú go mbeidh comhleanúnachas agus sineirgíocht ann idir caighdeáin an Aontais agus caighdeáin dhomhanda.*** Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú ***agus a bheith comhsheasmhach***, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais chun faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. ***Ba cheart an fhaisnéis*** sin ***a bheith bunaithe ar*** |

Aontais le ***haghaidh*** 2050. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais.

***tháscairí eolaíochtbhunaithe***, ***comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha. Ina theannta sin,*** ní mór caighdeáin ***éigeantacha*** tuairiscithe inbhuanaitheachta do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ***le*** cuspóir an Aontais ***maidir*** le ***neodracht aeráide do*** 2050 ***chomh maith le spriocanna idirmheánacha faoi Rialachán (AE) 2021/1119***. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais.

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus níor cheart go leagfaidís ualach riaracháin gan ghá ar na cuideachtaí a gceanglaítear orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart do chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus creataí atá ann cheana féin maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta a chur san áireamh i gcás inarb iomchuí. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo). Ba cheart | (37) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhréireach agus níor cheart go leagfaidís ualach riaracháin gan ghá ar na cuideachtaí a gceanglaítear orthu iad a úsáid. Chun an suaitheadh a íoslaghdú do ghnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta cheana féin, ba cheart do chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na caighdeáin agus creataí atá ann cheana féin maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú inbhuanaitheachta a chur san áireamh i gcás inarb iomchuí. Áirítear leo sin an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú, an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thuairisciú Comhtháite, an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid, an Bord um Chaighdeáin Nochtadh Carbóin, agus CDP (ar a dtugtaí an Tionscadal Nochtadh Carbóin roimhe seo).***agus an*** |

| | |
|---|---|
| ***go ndéanfadh caighdeáin an Aontais Eorpaigh*** aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ***a forbraíodh*** faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a chur san áireamh. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda. | ***Prótacal maidir le Gás Ceaptha Teasa maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh, lena n-áirítear raon feidhme 1, 2 agus 3 ó ghnóthais ó gach earnáil.*** Ba cheart aon chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ***arna fhorbairt*** faoi choimirce na Fondúireachta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais***, go háirithe caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisúnta Inbhuanaitheachta,*** a chur san áireamh ***le caighdeáin an Aontais Eorpaigh***. Chun deighilt rialála gan ghá a sheachaint, a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aici do ghnóthais a oibríonn go domhanda, ba cheart do chaighdeáin Eorpacha cuidiú le próiseas an chóineasaithe ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta ar leibhéal domhanda ***trí thacú le hobair an Bhoird Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta***. |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ***ba cheart a shonrú*** sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh ***maidir leis*** na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus ***bithéagsúlacht***. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is ***iomchuí*** aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh | (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. ***Ba cheart a shonrú,*** dá bhrí sin, sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh ***faoi*** na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar ***an*** aer, ***an*** talamh, ***ar an*** uisce agus ***ar an mbithéagsúlacht, ina sonrófar an ndéanann aon cheann dá ngníomhaíochtaí dochar suntasach do na fachtóirí comhshaoil sin***. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is ***gá*** aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a |

| | |
|---|---|
| chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***, a ailíníonn go dlúth leis an Rialachán sin***. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe***, lena n-áirítear cur chun feidhme bheartais an Aontais maidir leis an athrú aeráide agus an t-aistriú fuinnimh***. |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus ***aistrithe*** gnóthas, agus faoina n-athléimneacht i leith cásanna aeráide ***difriúla***. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim faoi rioscaí fisiciúla agus ***idirthréimhseacha*** gnóthas, agus faoina n-athléimneacht i leith cásanna ***éagsúla a bhaineann leis an aeráid agus leis an athrú*** aeráide. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le ***baint iarbhír carbóin,*** comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. ***Tá spéis ag na páirtithe sin freisin a bheith ar an eolas faoi na hiarrachtaí atá déanta ag gnóthais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go*** |

***héifeachtach.*** Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ní mór na hearnálacha eacnamaíocha uile a shlógadh go hiomlán chun geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach agus timpeallacht saor ó thocsainí a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach úsáid fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chuige sin, mar úsáidtear fuinneamh ar fud na slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe fuinnimh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe i ndáil le hábhair chomhshaoil. | (42) Ní mór na hearnálacha eacnamaíocha uile a shlógadh go hiomlán chun geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach agus timpeallacht saor ó thocsainí***, gan aon truailliú idirleata,*** a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach úsáid fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chuige sin, mar úsáidtear fuinneamh ar fud na slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe fuinnimh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe i ndáil le hábhair chomhshaoil ***agus cúrsaí a bhaineann leis an aeráid***. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ***na*** tionchair ***a bhíonn ag gnóthais*** ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte ***daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin***. Ba cheart ***faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur*** san ***áireamh san*** fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh | (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ***go gcumhdódh an fhaisnéis sin*** tionchair ***gnóthas*** ar dhaoine, lena n-áirítear ***dálaí a bhaineann leis an obair agus an tionchar atá acu*** ar shláinte ***an duine***. Ba cheart ***go n-áireofaí*** san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine ***faisnéis faoi shaothar éigeantais ina slabhraí luacha*** i gcás inarb ábhartha ***ach níor cheart ar aon*** |

ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis ***is ceart*** do ghnóthais a nochtadh ***i ndáil*** le cearta an duine, ***na*** saoirsí bunúsacha, ***na*** prionsabail ***dhaonlathacha*** agus ***na*** caighdeáin dhaonlathacha ***a bhunaítear*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe ***maidir le cearta an duine***, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ***san*** Obair ***agus*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair ***Idirnáisiúnta agus*** an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

***bhealach go ngabhfadh na tuarascálacha sin in ionad fhreagracht na n-údarás poiblí aghaidh a thabhairt ar allmhairiú earraí a tháirgtear mar thoradh ar sháruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear saothar éigeantach, trí bheartas trádála agus trí mhodhanna taidhleoireachta***. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis ***ba cheart*** do ghnóthais a nochtadh ***maidir*** le cearta an duine, saoirsí bunúsacha, prionsabail agus caighdeáin dhaonlathacha ***atá bunaithe*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile ***um chearta an duine de chuid*** na Náisiún Aontaithe, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ***ag an*** Obair***,*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta ***Idirnáisiúnta*** Saothair***,*** an Chairt ***Shóisialta Eorpach, an Coinbhinsiún Eorpach*** um Chearta ***an Duine agus na prótacail bhreise a ghabhann leis, Cairt um Chearta*** Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ***chomh maith le Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Coinbhinsiún UNECE maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus")***.

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin ***31 Deireadh Fómhair 2023*** ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach ***3 bliana*** ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. | (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh faoin ***1 Aibreán 2023*** ar a dhéanaí, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart don Choimisiún ***tús áite a thabhairt do ghlacadh caighdeán a bhaineann go sonrach le gnóthais atá ag oibriú in earnálacha ardriosca. Ba cheart don Choimisiún*** athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach ***trí bliana*** ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(47 a) Ba cheart do ghnóthais in earnálacha ardastaíochtaí áirithe, amhail tionscail na mbreoslaí eastóscacha agus iontaise, treoir earnála ábhartha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh a chur san áireamh. Ba cheart gnóthais atá gníomhach sa tionscal eastóscach mar a shainmhínítear in Airteagal 41(1) de Threoir 2013/34/AE a bheith faoi réir nochtadh inbhuanaitheachta breise, toisc go bhfuil rioscaí agus tionchair arda inbhuanaitheachta acu ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú, bithéagsúlacht agus sláinte an duine de, rud a thabharfadh nochtadh ar leith don aeráid agus don chlaochlú fuinnimh i dtéarmaí a rioscaí agus a ndeiseanna.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. | (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair ***agus chun é a áirithiú***, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) ***Iarrtar ar na Ballstáit*** measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. ***Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach*** chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. | (71) ***Ba cheart don Choimisiún*** measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm***, ba cheart don Choimisiún uirlis ar líne a chruthú chun tuairisciú gnóthas beag agus meánmhéide a éascú***. ***Chun ualach iomarcach riaracháin ar FBManna faoi bhun 250 fostaí a sheachaint, ba cheart é sin a dhéanamh trí uirlis saor in aisce, éasca le húsáid agus inrochtana ar líne.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn ***“***tuairisciú inbhuanaitheachta***” tuairisciú faisnéise*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta i gcomhréir le ***hAirteagail 19a***, 19d agus 29a den Treoir seo***;*** | (18) ciallaíonn ***‘***tuairisciú inbhuanaitheachta***’ faisnéis*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***a thuairisciú*** i gcomhréir le ***hAirteagal 19a***, ***le hAirteagal*** 19d agus ***le hAirteagal*** 29a den Treoir seo***, i gcás ina bhfuil na cúrsaí comhshaoil bunaithe ar tháscairí agus modheolaíochtaí bunúsacha agus a chuirtear san áireamh leo a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun.*** |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20 a) ciallaíonn 'earnáil ardriosca' earnáil lena mbaineann, mar thoradh ar a méid, ar a saintréithe gnó agus luacha nó ar an slabhra soláthair, dóchúlacht ard go mbeidh tionchair thromchúiseacha iarbhír nó fhéideartha aici ar chúrsaí inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20 b) ciallaíonn 'sprioc eolaíochtbhunaithe' sprioc arna sainiú ar bhonn fianaise eolaíche agus chomhshaoil agus le bailíochtú eolaíoch neamhspleách, lena n-áirithítear, nuair a bhaineann an gnóthas amach í, go bhfuil tionchair an ghnóthais, mar a shonraítear in Airteagal 19a, i gcomhréir le spriocanna agus critéir inbhuanaitheachta an Aontais maidir leis an tsaincheist shonrach chomhshaoil. I gcás sonrach an mhaolaithe ar an athrú aeráide, ciallaíonn sé sin sprioc lenar féidir tionchair an ghnóthais ar athrú aeráide a ailíniú le cuspóirí Dhlí Aeráide na hEorpa, go háirithe maidir le neodracht aeráide faoi2050 ar a dhéanaí, agus le cás aeráide 1.5°C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta mar atá sainithe ag IPCC.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(20 c) ciallaíonn 'tionchair throma' drochthionchair ar dhaoine, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol atá nasctha le hoibríochtaí agus slabhra luacha an ghnóthais, a dhéanann an díobháil is mó i gcoibhneas le tionchair eile arna sainaithint ag an ngnóthas, bunaithe ar thromchúis an tionchair ar an ábhar inbhuanaitheachta, lena n-áirítear a scála, a raon feidhme agus a nádúr leigheasta.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – mír 1– pointe 20 d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(20 d) léifear "aeráidneodracht" agus "glan-nialasacht" i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1119 ("Dlí Aeráide Eorpach").*** |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Gnóthais mhóra agus, ***amhail ón 1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2 pointe*** (1), ***pointe*** (a), ***áireoidh*** siad ***sa tuarascáil bhainistíochta*** an fhaisnéis is gá chun ***tionchair*** an | 1. ***Déanfaidh*** gnóthais mhóra agus, ***ón 1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe*** (1), ***pointe*** (a), ***agus gnóthais mheánmhéide atá ag oibriú in earnálacha ardriosca agus gnóthais atá*** |

| | |
|---|---|
| ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a ***thuiscint***, agus an fhaisnéis is gá chun ***conas a dhéanann ábhair*** inbhuanaitheachta ***difear d'***fhorbairt, ***feidhmíocht*** agus ***seasamh*** an ghnóthais ***a thuiscint***. | ***cláraithe i dtír nach bhfuil san AE/LEE a bhfuil gnó suntasach aici san Aontas, déanfaidh*** siad an fhaisnéis is gá chun ***tuiscint a fháil ar thionchair*** an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a ***áireamh sa tuarascáil bhainistíochta***, agus an fhaisnéis is gá chun ***tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***ar*** fhorbairt, ***ar fheidhmiú*** agus ***ar sheasamh*** an ghnóthais. |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Faoin 30 Meitheamh 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le cé na hearnálacha a mheasfar a bheith ina n-earnálacha ardriosca de réir an dara leibhéal d'Athbhreithniú 2 NACE dá dtagraítear in Airteagal 2, mír 1, pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh.1893/2006. Leis an ngníomh tarmligthe, cuirfear san áireamh obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach, lena n-áirítear maidir le mianadóireacht, tionscail eastóscacha, bainistiú dramhaíola núicléiche agus radaighníomhaí, talmhaíocht agus táirgeadh bia, leasacháin, lotnaidicídí agus antaibheathaigh, iascaigh agus foraoiseacht, éadach agus coisbheart, táirgeadh plaisteach, airgeadas agus loingseoireacht idirnáisiúnta. Agus an gníomh tarmligthe sin á ullmhú, measfaidh an Coimisiún an éascódh tuairisciú éigeantach an rochtain ar chaipiteal airgeadais do na gnóthais bheaga agus mheánmhéide lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***mbaineann go háirithe nó an rachadh nochtadh na faisnéise chun sochair do pháirtithe leasmhara eile.*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais ***maidir*** le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais ***i ndáil*** le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta***, go háirithe rioscaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear ó thionchair fhisiceacha an athraithe aeráide, suaitheadh eacnamaíoch, tionchair idirthréimhseacha agus tionchair rialála a mbíonn tionchar acu ar an ngnóthas, lena n-áirítear an ndearnadh athléimneacht na samhla gnó a fhíorú trí raon cásanna aeráide a úsáid***; |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna ***an ghnóthais*** a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (ii) ***na*** deiseanna ***don ghnóthas*** a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta***, go háirithe deiseanna a bhaineann le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de***; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ***ghnó*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le ***teorannú an téimh dhomhanda chuig 1.5 C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras; | (iii) pleananna an ghnóthais***, agus an slabhra luacha iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear pleananna maidir le gníomhaíochtaí cur*** chun ***feidhme agus pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara, agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí absalóideacha gearrthéarmacha agus meántéarmacha do 2025 agus 2030,*** a ***ndéanfar athbhreithniú orthu gach cúig bliana suas go dtí 2050, chun a*** áirithiú go bhfuil a shamhail ***fhoriomlán*** ghnó agus a straitéis ***iomlán*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le ***téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras***, gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta, agus de bhun na moltaí is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ó na moltaí is déanaí ón mBord Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide***; ***go bhfuil siad ailínithe ag an mBord Comhairleach Aeráide is déanaí ag an mBord Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide; agus***<br><br>***- i gcás inarb ábhartha, méid neamhchosanta an ghnóthais ar earnálacha atá liostaithe i Ranna 05, 06, 09, 19, 35, 46.71, 73.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.1893/2006, a mhéid a bhaineann siad le gníomhaíochtaí guail, ola, gáis;***<br><br>***- i gcás inarb ábhartha, déanfaidh gnóthais a mbíonn tionchar ar leith ag a gcuid gníomhaíochtaí ar acmhainní nádúrtha agus/nó a oibríonn in earnálacha atá ag brath go háirithe ar acmhainní nádúrtha, na tionchair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis na héiceachórais a bhfuil baint acu le*** |

| | |
|---|---|
| | ***samhail ghnó an ghnóthais agus na rioscaí a bhaineann leo a nochtadh, mar aon le pleananna ag an ngnóthas caillteanas an dúlra a mhaolú agus an dúlra a athbhunú i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí;*** |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghnóthais ***chun feidhme*** maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (v) ***an chaoi ar comhtháthaíodh ábhair inbhuanaitheachta agus spriocanna gaolmhara bunaithe ar eolaíocht i straitéis an ghnóthais, agus*** conas a cuireadh ***chun feidhme*** straitéis an ghnóthais maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta; |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***atá leagtha*** síos ag an ngnóthas agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***chun*** na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha atá faoi cheangal ama*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***arna leagan*** síos ag an ngnóthas ***maidir le príomhrioscaí*** agus ***príomhdheiseanna agus mórthionchair an ghnóthais*** ar ***chúrsaí inbhuanaitheachta,*** an ***bhfuil na spriocanna sin bunaithe ar eolaíocht agus an*** dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***i dtreo*** na spriocanna sin a bhaint amach***, lena n-áirítear conair atá sainithe go soiléir agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun na spriocanna a bhaint amach***; |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***lena n-áirítear***; |
| | ***(i) a ról sa phlé a bhaineann le torthaí aon phróisis díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta chun drochthionchair ar an gcomhshaol, ar an aeráid nó ar an tsláinte phoiblí a shainaithint,*** |
| | ***(ii) a ról sa phlé maidir leis na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna don ghnóthas a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(iii) an ról atá acu maidir le straitéis agus spriocanna an ghnóthais a fhormheas, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, ar straitéis agus spriocanna iad a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(iv) an saineolas maidir le hábhair inbhuanaitheachta na gcomhaltaí de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta;*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear, ar a laghad, maidir le tionchair*** |

***thromchúiseacha, rioscaí agus deiseanna sainaitheanta***;

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an ***próiseas*** díchill chuí ***a cuireadh*** chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***;*** | (i) ***próiseas*** an díchill chuí ***arna chur*** chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme ar leibhéal an Aontais maidir le dícheall cuí, lena n-áirítear faisnéis faoi na nithe seo a leanas:*** |
| | ***- iarmhairtí tromchúiseacha iarbhír agus féideartha ar fud shlabhra luacha an ghnóthais a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta;*** |
| | ***- scor, cosc agus maolú na n-iarmhairtí sin;*** |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha atá nasctha*** le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***chaidrimh*** ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na ***tionchair thromchúiseacha*** iarbhír nó ***fhéideartha agus an dochar suntasach in aon cheann de na catagóirí comhshaoil, a bhaineann*** le ***sé chuspóir chomhshaoil Rialachán (AE) 2020/852, a bhaineann le*** slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***ghaolmhaireacht*** ghnó agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ***ghníomhaíocht*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***drochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha*** a chosc, a mhaolú nó a leigheas; | (iii) aon ***ghníomhaíochtaí*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***tionchair thromchúiseacha*** iarbhír nó ***fhéideartha agus éifeachtacht*** a ***dtorthaí a*** chosc, a mhaolú nó a leigheas; |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) na rioscaí inbhuanaitheachta is ábhartha don ghnóthas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/2088 maidir le nochtaí inbhuanaitheachta in earnáil na seirbhísí airgeadais, rud a chuireann ar chumas rannpháirtithe margaidh airgeadais a n-oibleagáidí maidir le nochtadh riosca inbhuanaitheachta agus a n-oibleagáidí maolaithe a chomhlíonadh faoin Rialachán sin;*** |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) táscairí ***atá ábhartha maidir*** leis na nochtaí dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f). | (g) táscairí ***a bhaineann*** leis na nochtaí dá dtagraítear i ***bpointe*** (a) go ***pointe*** (f)***, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe lena bhforlíontar Airteagal 8*** |

| | |
|---|---|
| | ***de Rialachán (AE) 2020/852***. |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 2 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tuairisceoidh*** gnóthais an próiseas a ***dhéantar*** chun ***go sainaithneofar*** an fhaisnéis ***atá cuimsithe acu*** sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le ***mír 1*** agus sa phróiseas sin cuirfidh siad tréimhsí ***ionchais*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. | ***Déanfaidh*** gnóthais an próiseas a ***cuireadh i gcrích a thuairisciú*** chun an fhaisnéis ***a chuir siad san áireamh*** sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le ***mír 1 a shainaithint, lena n-áirítear conas a chuirtear ar an eolas í trí aon phróiseas díchill chuí arna dhéanamh ag an ngnóthas,*** agus sa phróiseas sin cuirfidh siad tréimhsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh. |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ***inarb iomchuí***, san fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1*** agus 2 ***beidh faisnéis maidir le slabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear ***a*** oibríochtaí féin, a ***tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh*** ghnó agus a shlabhra soláthair. | I gcás ***inar gá ar mhaithe le tuiscint a fháil ar phríomhthionchair nó ar phríomhrioscaí an ghnóthais***, ***beidh faisnéis*** san fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** agus ***i mír*** 2 ***faoi shlabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear oibríochtaí***, táirgí agus seirbhísí an ghnóthais*** féin, a ***ghaolmhaireacht*** ghnó agus a shlabhra soláthair. |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ***inarb iomchuí***, san fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1*** agus 2 ***beidh*** tagairtí ***freisin*** d'fhaisnéis eile***, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í*** a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le ***hAirteagal 19*** agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla. | I gcás ***inar gá chun tuiscint a fháil ar thionchair nó rioscaí an ghnóthais***, ***beidh*** san fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** agus ***i mír*** 2 tagairtí d'fhaisnéis eile a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le ***hAirteagal 19*** agus ***na*** méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla***, agus mínithe breise uirthi***. |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh***, rioscaí*** an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta. |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, agus aird á tabhairt aige ar an gcomhairle theicniúil ón nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus ar shaineolas ábhartha eile, maidir le modheolaíocht iomchuí sholáimhsithe chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa tuairisciú a ghiniúint.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 7 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An Ballstát a rialaíonn an gnóthas atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil do chaighdeáin | 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil do chaighdeáin |

| | |
|---|---|
| tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: | tuairiscithe inbhuanaitheachta. ***Tacóidh caighdeáin Eorpacha*** leis ***an bpróiseas chun caighdeáin a fhorbairt ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta inbhuanaitheachta (ISSB) agus rannchuideoidh siad leis an bpróiseas sin. Déanfar sineirgí a lorg idir caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin idirnáisiúnta. Leis*** na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***, áiritheofar comhréireacht agus simplíocht agus go bhfaighidh páirtithe leasmhara faisnéis ábhartha agus ábharach. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta*** sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faoin ***31 Deireadh Fómhair 2022***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. | (a) faoin ***1 Aibreán 2023***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a ***bhaineann*** go sonrach leis an earnáil ina ***n-oibríonn*** siad. | (ii) faisnéis a thuairisceoidh ***na*** gnóthais a ***bhainfidh*** go sonrach leis an earnáil ina ***bhfuil*** siad ***ag oibriú, agus tús áite á thabhairt d'earnálacha ardriosca mar a shainítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 19a (1a)***. |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. | 2. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú intuigthe, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. ***Dá bhrí sin, comhtháthófar leo nochtaí maidir le rioscaí agus deiseanna araon a bhaineann le hinbhuanaitheacht, beidh siad cuimsitheach trí raon feidhme iomlán na freagrachta i leith shlabhra luacha na cuideachta a chur san áireamh, lena n-áirítear soláthróirí agus fochonraitheoirí, soláthróidh siad faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil araon, cuirfear cur chuige a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i bhfeidhm, agus cuirfear faisnéis ar fáil le comparáidí ama agus earnála. I gcás inarb ábhartha agus inar féidir, beidh na caighdeáin eolaíochtbhunaithe agus intomhaiste.*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) maolú ar an athrú aeráide***;*** | (i) maolú ar an athrú aeráide***, lena n-áirítear:*** |
| | ***- astaíochtaí maidir le raonta feidhme uile na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena n-áirítear raon feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus táscairí ábhartha eile, de réir mar is iomchuí;*** |
| | ***- pleananna aistrithe, airgeadais agus infheistíochta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aon spriocanna laghdaithe astaíochtaí de chuid an ghnóthais agus aon dáta spriocdhírithe chun neodracht aeráide a bhaint amach; agus*** |
| | ***- samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais a ailíniú leis an sprioc téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta;*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) uisce agus ***acmhainní muirí***; | (iii) ***úsáid inbhuanaithe agus cosaint inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní*** uisce***, muirí*** agus ***ithreach***; |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) úsáid acmhainní ***agus an geilleagar ciorclach***; | (iv) ***an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, lena n-áirítear*** úsáid acmhainní; |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) truailliú; | (v) truailliú ***a chosc agus a rialú***; |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe vi

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais; | (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais ***a chosaint agus a athbhunú***; |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus an fhaisnéis faoi thosca comhshaoil atá le nochtadh ag gnóthais á sonrú, déanfar comhchuibheas leis na sainmhínithe in Airteagal 2 agus leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin a áirithiú.*** |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ***Treoir 2003/87/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[13]; | (g) ***Rialachán (AE) Uimh. 2021/1119*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[13]; |
| ***[13] Treoir 2003/87/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **13 Deireadh Fómhair 2003** lena mbunaítear **scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal** agus lena leasaítear **Treoir 96/61/CE ón gComhairle** (IO **L 275**, **25.10.2003,** lch. **32**). | ***13 Rialachán (AE) 2021/1119*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***30 Meitheamh 2021*** lena mbunaítear ***an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach*** agus lena leasaítear ***Rialacháin*** (***CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')*** ***(***IO ***L 243***, ***9.7.2021,*** lch. ***1***)***.";*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe g a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[13a]*** |
| | ***[13a] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cruthóidh an Coimisiún uirlis ar líne chun tuairisciú ag gnóthais bheag agus mheánmhéide a éascú.*** |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ***ghnó*** an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta***, go háirithe rioscaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear ó thionchair fhisiceacha an athraithe aeráide, ó shuaitheadh eacnamaíoch, agus ó thionchair idirthréimhseacha agus rialála a dhéanann difear don ghrúpa, lena n-áirítear cibé ar fíoraíodh nó nár fíoraíodh athléimneacht na samhla gnó trí raon cásanna aeráide a úsáid***; |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a– mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna ***an*** ghrúpa a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (ii) ***na*** deiseanna ***don*** ghrúpa a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta***, go háirithe deiseanna a bhaineann le*** |

| | |
|---|---|
| | ***laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de***; |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe vii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) pleananna an ghrúpa chun a áirithiú go bhfuil ***samhail*** ghnó agus straitéis ***ghnó an ghrúpa*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda ***chuig 1.5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras; | (iii) pleananna an ghrúpa***, agus an slabhra luacha iomlán á chur san áireamh, lena n-áirítear pleananna idirthréimhseacha lena mbaineann gníomhaíochtaí cur*** chun ***feidhme agus pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí absalóideacha gearrthéarmacha agus meántéarmacha do 2025 agus 2030,*** a ***ndéanfar athbhreithniú orthu gach cúig bliana suas go dtí 2050, chun a*** áirithiú go bhfuil ***a shamhail fhoriomlán*** ghnó agus ***a*** straitéis ***fhoriomlán*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda ***go 1,5 °C*** i gcomhréir le Comhaontú Pháras***, gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta, agus de bhun na moltaí is déanaí ó IPCC agus ó na moltaí is déanaí ón nGrúpa Comhairleach Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, go bhfuil siad ailínithe ag an mBord Comhairleach Eorpach um an Athrú Aeráide is déanaí laistigh den Ghrúpa um an Athrú Aeráide***; ***agus*** |
| | ***- i gcás inarb ábhartha, méid neamhchosanta an ghrúpa ar earnálacha atá liostaithe i Ranna 05, 06, 09, 19, 35, 46.71, 73.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 a mhéid a bhaineann siad le gual, ola, gníomhaíochtaí a bhaineann le gás;*** |
| | ***- i gcás inarb ábhartha, nochtfaidh grúpaí, a mbíonn tionchar ar leith ag a*** |

***ngníomhaíochtaí ar acmhainní nádúrtha agus/nó a oibríonn in earnálacha a bhraitheann go háirithe ar acmhainní nádúrtha, na tionchair agus na rioscaí a bhaineann leis an nádúr ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais a bhfuil baint acu le samhail ghnó an ghrúpa, agus pleananna na ngrúpaí cailliúint an dúlra a mhaolú agus an dúlra a athbhunú i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí;***

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghrúpa ***chun feidhme*** maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta***;*** | (v) ***an chaoi ar comhtháthaíodh cúrsaí inbhuanaitheachta agus spriocanna gaolmhara bunaithe ar eolaíocht i straitéis an ghrúpa, agus*** conas a cuireadh ***chun feidhme*** straitéis an ghrúpa maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***atá leagtha*** síos ag an ngrúpa agus ar ***dhul*** chun cinn an ***ghnóthais chun*** na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha atá faoi cheangal ama*** a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***arna leagan*** síos ag an ngrúpa ***maidir le príomhrioscaí, deiseanna*** agus ***tionchair thromchúiseacha an ghrúpa i dtaca le cúrsaí inbhuanaitheachta, an bhfuil na spriocanna sin eolaíochtbhunaithe agus*** ar ***an dul*** chun cinn ***atá déanta ag*** an ***ngrúpa i dtreo*** na spriocanna sin a bhaint |

| | |
|---|---|
| | amach***, lena n-áirítear conair atá sainithe go soiléir agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun na spriocanna a bhaint amach***; |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***lena n-áirítear***; |
| | ***(i) a ról sa phlé a bhaineann le torthaí aon phróisis díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta chun drochthionchair ar an gcomhshaol, ar an aeráid nó ar an tsláinte phoiblí a shainaithint,*** |
| | ***(ii) a ról sa phlé maidir leis na príomhrioscaí don ghnóthas agus na deiseanna don ghnóthas a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(iii) an ról atá acu maidir le straitéis agus spriocanna an ghnóthais a fhormheas, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, ar straitéis agus spriocanna iad a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(iv) an saineolas maidir le hábhair inbhuanaitheachta na gcomhaltaí de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta;*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghrúpa i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghrúpa i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear, ar a laghad, maidir le tionchair thromchúiseacha agus rioscaí agus deiseanna a sainaithníodh***; |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an ***próiseas*** díchill chuí ***a cuireadh*** chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta***;*** | (i) ***próiseas*** an díchill chuí ***arna chur*** chun feidhme maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta***, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme ar leibhéal an Aontais maidir le dícheall cuí, lena n-áirítear faisnéis faoi na nithe seo a leanas:***<br>***- iarmhairtí tromchúiseacha iarbhír agus féideartha a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta;***<br>***- scor, cosc agus maolú na n-iarmhairtí sin;*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha atá nasctha*** le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***chaidrimh*** ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na ***tionchair thromchúiseacha*** iarbhír nó ***fhéideartha agus an dochar suntasach in aon cheann de na catagóirí comhshaoil, a bhaineann*** le ***sé chuspóir chomhshaoil Rialachán (AE) 2020/852, a bhaineann le*** slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***ghaolmhaireacht*** ghnó |

| | |
|---|---|
| | agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) aon ***ghníomhaíocht*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***drochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha*** a chosc, a mhaolú nó a leigheas; | (iii) aon ***ghníomhaíochtaí*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***tionchair thromchúiseacha*** iarbhír nó ***fhéideartha agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin*** a chosc, a mhaolú nó a leigheas; |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) na rioscaí inbhuanaitheachta is ábhartha don ghrúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/2088 maidir le nochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht in earnáil na seirbhísí airgeadais, rud a chuireann ar chumas rannphháirtithe margaidh airgeadais a n-oibleagáidí maidir le nochtadh riosca inbhuanaitheachta agus a n-oibleagáidí maolaithe a chomhlíonadh faoin Rialachán sin;*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (g) táscairí ***atá*** ábhartha ***maidir leis na nochtaí*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f). | (g) táscairí ***is*** ábhartha ***don nochtadh*** dá dtagraítear i ***bpointe*** (a) go ***pointe*** (f) ***lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe lena bhforlíontar Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 3 a (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***I gcás máthairghnóthas a gheallann go poiblí a shamhail ghnó, a straitéis agus a oibríochtaí a ailíniú leis an aistriú i dtreo geilleagair a luíonn le Comhaontú Pháras, nó le cuspóir 'aeráidneodrachta' nó 'glan-nialasachta' an Aontais nó, beidh tuairisc mhionsonraithe ar na gnéithe seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) (iii):*** |
| | ***(i) an cás aeráide de 1,5 °C a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar leochaileacht agus ar thionchair dhiúltacha aeráide an ghrúpa, agus chun a chonair aistrithe a ríomh; I gcás nach n-úsáidtear cásanna atá ar fáil go poiblí, cuirfear bonn cirt láidir ar fáil maidir leis na cúiseanna a meastar nach bhfuil siad leormhaith;*** |
| | ***(ii) spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr atá ar fáil, agus ar thionscnaimh idirnáisiúnta láithreacha, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear do na blianta 2030 agus 2040 ar a laghad;*** |
| | ***(iii) an straitéis atá ceaptha ag an ngrúpa chun na spriocanna fadtéarmacha agus na spriocanna eatramhacha a shainítear i*** |

***bpointe (ii) a bhaint amach;***

***(iv) tuarascálacha tréimhsiúla maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na spriocanna fadtéarmacha agus eatramhacha;***

***(v) fianaise den chomhleanúnachas idir straitéis laghdaithe astaíochtaí an ghrúpa agus na conairí laghdaithe astaíochtaí de réir earnála; I gcás nach n-úsáidfear conairí atá ar fáil go poiblí, cuirfear bonn cirt láidir ar fáil maidir leis na cúiseanna a meastar nach bhfuil siad leormhaith;***

***(vi) ábharthacht agus ról teicneolaíochtaí fritháirimh, linnte nádúrtha agus saorga, seachaint carbóin, gabháil agus stóráil agus úsáid carbóin, má mheasann an gnóthas gur gá sin, chun na spriocanna fada agus eatramhacha arna leagan síos ag an ngrúpa a bhaint amach.***

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin ***cuirfear*** tréimhsí ***ionchais*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha ***san áireamh***, i gcás ***inarb iomchuí***. | 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. ***Cuirfear*** san ***áireamh san*** fhaisnéis sin tréimhsí ***ama*** gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, i gcás ***inar gá sin chun tuiscint a fháil ar phríomhthionchair nó ar phríomhrioscaí an ghrúpa***. |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, i gcás ***inarb iomchuí***. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, i gcás ***inar gá chun tuiscint a fháil ar phríomhthionchair nó ar phríomhrioscaí an ghrúpa***. |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfadh dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfadh dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh***, rioscaí*** an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta. |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha, agus aird á tabhairt aige ar an gcomhairle theicniúil ó EFRAG, agus ar shaineolas ábhartha eile, maidir le modheolaíocht iomchuí sholáimhsithe chun an fhaisnéis réamhbhreathnaitheach atá le soláthar sa tuairisciú a ghiniúint.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a ***thabhairt*** bunaithe ar dhearbhú ***iontaofachta*** teoranta ***a mhéid a bhaineann le comhlíontacht*** an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.; | (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a ***chur in iúl*** bunaithe ar dhearbhú teoranta ***nó, i gcás inarb infheidhme, rannphháirtíocht réasúnta dearbhaithe, chomh maith le fíoruithe seachtracha ar shonraí tuairiscithe i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le comhréireacht*** an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.***'***; |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | *lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach* |
| *Tagairtí* | *COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD)* |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| *Tuairim ó*<br>*Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach* | *ENVI*<br>*23.6.2021* |
| *Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach* | *16.12.2021* |
| *Rapóirtéir don tuairim*<br>*Dáta an cheapacháin* | *Lídia Pereira*<br>*17.9.2021* |
| **Pléite sa choiste** | 6.12.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.3.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 59<br>–: 16<br>0: 5 |
| *Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach* | *Mathilde Androuët, Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Cyrus Engerer, Cornelia Ernst, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Malte Gallée, Andreas Glück, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Jessica Polfjärd, Nicola Procaccini, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Tiemo Wölken* |
| *Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach* | *Michael Bloss, Nicolás González Casares, Róża Thun und Hohenstein, Nikolaj Villumsen* |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 59 | + |
|---|---|
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Luisa Regimenti, Christine Schneider, Maria Spyraki |
| Renew | Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Róża Thun und Hohenstein, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner |
| S&D | Marek Paweł Balt, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nicolás González Casares, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Cornelia Ernst, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Michael Bloss, Eleonora Evi, Malte Gallée, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 16 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Alexandr Vondra |
| ID | Mathilde Androuët, Simona Baldassarre, Aurélia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Silvia Sardone |

| 5 | 0 |
|---|---|
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| PPE | Jessica Polfjärd, Pernille Weiss |
| Renew | Andreas Glück |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

14.2.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí
(COM(2021)189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Karin Karlsbro

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá an togra le haghaidh Treoir maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach a Thuairisciú (TICT) ón gCoimisiún Eorpach ina chuid dá thiomantas i leith Comhaontú Glas don Eoraip agus neartú a dhéanamh ar dhúshraith na hinfheistíochta inbhuanaithe. Déantar athbhreithniú leis an togra ar an Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais (TFNA).

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an togra nua:

- leathnú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta chuig na cuideachtaí móra agus na cuideachtaí liostaithe uile (cé is moite de mhicrifhiontair), lena gcumhdaítear 50,000 cuideachta agus méadú a dhéanamh ar na ceanglais sin ó na 11,000 atá cumhdaithe faoi láthair faoi TFNA;

- ceanglais tuairiscithe níos mionsonraithe, go háirithe maidir le réimsí a bhaineann le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, de réir chaighdeáin éigeantacha AE maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta

- iniúchadh ar fhaisnéis thuairiscithe a thabhairt isteach

- ceanglas ar chuideachtaí an fhaisnéis thuairiscithe a chlibeáil go digiteach, í a dhéanamh inléite ag meaisín, lena mbainfear úsáid aisti sa Phointe Rochtana Aonair Eorpach.

I gcroílár an togra tá caighdeáin inbhuanaitheachta éigeantacha nua AE, a bheadh forbartha ag an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG). Is é cuspóir an Choimisiúin ná go ndéanfaí na caighdeáin a chur in oiriúint do bheartais AE, lena bhforbrófar agus lena rannchuideofar le tionscnaimh caighdeánaithe idirnáisiúnta.

Bheadh an chéad sraith caighdeán glactha cheana féin faoi mhí Dheireadh Fómhair 2022, ar choinníoll go dtiocfadh an bhunreachtaíocht i bhfeidhm.

Is geal leis an Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún agus measann sí gur céim sa treo ceart é. Mar sin féin, is ann do roinnt saincheisteanna, a bhféadfaí feabhsuithe a bheartú ina leith:

- Comhleanúnachas beartais agus comhlántacht le tionscnaimh ghaolmhara eile, amhail an togra atá beartaithe maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus dícheall cuí (atá beartaithe do thús 2022 faoi láthair) agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na hoibleagáidí éagsúla tuairiscithe ina gcnuasach bríoch agus nach gcruthófar leo ualach breise nach bhfuil gá leis ar chuideachtaí, i bhfoirm cleachtaí ticbhosca.

- Ba cheart go mbeadh aon socrú caighdeán comhréireach agus bunaithe ar mheasúnuithe riosca críochnúla agus neamhspleácha.

- Bíodh go bhfuil dul chun cinn déanta ag a lán cuideachtaí i réimse an tuairiscithe ar na tionchair ar an gcomhshaol, tá an tuairisciú ar chearta an duine go mór ina réimse atá faoi fhorbairt agus tá gá le tuilleadh treorach agus soiléireachta ó thaobh próiseas agus sainmhínithe de.

- Ba cheart go mbeadh na ceanglais chéanna maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta ar chuideachtaí AE agus ar chuideachtaí neamh-AE atá gníomhach ar an margadh inmheánach, mar chuideachta aonair nó mar ghrúpa cuideachtaí. Ba cheart go mbeadh ann d’oibleagáid dhlíthiúil do gach mórchuideachta, do chuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) liostaithe, mar aon le FBManna neamhliostaithe in earnálacha ardriosca chun tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh.

- Ba cheart caighdeáin dheonacha a fhorbairt do thuairisciú *ad hoc* do chuideachtaí nuair a bhíonn teagmhais shuntasacha os a gcomhair, ar teagmhais lena ndéantar athrú bunúsach ar na rioscaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha móra nó cur isteach polaitiúil. D’fhéadfaí a léiriú lena leithéid de thubaiste conas a dhéileálann an chuideachta leis an gcúinse inbhuanaitheachta nua sin agus na rioscaí inbhuanaitheachta nua a tháinig as. Mar aon le léiriú nua a thabhairt ar athléimneacht shamhail ghnó na cuideachta i leith na gcúinsí nua sin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa | (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa |

mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, ***is iomchuí*** a cheangal ar ***gach gnóthas mór agus gach gnóthas atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas micreaghnóthais, faisnéis inbhuanaitheachta mhionsonraithe a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do*** na gnóthais uile atá ***ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa***.

mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. ***Is iomchuí,*** dá bhrí sin, a ***chur de*** cheangal ar na gnóthais uile atá ***liostaithe go poiblí, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha ardriosca, faisnéis mhionsonraithe maidir le hinbhuanaitheacht a thuairisciú***.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh*** gnóthais ***mhóra neamhliostaithe*** faisnéis ***a nochtadh*** faoi ábhair inbhuanaitheachta, ***is é is siocair leis sin imní*** faoi thionchair agus cuntasacht ***gnóthas den sórt*** sin, lena n-áirítear trína slabhra luacha. ***Chuige sin***, ba cheart ***gach gnóthas mór a bheith*** faoi réir na gceanglas céanna ***chun*** faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. ***Ina theannta*** sin, bíonn faisnéis ***de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais*** ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe freisin. | (16) ***Tá an ceanglas atá ann gur cheart do na*** gnóthais ***uile a chumhdaítear faoin reachtaíocht seo,*** faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta ***a nochtadh***, ***spreagtha go príomha ag na cúiseanna buartha atá ann*** faoi thionchair agus cuntasacht ***na ngnóthas*** sin, lena n-áirítear trína slabhra luacha. ***Ós rud é nach bhfuil ábhair chomhshaoil***, ***shóisialta agus fostaithe, an urraim do chearta an duine, ábhair maidir le frith-éilliú agus frithbhreabaireacht ag brath ar mhéid an ghnóthais,*** ba cheart ***go mbeadh na gnóthais uile atá liostaithe go poiblí agus na gnóthais bheaga agus mheánmhéide uile atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha ardriosca*** faoi réir na gceanglas céanna ***i leith*** faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. ***Anuas air*** sin, bíonn faisnéis ó na gnóthais mhóra neamhliostaithe ***sin ag teastáil*** freisin ***ó na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE ***éilítear*** go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, ***meas ar*** chearta an duine, agus ábhair fritheíllithe agus frithbhreabaireachta. Dá bhrí sin, ***cuireann na hairteagail sin de chúram ar ghnóthais*** tuairisciú ar ***an difear*** a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla ***don ghnóthas***, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. | (25) De réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE ***ceanglaítear*** go ndéanfar faisnéis a thuairisciú 'a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, fheidhmíocht agus sheasamh an ghnóthais', agus faisnéis a thuairisciú freisin a bhfuil gá léi chun tuiscint a fháil ar thionchar ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar ábhair chomhshaoil, ***aeráide,*** shóisialta agus ***ar chearta*** fostaithe, ***comhionannas inscne, urraim do*** chearta an duine, agus ábhair fritheíllithe agus frithbhreabaireachta. ***Leis na hairteagail sin, ceanglaítear ar ghnóthais,*** dá bhrí sin, tuairisciú ar ***conas*** a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta éagsúla ***tionchar a imirt ar an ngnóthas***, agus ar na tionchair a bhíonn ag gníomhaíochtaí an ghnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tagraítear dó sin mar pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte, ina léiríonn na rioscaí don ghnóthas agus tionchair an ghnóthais faoi seach peirspictíocht ábharthachta amháin. Léiríonn an tseiceáil oiriúnachta ar thuairisciú corparáideach nach dtuigtear an dá pheirspictíocht sin go maith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad go minic. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach mór do ghnóthais an dá pheirspictíocht ábharthachta a chur san áireamh ina gceart féin, agus nach mór dóibh faisnéis a nochtadh atá ábhartha ón dá pheirspictíocht chomh maith le faisnéis nach bhfuil ábhartha ach ó pheirspictíocht amháin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; a ***chinneadh cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear*** leasanna na ***bpáirtithe leasmhara san áireamh i*** samhail ***ghnó*** agus straitéis ghnó ***an ghrúpa***; aon deiseanna don ghnóthas ***a leanann ó*** ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a aithnítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d’fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; ***i dtaobh conas*** a ***dhéantar cearta agus*** leasanna na ***ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear oibrithe agus comhphobail a urramú agus a choimirciú lena*** samhail agus straitéis ghnó; aon deiseanna don ghnóthas ***de shiocair*** ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d’ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon sprioc inbhuanaitheachta a |

| | |
|---|---|
| a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. | shocraigh an gnóthas agus an dul chun cinn a rinneadh i dtreo iad a bhaint amach; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus conas a rinne an gnóthas sainaithint ar an bhfaisnéis ar ina leith a dhéantar an tuairisciú. I gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn ionsar iad a bhaint amach, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh i leith nochtadh a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is ***é*** atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a ***aithint***, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus ***aithnítear leis*** conas a ***thugann siad aghaidh*** ar na drochthionchair sin. Áirítear ***le*** tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin ***a mbíonn an gnóthas ina chúis leo*** go díreach, tionchair a ***gcuireann*** an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ***ar chaoi éigin eile***. Baineann an próiseas | (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. ***Caithfear na ceanglais nochta a bhaineann leis na ceanglais díchill chuí sa Treoir seo a oiriúnú a luaithe a ghlacfar an treoir atá beartaithe maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí ionas go ndéanfar na ceanglais sa Treoir seo a ailíniú leis na ceanglais atá sa treoir atá beartaithe.*** Is ***éard*** atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a ***shainaithint***, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus ***lena*** |

díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é ***sna*** tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

***sainaithnítear*** conas ***aghaidh*** a ***thabhairt*** ar na drochthionchair sin. Áirítear ***ar na*** tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin ***ar de shiocair an ghnóthais iad*** go díreach, ***ar*** tionchair ***iad*** a ***rannchuidíonn*** an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu ***seachas sin,*** le slabhra luacha an ghnóthais. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é ***ar na*** tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid ***seo*** a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27 a) Tá cosantóirí chearta an duine ríthábhachtach chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine agus an comhshaol sláintiúil ar a mbíonn go leor ceart ag brath. Déantar doiciméadú leo ar an tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíochtaí gnó ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol; aird na Stát agus na ngníomhaithe príobháideacha lena mbaineann a tharraingt ar na tionchair sin agus tosca a shainaithint, a d'fhéadfadh rannchuidiú leis na tionchair*** |

***sin; réitigh ar an tosca rannchuiditheacha sin a mholadh agus tacaíocht a thabhairt do chomhphobail a bhfuil leigheas agus ceartas á lorg acu i gcásanna inar tharla tionchair dhiúltacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol feadh slabhraí luacha cuideachtaí. Grúpa geallsealbhóirí tábhachtacha is ea cosantóirí chearta an duine a bhféadfadh a gcomhairliúchán cabhrú go mór le gnóthais agus dul chun tairbhe dóibh agus a ndualgas maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus dícheall cuí á gcur i gcrích acu. San fhaisnéis, dá bhrí sin, faoi nithe a nochtar i gcomhréir le hAirteagal 19ú, míreanna 1 agus 2, áireofar inti faisnéis faoin gcaidreamh atá ag an ngnóthas le daoine aonair agus le grúpaí a shainaithníonn mar chosantóirí chearta an duine mar a aithnítear i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le cosantóirí chearta an duine.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Níl ***aon*** chaighdeán ***ná creat ann faoi láthair*** lena sásaítear riachtanais an Aontais i ***ndáil le*** tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe ***leis*** féin***.*** ***Maidir*** leis an bhfaisnéis a ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE***, is gá*** faisnéis ***a chumhdach léi*** atá ábhartha ó ***thaobh*** gach ceann de na peirspictíochtaí ***ábharthachta, is gá*** na hábhair inbhuanaitheachta uile a ***chumhdach léi agus is gá í a ailíniú***, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***chun*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear ***oibleagáidí*** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do | (33) Níl ***ann do*** chaighdeán ***nó do chreat*** lena sásaítear riachtanais an Aontais i ***gcomhair*** tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe ***ann*** féin***,*** leis an bhfaisnéis a ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE ***ní foláir go gcumhdófar*** faisnéis atá ábhartha ó gach ceann de na peirspictíochtaí ***ábharthacht, agus ní foláir go gcumhdófar*** na hábhair inbhuanaitheachta uile***.*** ***Chun dúbailt oibleagáidí agus neamhréireachtaí i sainmhínithe, i raon feidhme agus i gcuspóirí na gceanglas is infheidhme*** a ***sheachaint***, ***ní foláir don fhaisnéis inbhuanaitheachta a bheith comhsheasmhach,*** i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais ***i dtaobh*** faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear ***na hoibleagáidí*** a |

ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le ***haghaidh 2050***. Dá bhrí sin, ***is gá*** an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***tapa*** agus a áirithiú go ***bhfuil*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais.

leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le ***haghaidh 2050***. ***Tá sé riachtanach,*** dá bhrí sin, an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, ***i bhfianaise na forbartha ar chaighdeáin idirnáisiúnta*** lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go ***mear*** agus a áirithiú go ***mbeidh*** ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37 a) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun an liosta d'earnálacha ardriosca na gníomhaíochta eacnamaíche a leagtar amach in Airteagal 2, pointe 20a a chur ar bun agus a leasú. Ba cheart go gcuirfí i gcuntas leis an liosta sin obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach, go háirithe a mhéid a bhaineann le mianadóireacht, cairéalacht, tionscail eastóscacha, talmhaíocht, foraoiseacht, tógáil, iompar, leictreachas, gás, soláthar galach agus aerchóirithe, éadach agus coisbheart, airgeadas agus loingseoireacht idirnáisiúnta, agus cúram sláinte, sóisialta agus scothaosta. Ba cheart don*** |

***liosta earnálacha a chuirtear san áireamh sa sainmhíniú seo comhfhreagras leis an aicmiú NACE[1a] a chur i gcuntas.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ***ba cheart a shonrú*** sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh ***maidir leis*** na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus ***bithéagsúlacht***. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. ***Ba cheart a shonrú,*** dá bhrí sin, sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh ***faoi*** na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar ***an*** aer, ***an*** talamh, ***ar an*** uisce agus ***ar an mbithéagsúlacht, ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoisí***. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis ***is gá do ghnóthais*** a nochtadh maidir le ***tosca sóisialta,*** lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine***, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte ***daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin***. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. ***I gcás*** caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta***, ba cheart a shonrú iontu*** an fhaisnéis ***is gá*** do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do ***gach duine*** agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go ***gcuirfí*** ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart ***a shonrú*** sna caighdeáin tuairiscithe ***freisin*** an fhaisnéis ***is ceart*** do ghnóthais a nochtadh ***i ndáil*** le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a ***bhunaítear*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus ***coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta*** agus an ***Chairt*** um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (43) Ba cheart ***go sonrófaí sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta*** an fhaisnéis ***ar cheart do na gnóthais*** a nochtadh ***faoi thosca sóisialta, faoi bhearta*** maidir le ***cuimsiú*** lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine. Ba cheart ***go gcumhdófaí leis an bhfaisnéis sin*** na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte ***an duine***. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. ***Ba cheart go sonrófaí sna*** caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta an fhaisnéis ***ar cheart*** do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do ***chách - gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumais, aois nó gnéaschlaonadh -*** agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go ***gcuirfear*** ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart ***go sonrófaí*** sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis ***ar cheart*** do ghnóthais a nochtadh ***maidir*** le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a ***leagtar síos*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, ***amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine,*** Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***, go háirithe maidir le saothar leanaí*** agus ***saothar éignithe,*** agus ***saoirse*** |

| | |
|---|---|
| | ***comhlachais agus cómhargáil,*** an ***Coinbhinsiún Eorpach*** um Chearta ***an Duine (ECHR), Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, agus Cairt um Chearta*** Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis ***de dhíth ar*** úsáideoirí faoi chultúr corparáideach ***gnóthas*** agus ***a*** gcur chuige i leith eitic ghnó ***freisin***, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus frithbhreabaireacht, agus faoina ***rannpháirtíocht pholaitiúil***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, ***cuidíonn an fhaisnéis*** sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht | (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. ***Anuas air sin,*** bíonn faisnéis ***ag teastáil ó*** úsáideoirí faoi chultúr corparáideach ***na ngnóthas*** agus ***faoin*** gcur chuige i leith eitic ghnó, lena n-áirítear ***frith-éilliú*** agus frithbhreabaireacht, agus faoina ***rannpháirtíochtaí polaitiúla***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta ***agus faoin gcaoi a mbainistíonn gnóthas cumarsáid agus teagmhálacha le daoine aonair agus le heagraíochtaí amhail sceithirí, iriseoirí, ceardchumainn, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine ar cúis bhuartha iad a mhéid a bhaineann le sainaithint, measúnú, cosc agus/nó maolú rioscaí comhshaoil, sóisialta nó rialachais in oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí an ghnóthais, lena chaidreamh gnó agus lena shlabhra soláthair***. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá |

| | |
|---|---|
| agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú. | dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, ***leis an bhfaisnéis*** sin***, cabhraítear*** le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú. |
| [62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1). | [62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1). |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ní ***éilítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***so-aimsitheacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn ***coinne ag*** úsáideoirí ***na*** faisnéise inbhuanaitheachta ***i gcónaí*** go mbeidh an fhaisnéis sin ***so-aimsithe*** agus inléite ag meaisín i | (48) Ní ***cheanglaítear*** le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar ***sho-aimsitheacht, ar inrochtaineacht*** agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. ***Ar bhonn níos minice,*** bíonn úsáideoirí faisnéise inbhuanaitheachta ***ag súil*** go mbeidh an |

bhformáidí digiteacha. Cruthaíonn digiteáil deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ***ba cheart a cheangal*** ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815 ón gCoimisiún***[63], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a ***leagtar síos*** in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***mbeifí ábalta an*** fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha.

fhaisnéis sin ***inaimsithe*** agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha ***a bheidh inrochtana go hiomlán, i gcomhréir leis na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a fhoilsítear faoi phrionsabail na sonraí oscailte***. Cruthaíonn digiteáil deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. ***Ba cheart go mbeadh sé de cheangal,*** dá bhrí sin, ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú ***agus a chur ar fáil don phobal*** i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815***[63] ***ón gCoimisiún***, agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a ***cheanglaítear*** in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go ***lamhálfar d'***fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin ina rannchuidiú leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[64] agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] Déantar comhlánú leis na ceanglais sin ar phointe aonair rochtana Eorpach a chruthú i gcomhair faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá le sonraí struchtúrtha.

---

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019,

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019,

| | |
|---|---|
| lch. 1). | lch. 1). |
| [64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data | [64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data |
| [65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en | [65] https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ***ndéantar*** difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. | (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ***ndéanfar*** difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach ***airgeadais agus*** riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (17) go (***20***) seo a leanas isteach: | (2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (17) go (***20b***) seo a leanas isteach: |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 17

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ***ciallaíonn*** 'ábhair inbhuanaitheachta' ***fachtóirí*** inbhuanaitheachta ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2***, ***pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle[*4], agus fachtóirí rialachais***; | (17) ***Tagraíonn*** 'ábhair inbhuanaitheachta' ***d'ábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, don urraim do chearta an duine, don fhrith-éilliú agus don fhrithbhreabaireacht (tosca*** inbhuanaitheachta***)***, agus ***do dhícheall cuí comhréireach agus comhchuimseach na ngnóthas i leith sainaithint, cosc, maolú, réiteach agus cur in iúl a dhéanamh ar thionchair dhíobhálacha ar chearta an duine, ar chearta saothair, lena n-áirítear cearta ceardchumainn, an comhshaol agus dea-rialachas i ndáil lena ngníomhaíochtaí féin, a slabhraí luacha agus a gcaidreamh gnó, lena dtagraítear do dhualgais dlí, caighdeáin agus treoir is infheidhme***; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn 'tuairisciú inbhuanaitheachta' tuairisciú ***faisnéise a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a, 19d agus 29a den Treoir seo***; | (18) ciallaíonn 'tuairisciú inbhuanaitheachta'tuairisciú ***ar thosca inbhuanaitheachta agus dícheall cuí mar a thuairiscítear i bpointe 17***; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointe 20 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20 a) ciallaíonn 'earnáil ghníomhaíochta eacnamaíche ardriosca' gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar, mar thoradh ar a saintréithe sa slabhra gnó agus soláthair, go bhfuil riosca níos airde i gceist leo go mbeidh tionchair thromchúiseacha acu ar thosca inbhuanaitheachta;*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – pointe 20 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20 b) ciallaíonn 'gnóthais ardtionchair' gnóthais atá gníomhach in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa liosta comhfhreagras le haicmiú NACE agus ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú gach 3 bliana agus go gcuirfí i gcuntas ann reachtaíocht earnáilshonrach AE atá cheana ann agus nochtaí earnáilshonracha i gcreataí tuairiscithe idirnáisiúnta aitheanta amhail caighdeáin an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda, lena dtugtar aghaidh ar thionchair dhiúltacha chomhshaoil agus shóisialta atá sainiúil don earnáil.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gnóthais mhóra agus, ***amhail*** ón 1 Eanáir 2026, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ***ar*** gnóthais ***iad dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (1)***, ***pointe (a),*** áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun ***tionchair*** an ghnóthais ar ***ábhair*** inbhuanaitheachta a thuiscint***,*** agus an fhaisnéis ***is*** gá chun conas a ***dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'***fhorbairt, ***feidhmíocht*** agus ***seasamh*** an ghnóthais ***a thuiscint***. | 1. ***Na*** gnóthais mhóra ***uile a rialaítear le dlí Ballstáit nó atá bunaithe ar chríoch an Aontais,*** agus, ón 1 Eanáir 2026, ***gach gnóthas beag agus meánmhéide atá liostaithe go poiblí, chomh maith le*** gnóthais bheaga agus mheánmhéide ***ardtionchair neamhliostaithe,*** gnóthais ***atá cláraithe i dtír nach bhfuil in AE/LEE a bhfuil gnó suntasach acu in AE***, ***agus gnóthais atá eagraithe mar shaincheadúnais lena gcomhlíontar na critéir mhéide do ghnóthais mhóra i dTreoir 2013/34/AE,*** áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun ***tionchar*** an ghnóthais ar ***thosca*** inbhuanaitheachta ***agus ar dhícheall cuí*** a thuiscint agus an fhaisnéis ***a bhfuil*** gá ***léi*** chun ***tuiscint a fháil ar*** conas***, mar*** a ***shainítear in Airteagal 19a(17), a imrítear tionchar ar*** fhorbairt, ***ar fheidhmíocht*** agus ***ar sheasamh*** an ghnóthais. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***athléimneacht shamhail*** ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le ***rioscaí a bhaineann le*** hábhair inbhuanaitheachta; | (i) ***samhail*** ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus an chaoi ar cuireadh chun feidhme é***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) conas a dhéantar leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a chur i gcuntas i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe i b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i b) conas a áirithíonn an gnóthas go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó ag rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) deiseanna an ghnóthais a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna ***agus athléimneacht*** an ghnóthais a ***mhéid a*** bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta atá leagtha síos ag an ngnóthas agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas chun na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)*** atá leagtha síos ag an ngnóthas agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas chun na spriocanna sin a bhaint amach; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***maidir le hábhair*** inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***a mhéid a bhaineann le gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)***; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17), i gcomhréir le Treoir AE maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, le reachtaíocht náisiúnta, agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ***ghnóthais***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí ***agus*** a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na ***drochthionchair*** iarbhír nó ionchasacha ***maidir le gach ceann de na tosca inbhuanaitheacht dá dtagraítear in Airteagal 2(7)*** atá nasctha le slabhra luacha an ***ghrúpa***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí***,*** a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***aon ghníomhaíocht*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a | (iii) ***na gníomhaíochtaí uile*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***na*** drochthionchair iarbhír nó ionchasacha |

| | |
|---|---|
| chosc, a mhaolú nó a leigheas; | ***sin agus éifeachtacht*** a ***dtorthaí a*** chosc, a mhaolú nó a leigheas; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) struchtúr shlabhra luacha an ghnóthais lena n-áirítear trí mhapáil imdhealaithe a oibríochtaí féin, fochuideachtaí, soláthróirí agus caidreamh gnó;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii b) ní eisiatar aon chumarsáid bhreise leis an gceanglas maidir le nochtadh thuasluaite amhail a cheanglaítear i gcomhréir le Treoir AE maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc ar na príomhrioscaí don ghnóthas a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta, lena n-áirítear | (f) tuairisc ar na príomhrioscaí don ghnóthas a bhaineann le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in*** |

| | |
|---|---|
| príomhspleáchais an ghnóthais ar na hábhair sin, agus conas a bhainistíonn an gnóthas na rioscaí sin; | ***Airteagal 2(17)***, lena n-áirítear príomhspleáchais an ghnóthais ar na hábhair sin, agus conas a bhainistíonn an gnóthas na rioscaí sin; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) tuairisc ar na próisis a leagtar síos chun geallsealbhóirí a shainaithint agus chun go mbeidh siad rannpháirteach i bhforbairt, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht straitéis agus bheartais an ghnóthais;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis ***maidir le slabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. | I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis ***faoi shlabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, go háirithe in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, ***a dhéanfaí*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, ***go ndéanfaí*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta. ***Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo i leith oibleagáidí maidir le nochtadh i gcás teagmhais shuntasacha amhail treascairtí tromchúiseacha ar chearta an duine nó tubaistí comhshaoil.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, ***arna tarraingt*** suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil | 7. Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, ***ar choinníoll go ndéanfar an tuarascáil sin a tharraingt*** suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a ***agus go mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 19b tuairiscithe de réir tíre***. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe |

| | |
|---|---|
| bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), ***pointe*** (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a ***éilítear*** leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo. | freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), ***pointe*** (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a ***cheanglaítear*** leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun liosta na n-earnálacha ardriosca gníomhaíochta eacnamaíche a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (20a) a chur ar bun agus a leasú. Cuirfear san áireamh sa liosta sin obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach. Ba cheart don liosta earnálacha a chuirtear san áireamh sa sainmhíniú seo comhfhreagras leis an aicmiú NACE[1a] a chur i gcuntas.*** <br>__________________ <br>***[1a] Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach, NACE Athbhr. 2.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil ***do chaighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: | 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil ***a dhéanamh maidir le caighdeáin*** tuairiscithe inbhuanaitheachta***, i ndáil leis na tosca inbhuanaitheachta mar a shainítear in Airteagal 2(17) agus aird ar leith á tabhairt ar chearta an duine***. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, i gcás inarb ábhartha, sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faoin 31 Deireadh Fómhair 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena ***sonraítear***: | (b) faoin 31 Deireadh Fómhair 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena ***bhforálfar do chaighdeáin earnáilshonracha tuairiscithe maidir le tosca inbhuanaitheachta, a shainaithneofar bunaithe ar mheasúnuithe riosca ex ante críochnúla agus neamhspleácha, ina sonrófar an méid seo a leanas***: |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-i a) an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag ábhair inbhuanaitheachta ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar sheasamh an ghnóthais agus ar an gcaoi ar cuireadh chun feidhme straitéis agus próiseas díchill chuí an ghnóthais maidir leis na himeachtaí;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-i b) faisnéis a thuairisceoidh na gnóthais a bhainfidh go sonrach leis an earnáil ina bhfuil siad ag feidhmiú agus a bhfuil a raon feidhme sainithe sa mheasúnú riosca ex-ante;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a ***bhaineann*** go sonrach leis an earnáil ina ***n-oibríonn*** siad. | (ii) faisnéis a thuairisceoidh ***na*** gnóthais a ***bhainfidh*** go sonrach leis an earnáil ina ***bhfuil*** siad ***ag feidhmiú, agus aird ar leith á tabhairt ar earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca***. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) sna gníomhartha tarmligthe a bhaineann le faisnéis ghinearálta agus faisnéis earnáilshonrach araon, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh caighdeáin dheonacha a leagan síos lena bhforálfar do thuairisciú ad hoc ar theagmhais shuntasacha lena n-athraítear go bunúsach na rioscaí i réimsí na dtosca inbhuanaitheachta a liostaítear in Airteagal 2(17), an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar conas a imrítear tionchar ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar sheasamh an ghnóthais leis na tosca inbhuanaitheachta agus conas a rinneadh straitéis agus próiseas díchill chuí an ghnóthais a chur chun feidhme maidir leis na himeachtaí.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***trí bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) á cur san áireamh, agus i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear | Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***3 bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) á cur san áireamh ***mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile***, ***lena n-áirítear ceardchumainn*** agus ***eagraíochtaí na*** |

| | |
|---|---|
| forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. | ***sochaí sibhialta, agus*** i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 6 mhí ón dáta a nglacfar an treoir atá beartaithe maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun na ceanglais in Airteagal 19a agus san Airteagal seo a ailíniú leis na ceanglais a leagtar amach sa treoir nua. Beidh aon cheanglais díchill chuí bhreise ar oibreoirí eacnamaíocha ina gcomhlánú ar cheanglais na treorach nua agus ní mór a laghad ualach breise is féidir ar na hoibreoirí sin a bheith mar thoradh ar na ceanglais sin.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a – pointe vi a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi a) dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) sonrófar an fhaisnéis a bheidh le nochtadh ag gnóthais faoi chearta an duine, lena n-áirítear faisnéis faoi shainaithint agus measúnú ar iarmhairtí iarbhír agus féideartha ar chearta bunúsacha an duine agus ar dhálaí cuibhiúla oibre arbh í an chuideachta ba siocair leo nó a rannchuidigh leo, nó a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí gnó, táirgí nó seirbhísí na cuideachta trí shlabhraí soláthair nó trí chomhpháirtithe gnó; cur chun feidhme beart iomchuí chun iarmhairtí diúltacha a stopadh, a chosc nó a theorannú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí na mbeart arna gcur chun feidhme; cumarsáid a dhéanamh le geallsealbhóirí agus le ceadúnaithe lena mbaineann faoin gcaoi ar déileáladh le hiarmhairtí diúltacha agus faoi shocruithe maidir le haisghabháil agus cúiteamh nó faoin gcomhar maidir leis an aisghabháil agus leis an gcúiteamh i gcás inar gá, agus tagairt á déanamh do na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(i) prionsabail agus caighdeáin dhaonlathacha a leagtar síos sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus i gcoinbhinsiúin lárnacha eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha agus coinbhinsiúin rialachais EIS, ECHR agus na prótacail bhreise a ghabhann leis, Cairt Shóisialta na hEorpa, Treoirlínte ECFE d'fhiontair ilnáisiúnta, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,*** |

| | |
|---|---|
| | ***Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, agus Coinbhinsiún Aarhus;*** |
| | ***(ii) aon bhaol ábhartha ina mbeidh saothar, saothar leanaí, saothar éignithe, mórsháruithe córasacha nó forleathana ar chearta an duine i gceist, go háirithe.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonrófar an fhaisnéis ***atá*** le nochtadh ag gnóthais ***maidir le fachtóirí*** sóisialta, lena n-áirítear ***faisnéis maidir leis an méid seo a leanas***: | (b) sonrófar ***ann*** an fhaisnéis ***a bheidh*** le nochtadh ag gnóthais ***faoi thosca*** sóisialta, ***le tagairt i gcás inarb ábhartha do dhlí an Aontais agus do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus*** lena n-áirítear: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***comhionannas*** deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ar ***obair chomhionann***, oiliúint agus forbairt scileanna, agus fostaíocht agus ***cuimsiú*** daoine faoi ***mhíchumas***; | (i) ***cóir chomhionann agus*** deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann ***as obair*** ar ***comhionann a luach***, ***éagsúlacht maidir le haois, reiligiún agus creideamh, agus eitneacht oibrithe, trédhearcacht pá, bearta i gcoinne foréigin agus ciaptha,*** oiliúint agus forbairt scileanna, agus fostaíocht agus daoine faoi ***mhíchumais a chuimsiú***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe, pá, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, ***cothromaíocht*** oibre is saoil, agus timpeallacht oibre atá ***folláin***, sábháilte agus dea-oiriúnaithe; | (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe, pá, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, ***ceardchumann, urraim do cheart na n-oibrithe go ndéanfar ionadaíocht orthu, go gcuirfear ar an eolas iad agus go rachfar i gcomhairle leo i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta Eorpach agus le dlí náisiúnta an tsaothair, leis an gcothromaíocht*** oibre is saoil, agus ***le*** timpeallacht oibre atá ***sláintiúil***, sábháilte agus dea-oiriúnaithe; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) slabhra luacha an ghnóthais a bhaineann le drochthionchair iarbhír agus ionchasacha, lena n-áirítear faisnéis earnáilshonrach maidir le soláthraithe, cineálacha táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear, agus ar fhoinsiú agus inrianaitheacht tráchtearraí agus ábhar a bhfuil dóchúlacht ard ann ina dtaobh go mbeidh drochthionchair iarbhír nó ionchasach acu ar ábhair inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus ***frithbhreabaireacht***; | (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***cláir frith-éillithe*** agus ***frithbhreabaireachta, measúnú ar rioscaí éillithe, agus córais sceithireachta agus torthaí***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) obair tionscnamh domhanda ***ó thaobh*** caighdeáin a leagan síos maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, agus ***caighdeáin*** agus ***creata*** atá ann ***cheana*** maidir le cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha, iompar gnó freagrach, freagracht shóisialta chorparáideach agus forbairt inbhuanaithe; | (a) obair tionscnamh domhanda ***i dtaobh*** caighdeáin a leagan síos maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta ***agus i dtaobh freagracht chorparáideach i leith urraim a thabhairt do chearta an duine***, agus ***i dtaobh caighdeán*** agus ***creataí*** atá ***cheana*** ann maidir le cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha, iompar gnó freagrach, freagracht shóisialta chorparáideach agus forbairt inbhuanaithe; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh ***maidir le*** caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil a dhéanamh ***i dtaobh*** caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus |

| | |
|---|---|
| saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a a thuairisceoidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1)(a). Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. | saintréithe gnóthas beag agus meánmhéide. ***Beidh na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.*** Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a a thuairisceoidh gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (1)(a). Cuirfear na critéir a leagtar amach in Airteagal 19b, míreanna 2 agus 3 san áireamh iontu freisin. Sonrófar iontu freisin, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ba cheart go léireofaí i ngníomhartha tarmligthe lena sainítear an tuairisciú inbhuanaitheachta do FBManna earnáil na gníomhaíochta, méid an ghnóthais, comhthéacs a oibríochtaí, cineál agus déine na rioscaí ina slabhra luacha, a shamhail ghnó, a shuíomh i slabhraí luacha agus nádúr a tháirgí agus a sheirbhísí.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 1 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní foláir do ghníomhartha tarmligthe a bheith soiléir go leor chun go mbeidh FBManna in ann na ceanglais sin a*** |

***chomhlíonadh agus ní foláir go mbeadh a fhios acu conas smachtbhannaí a sheachaint agus conas a bheidh siad feistithe chun cearta an duine agus gealltanais chomhshaoil a chosaint, agus ba cheart go n-áiritheofaí le reachtaíocht díchill chuí buntáiste iomaíoch do chuideachtaí Eorpacha sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.***

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19d – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Leanfaidh ráitis airgeadais leictreonacha agus tuarascálacha bainistíochta na ceanglais rochtana ábhartha a leagtar síos i dTreoir 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a ***mharcáil suas***, lena n-áirítear na ***nochtuithe*** a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe | 1. Ullmhóidh gnóthais ***atá*** faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe ***sonraí oscailte agus meaisín-inléite*** leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a ***uasmharcáil***, lena n-áirítear na ***nochtaí*** a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i |

| | |
|---|---|
| sin. | gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ***a thuiscint***. | 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ***agus a fhochuideachtaí agus a chaidreamh gnó*** ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint ***go hiomlán***, agus an fhaisnéis is gá chun ***a thuiscint*** conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais. ***Tabharfar míniú sa tuarascáil ar thionchar gach fochuideachta ar na tosca inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 39a – mír 2 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***athléimneacht shamhail*** ghnó agus straitéis ghnó an ***ghrúpa*** maidir le ***rioscaí a bhaineann le*** hábhair inbhuanaitheachta; | (i) ***samhail*** ghnó agus straitéis ghnó an ***ghnóthais*** maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus an chaoi ar cuireadh chun feidhme í***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***deiseanna an ghrúpa a bhaineann le hábhair*** inbhuanaitheachta; | (ii) ***conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar thosca*** inbhuanaitheachta ***san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii a) conas a áirithíonn an gnóthas go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó ag rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***pleananna an ghrúpa chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras***; | (iii) ***deiseanna agus athléimneacht an ghnóthais a mhéid a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***conas a chuirtear leasanna ghealllsealbhóirí an ghrúpa agus tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh i samhail*** ghnó agus straitéis ghnó an ***ghrúpa***; | (iv) ***pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail*** ghnó agus ***a*** straitéis ghnó ***comhoiriúnach leis*** an ***aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig 1.5 C i gcomhréir le Comhaontú Pháras***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta atá leagtha síos ag an ***ngrúpa*** agus ar ***dhul*** chun cinn an ***ghnóthais*** chun na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)*** atá leagtha síos ag an ***ngnóthas*** agus ar ***an dul*** chun cinn ***atá déanta ag*** an ***ngnóthas*** chun na spriocanna sin a bhaint amach; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/CE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***maidir le hábhair*** inbhuanaitheachta; | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***a mhéid a bhaineann le gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ***ghrúpa*** i ndáil ***le hábhair*** inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ***ghnóthais*** i ndáil ***leis na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17)***; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 2(17), i gcomhréir le Treoir AE maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, le reachtaíocht náisiúnta, agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le | (ii) na ***dhrochthionchair*** iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha |

| | |
|---|---|
| slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe e – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***aon ghníomhaíocht*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ionchasacha a chosc, a mhaolú nó a leigheas; | (iii) ***na gníomhaíochtaí uile*** a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***na*** drochthionchair iarbhír nó ionchasacha ***sin*** a chosc, a mhaolú nó a leigheas; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe e – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) struchtúr shlabhra luacha an ghnóthais lena n-áirítear trí mhapáil imdhealaithe a oibríochtaí féin, fochuideachtaí, soláthraithe agus caidreamh gnó;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc ar na príomhrioscaí don ***ghrúpa*** a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta, lena n-áirítear | (f) tuairisc ar na príomhrioscaí don ***ghnóthas*** a bhaineann le ***gach ceann de na tosca*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in*** |

príomhspleáchais an ***ghrúpa*** ar na ***fachtóirí*** sin, agus conas a bhainistíonn an ***grúpa*** na rioscaí sin;

***Airteagal 2(17)***, lena n-áirítear príomhspleáchais an ***ghnóthais*** ar na ***tosca*** sin, agus conas a bhainistíonn an ***gnóthas*** na rioscaí sin;

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, ***a dhéanfadh*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta. | Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, ***go ndéanfaí*** dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta. ***Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo i leith oibleagáidí maidir le nochtadh i gcás teagmhais shuntasacha amhail treascairtí tromchúiseacha ar chearta an duine nó tubaistí comhshaoil.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh na Ballstáit, áfach, gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú i gcás ina bhféadfar cóip iomlán d'aon tuarascáil den sórt sin nó cuid di a fháil go héasca arna iarraidh sin ar phraghas nach mó ná a costas riaracháin.'*** | ***scriosta*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***'Ní bheidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos sa tríú fomhír maidir le gnóthais atá faoi réir Airteagal 19a ná 29a.';*** | ***scriosta*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| ***Teideal*** | ***lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach*** |
| ***Tagairtí*** | ***COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD)*** |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| ***Tuairim ó***<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***AFET***<br>***23.6.2021*** |
| ***Rapóirtéir don tuairim***<br>***Dáta an cheapacháin*** | ***Karin Karlsbro***<br>***11.11.2021*** |
| **Pléite sa choiste** | 10.12.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.1.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 61<br>–: 8<br>0: 7 |
| ***Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Peter Kofod, Stelios Kouloglou, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Jörg Meuthen, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko*** |
| ***Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Özlem Demirel, Assita Kanko, Karsten Lucke, Bert-Jan Ruissen, Mick Wallace*** |
| ***Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach*** | ***Karin Karlsbro, Ivan Štefanec*** |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 61 | + |
|---|---|
| *NI* | *Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi* |
| *PPE* | *Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Ivan Štefanec, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko* |
| *Renew* | *Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Karin Karlsbro, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Dragoş Tudorache* |
| *S&D* | *Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Karsten Lucke, Claudiu Manda, Pedro Marques, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev* |
| *The Left* | *Özlem Demirel, Stelios Kouloglou, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace* |
| *Verts/ALE* | *Alviina Alametsä, François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Salima Yenbou* |

| 8 | - |
|---|---|
| *ECR* | *Hermann Tertsch, Charlie Weimers* |
| *ID* | *Peter Kofod, Jaak Madison, Thierry Mariani, Jörg Meuthen, Harald Vilimsky* |
| *NI* | *Kostas Papadakis* |

| 7 | 0 |
|---|---|
| *ECR* | *Anna Fotyga, Assita Kanko, Bert-Jan Ruissen, Jacek Saryusz-Wolski, Witold Jan Waszczykowski* |
| *ID* | *Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi* |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

4.3.2022

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí
(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Pierfrancesco Majorino

# RÉASÚNÚ GEARR

Tá tionchar diúltach ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais na dtíortha agus na gcríoch ina n-oibríonn na cuideachtaí sin ina mór-riosca d’fhorbairt inbhuanaithe tíortha i mbéal forbartha.

Tá ról tábhachtach ag cuideachtaí, agus cuireann siad slabhraí luacha agus soláthair inbhuanaithe chun cinn mar aon le sochair do thíortha atá i mbéal forbartha. Mar sin féin, beidh sé ina phríomhghné don rath go ndéanfaidh cuideachtaí an fhaisnéis cheart a thomhas agus a thuairisciú don tsochaí shibhialta, d’infheisteoirí, do bhainc agus d’árachóirí agus do gheallsealbhóirí eile.

Le Treoir an Aontais maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, cuireadh creat dlíthiúil ar fáil do chuideachtaí agus do ghníomhaithe airgeadais chun tuairisciú a dhéanamh ar neamhchosaintí ar rioscaí inbhuanaitheachta agus ar thionchair ar dhaoine agus ar an bpláinéad. Mar sin féin, teipeann ar fhormhór na gcuideachtaí faisnéis ábhartha inchomparáide inbhuanaitheachta a nochtadh.

Tá sé d’aidhm ag an togra CE athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat sin. Soiléireoidh sé coincheapa agus faisnéis ba cheart do chuideachtaí a nochtadh. Tá an tsoiléireacht sin riachtanach do ghnólachtaí Eorpacha atá ag feidhmiú thar lear i dtíortha atá i mbéal forbartha chun a áirithiú nach ndéanann siad díobháil, nach gcuireann siad nó nach leanann siad de bheith nasctha le díobháil a thagann chun cinn ina n-oibríochtaí domhanda agus ina slabhraí soláthair agus luacha agus chun cabhrú leo rioscaí maidir lena gcáil agus a n-iarmhairtí airgeadais a sheachaint.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra, a d’fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar thíortha i mbéal forbartha ina n-oibríonn cuideachtaí agus a gcuid slabhraí luacha agus, ar an drochuair, ina dtarlaíonn formhór na n-iarmhairtí díobhálacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ó ghníomhaíochtaí cuideachtaí.

Measann an Rapóirtéir gur gá íogaireacht níos mó a ionchorprú i ndáil le tionchair na treorach seo ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha. Go

deimhin, mar thoradh ar an oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta, méadófar feasacht na gcuideachtaí ar an ról dearfach is féidir leo a imirt agus ar an tionchar dearfach a d’fhéadfadh a bheith acu ar fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha ina n-oibríonn siad. D’fhéadfadh cuideachtaí a thuairiscíonn ar chúrsaí inbhuanaitheachta a bheith ina spreagadh tábhachtach do rialtais chun beartais agus reachtaíocht a ghlacadh, athchóiriú a dhéanamh ar institiúidí chun caighdeáin agus ceanglais idirnáisiúnta agus Eorpacha a chomhlíonadh.

Rannchuideoidh an togra le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar an leibhéal domhanda agus, go sonrach, le cur chun feidhme chuspóirí an chomhair Eorpaigh um fhorbairt a bhaineann le cearta an duine, cosaint an chomhshaoil, an smacht reachta agus an dea-rialachas a chur chun cinn.

Leis na leasuithe a cuireadh síos, féachtar le hinbhraiteacht na treorach maidir leis na tionchair ar na tíortha i mbéal forbartha a threisiú. Agus an méid sin á dhéanamh againn, áirithítear go dtabharfar aird chuí ar phrionsabal an chomhtháthaithe beartais don fhorbairt, mar a chumhdaítear in Airteagal 208.1 CFAE.

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart go gcumhdófaí freisin le cúrsaí inbhuanaitheachta urraim don smacht reachta agus do chórais dea-rialachais na tíre ina bhfeidhmíonn an chuideachta agus a slabhraí soláthair agus gur cheart feidhm a bheith ag an treoir maidir le gach cineál gnóthas lena n-áirítear gach cineál gnóthas beag agus meánmhéide, fochuideachtaí agus grúpaí gnóthas. Go deimhin, tá sé ríthábhachtach easnaimh agus lúba ar lár a d‘fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, rud a d’fhéadfadh an trédhearcacht agus cothrom iomaíochta a shaobhadh.

Beidh sé ríthábhachtach na réimsí gníomhaíochta is mó riosca a shainaithint trí ghníomhartha tarmligthe an Choimisiúin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do na hearnálacha sin toisc go bhfuil na tionchair dhiúltacha níos airde agus níos dóchúla.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go n-áireofar sa tuairisc ar an tsamhail ghnó agus ar an straitéis tuairisc ar dhrochthionchair agus ar rioscaí ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus go gcuireann siad le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe. Rinneadh an próiseas díchill chuí a mhionsonrú freisin leis an bhfaisnéis is ábhartha agus is lú.

Chun dícheall cuí agus rioscaí an drochthionchair ar fhostaithe a nascadh ar bhealach níos fearr, tá gá le faisnéis luachmhar faoi fhachtóirí sóisialta agus rialachais. Ag an am céanna, ba cheart go n-áireofaí sa tuairisciú faisnéis maidir leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais na tíre, an réigiúin nó na críche ina n-oibríonn an gnóthas nó luach agus slabhra soláthair an ghnóthais.

Moltar smachtbhannaí nua riaracháin. Díríonn siad ar an bhféidearthacht sochair phoiblí agus cabhair phoiblí a chailleadh agus tá sé d’aidhm acu feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na treorach ag na Ballstáit.

Moladh freisin Airteagal nua maidir le comhar le tíortha i mbéal forbartha chun tacú le cur chun feidhme na treorach a nascadh níos fearr leis an méid a tharlóidh i dtíortha i mbéal forbartha.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Lua 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ag féachaint do chuspóirí an chomhair um fhorbairt de bhun Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais[31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh | (1) Ina theachtaireacht ar an gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh an 11 Nollaig 2019[30], thug an Coimisiún Eorpach gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún a bhaineann le tuairisciú neamhairgeadais[31]. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an straitéis nua fáis don Aontas Eorpach. Is é is aidhm dó geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de a dhéanamh den Aontas, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus a áirithiú go mbeidh |

gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas[32].

[30] COM(2019) 640 final.

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

gach réigiún agus saoránach de chuid an Aontais ina rannpháirtí in aistriú chuig córas eacnamaíoch inbhuanaithe, aistriú a bheidh cóir ar bhonn sóisialta***, ionas go n-áiritheofar nach bhfágtar ar duine nó aon áit ar lár***. Cuirfidh sé leis an gcuspóir geilleagar a oibríonn do na daoine a fhorbairt, geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a threisiú, chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh sé réidh don todhchaí agus go soláthróidh sé cobhsaíocht, poist, fás agus infheistíocht ***inbhuanaithe***. Tá na spriocanna sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an damáiste shocheacnamaíoch a rinneadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an gá atá le téarnamh inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir. Ina thogra an 4 Márta 2020 le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh an cuspóir go mbainfí aeráidneodracht amach faoi 2050 ceangailteach san Aontas[32].

[30] COM(2019) 640 final.

[31] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

[32] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) [2020/0036 (COD)]

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) An 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe creat nua domhanda maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (an 'Clár 2030'). Tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gcroílár Chlár Oibre 2030 agus cumhdaítear trí ghné na hinbhuanaitheachta leis: eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. An teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile le ***haghaidh*** todhchaí inbhuanaithe don Eoraip nasctha ***leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe*** le creat beartais an Aontais chun a áirithiú go ndéanfaidh gach gníomhaíocht agus tionscnamh beartais de chuid an Aontais, ***laistigh*** agus lasmuigh ***den Aontas***, na spriocanna sin a chur san áireamh ón tús. [45] ***Ina conclúidí*** an ***20 Meitheamh 2017, dheimhnigh an Chomhairle tiomantas an*** Aontais ***agus na mBallstát maidir*** le cur chun feidhme ***Chlár*** Oibre 2030 ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus ***le geallsealbhóirí*** eile.[46] | (5) An 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe creat nua domhanda maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (an 'Clár 2030'). Tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gcroílár Chlár Oibre 2030 agus cumhdaítear trí ghné na hinbhuanaitheachta leis: eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. An teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 maidir leis na chéad chéimeanna eile ***i dtaca*** le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip nasctha le creat beartais an Aontais chun a áirithiú go ndéanfaidh gach gníomhaíocht agus tionscnamh beartais de chuid an Aontais, ***san Aontas*** agus lasmuigh ***de araon***, na spriocanna sin a chur san áireamh ón tús.[45] ***Aithnítear sa Teachtaireacht sin freisin go bhfuil tionchar suntasach ag*** an ***Aontas agus a Bhallstáit ar ghnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ar fud an domhain agus nach bhfuil tionchar an*** Aontais ***lasmuigh dá theorainneacha teoranta dá chlár oibre um ghníomhaíocht sheachtrach. Cuidíonn go leor de bheartais an Aontais a bhfuil gné intíre ag baint leo*** le cur chun feidhme ***na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht é go mbainfear amach comhleanúnachas ar fud bheartais go léir an Aontais chun SFInna a bhaint amach. Is gné fhíor-riachtanach de fhreagairt an Aontais ar dhúshlán na forbartha inbhuanaithe é comhtháthú beartas don fhorbairt inbhuanaithe a chumhdaítear sna Conarthaí. I gcomhréir leis an oibleagáid dhlíthiúil sin a chumhdaítear in Airteagal 208 CFAE, ba cheart don Aontas cuspóirí an chomhair um fhorbairt a chur san áireamh sna beartais ar dócha go ndéanfaidh siad difear do thíortha atá i mbéal forbartha.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aithníodh an prionsabal sin freisin i Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle45a. Leis na conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2017, deimhníodh gealltanas an Aontais agus a Bhallstáit maidir le Clár*** Oibre 2030 ***a chur chun feidhme*** ar bhealach iomlán, comhleanúnach, cuimsitheach, comhtháite agus éifeachtach, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus ***páirtithe leasmhara*** eile.[46] |
| __________________ | __________________ |
| [45] COM(2016) 739 final | [45] COM(2016) 739 final |
| | ***45a Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).*** |
| [46] Conclúidí na Comhairle 'Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais Eorpaigh ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', 20 Meitheamh 2017. | [46] Conclúidí na Comhairle 'Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais Eorpaigh ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', 20 Meitheamh 2017. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil | (7) Measann go leor páirtithe leasmhara go bhfuil an téarma 'neamhairgeadais' míchruinn, go háirithe toisc go dtugann sé sin le fios nach bhfuil |

| | |
|---|---|
| aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san áireamh. | aon tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Go minic anois, áfach, bíonn tábhacht airgeadais leis an bhfaisnéis atá i gceist. Tagraíonn go leor eagraíochtaí, tionscnamh agus cleachtóirí sa réimse seo d'fhaisnéis 'inbhuanaitheachta'. Dá bhrí sin, is fearr an téarma 'faisnéis inbhuanaitheachta' a úsáid in ionad 'faisnéis neamhairgeadais'. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun an t-athrú sin sa téarmaíocht a chur san áireamh ***agus caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ailíniú le caighdeáin tuairiscithe airgeadais***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do ***dhá*** phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is infheisteoirí atá sa ***chéad ghrúpa*** úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. ***Is eagraíochtaí atá sa dara*** grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na | (8) Is iad na ***húdaráis phoiblí, na*** saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. ***Tá an fhaisnéis sin de dhíth ar lucht déanta beartas agus ar údaráis phoiblí chun beartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus go háirithe chun cearta daoine agus an comhshaol a chosaint, chun go mbeidh gnóthais freagrach as a dtionchair agus chun aistriú cóir sóisialta agus comhshaoil a dhéanamh.*** Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras eacnamaíoch atá cobhsaí, ***trédhearcach,*** inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na tairbhithe sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do ***thrí*** phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. ***Tá an chéad ghrúpa úsáideoirí comhdhéanta de lucht déanta beartas agus údaráis phoiblí.*** Is infheisteoirí atá sa |

tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh ***páirtithe leasmhara*** eile úsáid a bhaint as ***an bhfaisnéis*** inbhuanaitheachta a ***nochtar*** i dtuarascálacha bliantúla ***freisin***. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ***ceaptha*** beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid ***a bhaint as faisnéis den sórt sin***, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus sóisialta, chun ***cur*** le cuntais chomhshaoil, agus chun ***faisnéis*** a chur ar fáil ***i gcomhair beartas*** poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

***dara grúpa*** úsáideoirí, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta ***don cháil atá orthu agus*** dá n-infheistíochtaí agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine***, go háirithe ar oibrithe, ar phobail áitiúla*** agus ar an gcomhshaol. ***Cuimsítear sa tríú*** grúpa úsáideoirí, ***gníomhaithe na sochaí sóisialta,*** lena n-áirítear ***eagraíochtaí idirnáisiúnta***, ***rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla,*** eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ***pobail dúchais agus pobail áitiúla*** ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh ***geallsealbhóirí*** eile úsáid a bhaint ***freisin*** as ***faisnéis*** inbhuanaitheachta a ***foilsítear*** i dtuarascálacha bliantúla ***chun inchomparáideacht a chothú ar fud earnálacha margaidh ar bhonn an fhiúntais comhshaoil, ba cheart d'eintitis chorparáideacha a chur in iúl a mhéid a rannchuidíonn siad le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht Airgeadais Inbhuanaithe agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a urramú go hiomlán de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852***. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí ***soláthair agus*** luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh ***saineolaithe,*** lucht ***déanta*** beartas***, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha,*** agus gníomhaireachtaí comhshaoil ***an fhaisnéis sin a*** úsáid, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar ***shonraí agus ar*** threochtaí comhshaoil***, aeráide*** agus

sóisialta, chun ***iad a fhíorú agus a chur i gcomparáid, chun rannchuidiú*** le cuntais chomhshaoil ***agus leis an dul chun cinn sóisialta***, agus chun ***eolas*** a chur ar fáil ***don bheartas*** poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta ***agus ón tsochaí shibhialta***. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí airgeadais na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d'infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile***, go háirithe saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid*** agus ***le bithéagsúlachta, agus*** as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí |

chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus slabhraí luacha ***gnóthas dá thoradh***. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach***, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe i ndáil le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, agus leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht***. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus ***dícheall cuí gnóthas feadh na*** slabhraí ***soláthair agus*** luacha. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaoló, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) D’fhéadfadh na gnóthais féin tairbhiú de thuairisciú ardchaighdeáin a dhéanamh ar ábhair inbhuanaitheachta. Maidir leis an méadú ar líon na dtáirgí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leo cuspóirí inbhuanaitheachta a shaothrú, ciallaíonn sé sin go bhféadfaí rochtain níos fearr ar chaipiteal airgeadais a thabhairt do ghnóthas le tuairisciú inbhuanaitheachta maith. Féadfaidh tuairisciú inbhuanaitheachta cuidiú le gnóthais chun a gcuid rioscaí agus deiseanna féin a aithint agus a bhainistiú i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta. Is féidir leis a bheith ina bhonn i gcomhair idirphlé agus cumarsáid níos fearr idir na gnóthais agus a bpáirtithe | (10) D’fhéadfadh na gnóthais féin tairbhiú de thuairisciú ardchaighdeáin a dhéanamh ar ábhair inbhuanaitheachta. Maidir leis an méadú ar líon na dtáirgí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leo cuspóirí inbhuanaitheachta a shaothrú, ciallaíonn sé sin go bhféadfaí rochtain níos fearr ar chaipiteal airgeadais a thabhairt do ghnóthas le tuairisciú inbhuanaitheachta maith***, chomh maith lena luach margaidh a mhéadú agus infheisteoirí a mhealladh***. Féadfaidh tuairisciú inbhuanaitheachta cuidiú le gnóthais chun a gcuid rioscaí agus deiseanna féin a aithint agus a bhainistiú i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta. Is féidir leis a bheith ina bhonn i gcomhair idirphlé |

leasmhara, agus is féidir leis cuidiú le gnóthais chun feabhas a chur ar an gcáil atá orthu.

agus cumarsáid níos fearr idir na gnóthais agus a bpáirtithe leasmhara, agus is féidir leis cuidiú le gnóthais chun feabhas a chur ar an gcáil atá orthu ***trína gcuntasacht a mhéadú agus trí fheabhas a chur ar an muinín atá acu astu***.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do ***cuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú. ***Tá sé níos deacra ar*** eagraíochtaí neamhrialtasacha, ***páirtithe*** sóisialta, ***comhphobail a ndéanann*** gníomhaíochtaí gnóthas ***difear dóibh***, agus ***páirtithe leasmhara*** eile | (12) In éagmais gníomhaíocht beartais, meastar go bhfásfaidh an bhearna idir riachtanais faisnéise úsáideoirí agus an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá á tuairisciú ag gnóthais. Tá iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an mbearna sin. Ní féidir le hinfheisteoirí aird chuí a thabhairt ar rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht ina gcuid cinntí infheistíochta. Má dhéantar go leor cinntí infheistíochta le chéile nach dtugtar aird chuí leo ar na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhéadfaí rioscaí córasacha a chruthú dá bharr sin, rud a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol. Tá an Banc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais tar éis aird a tharraingt ar na rioscaí córasacha sin, go háirithe i ndáil leis an aeráid. Bíonn deis níos lú ag infheisteoirí acmhainní airgeadais a threorú chuig gnóthais agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thugann aghaidh ar fhadhbanna sóisialta agus comhshaoil agus nach ngéaraíonn na fadhbanna sin, rud a dhéanann dochar do ***chuspóirí*** an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú ***agus cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht***. ***Is lú cumas*** eagraíochtaí neamhrialtasacha, |

gnóthais a thabhairt chun cuntais ***maidir leis na tionchair*** a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an ***gcomhshaol***. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe.

***comhpháirtithe*** sóisialta, ***pobail a bhfuil tionchar ag*** gníomhaíochtaí gnóthas ***orthu***, agus ***geallsealbhóirí*** eile***,*** gnóthais a thabhairt chun cuntais ***as an drochthionchar*** a bhíonn acu ar dhaoine***, ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, lena n-áirítear a ngníomhaíochtaí i dtriú tíortha*** agus ar an ***smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais, lena n-áirítear i dtíortha i mbéal forbartha ina mbaintear an bonn de na hinstitiúidí atá i gceannas, de réir an bhunreachta, ar na heagraíochtaí, na comhpháirtithe sóisialta, na pobail agus geallsealbhóirí eile a chosaint***. Cruthaíonn sé sin easnamh ó thaobh cuntasachta de, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle iontaoibhe ag saoránaigh i ngnólachtaí, rud a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige ar fheidhmiú éifeachtúil gheilleagar an mhargaidh shóisialta. Tá an easpa méadrachtaí agus modhanna a nglactar leo go ginearálta chun rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas, a luacháil agus a bhainistiú ina bacainn freisin ar na hiarrachtaí a dhéanann gnóthais chun a áirithiú go bhfuil a gcuid samhlacha gnó agus a ngníomhaíochtaí inbhuanaithe. ***Leis an easpa faisnéise inbhuanaitheachta, cuirtear teorainn freisin le cumas na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear gníomhaithe na sochaí sibhialta, ceardchumainn, daoine dúchasacha agus pobail áitiúla, dul i mbun idirphlé le gnóthais maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar | (15) Tá feidhm ag Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE maidir le gnóthais mhóra atá ina n-eintitis leasa phoiblí ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar |

an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. Dá bhrí sin, ***is iomchuí*** a cheangal ar ***gach gnóthas mór*** agus ***gach gnóthas*** atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas ***micreaghnóthais***, faisnéis inbhuanaitheachta ***mhionsonraithe*** a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa.

an meán, agus maidir le heintitis leasa phoiblí atá ina máthairghnóthais ar ghrúpa mór ina bhfuil breis agus 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite, faoi seach. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais úsáideoirí i ndáil le faisnéis inbhuanaithe, ba cheart a chur de cheangal ar chatagóirí breise gnóthas faisnéis den sórt sin a thuairisciú. ***Is iomchuí,*** dá bhrí sin, a ***chur de*** cheangal ar ***na gnóthais mhóra uile*** agus ***ar na gnóthais go léir*** atá liostaithe ar mhargaí rialáilte, seachas ***micrifhiontair***, ***gach eintiteas leasa phoiblí, gach gnóthas beag agus meánmhéide atá ag feidhmiú in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca,*** faisnéis ***mhionsonraithe*** inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ina theannta sin, ba cheart do na gnóthais uile atá ina máthairghnóthais ar ghrúpaí móra tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú ar leibhéal grúpa ***bunaithe ar thuarascálacha aonair ó fhoghnóthais***. ***Ba cheart do ghnóthais atá bunaithe lasmuigh den Aontas ach a oibríonn sa mhargadh inmheánach a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun a dtionchar inbhuanaitheachta a chur san áireamh agus chun cothrom iomaíochta a sholáthar do ghnóthais atá bunaithe san Aontas.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ba cheart cás sonrach gnóthas a bhíonn ag gabháil go rialta do ghníomhaíocht eacnamaíoch shuntasach laistigh den Aontas, cé nach bhfuil aon bhunaíocht dhlíthiúil acu san Aontas, a chur san áireamh. An ceanglas atá ar ghnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha agus a oibríonn san Aontas faisnéis a nochtadh freisin faoi ábhair inbhuanaitheachta, tá gá leis chun míniú*** |

| | |
|---|---|
| | ***a thabhairt ar an ngá atá ag úsáideoirí, tomhaltóirí agus infheisteoirí Eorpacha rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí. Tá gá leis freisin chun machaire comhréidh sa mhargadh aonair a ráthú idir gnóthais atá bunaithe san Aontas agus gnóthais tríú tír.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais mhóra neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas den sórt sin, lena n-áirítear trína slabhra luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas ***mór*** a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó ***na gnóthais mhóra*** neamhliostaithe freisin. | (16) Maidir leis an gceanglas go ndéanfadh gnóthais mhóra neamhliostaithe faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta, is é is siocair leis sin imní faoi thionchair agus cuntasacht gnóthas den sórt sin, lena n-áirítear trína slabhra ***soláthair agus*** luacha. Chuige sin, ba cheart gach gnóthas a bheith faoi réir na gceanglas céanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú go poiblí ***chun cothrom na Féinne a áirithiú***. Ina theannta sin, bíonn faisnéis de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ó ***ghnóthais*** neamhliostaithe freisin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) I gcás gnóthas nach bhfuil bunaithe san Aontas ach go bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tá ceangal ar na gnóthais sin faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus freagraíonn an ceanglas sin do riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i ndáil le faisnéis a fháil ó ghnóthais den sórt sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann lena gcuid | (17) I gcás gnóthas nach bhfuil bunaithe san Aontas ach go bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ***nó a dhéanann a ngnó sa mhargadh inmheánach*** tá ceangal ar na gnóthais sin faisnéis a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus freagraíonn an ceanglas sin do riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i ndáil le faisnéis a fháil ó ghnóthais den sórt |

| | |
|---|---|
| infheistíochtaí agus na tionchair a bheidh acu, agus chun na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. | sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann lena gcuid infheistíochtaí agus na tionchair a bheidh acu, agus chun na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar | (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú ***agus chun dícheall cuí a áirithiú i ndáil leis an gcomhshaol, cearta an duine, an smacht reachta agus córais dea-rialachais,*** is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. ***Is iomchuí freisin a cheangal ar na FBManna uile atá ag feidhmiú in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca, arna sainiú mar na hearnálacha sin a bhfuil tionchar suntasach acu ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais, tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh.*** Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na |

mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna ***nach bhfuil i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardriosca agus FBManna*** neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí ***soláthair agus*** luacha.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Aithnítear earnálacha áirithe de ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil rioscaí suntasacha inbhuanaitheachta ag baint leo. Is ionann earnáil gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca agus earnáil lena mbaineann, mar*** |

***thoradh ar a saintréithe gnó agus saintréithe a slabhraí luacha agus soláthair, dóchúlacht ard go mbeidh tionchair thromchúiseacha iarbhír nó fhéideartha aici ar an gcomhshaol, ar dhaoine, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais na tíre, an réigiúin nó na críche ina n-oibríonn an gnóthas nó a shlabhraí luacha agus soláthair. D’fhéadfadh earnálacha áirithe, amhail, inter alia, an mhianadóireacht, an tionscal eastósctha, talmhaíocht, iascach, foraoiseacht agus táirgeadh bia, leasacháin, lotnaidicídí agus antaibheathaigh, tionscal na mball éadaigh, táirgeadh plaisteach, adhmad, an tionscal leictreonach, tionscal an fhuinnimh, airgeadas agus loingseoireacht idirnáisiúnta nó an geilleagar poistíneachta, a bheith níos neamhchosanta ar dhianchórais chomhshaoil, shóisialta, chearta an duine, tionchar agus smacht reachta agus córais rialachais, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha.,, Chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag an Treoir seo maidir le FBManna atá ag feidhmiú in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca, ba cheart na hearnálacha sin a shainiú. Chuige sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun liosta earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a bhunú agus a nuashonrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin chun liosta earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a bhunú agus a nuashonrú, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun a rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba***

***cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ba cheart FBManna a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch ardriosca a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta freisin.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18b) Ba cheart an sainmhíniú ar earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a bheith bunaithe ar Chóid NACE agus ba cheart go gcuirfí i gcuntas ann reachtaíocht an Aontais, fianaise eolaíoch agus sonraí faoi earnálacha atá an-neamhchosanta ar rioscaí inbhuanaitheachta nó ar dócha go mbeidh tionchair thromchúiseacha iarbhír nó fhéideartha acu ar an gcomhshaol, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais, earnálacha a mheastar a bheith ina n-earnálacha "ardriosca" cheana de réir caighdeáin idirnáisiúnta agus earnálacha a mheastar a bheith ina n-earnálacha ardriosca de réir tionscnaimh mhargaidh nó ghnó. Ba cheart an limistéar geografach ina n-oibríonn an gnóthas agus a shlabhra luacha agus soláthair a chur san áireamh freisin sa sainmhíniú ar earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca go háirithe má mheastar gur limistéar é ina bhfuil coinbhleacht nó limistéar ardriosca mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/821. Ba cheart don Choimisiún obair an Ardáin maidir le Maoiniú*** |

***Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach a chur i gcuntas freisin.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18c) An phríomhchúis leis an gceanglas ar FBManna atá ag feidhmiú in earnálacha ardriosca faisnéis faoi chúrsaí inbhuanaitheachta a chur ar fáil ná an dóchúlacht go mbeidh iarmhairtí inbhuanaitheachta níos airde i roinnt earnálacha sonracha gan beann ar mhéid an ghnóthais.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tá feidhm ag Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [49] maidir le gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe aige ar mhargaí rialáilte. Chun a áirithiú go dtagann gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte, lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír, faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta céanna, ba cheart na crostagairtí riachtanacha d’aon cheanglas maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta sa tuarascáil airgeadais bhliantúil a bheith i dTreoir 2004/109/CE. | (19) Tá feidhm ag Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[49] maidir le gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe aige ar mhargaí rialáilte. Chun a áirithiú go dtagann gach gnóthas a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ***nó gníomhaíochtaí gnó i margadh inmheánach an Aontais***, lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír, faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta céanna, ba cheart na crostagairtí riachtanacha d’aon cheanglas maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta sa tuarascáil airgeadais bhliantúil a bheith i dTreoir 2004/109/CE. |
| [49] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na | [49] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na |

| | |
|---|---|
| hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38). | hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis faoi eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann faoi ***mháthairghnóthas an fhoghnóthais díolmhaithe atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite***. Dá bhrí sin, ***is gá*** a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ***máthairghnóthais a fhoilsiú agus tagairt a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta don chaoi a bhfuil siad díolmhaithe ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin freisin i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas atá ag tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite ina ghnóthas tríú tír a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo nó ar bhealach atá comhionann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh.*** | (21) De réir Airteagail 19a(3) agus 29a(3) de Threoir 2013/34/AE, tá na foghnóthais go léir díolmhaithe ón oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi láthair, i gcás ina gcuimsítear na gnóthais sin agus a bhfoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a máthairghnóthais, ***mar a shainmhínítear i dTreoir 2013/34/AE,*** ar choinníoll go gcuimsítear an fhaisnéis neamhairgeadais is gá léi sin. Is gá a áirithiú***,*** áfach, go bhféadfaidh úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis inbhuanaitheachta go héasca agus go mbeidh trédhearcacht ann ***maidir le gníomhaíochtaí na ngnóthas uile a chuimsítear*** faoi ***raon feidhme na Treorach sin***. ***Is gá,*** dá bhrí sin, a chur de chúram ar na foghnóthais sin tuarascáil bhainistíochta ***a fhoilsiú ina mbeidh faisnéis maidir le hinbhuanaitheacht. Ní dhéanann an easpa díolúine difear don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthas costais agus acmhainní a chomhthiomsú lena fhoghnóthais chun go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus iniúchadh ar thuairisciú inbhuanaitheachta. Ní dhéanann sí difear ach oiread don fhéidearthacht atá ag máthairghnóthais tuarascáil bhainistíochta*** chomhdhlúite a ***chur ar*** |

***fáil.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(22) **Le hAirteagal 23 de Threoir 2013/34/AE, díolmhaítear máthairghnóthais ón oibleagáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a ullmhú i gcás ina bhfuil na gnóthais sin ina bhfoghnóthais de mháthairghnóthas eile a chomhlíonann an oibleagáid sin. Ba cheart a shonrú áfach, maidir leis an gcóras díolúine le haghaidh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite, go bhfeidhmítear an córas sin ar leithligh ón gcóras díolúine le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite. Dá bhrí sin, féadfaidh gnóthas a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe airgeadais comhdhlúite ach gan a bheith díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcás ina n-ullmhaíonn a mháthairghnóthas deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais, nó i gcomhréir le ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír, ach nach n-ullmhaíonn sé tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, nó i gcomhréir leis na ceanglais choibhéiseacha má tá an gnóthas bunaithe i dtríú tír.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Bíonn ról lárnach ag institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais san aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá iomlán inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. D'fhéadfadh tionchair shuntasacha dhearfacha agus dhiúltacha a bheith acu trína gcuid gníomhaíochtaí iasachta, infheistíochta agus frithgheallta. Institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais seachas na cinn sin a n-éilítear orthu Treoir 2013/34/AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear comharchumainn agus gnóthais fhrithpháirteacha, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta***,*** dá bhrí sin***, ar ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir mhéide áirithe***. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí na faisnéise sin measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngnóthas sin ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus ar na rioscaí a eascraíonn as ábhair inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do na gnóthais sin. Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais tuairiscithe Threoir 86/635/CEE ón gComhairle[50] maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile, féadfaidh Ballstáit a dhéanann tuairisciú inbhuanaitheachta a roghnú gan ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá liostaithe in Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. | (23) Bíonn ról lárnach ag institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais san aistriú i dtreo córas eacnamaíoch agus airgeadais atá iomlán inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. D'fhéadfadh tionchair shuntasacha dhearfacha agus dhiúltacha a bheith acu trína gcuid gníomhaíochtaí iasachta, infheistíochta agus frithgheallta. Institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais seachas na cinn sin a n-éilítear orthu Treoir 2013/34/AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear comharchumainn agus gnóthais fhrithpháirteacha, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta dá bhrí sin. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí na faisnéise sin measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngnóthas sin ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus ar na rioscaí a eascraíonn as ábhair inbhuanaitheachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do na gnóthais sin. Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais tuairiscithe Threoir 86/635/CEE ón gComhairle[50] maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile, féadfaidh Ballstáit a dhéanann tuairisciú inbhuanaitheachta a roghnú gan ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá liostaithe in Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[51]***. |
| [50] Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus | [50] Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus |

| | |
|---|---|
| institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1). | institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1). |
| [51] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338). | [51] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith ***chomh comhleanúnach agus is féidir leis*** an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. | (24) Ba cheart an liosta de na hábhair inbhuanaitheachta nach mór do ghnóthais tuairisciú ina leith a bheith ***bunaithe ar*** an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Ba cheart an liosta sin a bheith ag freagairt do riachtanais agus ionchais úsáideoirí, agus na ngnóthas féin, freisin, a bhaineann úsáid as na téarmaí 'comhshaoil', 'sóisialta' agus 'rialachas' go minic mar bhealach chun na trí phríomhábhar inbhuanaitheachta a chatagóiriú. Ní áirítear ábhair rialachais go sainráite sa liosta de thosca inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ábhair inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE a bheith bunaithe ar an sainmhíniú ar 'thosca inbhuanaitheachta' a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, ach le hábhair rialachais curtha leis. ***Ba cheart an sainmhíniú sin a ailíniú go hiomlán freisin leis an sainmhíniú idirnáisiúnta ar 'dícheall cuí' i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i dTreoirlínte ECFE maidir le Gnó agus Cearta an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Duine agus i dTreoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus leis an treoir chomhfhreagrach a ghabhann leis an Treoir seo agus ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an Treoir seo na sainmhínithe arna soláthar ag Parlaimint na hEorpa ina rún an 10 Márta 2021 maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach. Ba cheart na ceanglais díchill chuí dá bhforáiltear sa Treoir seo a oiriúnú ionas go mbeidh siad i gcomhréir leis an reachtaíocht a bheidh ann amach anseo maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Chun úsáid na faisnéise inbhuanaitheachta corparáidí a shainmhínítear sa Treoir seo le haghaidh dreasachtaí i gcomhthéacs threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí agus bearta maidir le Státchabhair a chumasú, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le sásra meastóireachta, lena n-áirítear táscairí, mar chuid den tuairisciú inbhuanaitheachta lena gceadaítear rátáil chainníochtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta gnóthas.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE | (26) Cuireann Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE |

ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí ***feidhmíochta*** atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a ***aithnítear*** in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach; ***a chinneadh*** cibé ***acu a chuirtear nó nach gcuirtear leasanna na bpáirtithe leasmhara san áireamh i*** samhail ghnó agus straitéis ***ghnó an ghrúpa***; aon ***deiseanna*** don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***sprioc*** inbhuanaitheachta a ***shocraigh an gnóthas*** agus an dul chun cinn ***a rinneadh*** i dtreo ***iad a bhaint amach***; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha

ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi chúig réimse tuairiscithe: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas sin, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí atá ábhartha don ghnó. Níl tagairtí sainráite in Airteagal 19a(1) de Threoir 2013/34/AE do réimsí tuairiscithe eile a mheasann úsáideoirí faisnéise a bheith ábhartha, a bhfuil cuid acu i gcomhréir le nochtaí a chuirtear san áireamh i gcreataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid. Ba cheart ceanglais maidir le nochtadh a shonrú ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun a áirithiú go dtuairisceoidh gnóthais faisnéis faoina n-athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta. I dteannta na réimsí tuairiscithe a ***sainaithnítear*** in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoina straitéis ghnó agus ***faoi*** athléimneacht na samhla gnó agus na straitéise i leith rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, chomh maith le haon phleananna a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó oiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach ***agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú, go háirithe trí fhaisnéis a sholáthar in earnálacha is mó tionchar ar an gcomhshaol, amhail talmhaíocht, iascaireacht, lománaíocht, mianadóireacht agus bonneagar ar mhórscála***; cibé ***an ndéantar, lena*** samhail ghnó agus ***lena*** straitéis***, cearta, leasanna agus riachtanais na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear oibrithe, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla, agus prionsabal an toilithe fheasaigh roimh ré, a urramú agus a choimirciú***; aon ***deis agus riosca*** don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta; cur chun feidhme na ngnéithe den straitéis ghnó a dhéanann difear d'ábhair inbhuanaitheachta nó a

a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; agus ***conas a d'aithin*** an gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn ***siad***. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh.

ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear dóibh; aon ***spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha*** inbhuanaitheachta ***atá bunaithe ar eolaíocht agus faoi cheangal ama arna leagan síos ag an ngnóthas agus cur síos ar na hinfheistíochtaí, ar na gníomhaíochtaí agus ar na beartais arna nglacadh chun na spriocanna sin*** a ***ghnóthú*** agus ***ar*** an dul chun cinn ***atá déanta*** i dtreo ***na spriocanna sin a ghnóthú***; ról an bhoird agus an lucht bainistíochta maidir le hábhair inbhuanaitheachta; ***an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta,*** na ***drochthionchair*** iarbhír agus fhéideartha a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais; ***éifeachtaí diúltacha nó dearfacha chleachtais ghnó, bheartais*** agus ***chinntí gnó*** an ***ghnóthais maidir leis na tionchaira sainaithníodh agus an chaoi ar shainaithin an*** gnóthas an fhaisnéis a thuairiscíonn ***sé, lena n-áirítear an ndeachaigh gnóthais i gcomhairle go díreach le geallsealbhóirí chun an fhaisnéis sin a shainaithint***. Má éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe amhail spriocanna agus an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, ní bhíonn gá a thuilleadh leis an gceanglas ar leithligh chun torthaí beartas a nochtadh.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos

*Leasú*

(27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine***, lena n-áirítear 10+ de chuid na bPrionsabal Treorach maidir le Gnó*** agus ***Cearta an Duine,*** Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó

mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é ***atá i gceist le*** dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír agus ***fhéideartha a bhaineann*** lena ***gcuid gníomhaíochtaí a aithint***, a ***chosc***, a mhaolú agus a ***cheartú*** agus ***aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin***. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

Freagrach, ***Dearbhú Tríthaobhach na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ar Phrionsabail maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta (Dearbhú Tríthaobhach na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair), Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus a phrionsabal maidir le Saorthoil Fheasach Roimh Ré, chomh maith le hionstraimí réigiúnacha eile amhail na Caighdeáin Idir-Mheiriceánacha do Ghnó agus do Chearta an Duine,*** ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é ***an*** dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na ***drochthionchair*** iarbhír agus ***na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith acu*** lena ***ngníomhaíochtaí a shainaithint***, a ***mheasúnú***, a mhaolú***, a stopadh, a fhaire, a chur in iúl, a chur san áireamh,*** agus ***aghaidh*** a ***thabhairt orthu*** agus ***iad a leigheas***. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra ***soláthair agus*** luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca

is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. ***Maidir leis na tionchair ar an smacht reachta agus ar chórais rialachais na tíre ina bhfuil an gnóthas agus a luach agus a slabhraí soláthair ag feidhmiú, ba cheart comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a shaothrú freisin le hionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Éillithe, Roinn VII de Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus prionsabail Choinbhinsiún ECFE maidir le Breabaireacht Oifigeach Poiblí Eachtrach a Chomhrac in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta agus Moltaí gaolmhara.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú le hAirteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE nach mór faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena | (29) Ní shonraítear in Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE cibé an gá an fhaisnéis atá le tuairisciú a bheith ina faisnéis réamhbhreathnaitheach nó ina faisnéis ar fheidhmíocht roimhe seo. Tá easpa nochtaí réamhbhreathnaitheacha ann faoi láthair, rud a mbíonn ardmheas ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta orthu. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú le hAirteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE nach mór faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear. Ba cheart na físeanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur san áireamh leis an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear freisin, agus ba cheart faisnéis a bheith iontu faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena |

| | |
|---|---|
| n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, ***de réir mar is iomchuí***. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. | n-áirítear a chuid oibríochtaí féin, a ***lucht saothair, a infheistíochtaí, a shócmhainní, a*** tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidreamh gnó, agus a shlabhra soláthair, ***agus gach faisnéis úsáideach chun tuiscint a fháil ar na tionchair agus na rioscaí a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta an ghnóthais***. Maidir le faisnéis faoi shlabhra luacha iomlán an ghnóthais, ba cheart faisnéis a chuimsiú a bhaineann lena shlabhra luacha laistigh den Aontas Eorpach agus faisnéis a chumhdaíonn tríú tíortha más rud é go síneann slabhra luacha an ghnóthais lasmuigh den Aontas Eorpach. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta | (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta |

ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht, ***in éineacht le hanailísí*** costais is tairbhe, agus ba cheart ***saineolas páirtithe leasmhara*** ábhartha a ***chur san áireamh*** agus ***í á forbairt***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE)

ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus trédhearcacht, ***agus anailísí*** costais is tairbhe ***a bheith ag gabhail léi***, agus ***í a bheith bunaithe ar phróiseas leathan comhairliúcháin agus a bheith forbartha trí mheán an phróisis sin.*** Ba cheart ***don Choimisiún próiseas trédhearcach a ráthú lena seachnófar aon choinbhleacht leasa, a ráthú go gcuimseofaí go hiomlán, i bhforbairt caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta, ceardchumainn, eagraíochtaí tomhaltóirí, ENRanna agus gach geallsealbhóir*** ábhartha ***eile, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta nó rialtais ó thíortha ina n-oibreoidh an gnóthas nó*** a ***shlabhra luacha*** agus ***soláthair, ionas go mbeidh ionadaíocht ann ar leasanna gach grúpa úsáideoirí***. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart

Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de ***dhá*** mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. ***Thairis sin, ba cheart saineolas agus tuairim an Bhoird um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta d'Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais a chur san áireamh.*** I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de ***thrí*** mhí ón dáta a chuaigh an

Coimisiún i gcomhairle leo.

---

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart ***na*** caighdeáin ***tuairiscithe*** inbhuanaitheachta ***a bheith*** comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na | (35) Ba cheart ***go mbeadh*** caighdeáin ***maidir le tuairisciú*** inbhuanaitheachta comhleanúnach le reachtaíocht eile ***de chuid*** an Aontais***, go háirithe leis an reachtaíocht a dhéileálann leis na saincheisteanna a chumhdaítear leis an Treoir seo***. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú; agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht |

hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin.

chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart ***an*** reachtaíocht ábhartha eile ***go léir de chuid*** an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin.

---

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO

L 342, 22.12.2009, lch. 1).

[58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

[59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

L 342, 22.12.2009, lch. 1).

[58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

[59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú[61] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, ***d'fhonn*** tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. | (36) Ba cheart na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le tuairisciú neamhairgeadais[60] agus na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú[61] a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart ceanglais tuairiscithe eile i dTreoir 2013/34/AE, ***lena n-áirítear tuairisciú ar íocaíochtaí a dhéanann gnóthais le rialtais, a leagtar amach i gCaibidil X den Treoir sin, chomh maith le ceanglais tuairiscithe eile*** nach mbaineann go díreach le hinbhuanaitheacht, a chur san áireamh leo freisin, ***chun*** tuiscint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear ar fhorbairt, feidhmíocht, seasamh agus tionchar ***comhshaoil agus sóisialta*** an ghnóthais, tríd an leas is mó is féidir a bhaint as na naisc idir an fhaisnéis inbhuanaitheachta agus faisnéis eile a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE. |

[60] 2017/C 215/01.

[61] 2019/C 209/01.

[60] 2017/C 215/01.

[61] 2019/C 209/01.

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ba cheart prionsabail agus creataí maidir le hiompar gnó freagrach a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta freisin, mar aon le freagracht shóisialta chorparáideach, agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach agus treoirlínte earnálacha gaolmhara, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, caighdeán ISO 26000 maidir le freagracht shóisialta, agus Prionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le hInfheistíocht Fhreagrach. | (39) Ba cheart prionsabail agus creataí maidir le hiompar gnó freagrach a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta freisin, mar aon le freagracht shóisialta chorparáideach, agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, ***agus a treoir maidir lena áirithiú nach gcuirfear bac ar ghníomhaíochtaí chosantóirí chearta an duine,*** Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach agus treoirlínte earnálacha gaolmhara, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, caighdeán ISO 26000 maidir le freagracht shóisialta, agus Prionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le hInfheistíocht Fhreagrach. ***Ba cheart creataí eile amhail Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus a phrionsabal maidir le Saorthoil Fheasach Roimh Ré, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Éillithe, Roinn VII de Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, prionsabail Choinbhinsiún ECFE maidir le Beirbéireacht Oifigeach Poiblí Eachtrach in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac agus moltaí gaolmhara a chur san áireamh freisin.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | (40) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn gnóthais i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear lucht déanta beartais agus údaráis phoiblí, infheisteoirí, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha***. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir leis na mórthosca comhshaoil uile, lena n-áirítear a dtionchair agus spleáchais ar an aeráid, ar aer, talamh, uisce agus bithéagsúlacht. Soláthraítear aicmiú ar chuspóirí comhshaoil an Aontais le Rialachán (AE) 2020/852. Ar mhaithe le comhleanúnachas, is iomchuí aicmiú comhchosúil a úsáid chun na tosca comhshaoil a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Aon fhaisnéis gheografach nó chomhthéacsúil eile nach mór do ghnóthais a nochtadh chun tuiscint a sholáthar ar na príomhthionchair a bhíonn acu ar ábhair inbhuanaitheachta agus ar na príomhrioscaí don ghnóthas a leanann ó ábhair inbhuanaitheachta, ní mór an fhaisnéis sin a bhreithniú agus a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim | (41) Maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid, is spéis le húsáideoirí foghlaim |

| | |
|---|---|
| faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, agus faoina n-athléimneacht ***i leith cásanna*** difriúla ***aeráide***. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. | faoi rioscaí fisiciúla agus aistrithe gnóthas, ***faoina bpleananna mionsonraithe chun a n-astaíochtaí féin a mhaolú,*** agus faoina n-athléimneacht ***agus faoina bpleananna chun oiriúnú do chásanna aeráide*** difriúla. Tá spéis acu freisin i leibhéal agus raon feidhme na n-aistrithe agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i leith an ghnóthais, lena n-áirítear a mhéid a úsáideann an gnóthas fritháirimh agus foinse na bhfritháireamh sin. Is gá caighdeáin fritháirimh agus cuntasaíochta gás ceaptha teasa a ailíniú chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach. Bíonn faisnéis iontaofa de dhíth ar úsáideoirí maidir le fritháirimh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní i ndáil le comhaireamh dúbailte agus rómheastacháin fhéideartha, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfaí a chruthú le comhaireamh dúbailte agus rómheastachán i ndáil le spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a thuairisciú maidir leis na hábhair sin a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba cheart faisnéis ***faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur*** san ***áireamh san*** fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine ***i gcás inarb ábhartha***. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh | (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba cheart ***don ghnóthas*** faisnéis ***de réir tíre maidir lena lucht saothair, dálaí oibre, lena n-áirítear pá de réir inscne, uaireanta oibre, sláinte agus sábháilteacht fhisiciúil agus shíceolaíoch oibrithe a nochtadh. Ba cheart dó freisin faisnéis a nochtadh maidir le hidirphlé*** |

maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

***sóisialta agus ionadaíocht na n-oibrithe. Ba cheart go n-áireofaí*** san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine ***na tionchair ar chearta an duine agus ar chearta oibrithe ina slabhraí luacha soláthair, lena n-áirítear saotharéigeantais agus pá maireachtála agus saothar leanaí ina slabhraí luacha agus soláthair***. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, lena n-áirítear deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, ***amhail Coinbhinsiún Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***, na choinbhinsiúin ábhartha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair*** agus ***go háirithe*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta***.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. ***Bíonn*** faisnéis ***de dhíth ar*** úsáideoirí faoi chultúr corparáideach ***gnóthas*** agus ***a*** gcur chuige i leith ***eitic ghnó freisin***, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus ***frithbhreabaireacht***, agus ***faoina*** rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais | (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach***, sásraí foláirimh*** agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. ***Ina theannta sin, teastaíonn*** faisnéis ***ó*** úsáideoirí faoi chultúr corparáideach ***na ngnóthas*** agus ***faoin*** gcur chuige i leith ***eitice gnó***, lena n-áirítear ***táscairí nithiúla maidir le frith-éilliú*** agus ***beartais agus cláir frithbhreabaireachta***, agus ***maidir lena*** rannpháirtíocht ***bheartais*** pholaitiúil ***agus phoiblí***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta***, agus maidir le húinéireacht thairbhiúil agus struchtúr eagrúcháin, agus maidir le hurraim na ngnóthas don smacht reachta agus do chórais dea-rialachais na tíre ina n-oibríonn na gnóthais agus a slabhraí luacha agus/nó soláthair***. ***Tá*** faisnéis***, miondealaithe de réir tíortha, maidir le straitéisí agus cleachtais chorparáideacha, maidir le soláthar príobháideach agus poiblí, slándáil, cánacha, caidreamh agus nósanna imeachta riaracháin phoiblí, cumarsáid chorparáideach agus faisnéis chorparáideach, dlíthíocht chorparáideach, mar chuid de ghnéithe den rialachas corparáideach atá tábhachtach le nochtadh. Is é is aidhm do nochtadh na sonraí sin a chur ar chumas infheisteoirí cinntí eolasacha níos fearr a dhéanamh, rialachas corparáideach agus cuntasacht a fheabhsú agus rannchuidiú le himghabháil cánach a shrianadh. Faisnéis*** faoi bhainistiú an ghnóthais agus |

íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** [62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Is minic a bhíonn gnóthas san earnáil chéanna nochta do rioscaí inbhuanaitheachta comhchosúla, agus bíonn tionchair chomhchosúla acu ar an | (46) Is minic a bhíonn gnóthas san earnáil chéanna nochta do rioscaí inbhuanaitheachta comhchosúla, agus bíonn tionchair chomhchosúla acu ar an |

tsochaí agus ar an gcomhshaol go minic freisin. Tá sé fíorluachmhar d'infheisteoirí agus d'úsáideoirí eile na faisnéise inbhuanaitheachta comparáidí a dhéanamh idir gnóthais san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, maidir leis an bhfaisnéis is ceart do ghnóthais i ngach earnáil a nochtadh agus an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh ag brath ar a n-earnáil gníomhaíochta, ba cheart an dá chineál faisnéise araon a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacann an Coimisiún. Ba cheart na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthais maidir le faisnéis a bhailiú ó ghníomhairí ar feadh a slabhra luacha a chur san áireamh leis na caighdeáin freisin, go háirithe ó sholáthraithe FBM ***agus*** ó sholáthraithe i margaí agus geilleagair éiritheacha.

tsochaí agus ar an gcomhshaol go minic freisin. Tá sé fíorluachmhar d'infheisteoirí agus d'úsáideoirí eile na faisnéise inbhuanaitheachta comparáidí a dhéanamh idir gnóthais san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, maidir leis an bhfaisnéis is ceart do ghnóthais i ngach earnáil a nochtadh agus an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh ag brath ar a n-earnáil gníomhaíochta, ba cheart an dá chineál faisnéise araon a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacann an Coimisiún. Ba cheart na ***caighdeáin is infheidhme maidir le gnóthais in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a bheith comhsheasmhach leis na ceanglais tuairiscithe atá i gCaibidil 10 de Threoir 2013/34/AE agus ba cheart a cheangal go ndéanfar nochtuithe inbhuanaitheachta ar leibhéal an tionscadail. Tá nochtadh ar leibhéal an tionscadail ríthábhachtach d'infheisteoirí a bhfuil gá acu le faisnéis chomhsheasmhach agus mhionsonraithe maidir le tionscadail chun tuiscint iomlán a fháil ar thionchar an riosca airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá nochtadh ar leibhéal an tionscadail chomh ríthábhachtach céanna d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtíortha atá ar mhórán acmhainní, chun tuiscint agus a fháil agus grinnscrúdú a dhéanamh ar bhuntáistí na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar na tionchair a bhíonn acu ar an gcomhshaol, ar an tsochaí, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta agus ar na córais rialachais. Ba cheart na*** deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthais maidir le faisnéis a bhailiú ó ghníomhairí ar feadh a slabhra luacha a chur san áireamh leis na caighdeáin freisin, go háirithe ó sholáthraithe FBM**,** ó sholáthraithe i margaí agus geilleagair éiritheacha ***nó soláthraithe atá ag feidhmiú i gcomhthéacs leochaileach, i limistéir a bhaineann le coinbhleacht nó a bhfuil imní slándála orthu***.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh ***faoin 31 Deireadh Fómhair 2022***. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh ***faoin 31 Deireadh Fómhair 2023 ar a dhéanaí***, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach ***3 bliana*** ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. | (47) Chun riachtanais faisnéise úsáideoirí a chomhlíonadh go tráthúil, agus go háirithe i bhfianaise na práinne chun riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chomhlíonadh faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 4, míreanna 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2088, ba cheart don Choimisiún céad sraith de chaighdeáin tuairiscithe a ghlacadh ***laistigh de thréimhse 18 mí ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo***. Ba cheart a shonrú sa tsraith caighdeán tuairiscithe sin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh maidir le gach réimse tuairiscithe agus ábhar inbhuanaitheachta, agus nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart don Choimisiún dara sraith caighdeán tuairiscithe a ghlacadh ***laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, lena sonraítear an fhaisnéis chomhlántach is ceart do ghnóthais a nochtadh faoi ábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe i gcás inar gá, agus faisnéis a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn an gnóthas. Ba cheart ***caighdeáin a fhorbairt mar thosaíocht do ghnóthais atá gníomhach sna earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca ina bhfuil na rioscaí inbhuanaitheachta is déine, go háirithe gnóthais atá gníomhach sa tionscal eastóscach, monarú corpbhirt, barr mórscála, táirgeadh ainmhithe agus bia mara. Ba cheart*** don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin gach ***5 bliana*** |

| | |
|---|---|
| | ar a laghad chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta. ***Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú aonuaire ar na caighdeáin tar éis reachtaíocht díchill chuí a ghlacadh, chun a áirithiú go mbeidh an tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach chomh dlúth agus is féidir leis an dícheall cuí á dhéanamh.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48a) Leis an ardán ar líne chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis, ba cheart go gcuirfí ar chumas úsáideoirí comparáid éasca a dhéanamh idir na sonraí a nochtann cuideachtaí ar líne, lena n-áirítear de réir catagóirí amhail téamaí, earnálacha, tíortha, láimhdeachas agus líon fostaithe.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in | (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in |

| | |
|---|---|
| Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. | Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Déanann gairm an dearbhaithe idirdhealú idir dearbhuithe iontaofachta teoranta agus réasúnacha. Soláthraítear an chonclúid ar dhearbhú iontaofachta teoranta le léiriú diúltach de ghnáth, trína lua nár aithin an cleachtóir aon ábhar as a mbainfí an chonclúid gur tugadh míráiteas ábhartha i leith an ábhair atá i gceist. Déanann an t-iniúchóir líon níos lú tástálacha ná mar a dhéantar le dearbhú iontaofachta réasúnach. Dá bhrí sin, bíonn méid níos lú oibre i gceist le gníomhaíocht dearbhaithe theoranta ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach. Cuimsítear nósanna imeachta fairsinge leis an iarracht oibre a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach lena n-áirítear breithniú ar rialuithe inmheánacha an ghnóthais atá ag tuairisciú agus tástáil shubstainteach, agus dá bhrí sin, bíonn an iarracht oibre i bhfad níos mó ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta teoranta. Léirítear conclúid an chineáil sin dearbhaithe i bhfoirm dhearfach de ghnáth agus luaitear tuairim ar an ábhar a thomhas in aghaidh critéar a sainíodh cheana féin. De réir Airteagal 19a(5) agus Airteagal 29a(5) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go seiceálann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta cibé an ndearnadh an ráiteas neamhairgeadais nó an tuarascáil ar leithligh a sholáthar. Ní éilítear leis an Treoir go ndéanfadh soláthraí neamhspleách de sheirbhísí dearbhaithe an fhaisnéis a fhíorú, cé go gcuireann sé ar chumas na mBallstát an fíorú sin a éileamh más mian leo. In éagmais ceanglas dearbhaithe maidir le tuairisciú | (53) Déanann gairm an dearbhaithe idirdhealú idir dearbhuithe iontaofachta teoranta agus réasúnacha. Soláthraítear an chonclúid ar dhearbhú iontaofachta teoranta le léiriú diúltach de ghnáth, trína lua nár aithin an cleachtóir aon ábhar as a mbainfí an chonclúid gur tugadh míráiteas ábhartha i leith an ábhair atá i gceist. Déanann an t-iniúchóir líon níos lú tástálacha ná mar a dhéantar le dearbhú iontaofachta réasúnach. Dá bhrí sin, bíonn méid níos lú oibre i gceist le gníomhaíocht dearbhaithe theoranta ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach. Cuimsítear nósanna imeachta fairsinge leis an iarracht oibre a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta réasúnach lena n-áirítear breithniú ar rialuithe inmheánacha an ghnóthais atá ag tuairisciú agus tástáil shubstainteach, agus dá bhrí sin, bíonn an iarracht oibre i bhfad níos mó ná mar a bhíonn i gceist le dearbhú iontaofachta teoranta. Léirítear conclúid an chineáil sin dearbhaithe i bhfoirm dhearfach de ghnáth agus luaitear tuairim ar an ábhar a thomhas in aghaidh critéar a sainíodh cheana féin. De réir Airteagal 19a(5) agus Airteagal 29a(5) de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú go seiceálann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta cibé an ndearnadh an ráiteas neamhairgeadais nó an tuarascáil ar leithligh a sholáthar. Ní éilítear leis an Treoir go ndéanfadh soláthraí neamhspleách de sheirbhísí dearbhaithe an fhaisnéis a fhíorú, cé go gcuireann sé ar chumas na mBallstát an fíorú sin a éileamh más mian leo. In éagmais ceanglas dearbhaithe maidir le tuairisciú |

inbhuanaitheachta, i gcodarsnacht leis an gceanglas a chuirtear ar an iniúchóir reachtúil chun dearbhú iontaofachta réasúnach a dhéanamh ar ráitis airgeadais, chuirfí creidiúnacht na faisnéise inbhuanaitheachta a nochtar i mbaol, agus ar an gcaoi sin ní fhéadfaí riachtanais úsáideoirí beartaithe na faisnéise a chomhlíonadh. Cé gurb é an cuspóir leibhéal dearbhaithe comhchosúil a bhaint amach maidir le tuairisciú airgeadais agus inbhuanaitheachta, tá an baol ann go mbeidh tuiscintí agus ionchais dhifriúla ann i ndáil leis an méid a bheadh i gceist le gealltanas dearbhaithe réasúnta le haghaidh catagóirí difriúla faisnéise inbhuanaitheachta toisc nach bhfuil caighdeán a comhaontaíodh i gcomhpháirt ann maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú, go háirithe maidir le nochtaí réamhbhreathnaitheacha agus cáilíochtúla. Dá bhrí sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige forásach chun feabhas a chur ar leibhéal an dearbhaithe a éilítear maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, ag tosú le hoibleagáid ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta chun tuairim a léiriú maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta. Ba cheart a chumhdach leis an tuairim sin cibé an gcomhlíontar caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta nó nach gcomhlíontar, mar aon leis an bpróiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear a aithint de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an chomhlíontacht leis an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil. Ba cheart don iniúchóir measúnú a dhéanamh freisin ar cibé an gcomhlíonann tuairisciú an ghnóthais na ceanglais maidir le tuairisciú atá in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 nó nach gcomhlíonann. Chun comhthuiscint agus ionchais ***choiteann a ráthú*** maidir leis an méid a bheadh i gceist le ***dearbhú***

inbhuanaitheachta, i gcodarsnacht leis an gceanglas a chuirtear ar an iniúchóir reachtúil chun dearbhú iontaofachta réasúnach a dhéanamh ar ráitis airgeadais, chuirfí creidiúnacht na faisnéise inbhuanaitheachta a nochtar i mbaol, agus ar an gcaoi sin ní fhéadfaí riachtanais úsáideoirí beartaithe na faisnéise a chomhlíonadh. Cé gurb é an cuspóir leibhéal dearbhaithe comhchosúil a bhaint amach maidir le tuairisciú airgeadais agus inbhuanaitheachta, tá an baol ann go mbeidh tuiscintí agus ionchais dhifriúla ann i ndáil leis an méid a bheadh i gceist le gealltanas dearbhaithe réasúnta le haghaidh catagóirí difriúla faisnéise inbhuanaitheachta toisc nach bhfuil caighdeán a comhaontaíodh i gcomhpháirt ann maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú, go háirithe maidir le nochtaí réamhbhreathnaitheacha agus cáilíochtúla. Dá bhrí sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige forásach chun feabhas a chur ar leibhéal an dearbhaithe a éilítear maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, ag tosú le hoibleagáid ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta chun tuairim a léiriú maidir lena mhéid a chomhlíontar ceanglais an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta. Ba cheart a chumhdach leis an tuairim sin cibé an gcomhlíontar caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais leis an tuairisciú inbhuanaitheachta nó nach gcomhlíontar, mar aon leis an bpróiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear a aithint de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an chomhlíontacht leis an gceanglas chun tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil. Ba cheart don iniúchóir measúnú a dhéanamh freisin ar cibé an gcomhlíonann tuairisciú an ghnóthais na ceanglais maidir le tuairisciú atá in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 nó nach gcomhlíonann. Chun comhthuiscint agus ionchais maidir leis an méid a bheadh i gceist le ***rannpháirtíocht réasúnta***

| | |
|---|---|
| ***iontaofachta réasúnach***, ba cheart a cheangal ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta tuairim a ***léiriú*** bunaithe ar ***dhearbhú iontaofachta réasúnach*** maidir ***lena mhéid a chomhlíontar*** ceanglais an Aontais ***leis an tuairisciú inbhuanaitheachta, dá nglacfadh an Coimisiún caighdeáin dearbhaithe i ndáil le dearbhú iontaofachta réasúnach ar thuairisciú inbhuanaitheachta***. Ar an gcaoi sin, chumasófaí forbairt fhorásach an mhargaidh um dhearbhú iontaofachta maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, agus forbairt fhorásach chleachtais tuairiscithe gnóthas freisin. Ar deireadh, leis an gcur chuige forásach sin thabharfaí isteach an méadú ar chostais de réir a chéile do ghnóthas atá ag tuairisciú, ós rud é go mbaineann costas níos airde le dearbhú iontaofachta réasúnach ná dearbhú iontaofachta teoranta. | ***dearbhaithe a ráthú***, ba cheart ***don Choimisiún caighdeáin dearbhaithe*** a ***ghlacadh chun tuairisciú inbhuanaitheachta réasúnta a áirithiú faoin 31 Deireadh Fómhair 2023. Ba cheart a*** cheangal ar an iniúchóir reachtúil nó ar an ngnólacht iniúchóireachta ***ansin*** tuairim a ***thabhairt*** bunaithe ar ***rannpháirtíocht dearbhaithe réasúnta*** maidir ***le comhlíonadh an tuairiscithe inbhuanaitheachta le*** ceanglais an Aontais. Ar an gcaoi sin, chumasófaí forbairt fhorásach an mhargaidh um dhearbhú iontaofachta maidir le faisnéis inbhuanaitheachta, agus forbairt fhorásach chleachtais tuairiscithe gnóthas freisin. Ar deireadh, leis an gcur chuige forásach sin thabharfaí isteach an méadú ar chostais de réir a chéile do ghnóthas atá ag tuairisciú, ós rud é go mbaineann costas níos airde le dearbhú iontaofachta réasúnach ná dearbhú iontaofachta teoranta. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 57 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(57a) Ba cheart ardleibhéal neamhspleáchais a áirithiú d'oibríochtaí dearbhaithe tuairiscithe inbhuanaitheachta trí phrionsabal na neamh-chomhoiriúnachta idir fostaíocht reachtúil iniúchóireachta agus dearbhú go bhfuil fostaíocht tuairiscithe inbhuanaitheachta á déanamh ag an iniúchóir reachtúil céanna nó ag an ngnólacht iniúchóireachta céanna a bhunú.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 57 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(57b) Ba cheart ardleibhéal saineolais theicniúil agus speisialaithe i réimse na hinbhuanaitheachta a bheith ag na comhlachtaí iniúchóireachta le haghaidh tuarascálacha inbhuanaitheachta chun an fhaisnéis a mheasúnú.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Le hAirteagal 27 de Threoir 2006/43/CE leagtar amach rialacha maidir le hiniúchadh reachtúil a dhéanamh ar ghrúpa gnóthas. Ba cheart na rialacha sin a ***shíneadh*** chun ***dearbhú iontaofachta ar thuairisciú*** inbhuanaitheachta comhdhlúite a ***chumhdach, i gcás ina ndéanann an t-iniúchóir reachtúil an t-iniúchadh reachtúil***. | (60) Le hAirteagal 27 de Threoir 2006/43/CE leagtar amach rialacha maidir le hiniúchadh reachtúil a dhéanamh ar ghrúpa gnóthas. Ba cheart na rialacha sin a ***leathnú*** chun ***an tuairisciú*** inbhuanaitheachta comhdhlúite a ***dhearbhú***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. | (71) Iarrtar ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a ngníomh trasuite ar FBManna chun a áirithiú ***go gcuireann siad an fhaisnéis riachtanach maidir le cúrsaí agus tionchair inbhuanaitheachta ar fáil ach*** nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe |

| | |
|---|---|
| | dheonacha a chur i bhfeidhm. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas ***beag*** beann ar a bhfoirm dhlíthiúil: | Na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 19d, 29a, 30 agus 33, Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa), míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 34, agus Airteagal 51 den Treoir seo, beidh feidhm acu freisin maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na gnóthais seo a leanas***, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 19a (1), gan*** beann ar a bhfoirm dhlíthiúil: |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 2 – pointí 17 go 20 f (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (17) go (20) seo a leanas isteach: | (2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (17) go (20) seo a leanas isteach: |
| (17) ciallaíonn "***ábhair*** inbhuanaitheachta" fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2, pointe*** (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*4], agus fachtóirí rialachais; | (17) ciallaíonn "***cúrsaí*** inbhuanaitheachta" fachtóirí inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2, pointe*** (24) de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*4], ***eadhon urraim do shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta*** agus ***fostaithe, cearta an duine agus urramú an smachta reachta agus córais dea-rialachais na tíre, an réigiúin nó na críche ina n-oibríonn an gnóthas nó a*** |

***shlabhra soláthair agus*** fachtóirí rialachais;

(18) ciallaíonn "tuairisciú inbhuanaitheachta" tuairisciú faisnéise a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a, 19d agus 29a den Treoir seo;

(19) ciallaíonn ***"sócmhainní doláimhsithe"*** acmhainní ***neamhfhisiceacha a rannchuidíonn le cruthú luacha*** an ghnóthais;

(20) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách" comhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*5 le haghaidh na gníomhaíochta sonraí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir seo.

(18) ciallaíonn "tuairisciú inbhuanaitheachta" tuairisciú faisnéise a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a, 19d agus 29a den Treoir seo;

(19) ciallaíonn ***'dholáimhsithe'*** acmhainní ***neamhfhisiciúla a chuireann le luach cruthaithe*** an ghnóthais ***amhail caipiteal intleachtúil, daonna agus sóisialta agus caipiteal caidrimh***;

(20) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách" comhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*5 le haghaidh na gníomhaíochta sonraí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir seo.

***(20a) ciallaíonn 'earnáil gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca' earnáil gníomhaíochta eacnamaíche atá thar a bheith neamhchosanta ar rioscaí inbhuanaitheachta nó ar dócha go mbeidh tionchair thromchúiseacha iarbhír nó fhéideartha aici ar an gcomhshaol, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais na dtíortha, na réigiún agus na gcríoch ina n-oibríonn an gnóthas nó a shlabhraí soláthair agus arna sainiú ag an gCoimisiún le gníomhartha tarmligthe;***

***(20b ) ciallaíonn 'gnóthas ardriosca' gnóthas atá gníomhach in earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca arna sainiú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe;***

***(20c) ciallaíonn 'straitéis inbhuanaitheachta' pleananna gníomhaíochta an ghnóthais chun SFInna agus spriocanna fadtéarmacha a***

***bhaint amach i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, le Comhaontú Pháras agus le gealltanais ábhartha idirnáisiúnta eile, chomh maith le beartais agus reachtaíocht an Aontais. Áirítear leis sin próisis chorparáideacha díchill chuí arb é is aidhm dóibh na rioscaí agus na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá iarbhír agus a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta a aithint agus a bhainistiú;***

***(20d) ciallaíonn "spriocanna" táscairí intomhaiste, sonracha, faoi cheangal ama agus, i gcás inarb infheidhme, táscairí eolaíochtbhunaithe;***

***(20e) ciallaíonn 'spriocanna intomhaiste sonracha bunaithe ar an eolaíocht' táscairí lena gcuirtear san áireamh clár na Náisiún Aontaithe 'I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', tuarascálacha agus anailís ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ón 'Straitéis Eoraip 2020';***

***(20f) ciallaíonn 'diantionchair' drochtionchair ar dhaoine, ar chearta bunúsacha an duine agus ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar chórais rialachais na tíre, an réigiúin nó na críche ina n-oibríonn an gnóthas nó a shlabhra soláthair agus luacha i dtaca lena chuid oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó, a fhochuideachtaí, agus a shlabhra soláthair, bunaithe ar thromchúis an tionchair ar an ábhar inbhuanaitheachta, líon na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin; agus a dhéanann an dochar is mó i gcoibhneas le***

| | |
|---|---|
| | ***tionchair eile a shainaithin an gnóthas.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gnóthais mhóra agus, amhail ón ***1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2 pointe*** (1), ***pointe*** (a), áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ***ábhair*** inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun ***conas a dhéanann ábhair*** inbhuanaitheachta ***difear d'***fhorbairt, ***feidhmíocht*** agus ***seasamh*** an ghnóthais ***a thuiscint***. | 1. ***Maidir le*** gnóthais mhóra***, eintitis leasa phoiblí*** agus ***na gnóthais uile dá dtagraítear in Airteagal 3(7) atá á rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe ar chríoch an Aontais nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ina ndíolann siad earraí nó ina soláthraíonn siad seirbhísí faoi na socruithe a leagtar amach in Airteagal 19b(1)***, ***na heintitis sin atá cláraithe mar fhondúireachtaí, comhpháirtíochtaí nó struchtúir chomhchosúla a chomhlíonann na critéir do ghnóthas agus,*** amhail ón ***1 Eanáir 2026***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in ***Airteagal 2, pointe*** (1), ***pointe*** (a), ***agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (3) a fheidhmíonn i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca arna sainiú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomh tarmligthe,*** áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ***chúrsaí*** inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun ***tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***ar*** fhorbairt, ***ar fheidhmíocht*** agus ***ar staid*** an ghnóthais ***agus ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar shuíomh shlabhra soláthair agus luacha an ghnóthais***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais, lena n-áirítear: | (a) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais ***agus a cur chun feidhme***, lena n-áirítear: |
| | ***(-i nua) tuairisc ar na drochthionchair agus ar na rioscaí i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta a shainaithin an gnóthas, agus go háirithe na tionchair sin is dócha a tharlóidh ina slabhraí soláthair agus luacha, lena n-áirítear i dtíortha atá i mbéal forbartha. Beidh gá le trédhearcacht i ndáil le táirgí, seirbhísí agus sócmhainní a ghintear;*** |
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais maidir le rioscaí a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta ***agus leis an athrú aeráide***; |
| (ii) deiseanna an ghnóthais a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna ***agus rioscaí*** an ghnóthais a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta***, agus an t-aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de***; |
| (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** | (iii) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** |
| | ***(iii a) an chaoi a gcuireann an tsamhail ghnó agus na straitéisí le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe sna tíortha i mbéal forbartha ina n-oibríonn an gnóthas nó a shlabhraí soláthair agus luacha;*** |
| | ***(iii b) pleananna an ghnóthais chun a áirithiú go n-urramaíonn a shamhail ghnó agus a straitéis cearta oibrithe agus pobail a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh;*** |
| (iv) conas a chuirtear leasanna | (iv) conas a chuirtear leasanna ***agus*** |

| | |
|---|---|
| gheallsealbhóirí an ghnóthais ***agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta*** san áireamh i samhail ***ghnó*** agus straitéis ghnó an ghnóthais; | ***riachtanais*** gheallsealbhóirí an ghnóthais san áireamh i samhail agus straitéis ghnó an ghnóthais ***mar aon le bainistíocht riosca agus príomh-dhrochthionchair iarbhír nó fhéideartha an ghnóthais ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus ar an athrú aeráide feadh an tslabhra soláthair agus luacha ar fad***; |
| (v) ***conas a*** cuireadh straitéis an ghnóthais chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta***;*** | (v) ***an chaoi ar*** cuireadh straitéis ***inbhuanaitheachta*** an ghnóthais chun feidhme ***agus na torthaí a baineadh amach*** maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***agus an t-athrú aeráide agus spriocanna gaolmhara, i ndáil leis na príomhrioscaí, na deiseanna agus na tionchair thromchúiseacha.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta ***atá leagtha*** síos ag an ngnóthas agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***chun*** na spriocanna sin a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***ama, gearra, meántéarmacha agus fadtéarmacha*** a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***arna leagan*** síos ag an ngnóthas ***chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí, deiseanna*** agus ***tionchair a ghníomhaíochtaí, an bhfuil na spriocanna sin eolaíochtbhunaithe in éineacht le fianaise chomhfhreagrach, agus*** ar an dul chun cinn atá déanta ag an ngnóthas ***i dtreo*** na spriocanna sin a bhaint amach***, lena n-áirítear***; |
| | ***(i) conair atá sainithe go soiléir chun na spriocanna agus amchláir chomhfhreagracha a bhaint amach;*** |
| | ***(ii) na modhanna, na príomhshonraí agus an réasúnaíocht a úsáidtear chun na spriocanna sin a leagan síos nach mór dóibh cloí leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí*** |

***Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;***

***(iii) na spriocanna a bheidh le hathbhreithniú ag athbhreithneoirí eolaíocha neamhspleácha, agus le cur ar fáil don phobal i gcoitinne lena n-áirítear faisnéis maidir le conas agus a mhéid atá an gnóthas ailínithe leis an straitéis níos leithne a cháilíonn mar 'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de' de bhun Rialachán (AE) 2020/852;***

***(iv) i gcás inarb ábhartha, anailís ar an easpa dul chun cinn i ndáil leis na spriocanna sin agus na cúiseanna a mhíníonn an dodhéantacht nó an mhainneachtain spriocanna idirmheánacha agus deiridh a bhaint amach;***

***(vi) na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach go rathúil, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha agus cur síos ar na hinfheistíochtaí, ar na gníomhaíochtaí agus ar na beartais a glacadh.***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***;*** | (c) tuairisc ar ról ***agus comhdhéanamh*** na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear:*** |
| | ***(i) a mhéid atá na comhlachtaí sin le hábhair inbhuanaitheachta a chur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, na hacmhainní atá ar fáil dóibh chun sin a dhéanamh;*** |
| | ***(ii) comhsheasmhacht scéimeanna luacha saothair a gcomhaltaí le straitéis inbhuanaitheachta na cuideachta;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(iii) rannpháirtíochtaí sa phróiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta agus maidir le héifeachtaí díobhálacha chomh maith le rannpháirtíocht agus malartuithe leis na geallsealbhóirí éagsúla a ndéanann na tionchair arna sainaithint difear dóibh;*** |
| | ***(iv) rannpháirtíochtaí in anailís rioscaí agus deiseanna don ghnóthas maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(v) an próiseas a cuireadh ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis an ghnóthais a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(vi) an saineolas maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta na gcomhaltaí de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta agus comhairliúchán le saineolaithe seachtracha;*** |
| | ***(vi) na hábhair ar thug na comhlachtaí sin aghaidh orthu le linn na tréimhse tuairiscithe;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta; | (d) tuairisc ar bheartais an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta ***agus go háirithe maidir le tionchair thromchúiseacha agus deiseanna iarbhír nó féideartha a sainaithníodh***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar an méid seo a leanas: | (e) tuairisc ar an méid seo a leanas: |
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta***;*** | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***go háirithe maidir le cearta an duine, cearta sóisialta, an smacht reachta agus córais dea-rialachais agus dícheall cuí ó thaobh an chomhshaoil de feadh an tslabhra soláthair agus luacha ar fad, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus réigiúnacha chearta an duine, treoirlínte agus caighdeáin amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoir Díchill Chuí ECFE um Iompar Gnó Freagrach, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair, Coinbhinsiúin bunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.*** <br><br> ***Ba cheart na ceanglais tuairiscithe maidir le dícheall cuí a bheith bunaithe ar an reachtaíocht atá le teacht maidir le dícheall cuí corparáideach.*** <br><br> ***Sa tuairisc ar phróiseas an díchill chuí chorparáidigh áireofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:*** <br><br> ***- sainaithint, measúnú agus beartú tosaíochta drochthionchair iarbhír agus féideartha,*** <br><br> ***- cosc, maolú agus scor tionchar den sórt sin,*** <br><br> ***- cur chun feidhme agus a dtorthaí a rianú,*** <br><br> ***- sainaithint agus fostú na ndaoine a ndearnadh dochar dóibh, agus*** <br><br> ***- sásraí foláirimh agus an chaoi a bhfaightear agus a mbainistítear gearáin agus casaoidí.*** |
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** | (ii) na ***drochthionchair*** iarbhír nó |

| | |
|---|---|
| iarbhír nó ***ionchasacha*** atá nasctha le slabhra luacha an ***ghnóthais***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | ***féideartha*** atá nasctha le slabhra ***soláthair agus*** luacha an ***ghrúpa***, ***go háirithe mar a sainaithníodh le linn phróiseas an díchill chuí,*** lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo a leanas***; |
| | ***- na daoine go léir a ndéanann na tionchair sin difear dóibh agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a ndéantar idirdhealú orthu go minic nó atá i gcás leochaileach, amhail mná, leanaí, mionlaigh, daoine dúchasacha, daoine bochta nó atá eisiata go sóisialta, daoine LGBTIQ, daoine faoi mhíchumas;*** |
| | ***- éifeacht dhiúltach nó dhearfach bheartais ghnó, chleachtais agus chinntí an ghnóthais maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh, lena n-áirítear éifeacht dhiúltach nó dhearfach bheartais agus chleachtais cheannaigh an ghnóthais;*** |
| (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ***ionchasacha*** a chosc, a mhaolú ***nó*** a leigheas; | (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun drochthionchair iarbhír nó ***fhéideartha*** a ***shainaithint, a mheasúnú, a*** chosc, a mhaolú***,*** a ***stopadh, chun faireachán a dhéanamh orthu, iad a chur in iúl, míniú a thabhairt orthu, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a*** leigheas; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc ar na ***príomhrioscaí*** don ghnóthas a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, lena n-áirítear príomhspleáchais an ghnóthais ar na hábhair sin, agus conas a bhainistíonn an gnóthas na rioscaí sin; | (f) tuairisc ar na ***rioscaí*** don ghnóthas a bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta, lena n-áirítear príomhspleáchais an ghnóthais ar na hábhair sin, agus conas a bhainistíonn an gnóthas na rioscaí sin; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) táscairí atá ábhartha maidir leis na ***nochtaí*** dá dtagraítear i bpointí (a) go (f). | (g) táscairí***, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le feidhmíocht, le tionchar agus le torthaí,*** atá ábhartha maidir leis na ***nochtuithe*** dá dtagraítear i bpointí (a) go (f)***, arna soláthar ag an gCoimisiún trí ghníomh tarmligthe***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. | 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus chúlghabhálach, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. ***Beidh sí soiléir, inrochtana, cruinn, gonta agus iontaofa.*** |
| ***I gcás inarb iomchuí,*** san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis ***maidir le slabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh ***gach*** faisnéis ***faoi shlabhra*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a ***lucht saothair, a infheistíochtaí, a shócmhainní, a*** tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, go háirithe in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca, atá úsáideach chun na tionchair agus na rioscaí a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheacht don ghnóthas a thuiscint***. |
| I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh | I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh |

| | |
|---|---|
| tagairtí freisin d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla. | tagairtí freisin d'fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla. |
| ***Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfaí dochar mór do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais ná ar thionchar a ghníomhaíochta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i roinn shonrach den tuarascáil bhainistíochta agus i bhformáid a bheidh coibhéiseach leis an bhformáid a leagadh síos le haghaidh fhoilsiú na ráiteas airgeadais agus a bheidh comhsheasmhach leis an bhformáid sin.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tuairisceoidh gnóthais an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b. | 4. Tuairisceoidh gnóthais an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b***, agus déanfaidh sé nó sí tuarascálacha ar leith aon fhoghnóthais arna miondealú de réir tíre, a chur in iarscríbhinn***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49 chun liosta na n-earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca a leagtar amach in Airteagal 19a a nuashonrú. Agus an liosta sin á shainiú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh obair an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852 agus Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach, lena n-áirítear obair a bhaineann le mianadóireacht, tionscail eastóscacha, talmhaíocht, éadach agus coisbheart, airgeadas agus loingseoireacht idirnáisiúnta, chomh maith le treoir ábhartha eile ó chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe maidir le hearnálacha sonracha. Cuirfear san áireamh i liosta*** |

| | |
|---|---|
| | ***na n-earnálacha an gá a bheith comhsheasmhach le haicmiú NACE.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Gnóthas ar foghnóthas é beidh sé díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid máthairghnóthais, arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a. Gnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i), de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*6, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.*** | 7. |
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais ***dá dtagraítear i bhfomhír 1*** a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4 a rialú. | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an gnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4 a rialú. |

An Ballstát a ***rialaíonn*** an gnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar ***an*** tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo*** a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta***, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú***.

An Ballstát ***áit*** a ***rialaítear*** an gnóthas ***a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear*** i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite ***máthairchuideachta*** a fhoilsiú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstát nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

Beidh ***an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil*** bhainistíochta de ***chuid gnóthais atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí*** a leagtar amach i ***míreanna 1*** go 4***:***

Beidh ***i dtuarascáil*** bhainistíochta ***fochuideachta*** de ***mháthairghnóthas atá faoi réir na n-oibleagáidí*** a leagtar amach i ***míreanna 1*** go 4 ***ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b;***

***(a) ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 23(4), pointe (i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b;***

***(b) gurb amhlaidh atá an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil do chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, ***i gcás inarb ábhartha,*** sonrófar an struchtúr ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin. Go háirithe: | 1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 49 chun foráil do chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin sonrófar an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a agus, sonrófar an struchtúr***, an fhormáid*** ina dtuairisceofar an fhaisnéis sin ***agus an bealach ina ndearnadh an ríomh***. Go háirithe: |
| (a) ***faoin 31 Deireadh Fómhair 2022***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d’Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. | (a) ***laistigh de 18 mí ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d’Airteagal 19a, agus ar a laghad lena sonraítear faisnéis a chomhfhreagraíonn do riachtanais rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i Rialachán (AE) 2019/2088. |
| (b) ***faoin 31 Deireadh Fómhair 2023***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena ***sonraítear***: | (b) ***laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena ***sonrófar***: |
| (i) faisnéis chomhlántach a thuairisceoidh gnóthais maidir leis na hábhair inbhuanaitheachta agus na réimsí tuairiscithe a liostaítear in Airteagal 19a(2), i ***gcás inar gá***; | (i) faisnéis chomhlántach a thuairisceoidh gnóthais maidir leis na hábhair inbhuanaitheachta agus na réimsí tuairiscithe a liostaítear in Airteagal 19a(2), i ***bhfoirm bheacht agus inrochtana***; |
| | ***(ia) na príomhspriocanna a gceanglaítear ar gach gnóthas tuairisciú ina leith i ndáil le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn siad. | (ii) faisnéis a thuairisceoidh gnóthais a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn siad. ***Déanfar caighdeáin do ghnóthais a oibríonn in earnálacha ardriosca a fhorbairt mar thosaíocht;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(iia) na cuspóirí intomhaiste sonracha bunaithe ar fhianaise eolaíoch a leagtar amach in Airteagal 2 (20b);*** |
| | ***(iib) na critéir agus na rialacha faisnéise cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do FBManna dá dtagraítear in Airteagal 19a(1);*** |
| | ***(iic) na critéir agus na rialacha cur chun feidhme maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta do ghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 3(7) arna rialú ag dlí tríú tír agus nach bhfuil bunaithe san Aontas nuair a oibríonn siad sa mhargadh inmheánach ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí;*** |
| Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***trí*** bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) ***á cur san áireamh,*** agus i gcás inar gá leasóidh ***sé*** an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur ***san áireamh***, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. | Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***cúig*** bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) ***ar choinníoll go ndearnadh an chomhairle sin a fhorbairt ar bhealach neamhspleách*** agus ***lenar áirithíodh gur ghlac gach geallsealbhóir ábhartha páirt fhiúntach sa phróiseas.*** I gcás inar gá**,** leasóidh an ***Coimisiún an*** gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur ***i gcuntas***, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. ***Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú aonuaire ar na gníomhartha tarmligthe thuasluaite tar éis ghlacadh na reachtaíochta atá le teacht maidir le dícheall cuí corparáideach.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú ***intuigthe***, ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. | Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 ceanglófar go bhfuil an fhaisnéis atá le tuairisciú, ***beacht, inrochtana, cruinn,*** ábhartha, ionadaíoch, infhíoraithe, ***iontaofa,*** inchomparáide, agus go léireofar ar dhóigh dhílis í. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás inarb infheidhme, beidh na caighdeáin bunaithe ar eolaíocht agus intomhaiste. Leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaithe dá dtagraítear i mír 1, ceanglófar ar ghnóthais gach faisnéis chomhthéacsúil a nochtadh atá riachtanach chun an fhaisnéis arna tuairisciú a thuiscint.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí comhshaoil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: | (a) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí comhshaoil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: |
| (i) maolú ar an athrú aeráide; | (i) maolú ar an athrú aeráide ***lena n-áirítear laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus míniú réasúnaithe ar ailíniú shamhail ghnó agus straitéis ghnó an*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghnóthais leis an sprioc an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C***; |
| (ii) oiriúnú don athrú aeráide; | (ii) oiriúnú don athrú aeráide***, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint faoi chásanna éagsúla aeráide, spriocanna éagsúla agus pleananna aistrithe mionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin***; |
| (iii) uisce agus acmhainní muirí; | (iii) ***úsáid agus cosaint inbhuanaithe*** uisce***, ithreach, talún*** agus acmhainní muirí***, lena n-áirítear faisnéis faoi na hathruithe ar cháilíocht nó ar chainníocht na n-acmhainní sin agus rochtain chothrom ar na hacmhainní sin ag úsáideoirí eile agus ag geallsealbhóirí áitiúla***; |
| (iv) ***úsáid*** acmhainní agus an ***geilleagar ciorclach***; | (iv) ***spriocanna chun teorainn a chur le húsáid*** acmhainní agus ***cur i bhfeidhm*** an ***gheilleagair chiorclaigh***; |
| (v) truailliú; | (v) truailliú ***d'aon chineál, lena n-áirítear truailliú ó phlaisteach, truailliú uisce, truailliú aeir agus ithreach, truailliú idirleata***; |
| (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais; | (vi) bithéagsúlacht agus éiceachórais ***lena n-áirítear spriocanna chun dífhoraoisiú agus an tionchair ar fhiadhúlra a laghdú***; |
| | ***(vi a) leas ainmhithe, lena n-áirítear dálaí maireachtála agus iompair;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí sóisialta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: | (b) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí sóisialta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: |
| (i) ***comhionannas deiseanna do*** | (i) ***lucht saothair an ghnóthais***, lena n- |

***chách***, lena n-áirítear ***comhionannas inscne agus pá comhionann ar obair chomhionann, oiliúint agus forbairt scileanna, agus fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas;***

áirítear ***sonraí de réir tíre maidir leis an méid seo a leanas:***

***- comhdhéanamh an lucht saothair agus éagsúlacht i leith grúpaí leochaileacha, comhionannas inscne, agus úsáid saothair theagmhasaigh,***

***- comhdheiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne agus pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann chomh maith le trédhearcacht pá,***

***- leibhéil pá imdhealaithe de réir inscne, de réir ceathairíle, de réir catagóir cheirde, agus comparáid leis na híosleibhéil pá agus an pá beo is infheidhme,***

***- saoirse comhlachais, cumhdach cómhargála, cleachtais idirphlé shóisialta, agus comhairliúchán, faisnéis agus rannphháirtíocht oibrithe,***

***- dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán, cothromaíocht oibre is saoil agus timpeallacht oibre shláintiúil, shábháilte agus dea-oiriúnaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le tionóiscí agus cláir shábháilteachta san ionad oibre, i gcomhréir le Treoir 89/391 ón gComhairle,***

***- fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas,***

***- forbairt oiliúna agus scileanna miondealaithe de réir uaireanta, inscne agus catagóir oibrithe agus de réir an mheánchaiteachais ar oiliúint in aghaidh an fhostaí,***

***- bearta a rinneadh chun neamhionannais a laghdú,***

***- éagsúlacht ar gach leibhéal bainistíochta, go háirithe líon na mban ar bhoird, agus an lucht saothair de réir inscne, aoise, bunadh eitneach agus fachtóirí ábhartha eile a d'fhéadfadh a***

***bheith ann;***

(ii) ***dálaí oibre***, lena n-áirítear ***fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe, pá, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, cothromaíocht oibre is saoil, agus timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus dea-oiriúnaithe;***

(ii) ***oibrithe sa slabhra luacha***, lena n-áirítear***:***

***- sonraí earnáilsonracha maidir le hoibrithe sna slabhraí luacha a bhfuil dóchúlacht ard ann go mbeidh drochthionchair iarbhír nó féideartha acu, a chomhfhreagraíonn do na sonraí a bhaineann le fórsa saothair an ghnóthais;***

***- faisnéis maidir leis an tionchar ar chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le saothar éigeantais, saothar leanaí, príobháideacht, saoirse cainte, rochtain ar uisce glan agus sláintíocht, agus tithíocht leordhóthanach, agus***

***- faisnéis faoi chostais saothair a chosaint, agaí íocaíochta agus cealuithe i mbeartais agus i gcleachtais cheannaigh.***

(iii) ***meas ar*** chearta an duine, ***na*** saoirsí bunúsacha, ***na*** prionsabail dhaonlathacha agus ***na*** caighdeáin ***dhaonlathacha a bhunaítear*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus ***croíchoinbhinsiúin*** eile ***de chuid NA maidir le cearta*** an duine, ***Dearbhú*** na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ***san*** Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha ***EIS agus*** Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***.***

(iii) ***urraim do*** chearta an duine, saoirsí bunúsacha, prionsabail dhaonlathacha agus caighdeáin ***arna mbunú*** sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus ***i gcoinbhinsiúin lárnacha*** eile ***NA um chearta*** an duine, ***i nDearbhú*** na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ***ag an*** Obair agus ***i gcoinbhinsiúin ábhartha ILO agus go háirithe*** coinbhinsiúin bhunúsacha ***na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta an Duine,*** Cairt ***Shóisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine, Cairt*** um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Cinneadh UNECE um Chearta an Duine, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine agus an***

***Coinbhinsiún um Chearta an Duine, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine (TRI) agus Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus an Coinbhinsiún maidir le Cearta an Duine, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine agus Cearta an Duine;***

***(iii a) slabhra luacha an ghnóthais a bhaineann le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chúrsaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear faisnéis earnáil-sonrach maidir le soláthróirí, cineálacha táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear, agus ar fhoinsiú agus inrianaitheacht tráchtearraí agus ábhar a bhfuil dóchúlacht ard ann go mbeidh drochthionchair iarbhír nó féideartha acu ar chúrsaí inbhuanaitheachta;***

***(iii b) pobail a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear faisnéis faoi na nithe seo a leanas:***

***- measúnuithe tionchair ar chearta an duine arna ndéanamh ag an ngnóthas nó a slabhraí soláthair agus luacha,***

***- urraim do chearta na bpobal dúchasach agus cur chun feidhme bheartas an ghnóthais maidir leis an gceart chun toiliú feasach roimh ré a fháil,***

***- sláinte, sábháilteacht agus slándáil daoine, saoirse comhthionóil agus saoirse chun tuairimí a nochtadh,***

***- tionchair ar chearta an duine a bhaineann le talamh agus rochtain ar uisce, agus***

***- tionchair eacnamaíocha ar phobail;***

***(iii c) cur chun feidhme agus torthaí phróiseas díchill chuí an ghnóthais.***

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí rialachais, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: | (c) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le fachtóirí rialachais, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: |
| (i) ról chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais, lena n-áirítear maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh; | (i) ról chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais, lena n-áirítear ***ról*** maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta, ***rannpháirtíocht*** agus ***cur chun feidhme cuí na straitéise díchill chuí, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis na geallsealbhóirí*** a ***ndéanann na tionchair shainaitheanta difear dóibh agus a*** gcomhdhéanamh; |
| | ***(ia) urraim do cheart oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais;*** |
| (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus ***frithbhreabaireacht***; | (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear ***beartais frith-éillithe, frithbhreabaireachta, measúnuithe*** agus ***clár riosca, frithfhoréigean san ionad oibre, frithchiapadh agus sásraí agus socruithe inmheánacha foláirimh laistigh den ghnóthas chun sceithirí a chosaint***; |
| (iii) rannpháirtíocht pholaitiúil an ghnóthais, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta; | (iii) rannpháirtíocht pholaitiúil ***agus bheartais agus tionchar*** an ghnóthais, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta ***díreacha agus indíreacha, a speansais, agus shíntiúis pholaitiúla***; |
| | ***(iiia) bainistiú agus cáilíocht an chaidrimh le gníomhaithe stáit agus go háirithe le riaracháin phoiblí, agus faisnéis maidir le cleachtais nós imeachta riaracháin phoiblí lena n-áirítear soláthar poiblí;*** |
| (iv) ***bainistíocht*** agus cáilíocht ***caidreamh le comhpháirtithe gnó***, lena n- | (iv) ***bainistiú ar chomhpháirtithe gnó*** agus cáilíocht ***an chaidrimh***, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| áirítear cleachtais íocaíochta; | cleachtais íocaíochta ***agus ceannacháin, go háirithe i leith FBManna***; |
| | ***(iva) dlíthíocht chorparáideach agus cleachtais maidir le réiteach malartach díospóidí;*** |
| | ***(ivb) cleachtais chánach arna miondealú de réir tíre;*** |
| | ***(ivc) cleachtais slándála;*** |
| (v) córais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an ghnóthais, lena n-áirítear i ndáil le próiseas tuairiscithe an ghnóthais**.** | (v) córais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca an ghnóthais, lena n-áirítear i ndáil le próiseas tuairiscithe an ghnóthais ***agus cur chun feidhme straitéis an dícheall chuí;*** |
| | ***(v a) rannpháirtíocht fhóinteach an ghnóthais leis an tsochaí shibhialta, le pobail áitiúla, le gníomhaithe neamhfhoirmiúla agus struchtúir maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, go háirithe bearta aistrithe amháin agus críoch shóisialta an ghnóthais;*** |
| | ***(v b) faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil agus struchtúr eagraíochtúil, lena n-áirítear fochuideachtaí, fiontair chleamhnaithe, comhfhiontair agus sealúchais neamh-chomhdhlúthaithe;*** |
| | ***(v c) straitéis agus cleachtais chumarsáide chorparáideacha agus faisnéise;*** |
| | ***(v d) urraim don smacht reachta agus do chórais dea-rialachais na tíre, an réigiúin nó na críche ina n-oibríonn an gnóthas agus a luach agus a shlabhra soláthair agus a thionchar ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Gnóthais atá faoi réir oibleagáide*** |

| | |
|---|---|
| | ***tuarascáil a ullmhú agus a phoibliú maidir le híocaíochtaí a dhéantar le rialtais de bhun Airteagal 42, nochtfaidh siad, ar leibhéal an tionscadail mar a shainítear in Airteagal 41(4), na doiciméid agus na sonraí uile is gá chun tuiscint a fháil ar a dtuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagal 19a. Áireofar sna doiciméid sin:*** |
| | ***(a) gach conradh, ceadúnas, léas agus lamháltas lena n-áirítear iarscríbhinní agus leasuithe, a sholáthraíonn na téarmaí a ghabhann le saothrú gáis ola agus acmhainní mianracha;*** |
| | ***(b) aon chomhaontuithe, nó sraitheanna comhaontuithe lena mbaineann soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear iasachtaí, deontais agus oibreacha bonneagair, mar mhalartú iomlán nó páirteach ar thaiscéalaíocht ola, gáis nó mianadóireachta nó lamháltais táirgthe nó seachadadh fisiceach tráchtearraí den sórt sin;*** |
| | ***(c) aon chomhaontuithe a shainordaíonn caiteachas sóisialta cuideachtaí; agus*** |
| | ***(d) aon mheasúnuithe tionchair ar an gcomhshaol agus/nó ar an tionchar sóisialta.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Áireofar leis na caighdeáin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 sásra meastóireachta, bunaithe ar fhaisnéis cháilíochtúil agus ar tháscairí, a fhágann go mbeidh an fhaisnéis inbhuanaitheachta nochta inchomparáide idir cuideachtaí agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***lenar féidir rátáil chainníochtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta chorparáideach mar bhonn don soláthar poiblí, don státchabhair agus do bhearta beartais eile.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Le linn*** gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** de bhun ***mhír 1***, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh: | 3. ***Agus*** gníomhartha tarmligthe ***á nglacadh*** de bhun ***mhír 1***, ***áiritheoidh an Coimisiún comhsheasmhacht lena chuid oibre féin agus leis an obair a dhéanann tionscnaimh dhomhanda chun caighdeáin a thuairisciú, na caighdeáin agus na creataí atá ann cheana maidir le cuntasaíocht caipitil nádúrtha, iompar freagrach gnó, freagracht shóisialta chorparáideach, rialachas corparáideach agus forbairt inbhuanaithe eile a shocrú. Thairis sin,*** cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na critéir a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***a ghlactar*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852*7; | (c) na critéir a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ***arna nglacadh*** de bhun Rialachán (AE) 2020/852[*7] ***a bhfuil a n-indéantacht sa chleachtas agus trí bhíthin teimpléid agus samplaí nithiúla áirithe ag an gCoimisiún***; |

| | |
|---|---|
| *[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). | *[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe h a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[1a].*** |
| | ***[1a] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in | 1. Ullmhóidh gnóthais faoi réir Airteagal 19a a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta i bhformáid tuairiscithe leictreonach aonair i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún*[15] agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas, lena n-áirítear na nochtuithe a leagtar síos in |

| | |
|---|---|
| Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. | Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin***, agus Rialacháin eile dá dtagraítear in Airteagal 19b***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – mír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le hinscne agus gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. ***Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás.*** | (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta ***agus cuimsithe*** a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le hinscne ***comhionannas, frith-idirdhealú, tacaíocht do ghrúpaí mionlaigh*** agus ***do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus*** gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ***ábhair*** inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ***ábhair*** inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ***chúrsaí*** inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá***, miondealaithe de réir tíre,*** chun conas a dhéanann ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta difear d’fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a |

| | |
|---|---|
| | thuiscint. ***Foilseofar an fhaisnéis sin i roinn shonrach den tuarascáil bhainistíochta agus i bhformáid a bheidh coibhéiseach leis an bhformáid a leagtar síos le haghaidh fhoilsiú na ráiteas airgeadais agus comhoiriúnach leis an bhformáid sin.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa, lena n-áirítear: | (a) tuairisc ghearr ar shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa, lena n-áirítear: |
| (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (i) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa maidir le rioscaí a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***agus leis an athrú aeráide***; |
| (ii) deiseanna an ghrúpa a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta; | (ii) deiseanna ***agus rioscaí*** an ghrúpa a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta***, agus an t-aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de***; |
| | ***(iia) measúnú an ghnóthais ar na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta;*** |
| (iii) pleananna an ghrúpa chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** | (iii) pleananna an ghrúpa chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghrúpa comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorannú an téimh dhomhanda chuig ***1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras;*** |
| (iv) conas a chuirtear ***leasanna ghealsealbhóirí an ghrúpa agus tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta*** san áireamh i samhail ghnó agus straitéis ***ghnó*** an ghrúpa; | (iv) conas a chuirtear san áireamh i samhail ghnó agus ***i*** straitéis an ghrúpa ***leasanna gheallsealbhóirí an ghrúpa le tagairt shonrach maidir lena ndearnadh comhairliúcháin dhíreacha le geallsealbhóirí chun an fhaisnéis sin a shainaithint, agus maidir le tionchair an ghrúpa ar chúrsaí inbhuanaitheachta,*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena n-áirítear bearta an ghrúpa chun a áirithiú go n-urramaítear cearta oibrithe, dálaí oibre cuibhiúla, pá cóir, oiliúint agus breisoideachas d'oibrithe, oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo agus cearta ceardchumann a chosaint***; |
| (v) ***conas a*** cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta***;*** | (v) ***an chaoi ar comhtháthaíodh cúrsaí inbhuanaitheachta agus spriocanna gaolmhara, i ndáil leis na príomhrioscaí, na príomhdheiseanna, agus na diantionchair, i straitéis an ghrúpa agus an chaoi ar*** cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta ***agus athrú aeráide.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tuairisc ar na spriocanna a ***bhaineann le hábhair inbhuanaitheachta atá leagtha*** síos ag an ngrúpa agus ***ar dhul*** chun cinn an ***ghnóthais*** chun ***na spriocanna sin*** a bhaint amach; | (b) tuairisc ar na spriocanna ***gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha atá bunaithe ar eolaíocht agus*** a ***bheidh faoi cheangal ama arna leagan*** síos ag an ngrúpa ***chun aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí, príomhdheiseanna*** agus ***príomhthionchair a ghníomhaíochtaí i dtaca le cúrsaí inbhuanaitheachta, mar aon le fianaise chomhfhreagrach agus an dul*** chun cinn ***atá déanta ag*** an ***ngnóthas*** chun ***iad*** a bhaint amach; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***;*** | (c) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(i) na hábhair ar thug na comhlachtaí sin aghaidh orthu le linn na tréimhse tuairiscithe;*** |
| | ***(ii) a rannpháirtíocht sa phróiseas díchill chuí a cuireadh i ngníomh maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, chun drochthionchair a shainaithint, lena n-áirítear aon teagmháil dhíreach leis na geallsealbhóirí a ndéanann na tionchair shainaitheanta difear dóibh;*** |
| | ***(ii) a ról sa phlé maidir leis na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna don ghnóthas a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(iii) straitéis agus spriocanna an ghnóthais a cheadú maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta agus acmhainní airgeadais dá gcur chun feidhme;*** |
| | ***(iv) maoirseacht shonrach ar chur chun feidhme straitéis an ghnóthais i ndáil le cúrsaí inbhuanaitheachta;*** |
| | ***(v) an saineolas maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta atá ag comhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta agus comhairliúchán le saineolaithe seachtracha;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar an méid seo a leanas: | (e) tuairisc ar an méid seo a leanas: |
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le ***hábhair*** | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir ***leis an inbhuanaitheacht*** |

| | |
|---|---|
| ***inbhuanaitheachta***; | ***go háirithe maidir leis an gcomhshaol, cearta an duine, an smacht reachta agus na córais dea-rialachais ar fud an tslabhra soláthair agus luacha ar fad, lena n-áirítear comhionannas inscne agus cearta na n-oibrithe, chomh maith*** le ***pleananna chun saothar leanaí agus saothar éigeantais a dhíothú, i gcomhréir le coinbhinsiúin treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair, coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le dícheall cuí (Treoir (AE) XX/XX)***; |
| | ***Beidh na ceanglais tuairiscithe maidir le dícheall cuí bunaithe ar an reachtaíocht atá le teacht maidir le dícheall cuí corparáideach.*** |
| | ***(ia) struchtúr shlabhra luacha an ghnóthais lena n-áirítear trí mhapáil a oibríochtaí féin, fochuideachtaí, soláthraithe agus caidreamh gnó. Ba cheart ainmneacha, láithreacha, cineálacha táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear a bheith ar áireamh san fhaisnéis a nochtar;*** |
| (ii) na ***príomh-dhrochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha atá nasctha*** le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na ***drochthionchair*** iarbhír nó ***fhéideartha a bhaineann*** le slabhra luacha an ghrúpa ***mar a shainaithnítear iad tríd an bpróiseas díchill chuí***, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***fhochuideachtaí, a*** chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, lena n-áirítear maidir leis na daoine go léir a ndéanann na tionchair sin difear dóibh agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a ndéantar idirdhealú orthu go minic nó atá i gcás*** |

***leochaileach, amhail mná, leanaí, mionlaigh, daoine dúchasacha, daoine bochta nó daoine atá eisiata go sóisialta***; ***Daoine LGBTIQ nó daoine faoi mhíchumas; an éifeacht atá ag beartais, cleachtais agus cinntí gnó an ghnóthais ar na saincheisteanna a sainaithníodh, lena n-áirítear beartais agus cleachtais cheannaigh an ghnóthais;***

| | |
|---|---|
| (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***drochthionchair*** iarbhír nó ***ionchasacha*** a chosc, a mhaolú ***nó*** a leigheas; | (iii) aon ghníomhaíocht a rinneadh, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, chun ***tionchair*** iarbhír nó ***fhéideartha*** a ***shainaithint, a mheasúnú, a*** chosc, a mhaolú***,*** a ***stopadh, chun faireachán a dhéanamh orthu, iad a chur in iúl, míniú a thabhairt orthu, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a*** leigheas; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc ar na ***príomhrioscaí*** don ghrúpa a bhaineann le ***hábhair*** inbhuanaitheachta, lena n-áirítear ***príomhspleáchais*** an ghrúpa ar na fachtóirí sin, agus conas a bhainistíonn an grúpa na rioscaí sin; | (f) tuairisc ar na ***rioscaí*** don ghrúpa a bhaineann le ***cúrsaí*** inbhuanaitheachta, lena n-áirítear ***spleáchais*** an ghrúpa ar na fachtóirí sin, agus conas a bhainistíonn an grúpa na rioscaí sin; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) táscairí ***atá*** ábhartha ***maidir leis na nochtaí*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f). | (g) táscairí ***is*** ábhartha ***do na nochtuithe*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) go (f)***, a chuireann an Coimisiún ar fáil trí*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhíthin gníomh tarmligthe, i gcomhar le comhairle theicniúil EFRAG*.** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ionchais gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh, i gcás inarb iomchuí. | 3. San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh***, a mhéid is féidir,*** faisnéis réamhbhreathnaitheach agus faisnéis maidir le feidhmíocht roimhe sin, agus faisnéis ***i bhfoirm*** cháilíochtúil agus chainníochtúil. San fhaisnéis sin cuirfear tréimhsí ionchais gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha san áireamh, i gcás inarb iomchuí. |
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, i gcás inarb iomchuí. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a ***lucht saothair, a infheistíochtaí, a shócmhainní, a*** tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair, i gcás inarb iomchuí. |
| San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin, i gcás inarb iomchuí, d’fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 29 den Treoir seo agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. | San fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh tagairtí freisin, i gcás inarb iomchuí, d’fhaisnéis eile, agus mínithe breise uirthi, ar faisnéis í a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 29 den Treoir seo agus méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. |
| ***Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfar faisnéis a bhaineann le forbairtí nó ábhair atá le tarlú le linn idirbheartaíochta a fhágáil ar lár i gcásanna eisceachtúla inarb amhlaidh, sa tuairim lena bhfuil údar cuí ó chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, ag gníomhú dóibh laistigh de na hinniúlachtaí a shanntar dóibh leis an dlí náisiúnta agus ar a*** | |

***bhfuil freagracht chomhchoiteann as an tuairim sin, a dhéanfadh dochar mór do sheasamh tráchtála an ghrúpa dá nochtfaí an fhaisnéis sin, ar choinníoll nach gcoisctear leis an easnamh sin tuiscint chothrom ná chóir ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghrúpa ná ar thionchar a ghníomhaíochta.***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin beidh sé díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach i míreanna 1 go 4 má áirítear an máthairghnóthas díolmhaithe sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid gnóthais eile, a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo. Máthairghnóthas ar foghnóthas é ó mháthairghnóthas a bhunaítear i dtríú tír, beidh sé díolmhaithe freisin ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 i gcás ina n-áirítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an mháthairghnóthais sin agus i gcás ina ndéantar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite a tharraingt suas ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 19b den Treoir seo.*** | 7. |
| Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an | Déanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite de chuid an |

| | |
|---|---|
| mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas atá ***díolmhaithe ó na hoibleagáidí*** a leagtar amach i míreanna 1 go 4 a rialú. | mháthairghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír 1 a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 30, ar an dóigh a fhorordaítear le dlí an Bhallstáit lena ndéantar an máthairghnóthas atá ***faoi réir na n-oibleagáidí*** a leagtar amach i míreanna 1 go 4 a rialú. |
| An Ballstát ***a rialaíonn*** an máthairghnóthas ***atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí*** a ***leagtar amach i míreanna 1 go 4, féadfaidh sé a*** cheangal go ***ndéanfar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhoilsiú*** ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta***, agus go ndéanfar aon aistriúchán is gá a dhéanamh sna teangacha sin a dheimhniú***. | ***Féadfaidh*** an Ballstát ***lena rialaítear*** an máthairghnóthas a cheangal go ***bhfoilseofar tuarascáil chomhdhlúite bhainistíochta an mháthairghnóthais sin*** ina theanga oifigiúil nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta. |
| Beidh ***an fhaisnéis uile seo a leanas sa tuarascáil*** bhainistíochta chomhdhlúite de ***chuid máthairghnóthais atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí*** a leagtar amach i ***míreanna 1*** go 4***:*** | Beidh ***i dtuarascáil*** bhainistíochta chomhdhlúite ***fochuideachta*** de ***mháthairghnóthais atá faoi réir na n-oibleagáidí*** a leagtar amach i ***míreanna 1*** go 4 ***ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin inbhuanaitheachta a ghlactar de bhun Airteagal 19b;*** |
| ***(a) ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn faisnéis ar leibhéal grúpa i gcomhréir le hAirteagal 29 agus leis an Airteagal seo, nó ar dhóigh a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach, i gcomhréir leis na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlactar de bhun Airteagal 23(4)(i) de Threoir 2004/109/CE, leis an dóigh a éilítear leis na caighdeáin inbhuanaitheachta a ghlactar de bhun Airteagal 19b;*** | |
| ***(b) gurb amhlaidh atá an gnóthas*** | |

***díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.;***

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh na Ballstáit, áfach, gnóthais a dhíolmhú ón oibleagáid an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú i gcás ina bhféadfar cóip iomlán d'aon tuarascáil den sórt sin nó cuid di a fháil go héasca arna iarraidh sin ar phraghas nach mó ná a costas riaracháin.'*** | ***scriosta*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú ***iontaofachta*** teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán | (aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú ***réasúnta*** teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear comhlíontacht an tuairiscithe inbhuanaitheachta leis na caighdeáin tuairiscithe a ghlactar de bhun Airteagal 19b, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe sin a shainaithint, agus comhlíontacht an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil suas i gcomhréir le hAirteagal 19d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíontacht cheanglais tuairiscithe Airteagal 8 de Rialachán |

(AE) 2020/852.;

(AE) 2020/852.;

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 34 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** na Ballstáit a cheadú do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá comhsheasmhach leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. | 3. ***Déanfaidh*** na Ballstáit a cheadú do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa), a thabhairt, ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglais atá comhsheasmhach leo sin a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (r) den Treoir sin. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Le linn*** gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** de bhun ***Airteagail 19b*** agus 19c, ***cuirfidh*** an Coimisiún comhairle theicniúil ó EFRAG san áireamh, ar choinníoll ***gur forbraíodh*** an chomhairle sin le próis chuí, ***formhaoirseacht*** phoiblí agus trédhearcacht ***chóir*** agus le saineolas ***geallsealbhóirí*** ábhartha***,*** agus go ***bhfuil*** anailísí ***costais is tairbhe*** ag gabháil léi lena ***n-áirítear anailísí ar thionchair na comhairle teicniúla ar ábhair inbhuanaitheachta***. | ***Agus*** gníomhartha tarmligthe ***á nglacadh aige*** de bhun ***Airteagal 19b*** agus ***Airteagal*** 19c, ***áiritheoidh*** an Coimisiún ***go mbeidh na ceardchumainn rannpháirteach. Áireofar leis freisin geallsealbhóirí ábhartha eile agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Féadfaidh sé*** comhairle theicniúil ó EFRAG ***a chur*** san áireamh, ar choinníoll ***go bhfuil*** an chomhairle sin ***forbartha ag comhlacht comhairleach teicniúil neamhspleách arna mhaoiniú ag an Aontas agus atá neamhspleách ó thaobh airgeadais de ar gheallsealbhóirí príobháideacha. Déanfar an chomhairle theicniúil a fhorbairt*** le próis chuí, ***le*** |

| | |
|---|---|
| | ***maoirseacht*** phoiblí agus ***le*** trédhearcacht***,*** agus le saineolas ***agus le rannpháirtíocht dhíreach chothrom na ngeallsealbhóirí*** ábhartha agus ***na gceardchumann*** go ***háirithe. Cumhdófar leis an gcomhairle theicniúil na cúrsaí inbhuanaitheachta uile a leagtar amach in Airteagal 19ú agus in Airteagal 19b agus beidh*** anailísí ag gabháil léi lena ***ndéanfar cothromaíocht a bhaint amach idir na costais a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh ar an gcomhairle theicniúil do ghnóthais maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta agus na tairbhí d'úsáideoirí agus na spriocanna beartais phoiblí***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 3 a – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfaidh an Coimisiún rochtain láithreach do shaineolaithe na Parlaiminte agus na Comhairle ar gach doiciméad agus ar gach cruinniú a bhaineann le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 49 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 1(2), 3(13), 46(2), 19b ná 19c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 1(2), 3(13), 46(2), 19b ná 19c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle |

| | |
|---|---|
| laistigh de thréimhse ***dhá*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | laistigh de thréimhse ***ceithre*** mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.<br>***Sna gníomhartha tarmligthe uile a liostaítear sa chéad fhomhír, áiritheoidh an Coimisiún agus a chomhlachtaí comhairleacha cur chuige comhordaithe agus céimnithe maidir le cur chun feidhme, chun ardcháilíocht tuairiscithe agus sonraí, iontaofacht agus cur chun feidhme a áirithiú.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach atá freagrach agus cineál an tsáraithe; | (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach atá freagrach***, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta*** agus cineál an tsáraithe; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh na Ballstáit pionóis eile a áireamh amhail:***<br>***(a) teidlíocht chun sochar poiblí nó*** |

| | |
|---|---|
| | ***cúnaimh a eisiamh;*** |
| | ***(b) eisiamh sealadach nó buan ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;*** |
| | ***(c) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a dhéanamh.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 – mír 3 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cumas lagaithe na ndaoine agus na n-eagraíochtaí atá buailte, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe sóisialta, cosantóirí chearta an duine agus chomhshaoil agus gníomhaithe frith-éillithe, chun gnóthais a choimeád chun cuntas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn acu ar dhaoine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 51 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. Cuirtear Airteagal 51a isteach:*** |
| | ***Airteagal 51a*** |
| | ***Comhar le tíortha atá i mbéal forbartha*** |
| | ***1. Rachfar i gcomhairle le tíortha atá i mbéal forbartha i nós imeachta an Choimisiúin arb é is aidhm dó na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a shainiú má tá leas*** |

***dlisteanach ann atá bunaithe ar oibriú an ghnóthais nó a shlabhraí soláthair agus luacha ina gcríoch.***

***2. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún dlús leis an gcomhar le tíortha atá i mbéal forbartha d'fhonn a gcórais institiúideacha agus dlí a neartú chun tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir leis na creataí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus Aontais agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta, réigiúnacha agus Aontais.***

***3. Cuirfear tacaíocht speisialta ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide atá ag feidhmiú in earnálacha gníomhaíochta eacnamaíche ardriosca i dtíortha i mbéal forbartha d'fhonn cur chun feidhme cheanglais na Treorach seo maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a éascú, lena n-áirítear maidir le luach gnóthas agus slabhraí soláthair.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 1 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Treoir seo bunaítear rialacha maidir leis an iniúchóireacht reachtúil ar chuntais bhliantúla agus chomhdhlúite agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite, i gcás ina ndéanann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ar ráitis airgeadais an méid sin.; | Leis an Treoir seo bunaítear rialacha maidir leis an iniúchóireacht reachtúil ar chuntais bhliantúla agus chomhdhlúite agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite, i gcás ina ndéanann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ar ráitis airgeadais an méid sin.; |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 8 – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (cc) caighdeáin ***tuairiscithe*** inbhuanaitheachta; | (cc) caighdeáin ***maidir le tuairisciú*** inbhuanaitheachta ***dá dtagraítear in Airteagal 19b de Threoir 2013/34/AE***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – pointe d**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 8 – mír 1 – pointe ff

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ff) próisis díchill chuí maidir le hábhair inbhuanaitheachta;;*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart go ndéanfaí dícheall cuí a chumhdach sa Togra ón gCoimisiún maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe atá ar na bacáin. Murach sin, níor mhór oibleagáidí díchill chuí a áireamh sa tuairisciú sula mbeidh na caighdeáin soiléir, rud a chuireann bac ar dheimhneacht dhlíthiúil.*

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 27 – fomhír 1a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní dhéanfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ar ghnóthas dá dtagraítear in Airteagal 19ú(1) de Threoir 2013/34/AE, nó aon chomhalta den líonra lena mbaineann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta,*** |

***aon dearbhú inbhuanaitheachta a sholáthar go díreach nó go hindíreach don eintiteas a ndéantar iniúchóireacht air, dá mháthairghnóthas nó dá ghnóthais rialaithe laistigh den Aontas:***

***(a) sa tréimhse idir tús na tréimhse a ndearnadh iniúchóireacht uirthi agus eisiúint na tuarascála iniúchta;***

***(b) sa bhliain airgeadais díreach roimh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) i den fhomhír seo.***

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 14 – pointe e**
Treoir 2006/43/CE
Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh*** an tuarascáil iniúchóireachta ***sínithe*** agus ***dátaithe ag an iniúchóir reachtúil***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil agus, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. I gcás ina mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do | ***Déanfaidh*** an ***t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht an*** tuarascáil iniúchóireachta ***a shíniú*** agus ***a dhátú***. I gcás ina ndéanann gnólacht iniúchóireachta an iniúchóireacht reachtúil agus, i gcás inarb infheidhme, dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar an tuarascáil iniúchóireachta, beidh ar a laghad síniú an iniúchóra reachtúil nó na n-iniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus ***síniú an iniúchóra a dhéanann*** dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta. I gcás ina mbeidh níos mó ná iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta amháin fostaithe go comhuaineach, beidh an tuarascáil iniúchóireachta sínithe ag na hiniúchóirí reachtúla uile nó ar a laghad ag na hiniúchóirí reachtúla a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta thar ceann gach gnólachta iniúchóireachta. In imthosca eisceachtúla féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gá an |

| | |
|---|---|
| shlándáil phearsanta aon duine.; | síniú sin ná na sínithe sin a nochtadh don phobal dá bhféadfadh garbhagairt shuntasach teacht as an nochtadh sin do shlándáil phearsanta aon duine.; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag ***Airteagal 4*** den Treoir seo maidir le blianta airgeadais ***dar tús an 1 Eanáir 2023 nó dá éis sin***. | Beidh feidhm ag ***Airteagal 4*** den Treoir seo maidir le blianta airgeadais ***nach luaithe ná bliain airgeadais iomlán amháin ar lena linn a bhí deis ag na gnóthais iad féin a chur in oiriúint do na forálacha agus do na caighdeáin tuairiscithe a leagtar amach sa Treoir seo agus sna gníomhartha tarmligthe a glacadh agus a foilsíodh a ghabhann léi***. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| *Teideal* | *lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach* |
| *Tagairtí* | *COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD)* |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| *Tuairim ó*<br>***Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach*** | ***DEVE***<br>***8.7.2021*** |
| *Rapóirtéir don tuairim*<br>*Dáta an cheapacháin* | *Pierfrancesco Majorino*<br>***14.6.2021*** |
| **Dáta an ghlactha** | 28.2.2022 |
| **Result of final vote** | +: 14<br>–: 11<br>0: 1 |
| *Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach* | *Barry Andrews, Eric Andrieu, Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok* |
| *Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach* | *María Soraya Rodríguez Ramos, Caroline Roose* |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| *14* | **+** |
|---|---|
| ***S&D*** | ***Eric Andrieu, Udo Bullmann, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino*** |
| ***Renew*** | ***Barry Andrews, Catherine Chabaud, Charles Goerens, María Soraya Rodríguez Ramos*** |
| ***Verts/ALE*** | ***Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Caroline Roose*** |
| ***The Left*** | ***Miguel Urbán Crespo*** |
| ***NI*** | ***Antoni Comín i Oliveres*** |

| *11* | **-** |
|---|---|
| ***PPE*** | ***Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé*** |
| ***ID*** | ***Gianna Gancia, Bernhard Zimniok*** |
| ***ECR*** | ***Ryszard Czarnecki, Beata Kempa*** |

| *1* | ***0*** |
|---|---|
| ***ID*** | ***Dominique Bilde*** |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

3.3.2022

## LITIR ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FUINNEAMH

An tUasal Adrián Vázquez Lázara
An Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (COM(2021)0189 – 2021/0104(COD))

A Uasail Vázquez Lázara, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí acu an 14 Iúil 2021, chinn Comhordaitheoirí an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Márta 2022 agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin.

Is éard atá sa tuairim sin ná na leasuithe seo a leanas, agus iarraim ort iad a chur chun vóta, i gcomhréir leis an ngnáthnós maidir le tuairimí faoi Riail 56, le linn na vótála ar an tuarascáil i do choiste:

**ITRE 1**

Aithris 18

(18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go

leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. ***Ba cheart caighdeáin den sórt sin a fhorbairt ag féachaint do na sonraí go léir atá ar fáil agus do thorthaí measúnaithe tionchair ar FBManna (tástáil FBM), agus aird chuí á tabhairt ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais. D'fhonn leas a bhaint as dea-chleachtais agus an leas is fearr a bhaint as na sineirgí idir ceanglais éagsúla maidir le tuairisciú, d'fhéadfaí a áireamh ar na sonraí atá le cur san áireamh, mar shampla, sonraisc agus faisnéis eile arna gcur faoi bhráid soláthraithe seirbhísí tríú páirtí i gcomhthéacs ceanglais rialta eile maidir le tuairisciú.*** Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

**ITRE 2**

Aithris 18a (nua)

***(18a) Agus caighdeáin um thuairisciú á gceapadh aige, ba cheart don Choimisiún comhleanúnachas a áirithiú leis an gcur chuige tionsclaíoch atá bunaithe ar éiceachóras a glacadh ina dhá theachtaireacht is déanaí maidir le straitéis thionsclaíoch (COM(2020)0102 agus COM(2021)0350). Dá réir sin, ba cheart don Choimisiún féachaint le caighdeáin shonracha um thuairisciú a cheapadh atá oiriúnaithe do riachtanais cineálacha áirithe tionscail. Mar chuid de sin, ba cheart don Choimisiún tréimhsí comhairliúcháin cuí a áirithiú chun rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí leasmhara uile, go háirithe oibrithe, fostóirí agus ionadaithe FBManna, a ráthú. Ba cheart don Choimisiún caighdeáin shonracha um thuairisciú inbhuanaitheachta a fhorbairt freisin, ar caighdeáin iad is infheidhme maidir leis an tionscal eastóscach, a chuirfí in oiriúint dá shainiúlachtaí, toisc go bhféadfaidh dúshláin chomhshaoil ar leith a bheith ag baint leis an tionscal sin i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú agus chailliúint na bithéagsúlachta agus, dá bhrí sin, i dtaobh bagairtí ar chearta an duine agus ar shláinte an duine.***

**ITRE 3**

Aithris 27

(27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ***Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 maidir le Ceart na bPobal Dúchasach chun réamhthoiliú saor agus feasach agus reachtaíocht AE maidir le dícheall cuí éigeantach i leith chearta an duine,*** ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair

iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

**ITRE 4**

Aithris 48

(48) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar so-aimsitheacht agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha. Cruthaíonn digiteáil deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. ***Leis an digiteáil, cumasaítear lárú sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i bhformáid oscailte inrochtana lena n-éascaítear an léamh agus lenar féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí.*** Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[1], agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go mbeifí ábalta an fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Cuirfidh na ceanglais sin leis an obair ar dhigiteáil a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht *Straitéis Eorpach maidir le sonraí*[2] agus sa *Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas Eorpach*.[3] Comhlánaíonn na ceanglais sin ionad Eorpach ilfhreastail aonair a chruthú le haghaidh faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, lena ndéantar breithniú ar an ngá le sonraí struchtúrtha freisin.

______

1 Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

2 https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

3 https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_ga

**ITRE 5**

Airteagal 1 – pointe 3

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 a – mír 1)

1. Gnóthais mhóra agus, amhail ó ***[4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, gnóthais bheaga agus mheánmhéide ar gnóthais iad dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (1), pointe (a), áireoidh siad sa tuarascáil bhainistíochta an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint.

**ITRE 6**

Airteagal 1 – pointe 4

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – pointe b – pointe iii)

(iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair***,*** coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, ***Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 maidir le Ceart na bPobal Dúchasach chun réamhthoiliú saor agus feasach*** agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***acquis AE agus an smacht reachta***.

**ITRE 7**

Airteagal 1 – pointe 4

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – pointe c – pointe i)

(i) ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh, ***agus an bhfuil ionadaithe ceardchumann nó na n-oibrithe san áireamh sa chomhdhéanamh sin***;

**ITRE 8**

Airteagal 1 – pointe 4

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 b – mír 2 – pointe c – pointe iii)

(iii) rannpháirtíocht pholaitiúil an ghnóthais, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí brústocaireachta ***agus a bheartais sceithireachta, nach mór cloí leis na dea-chleachtais agus le caighdeáin idirnáisiúnta***;

**ITRE 9**

Airteagal 1 – pointe 4

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c – fomhír 1a (nua))

***Sna caighdeáin um thuairisciú inbhuanaitheachta is infheidhme maidir le FBManna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, bainfear úsáid as foirmeacha tuairiscithe simplithe agus as modhanna a léireoidh a méid, agus a n-inniúlachtaí agus a n-acmhainní atá níos teoranta ó thaobh struchtúir de.***

**ITRE 10**

Airteagal 1 – pointe 4

(Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19 c – fomhír 2a)

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe sin ar a dhéanaí faoin 31 Deireadh Fómhair 2023. ***Sula nglacfaidh sé aon ghníomhartha tarmligthe den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún tástáil chuimsitheach FBM, agus aird chuí á tabhairt aige ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais. Féachfaidh an tástáil sin, go háirithe, ar an mbaol a bhainfidh le díliostú FBManna a spreagadh agus ar an tionchar a bheidh ag an iomaíochas agus saobhadh an mhargaidh ar chórais éagsúla a chur i bhfeidhm i gcás FBManna atá liostaithe agus i gcás FBManna nach bhfuil.***

**ITRE 11**

Airteagal 4a (nua)

***Airteagal 4a***

***Clásal athbhreithniúcháin***

***Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar na leasuithe a dhéantar leis an Treoir seo faoi [6 bliana ó dháta an teacht i bhfeidhm]. San athbhreithniú sin, scrúdófar, go háirithe, tionchar na gcaighdeán um thuairisciú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear na costais indíreacha ghaolmhara agus na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann leo, ar FBManna.***

I dteannta na leasuithe a leagtar amach thuas, thar ceann an Choiste, ba mhaith liom aird a tharraingt, mar chúlra, ar ár measúnú nach n-áirítear sa mheasúnú tionchair sin spriocanna oibríochtúla lena socraítear torthaí sonracha beartais a thagann faoin rogha thosaíochta. Ní leagtar síos ann ach oiread spriocanna ná amlínte sonracha, rud a chiallaíonn nach bhfuil na spriocanna iomlán intomhaiste ná faoi cheangal ama. Ina theannta sin, ní thugann an Coimisiún tús áite d'indéantacht agus inniúlacht cur chun feidhme na n-ullmhaitheoirí sonraí (ó thaobh na tionsclaíochta de), ach tugann sé tús áite d'úsáideoirí sonraí (bainc, soláthraithe seirbhísí airgeadais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha).

Ó dhearcadh FBM, níl cainníochtú déanta i measúnú tionchair an Choimisiúin ar an tionchar ar FBManna a bheidh ag na caighdeáin dheonacha atá beartaithe agus ag na costais indíreacha ghaolmhara, ná ar na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a ghabhann leo ach an oiread. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh atá ós rud é nach féidir an tionchar sin a chainníochtú, de dheasca easpa sonraí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gurb amhlaidh atá ós rud é nár dhírigh an Coimisiún ach ar 1 cheist as 13 cheist a bhain le FBManna ina shuirbhé, agus níor áiríodh ach 3 % de na FBManna liostaithe ar an bpainéal.

Le dea-mhéin,

Cristian-Silviu Buşoi
Cathaoirleach ITRE

| **Na feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | |
|---|---|
| Cristian-Silviu Buşoi | An Cathaoirleach |
| ***Zdzisław Krasnodębski*** | ***Leas-Chathaoirleach*** |
| ***Morten Petersen*** | ***Leas-Chathaoirleach*** |
| ***Patrizia Toia*** | ***Leas-Chathaoirleach*** |
| ***Lina Gálvez Muñoz*** | ***Leas-Chathaoirleach*** |
| ***Isabella Adinolfi*** | |
| ***Nicola Beer*** | |
| ***François-Xavier Bellamy*** | |
| ***Hildegard Bentele*** | |
| ***Tom Berendsen*** | |
| ***Vasile Blaga*** | |
| ***Michael Bloss*** | |
| ***Manuel Bompard*** | |
| ***Paolo Borchia*** | |
| ***Marc Botenga*** | |
| ***Markus Buchheit*** | |
| ***Jerzy Buzek*** | |
| ***Maria da Graça Carvalho*** | |
| ***Ignazio Corrao*** | |
| ***Ciarán Cuffe*** | |
| ***Nicola Danti*** | |
| ***Pilar del Castillo Vera*** | |
| ***Jakop G. Dalunde*** | |
| ***Martina Dlabajová*** | |
| ***Francesca Donato*** | |
| ***Christian Ehler*** | |
| ***Valter Flego*** | |
| ***Niels Fuglsang*** | |
| ***Claudia Gamon*** | |
| ***Jens Geier*** | |
| ***Nicolás González Casares*** | |
| ***Bart Groothuis*** | |
| ***Christophe Grudler*** | |
| ***András Gyürk*** | |
| ***Henrike Hahn*** | |
| ***Robert Hajšel*** | |
| ***Ivo Hristov*** | |
| ***Ivars Ijabs*** | |
| ***Romana Jerković*** | |
| ***Eva Kaili*** | |
| ***Seán Kelly*** | |
| ***Izabela-Helena Kloc*** | |
| ***Łukasz Kohut*** | |
| ***Andrius Kubilius*** | |
| ***Miapetra Kumpula-Natri*** | |
| ***Thierry Mariani*** | |

| | |
|---|---|
| ***Marisa Matias*** | |
| ***Eva Maydell*** | |
| ***Georg Mayer*** | |
| ***Joëlle Mélin*** | |
| ***Iskra Mihaylova*** | |
| ***Dan Nica*** | |
| ***Angelika Niebler*** | |
| ***Ville Niinistö*** | |
| ***Aldo Patriciello*** | |
| ***Mauri Pekkarinen*** | |
| ***Mikuláš Peksa*** | |
| ***Tsvetelina Penkova*** | |
| ***Pina Picierno*** | |
| ***Markus Pieper*** | |
| ***Clara Ponsatí Obiols*** | |
| ***Manuela Ripa*** | |
| ***Robert Roos*** | |
| ***Sara Skyttedal*** | |
| ***Maria Spyraki*** | |
| ***Jessica Stegrud*** | |
| ***Beata Szydło*** | |
| ***Riho Terras*** | |
| ***Grzegorz Tobiszowski*** | |
| ***Patrizia Toia*** | |
| ***Evžen Tošenovský*** | |
| ***Marie Toussaint*** | |
| ***Isabella Tovaglieri*** | |
| ***Henna Virkkunen*** | |
| ***Pernille Weiss*** | |
| ***Carlos Zorrinho*** | |

22.2.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí
(COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Biedroń

## RÉASÚNÚ GEARR

Leagtar síos ceanglais láidre tuairiscithe sa togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le hathmhúnlú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (NFRD) i réimse na hinbhuanaitheachta comhshaoil corparáidí, agus é mar chuspóir leis geilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, gan aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa, a dhéanamh den Aontas Eorpach faoi 2050. Ar an drochuair, níl an leibhéal céanna uaillmhéine i réimse na hinbhuanaitheachta sóisialta sa togra faoi láthair.
Leis an togra reatha le haghaidh NFDR, ní thugtar aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le saincheisteanna amhail éagsúlacht, cuimsiú sóisialta, comhionannas inscne nó cosaint grúpaí mionlaigh agus leochaileacha agus faillítear oibleagáidí agus gealltanais an Choimisiúin ina leith sin, lena n-áirítear:

1. Gealltanais a liostaítear i ‘Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025’, amhail aghaidh a thabhairt ar thearcionadaíocht na mban i bpoist chinnteoireachta i ngnólachtaí agus i dtionscal na hEorpa.

2. Brú a chur le go nglacfaí ‘an Treoir maidir le Mná ar Bhoird’, mar a thugtar uirthi, ina leagtar síos an aidhm 40 % ar a laghad de chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar bhord cuideachta a bheith den ghnéas tearcionadaithe chun cothromaíocht inscne a fheabhsú ar bhoird cuideachtaí móra liostaithe in AE trí fhaisnéis faoi bheartais éagsúlachta cuideachtaí a chomhroinnt.

3. An ceart chun pá comhionann as an obair chéanna nó as obair ar comhionann a luach idir oibrithe ar mná iad agus oibrithe ar fir iad, ceart atá ar cheann de phrionsabail bhunaidh an Aontais Eorpaigh ó tháinig an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar an saol. Go hiarbhír, áfach, cuireadh bac ar a chur chun feidhme mar gheall ar easpa córasach trédhearcachta i gcórais phá, easpa deimhneacht dhlíthiúil agus mar gheall ar bhacainní nós imeachta a bhíonn le sárú acu siúd ar a ndéantar an t-idirdhealú. Le ceanglais trédhearcachta mhéadaithe faoi NFRD d’fhéadfaí faireachán a dhéanamh

ar chlaontacht inscne agus ar idirdhealú a d'fhéadfadh a bheith ann i struchtúir phá cuideachtaí in AE. Ar an gcúis sin, d'eisigh an Coimisiún, an 4 Márta 2021, togra le haghaidh Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, lena n-áirítear ceanglais shonracha tuairiscithe. Ar an drochuair, ní chuirtear na nithe sin san áireamh sa togra le haghaidh NFRD.

4. Chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) i mí na Bealtaine 2021 – in ainneoin thiomantas seanbhunaithe an Aontais don chomhionannas inscne – gur róbheag a bhí déanta ar mhaithe leis an bpríomhshruthú inscne, i.e. chun comhionannas inscne a chur chun cinn go córasach agus go gníomhach i gceapadh beartas agus i gcaitheamh bhuiséad an Aontais. De réir Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, níor leor an anailís inscne ar bheartais agus ar chláir an Aontais. Léiríonn togra NFRD nár tugadh aghaidh ar thorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Agus na pointí thuasluaite á gcur san áireamh, mar aon leis an iliomad bacainní agus idirdhealaithe atá fós le sárú ag mná ar mhargadh an tsaothair, ní mór don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne i bParlaimint na hEorpa a áirithiú go ndéanfar an inbhuanaitheacht shóisialta agus an comhionannas inscne a ionchorprú go leordhóthanach sa treoir atá le teacht.
Mar atá léirithe ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, tógfaidh sé 60 bliain ar a laghad ar an Aontas Eorpach teacht ar chomhionannas inscne ina iomláine, má leanaimid ar aghaidh ar an luas reatha. Tá an leithscaradh san oideachas agus san obair, pá éagothrom a chuireann leis an mbearna phá agus phinsin, mar aon le tearcionadaíocht na mban i bpoist cheannaireachta agus bhainistíochta, ar roinnt de na fadhbanna is mó atá ag cur bac ar an gcomhionannas inscne.

Chun Eoraip atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach agus chun deireadh a chur le neamhionannas struchtúrach idir mná agus fir, tá gá le tiomantas láidir ní hamháin ó institiúidí, ó lucht ceaptha beartas agus ó ENRanna, ach ó na hearnálacha eacnamaíocha go léir agus óna slabhraí soláthair freisin.
Dá bhrí sin, ba cheart bearta frith-idirdhealaithe, éagsúlachta agus comhionannais inscne a bheith ina gcuid lárnach de chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sóisialta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus mionlaigh agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Ní mór dálaí oibre a áireamh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sóisialta, lena n-áirítear sceidil oibre sholúbtha, saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire tuismitheora chomh maith le beartais soláthair atá feasach ó thaobh inscne-chomhionannais de, iniúchtaí feidhmíochta inscne ar sholáthróirí agus measúnú tionchair inscne ar shlabhraí soláthair.
De dheasca phaindéim COVID-19 agus na n-iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann léi, ní mór dul i ngleic leis an tsaincheist sin, i bhfianaise an fhíorais gur oibrithe ar mná iad is déine atá buailte ag an ngéarchéim.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

Togra le haghaidh Treorach
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Is ceart daonna agus bunúsach é comhionannas inscne agus is príomhphrionsabal é de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, i gcomhréir leis na conarthaí, is ag an Aontas a bhfuil sé lena áirithiú go gcuirtear chun cinn é i ngníomhaíochtaí agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais. In ainneoin é a bheith cumhdaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), baineadh an bonn den phrionsabal 'pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach', go príomha mar gheall ar easpa trédhearcachta i gcórais phá, easpa deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an gcoincheap 'obair ar luach comhionann', agus bacainní nós imeachta a bhíonn le sárú acu siúd a ndéantar an t-idirdhealú orthu[1d]. Leis an gceart chun pá chomhionainn a fhorfheidhmiú, mhol an Coimisiún, an 4 Márta 2021, Treoir maidir le Trédhearcacht Pá[1b] mar phríomhghníomhaíocht bunaithe ar Airteagal 157(3) CFAE, lena dtugtar isteach bearta nithiúla maidir le tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní. D'fhógair an Coimisiún freisin go ndéanfaí togra reachtach a chur síos chun foréigean bunaithe ar inscne a chomhrac agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé go ndaingneodh na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le foréigean agus ciapadh a chomhrac i saol na hoibre agus rialacha an Aontais atá ann cheana maidir le hoibrithe a chosaint ar ghnéaschiapadh a chur chun feidhme.*** |
| | ***[1a] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le meastóireacht ar na forálacha ábhartha i dTreoir 2006/54/CE lena gcuirtear chun feidhme*** |

***prionsabal an Chonartha maidir le 'pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, SWD(2020)0051, lch.53-66.***

***[1b] Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin (COM(2020)0093).***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) I dTeachtaireacht uaidh dar teideal A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025, [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, 2020-2025][1a], chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go rannchuidíonn raon leathan tallann agus scileanna le cinnteoireacht níos fearr agus le rialachas corparáideach agus go gcuireann siad borradh faoin bhfás eacnamaíoch. Mar sin féin, tá tearcionadaíocht fós i measc na mban i bpoist chinnteoireachta i ngnólachtaí agus i dtionscal na hEorpa. I ndáil leis sin, tá an Coimisiún tiomanta do bhrú a chur le go nglacfaí 'an Treoir maidir le Mná ar Bhoird', mar a thugtar uirthi, ina leagtar síos an aidhm 40 % ar a laghad de chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhaint amach ar bhord cuideachtaí a bheith den ghnéas tearcionadaithe chun cothromaíocht inscne a fheabhsú ar bhoird cuideachtaí móra liostaithe in AE trí fhaisnéis faoi chuideachtaí a chomhroinnt. Tugadh aghaidh freisin ar*** |

***thearcionadaíocht na mban sa mhargadh saothair sa Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil[1b]. Chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a thugann na cuideachtaí aird ar an éagsúlacht ina gcuid bord agus ar an méid a d'fhéadfadh comhdhéanamh a gcuid bainistíochta cáilíocht a gceannaireachta agus a gcinnteoireachta a fheabhsú, go háirithe i ndáil le feidhmíocht maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta, ba cheart staidéir bhreise a spreagadh sa réimse seo. Is díol sásaimh iad na hiarrachtaí atá déanta cheana ag cuideachtaí agus ag cistí poiblí agus príobháideacha chun beartais éagsúlachta a chur chun feidhme i ndáil leis sin, lena n-áirítear an tionscnamh um Thiomantas don Éagsúlacht.***

___________________

***[1a] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025. [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, 2020-2025].***

***[1b] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2c) Ba cheart cistiú breise ón Aontas a fhorchoimeád do thaighde ar ábhar na*** |

***héagsúlachta, bainistíocht na gcuideachtaí, forbairt gnó, an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht. Sa taighde sin ba cheart féachaint, ar an mórgóir, ar shaintréithe amhail inscne, eitneacht, cultúr, aois, míchumas, taithí ghairmiúil agus oideachas, d'fhonn gach gné de shaincheist na héagsúlachta i mboird agus i mbainistíocht na gcuideachtaí a shoiléiriú go hiomlán.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis neamhairgeadais a bheith á nochtadh ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe. Le Treoir 2014/95/AE cuireadh ceanglas ar ghnóthais faisnéis a thuairisciú maidir le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fhostaithe, meas ar chearta an duine, agus ábhair fhrithéillithe agus fhrithbhreabaireachta, ar a laghad. Maidir leis na topaicí sin, cuireann Treoir 2014/95/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi na réimsí tuairiscithe seo a leanas: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. | (6) Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis neamhairgeadais a bheith á nochtadh ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe. Le Treoir 2014/95/AE cuireadh ceanglas ar ghnóthais faisnéis a thuairisciú maidir le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fhostaithe, meas ar chearta an duine, agus ábhair fhrithéillithe agus fhrithbhreabaireachta, ar a laghad. Maidir leis na topaicí sin, cuireann Treoir 2014/95/AE ceangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi na réimsí tuairiscithe seo a leanas: an tsamhail ghnó, beartais (lena n-áirítear próisis dhíchill chuí arna gcur chun feidhme), toradh na mbeartas, rioscaí agus bainistíocht riosca, agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá ábhartha don ghnó. ***D'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag an bhfianaise sin, inter alia, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun comhionannas inscne, cur chun feidhme choinbhinsiúin bhunúsacha EIS, dálaí oibre, idirphlé sóisialta nó sláinte agus sábháilteacht ag an obair a áirithiú.*** |

| | |
|---|---|
| [47] Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an | [47] Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an |

| | |
|---|---|
| 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1). | 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1). |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Na coincheapa atá le tuairisciú ag gnóthais, lena n-áirítear comhionannas inscne, ba cheart iad a shainiú go leordhóthanach chun comhlíonadh a áirithiú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus inchomparáideacht sonraí a fheabhsú.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras ***eacnamaíoch*** atá cobhsaí, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun na ***tairbhithe*** sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena ***n-áirítear*** bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a | (8) Is iad na saoránaigh agus na coigilteoirí aonair na tairbhithe deiridh den tuairisciú níos fearr ar an inbhuanaitheacht ag gnóthais. Má theastaíonn ó choigilteoirí infheistiú ar bhealach inbhuanaithe tabharfar deis dóibh amhlaidh a dhéanamh, ach ba cheart go dtairbheodh na saoránaigh uile de chóras ***socheacnamaíoch*** atá cobhsaí, inbhuanaithe***, trédhearcach, cuntasach*** agus cuimsitheach. Chun na ***tairbhí*** sin a bhaint amach, ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla gnóthais a chur in iúl do dhá phríomhghrúpa ('úsáideoirí') ar dtús. Is infheisteoirí atá sa chéad ghrúpa úsáideoirí, lena ***n-áirítear*** bainisteoirí sócmhainní, ar mian leo tuiscint níos fearr |

chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá ***n-infheistíochtaí*** agus na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair a bhíonn acu ***ar dhaoine agus ar an gcomhshaol***. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí comhshaoil úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil agus ***sóisialta***, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d’fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

a fháil ar na rioscaí agus deiseanna a chruthaíonn saincheisteanna inbhuanaitheachta dá ***gclú*** agus ***dá n-infheistíochtaí agus*** na tionchair a bhíonn ag na hinfheistíochtaí sin ar dhaoine***, lena n-áirítear saincheisteanna sochaíocha a chur chun cinn amhail comhionannas inscne*** agus ***éagsúlacht agus cuimsiú, agus*** ar an gcomhshaol. Is eagraíochtaí atá sa dara grúpa úsáideoirí, lena n-áirítear, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe sóisialta, ar mian leo gnóthais a thabhairt chun cuntais ar bhealach níos fearr maidir leis na tionchair ***shochaíocha agus chomhshaoil*** a bhíonn acu. Féadfaidh páirtithe leasmhara eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis inbhuanaitheachta a nochtar i dtuarascálacha bliantúla freisin. ***Trí fhaisnéis a bhaineann le hinscne a chomhtháthú i dtuairisciú inbhuanaitheachta, féadfar cuidiú freisin le heagraíochtaí a gcuntasacht i leith na mban agus a dtiomantas i leith comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a léiriú go poiblí.*** Féadfaidh páirtithe gnó gnóthas, lena n-áirítear custaiméirí, brath ar an bhfaisnéis sin chun tuiscint a fháil ar na rioscaí inbhuanaitheachta agus tionchair trína slabhraí luacha féin, agus tuairisciú orthu i gcás inar gá. Féadfaidh lucht ceaptha beartas***, ENRanna, comhpháirtithe eacnamaíocha*** agus ***sóisialta agus*** gníomhaireachtaí comhshaoil ***agus geallsealbhóirí eile*** úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin, go háirithe ar bhonn comhiomlán, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhshaoil***, sóisialta*** agus ***comhionannais inscne***, chun cur le cuntais chomhshaoil, agus chun faisnéis a chur ar fáil i gcomhair beartas poiblí***, lena n-áirítear dul i ngleic leis an idirdhealú***. Is beag saoránach aonair ná tomhaltóir a fhéachann go díreach ar thuarascálacha gnóthas, ach d’fhéadfaidís úsáid a bhaint as faisnéis den sórt sin go hindíreach amhail agus breithniú á dhéanamh acu ar chomhairle nó ar thuairimí comhairleoirí

airgeadais nó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ceannaíonn go leor infheisteoirí agus bainisteoirí sócmhainní faisnéis inbhuanaitheachta ó sholáthraithe sonraí tríú páirtí, a bhailíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha corparáideacha poiblí.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí ***airgeadais*** na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d’infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur nochtadh leochaileachtaí oibrithe agus | (9) Tháinig méadú an-suntasach ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta chorparáideach le blianta beaga anuas, go háirithe ón bpobal infheistíochta. Tá an méadú sin ar an éileamh á spreagadh ag cineál athraitheach na rioscaí do ghnóthais agus feasacht níos mó na n-infheisteoirí ar impleachtaí na rioscaí sin. Is ionann an cás go háirithe maidir le rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Tá feasacht ag méadú freisin ar na rioscaí do ghnóthais agus d’infheistíochtaí a eascraíonn as saincheisteanna comhshaoil eile agus as saincheisteanna sóisialta, lena n-áirítear saincheisteanna sláinte***, cuimsiú agus comhionannas inscne***. Tá an méadú ar an éileamh ar fhaisnéis inbhuanaitheachta á spreagadh ag an bhfás i dtáirgí infheistíochta freisin, a n-iarrtar leo go sainráite caighdeáin inbhuanaitheachta áirithe a chomhlíonadh nó cuspóirí inbhuanaitheachta áirithe a bhaint amach. Tá cuid den mhéadú sin mar iarmhairt loighciúil na reachtaíochta de chuid an Aontais a glacadh roimhe seo, go háirithe Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852. Tharlódh cuid den mhéadú sin in aon chás, toisc go bhfuil feasacht saoránach, roghanna tosaíochta tomhaltóirí agus cleachtais mhargaidh ag athrú go tapa. Tiocfaidh méadú níos mó ar riachtanais faisnéise úsáideoirí de bharr phaindéim COVID-19, go háirithe ós rud é gur |

| | |
|---|---|
| slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar. | nochtadh leochaileachtaí oibrithe***, go háirithe i gcás na mban*** agus ***daoine faoi mhíchumas, agus leochaileachtaí*** slabhraí luacha gnóthas dá thoradh. Tá faisnéis faoi thionchair chomhshaoil ábhartha freisin i gcomhthéacs paindéimí sa todhchaí a mhaolú, ós rud é go bhfuil baint níos mó idir suaitheadh éiceachóras a dhéanann an duine agus tarlú agus scaipeadh galar. ***Faoi láthair, tá líon teoranta sonraí imdhealaithe ó thaobh inscne de á dtuairisciú in ainneoin go gcuimsítear táscairí a bhaineann le hinscne i gcreat GRI.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) D'fhéadfadh na gnóthais féin tairbhiú de thuairisciú ardchaighdeáin a dhéanamh ar ábhair inbhuanaitheachta. Maidir leis an méadú ar líon na dtáirgí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leo cuspóirí inbhuanaitheachta a shaothrú, ciallaíonn sé sin go bhféadfaí rochtain níos fearr ar chaipiteal airgeadais a thabhairt do ghnóthas le tuairisciú inbhuanaitheachta maith. Féadfaidh tuairisciú inbhuanaitheachta cuidiú le gnóthais chun a gcuid rioscaí agus deiseanna féin a aithint agus a bhainistiú i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta. Is féidir leis a bheith ina bhonn i gcomhair idirphlé agus cumarsáid níos fearr idir na gnóthais agus a bpáirtithe leasmhara, agus is féidir leis cuidiú le gnóthais chun feabhas a chur ar an gcáil atá orthu. | (10) D'fhéadfadh na gnóthais féin tairbhiú de thuairisciú ardchaighdeáin a dhéanamh ar ábhair inbhuanaitheachta. Maidir leis an méadú ar líon na dtáirgí infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm leo cuspóirí inbhuanaitheachta a shaothrú, ciallaíonn sé sin go bhféadfaí rochtain níos fearr ar chaipiteal airgeadais a thabhairt do ghnóthas le tuairisciú inbhuanaitheachta maith. Féadfaidh tuairisciú inbhuanaitheachta cuidiú le gnóthais chun a gcuid rioscaí agus deiseanna féin a aithint agus a bhainistiú i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta. Is féidir leis a bheith ina bhonn i gcomhair idirphlé agus cumarsáid níos fearr idir na gnóthais agus a bpáirtithe leasmhara, agus is féidir leis cuidiú le gnóthais chun feabhas a chur ar an gcáil atá orthu. ***Ina theannta sin, baineann an tAontas tairbhe as tuairisciú ardchaighdeáin ar chúrsaí inbhuanaitheachta toisc go mbíonn sé mar threoir ag beartais an Aontais a bhaineann le saincheisteanna tosaíochta amhail comhionannas inscne san ionad oibre.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta a nochtadh. Ach an ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú | (18) I bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach na rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus é á chur san áireamh go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ina gcion suntasach de na gnóthais liostaithe go léir san Aontas, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú is iomchuí a cheangal ar na FBManna sin faisnéis faoi ábhair inbhuanaitheachta ***sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil*** a nochtadh. ***Ní hamháin go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe riachtanach*** ach ***tá siad úsáideach freisin agus is deis iad do chuideachtaí a dtiomantas don aistriú éiceolaíoch, sóisialta atá comhionann ó thaobh inscne de a léiriú agus dá bhrí sin tá siad úsáideach chun príomhchaighdeáin a bhunú, agus ar*** an ***gcaoi sin cuirtear lena mbuntáiste iomaíoch. Ach an*** ceanglas sin a thabhairt isteach, cuideoidh sé chun a áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gnóthais bheaga liostaithe a chur san áireamh i bpunanna infheistíochta ar an mbonn go dtuairiscíonn siad an fhaisnéis inbhuanaitheachta atá de dhíth ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Dá bhrí sin, cuideoidh sé chun rochtain ar chaipiteal airgeadais a chosaint agus a fheabhsú do ghnóthais bheaga liostaithe, agus chun idirdhealú in aghaidh na ngnóthas sin a sheachaint ar thaobh na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Is gá an ceanglas sin a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú go bhfaighidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis atá de dhíth orthu ó ghnóthais |

acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

infheisteora ionas go mbeidís ábalta a gceanglais féin maidir le nochtadh inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 a chomhlíonadh. Ba cheart go leor ama a thabhairt do FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte ullmhú do chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú áfach, toisc go bhfuil siad níos lú agus go bhfuil níos lú acmhainní acu, agus aird á tabhairt ar na cúinsí eacnamaíocha deacra a chruthaigh paindéim COVID-19. Ba cheart an deis a thabhairt dóibh freisin chun tuairisciú de réir caighdeán atá i gcomhréir le hinniúlachtaí agus acmhainní FBManna. Féadfaidh FBManna neamhliostaithe a roghnú na caighdeáin chomhréireacha sin a úsáid ar bhonn deonach freisin. Socrófar tagairt do ghnóthais leis na caighdeáin FBM, a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le leibhéal na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaidís a iarraidh go réasúnta ó sholáthraithe FBM agus ó chliaint ina slabhraí luacha.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann | (27) Chun comhsheasmhacht le hionstraimí idirnáisiúnta a áirithiú, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh um dhícheall cuí a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a dhéantar in Airteagal 19a(1), pointe (b), agus in Airteagal 29a(1), pointe (b) de Threoir 2013/34/AE. Is é atá i gceist le dícheall cuí an próiseas a dhéanann |

gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin.

gnóthais chun na príomh-dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a aithint, a chosc, a mhaolú agus a cheartú agus aithnítear leis conas a thugann siad aghaidh ar na drochthionchair sin. Áirítear le tionchair a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnóthais na tionchair sin a mbíonn an gnóthas ina chúis leo go díreach, tionchair a gcuireann an gnóthas leo, agus tionchair a bhfuil baint acu le slabhra luacha an ghnóthais ar chaoi éigin eile. Baineann an próiseas díchill chuí le slabhra luacha iomlán an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhraí soláthair. I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, measfar drochthionchar iarbhír nó féideartha a bheith ina phríomh-dhrochthionchar i gcás ina n-áirítear é sna tionchair is mó a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais bunaithe ar an méid a leanas: a thromchúisí atá an tionchar ar dhaoine nó ar an gcomhshaol; an líon daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an damáiste don chomhshaol; a éasca is atá sé an díobháil a réiteach, agus an comhshaol nó na daoine a ndearnadh difear dóibh a chur ar ais mar a bhí siad roimhe sin. ***Sa treoir a thugtar do ghnólachtaí maidir le cearta an duine a urramú, ba cheart comhairle a áireamh freisin faoi mhodhanna iomchuí, lena n-áirítear dícheall cuí maidir le cearta an duine, agus ba cheart saincheisteanna maidir le comhionannas inscne, leochaileacht agus imeallú a mheas go héifeachtach, chomh maith leis na dúshláin shonracha a aithint a d'fhéadfadh a bheith roimh mhná, go háirithe daoine LADTI+, mionlaigh chiníocha, eitneacha agus reiligiúnacha, daoine faoi mhíchumas, agus oibrithe imirceacha.***[1a]

***[1a] Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an***

*Duine, lch. 5-6;*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go nochtfar faisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe. Aithnítear go forleathan, nach ndéantar go leor tuairiscithe ar fhaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe agus tosca doláimhsithe eile, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach, rud a chuireann bac ar mheasúnú ceart a dhéanamh ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh gnóthais agus ar fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí. Chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna mhéadaitheach idir leabharluach cuntasaíochta go leor gnóthas agus a luacháil margaidh, a thugtar faoi deara i mórán earnálacha den gheilleagar, ba cheart tuairisciú leordhóthanach ar shócmhainní doláimhsithe a éileamh. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe, lena n-áirítear caipiteal intleachtúil, caipiteal daonna, lena n-áirítear forbairt scileanna, agus caipiteal sóisialta agus caidrimh, lena n-áirítear caipiteal cáile. Ba cheart faisnéis a bhaineann le taighde agus forbairt a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe freisin. | (28) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go nochtfar faisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe. Aithnítear go forleathan, nach ndéantar go leor tuairiscithe ar fhaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe agus tosca doláimhsithe eile, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a ghintear go hinmheánach, rud a chuireann bac ar mheasúnú ceart a dhéanamh ar fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh gnóthais agus ar fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí. Chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna mhéadaitheach idir leabharluach cuntasaíochta go leor gnóthas agus a luacháil margaidh, a thugtar faoi deara i mórán earnálacha den gheilleagar, ba cheart tuairisciú leordhóthanach ar shócmhainní doláimhsithe a éileamh. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ghnóthais faisnéis a nochtadh faoi shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní doláimhsithe a aithnítear sa chlár comhardaithe, lena n-áirítear caipiteal intleachtúil, caipiteal daonna, lena n-áirítear forbairt scileanna, agus caipiteal sóisialta agus caidrimh, lena n-áirítear caipiteal cáile***, agus bearta comhionannais inscne***. Ba cheart faisnéis a bhaineann le taighde agus forbairt a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis faoi shócmhainní doláimhsithe freisin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte amháin go mbeidh an fhaisnéis go léir a nochtfaidh gnóthais dhifriúla | (32) Féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a(1) agus Airteagal 29a(1) de Threoir 2013/34/AE brath ar chreataí tuairiscithe náisiúnta, creataí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó creataí tuairiscithe idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na creataí sin ar ar bhraith siad a shonrú. Ní chuireann Treoir 2013/34/AE ceanglas ar ghnóthais creat nó caighdeán tuairiscithe coiteann a úsáid áfach, agus ní chuireann sí cosc ar ghnóthais a roghnú gan aon chreat ná aon chaighdeán tuairiscithe in aon chor a úsáid. De réir mar a éilítear le hAirteagal 2 de Threoir 2014/95/AE, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha in 2017 do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin[52]. ***Sna treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais cumhdaítear gnóthaí sóisialta agus fostaithe le faisnéis a bhfuiltear ag dréim go nochtfaidh cuideachtaí í, amhail saincheisteanna éagsúlachta, éagsúlacht inscne agus cóir chomhionann san fhostaíocht agus i ngairmeacha beatha, urraim do chearta an duine, mar aon le cúrsaí comhshaoil.*** In 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte breise, maidir le faisnéis a thuairisciú a bhaineann leis an aeráid, go sonrach[53]. Rinneadh moltaí an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a ionchorprú go sainráite sna treoirlínte maidir le tuairisciú a bhaineann leis an aeráid. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil nach raibh tionchar suntasach ag na treoirlínte neamhcheangailteacha sin ar cháilíocht an tuairiscithe neamhairgeadais a rinne gnóthais a thagann faoi raon |

inchomparáide ná go nochtfar an fhaisnéis uile a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide agus go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digiteáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais.

feidhme Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE. Ciallaíonn cineál deonach na dtreoirlínte go bhfuil sé de shaoirse ag na gnóthais féin iad a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú leis na treoirlínte amháin go mbeidh an fhaisnéis go léir a nochtfaidh gnóthais dhifriúla inchomparáide ná go nochtfar an fhaisnéis uile a mheasann úsáideoirí a bheith ábhartha. Is é sin an chúis go bhfuil gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna shainordaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis inchomparáide agus go ndéantar gach faisnéis ábhartha a nochtadh. Ag cur le prionsabal na hábharthachta dúbailte, ba cheart an fhaisnéis uile atá ábhartha d'úsáideoirí a chumhdach sna caighdeáin. Tá gá le caighdeáin tuairiscithe choiteanna freisin chun iniúchadh agus digiteáil an tuairiscithe inbhuanaitheachta a chumasú agus chun maoirseacht agus forfheidhmiú ina leith a éascú. Is gá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta choiteanna shainordaitheacha a fhorbairt chun dul ar aghaidh chuig cás ina mbeadh stádas na faisnéise inbhuanaitheachta inchomparáide le stádas na faisnéise airgeadais.

---

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234).

[53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490).

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais (modheolaíocht maidir le faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú) (C/2017/4234).

[53] Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le tuairisciú neamhairgeadais: Forlíonadh maidir le faisnéis a bhaineann leis an aeráid a thuairisciú (C/2019/4490).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais chun faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ***agus*** cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. | (33) Níl aon chaighdeán ná creat ann faoi láthair a shásaíonn riachtanais an Aontais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta mionsonraithe as féin. Maidir leis an bhfaisnéis a éilítear le Treoir 2013/34/AE, is gá faisnéis a chumhdach léi atá ábhartha ó thaobh gach ceann de na peirspictíochtaí ábharthachta, is gá na hábhair inbhuanaitheachta uile a chumhdach léi agus is gá í a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, le hoibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais chun faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, lena n-áirítear oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán (AE) 2019/2088. Chomh maith leis sin, ní mór na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta shainordaitheacha do ghnóthais an Aontais a bheith i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip***,*** cuspóir aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050 ***agus le prionsabail cholún Eorpach na gceart sóisialta***. Dá bhrí sin, is gá an Coimisiún a chumhachtú chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais a ghlacadh, lena gcuirfear ar a chumas dó iad a ghlacadh go tapa agus a áirithiú go bhfuil ábhar na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta comhsheasmhach le riachtanais an Aontais. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí | (34) Is comhlachas neamhbhrabúis é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a oibríonn chun leasa an phobail trí |

chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d’fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus

chomhairle a sholáthar don Choimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta a fhormhuiniú. Tá EFRAG tar éis cáil a bhaint amach mar lárionad saineolais Eorpach um thuairisciú corparáideach, agus is áit mhaith é chun comhordú a chothú idir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta Eorpacha agus tionscnaimh idirnáisiúnta a fhéachann le caighdeáin a fhorbairt atá comhsheasmhach ar fud an domhain. I mí an Mhárta 2021, rinne tascfhórsa ilpháirtithe leasmhara, a bhunaigh EFRAG, moltaí a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt don Aontas Eorpach. Tá tograí sna moltaí sin chun sraith chomhleanúnach agus chuimsitheach caighdeán tuairiscithe a fhorbairt, lena gcumhdófar gach ábhar inbhuanaitheachta ó pheirspictíocht na hábharthachta dúbailte. Áirítear leis na moltaí sin freisin treochlár mionsonraithe chun caighdeáin den sórt sin a fhorbairt, chomh maith le tograí chun comhar a threisiú go frithpháirteach idir tionscnaimh socraithe caighdeán dhomhanda agus tionscnaimh socraithe caighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh. I mí an Mhárta 2021, d’fhoilsigh Uachtarán EFRAG moltaí maidir le hathruithe féideartha ar rialachas EFRAG dá n-iarrfaí air comhairle theicniúil a fhorbairt i ndáil le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. Áirítear leis na moltaí sin colún tuairiscithe inbhuanaitheachta nua a fhritháireamh laistigh de EFRAG gan modhnú suntasach a dhéanamh ar an gcolún tuairiscithe airgeadais atá ann cheana féin. Nuair atá caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh, ba cheart don Choimisiún comhairle theicniúil a fhorbróidh EFRAG a chur san áireamh. Chun caighdeáin ardcháilíochta a áirithiú a chuireann le leas phobal na hEorpa agus lena gcomhlíontar riachtanais gnóthas agus úsáideoirí na faisnéise a thuairiscítear, ba cheart comhairle theicniúil EFRAG a fhorbairt le próis chuí chóir, formhaoirseacht phoiblí agus

trédhearcacht, in éineacht le hanailísí costais is tairbhe, agus ba cheart saineolas páirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh agus í á forbairt. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí

trédhearcacht, in éineacht le hanailísí costais is tairbhe, agus ba cheart saineolas páirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh agus í á forbairt. Chun a áirithiú go gcuirfear dearcaí Bhallstáit an Aontais san áireamh le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le comhairle theicniúil EFRAG sula nglacann sé na caighdeáin sin. Tá ról ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcaighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus is gá comhleanúnachas a bheith ann idir na caighdeáin theicniúla rialála sin agus na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54], tá ról ag ESMA freisin i gcóineasú maoirseachta a chur chun cinn agus tuairisciú inbhuanaitheachta á fhorfheidhmiú ag eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh agus a gceanglófar orthu na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ESMA tuairim a sholáthar maidir le comhairle theicniúil EFRAG. Ba cheart an tuairim sin a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh ón gCoimisiún. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an ***Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, an*** Banc Ceannais Eorpach, Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus an tArdán maidir le

sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

Maoiniú Inbhuanaithe***, agus i gcás inarb ábhartha, geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear ceardchumainn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** chun a áirithiú go bhfuil na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta comhleanúnach le beartas agus reachtaíocht ábhartha an Aontais. I gcás ina gcinneann aon cheann de na comhlachtaí sin tuairim a thíolacadh, déanfaidh siad é laistigh de dhá mhí ón dáta a chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

---

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[54] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | (35) Ba cheart na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bheith comhleanúnach le reachtaíocht eile an Aontais. Go háirithe, ba cheart na caighdeáin sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088, agus ba cheart na táscairí agus modheolaíochtaí forluiteacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe éagsúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 a chur san áireamh, mar aon leis na ceanglais maidir le nochtadh is infheidhme maidir le riarthóirí tagarmhairc de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

***gComhairle***[55], agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú***;*** agus maidir le haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin.

***gComhairle***, agus na híoschaighdeáin le haghaidh tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras a fhorléiriú***, mar aon le Straitéis 2020-2025 maidir le Comhionannas Inscne*** agus ***forálacha na Treorach a bheidh ann amach anseo*** maidir le ***Trédhearcacht Pá, agus maidir le*** haon obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus ceanglais nochta Cholún III ó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 á gcur chun feidhme. Ba cheart reachtaíocht chomhshaoil an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh sna caighdeáin, lena n-áirítear Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] agus Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], agus ba cheart Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún[58] agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, agus na nuashonruithe orthu, a chur san áireamh freisin. Ba cheart reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], agus ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais do ghnóthais a mhéid a bhaineann le dualgais stiúrthóirí agus dícheall cuí, a chur san áireamh freisin.

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i

[55] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

[56] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i

| | |
|---|---|
| gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). | gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). |
| [57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1). | [57] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1). |
| [58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). | [58] Moladh ón gCoimisiún 2013/179/AE an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1). |
| [59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | [59] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe agus cearta an duine, a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe ***inbhuanaitheachta***. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san | (43) Ba cheart an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le tosca sóisialta, lena n-áirítear tosca fostaithe***, cearta saothair*** agus cearta an duine ***lena ndírítear ar an gcomhionannas inscne***, ***an éagsúlacht agus an cuimsiú*** a shonrú i gcaighdeáin tuairiscithe. Ba cheart na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine, lena n-áirítear ar shláinte daoine, a chumhdach le faisnéis den sórt sin. Ba |

fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***prionsabail*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, ***lena n-áirítear*** deiseanna comhionanna do gach duine agus dálaí oibre. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. Ba cheart a shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair ***agus*** coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

cheart faisnéis faoi shaothar éignithe ina slabhraí luacha a chur san áireamh san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chearta an duine i gcás inarb ábhartha. I gcás caighdeáin tuairiscithe lena dtugtar aghaidh ar thosca sóisialta, ba cheart a shonrú iontu an fhaisnéis is gá do ghnóthais a nochtadh maidir le ***20 prionsabal*** Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ábhartha do ghnólachtaí, ***go háirithe*** deiseanna comhionanna do gach duine***, lena n-áirítear comhionannas inscne, cothromaíocht oibre is saoil,*** agus dálaí oibre ***cothroma***. Éilítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a glacadh i mí an Mhárta 2021 go gcuirfí ceanglais níos láidre ar ghnóthais chun tuairisciú a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sóisialta. ***Tá nochtaí comhshaoil agus freagrachta sóisialta comhlántach lena chéile. I gcás na gcuideachtaí a dhéanann nochtaí comhshaoil a mhéadú, ní hé go gciallaíonn sé sin go ndéanann siad nochtaí sóisialta a mhéadú. D'ainneoin an difir sin sa chleachtas maidir le nochtadh, is cosúil go dtugann an margadh caipitil luach níos mó do nochtaí sóisialta níos airde i gcoitinne[1a].*** Ba cheart ***an leibhéal céanna uaillmhéine*** a ***bheith ag an tuairisciú ar inbhuanaitheacht comhshaoil agus ar inbhuanaitheacht shóisialta. Ba cheart a áirithiú san fhaisnéis a nochtann gnóthais faoi chomhionannas inscne liosta de na gníomhaíochtaí reatha lena gcuirtear chun cinn comhdheiseanna, éagsúlacht, cothromaíocht oibre is saoil agus bearta frithchiaptha san ionad oibre, agus lena n-áirithítear pá comhionann as obair chomhionann gan beann ar inscne, i gcomhréir, i gcás inarb infheidhme, leis na ceanglais maidir le tuairisciú pá a bhunófar leis an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá. Ba cheart a*** shonrú sna caighdeáin tuairiscithe freisin an fhaisnéis is ceart do ghnóthais a nochtadh i ndáil le cearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa

Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine ***lena n-áirítearan Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)***, ***Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta***, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Cairt Shóisialta na hEorpa*** agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

---

***[1a] Aireacht Chónaidhme agus Gnóthaí Sóisialta na Gearmáine – What is CSR? Benefits for companies [Cad is CSR ann? Sochair do chuideachtaí], https://www.csr-in-deutschland.de/EN/What-is-CSR/Benefits-for-Companies/benefits-for-companies-article.html***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43a) Chun Eoraip atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach agus chun deireadh a chur le neamhionannas struchtúrach idir mná agus fir, tá gá le tiomantas méadaithe ó na hearnálacha eacnamaíocha go léir agus ar fud na slabhraí soláthair freisin. Dá bhrí sin, ba cheart bearta frith-idirdhealaithe, éagsúlachta agus comhionannais inscne a bheith ina gcuid lárnach de chaighdeáin*** |

***tuairiscithe inbhuanaitheachta sóisialta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus mionlaigh agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart dálaí oibre a áireamh i gcaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sóisialta, lena n-áirítear sceidil oibre sholúbtha, saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire tuismitheora chomh maith le beartais soláthair atá feasach ó thaobh inscne-chomhionannais de, iniúchtaí feidhmíochta inscne ar sholáthróirí agus measúnú tionchair inscne ar an slabhra soláthair. De dheasca phaindéim COVID-19 agus na n-iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann léi, ní mór dul i ngleic leis an tsaincheist sin, i bhfianaise an fhíorais gur oibrithe ar mná iad is déine atá buailte ag an ngéarchéim.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, agus rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas agus ***a*** gcur chuige i leith ***eitic ghnó freisin***, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, agus faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a | (44) Bíonn faisnéis faoi thosca rialachais de dhíth ar úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis faoi ról comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta gnóthais, lena n-áirítear maidir le hábhair inbhuanaitheachta, comhdhéanamh na gcomhlachtaí sin, ***de réir inscne, go háirithe maidir le rannpháirtíocht na n-oibrithe*** agus ***na mban, aois, cúlraí eitneacha nó ciníocha agus gnéithe eile éagsúlachta agus trasnacha, agus*** rialú inmheánach agus córais bainistíochta riosca gnóthais, lena n-áirítear i ndáil leis an bpróiseas tuairiscithe. Bíonn faisnéis de dhíth ar úsáideoirí faoi chultúr corparáideach gnóthas***, lena n-áirítear cóir chomhionann*** agus ***comhdheiseanna, bearta maidir leis an gcuimsiú agus an éagsúlacht, forálacha lena gcuirtear cosc*** |

bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

***ar shlua-ionsaí, ar ghnéaschiapadh agus lena laghdaítear foréigean in aghaidh na mban, agus faoina*** gcur chuige i leith ***eitice gnó***, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, ***frith-idirdhealú*** agus ***frithchiapadh agus*** faoina rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta. Faisnéis faoi bhainistiú an ghnóthais agus faoi cháilíocht na gcaidreamh le páirtithe gnó, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse íocaíochta, an ráta úis maidir le híocaíocht dhéanach nó an cúiteamh i leith costais téarnaimh dá dtagraítear i dTreoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála, cuidíonn an fhaisnéis sin le húsáideoirí tuiscint a fháil ar rioscaí gnóthais chomh maith leis na tionchair a bhíonn aige ar ábhair inbhuanaitheachta. Gach bliain, bíonn ualaí riaracháin agus airgeadais ar na mílte gnólachtaí, go háirithe FBManna, toisc go n-íoctar go déanach iad, nó nach n-íoctar in aon chor iad. Sa deireadh, tarlaíonn dócmhainneacht agus féimheacht de bharr íocaíochtaí déanacha, agus bíonn droch-éifeachtaí acu sin ar shlabhraí luacha ina n-iomláine. Má mhéadaítear an fhaisnéis faoi chleachtais íocaíochta, ba cheart go ndéanfaí gnóthais eile a chumhachtú chun íocóirí iontaofa a íocann go pras a aithint, chun cleachtais íocaíochta éagóracha a aithint, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na gnólachtaí lena mbíonn siad ag trádáil, agus téarmaí íocaíochta níos córa a chaibidliú.

[62] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar so-aimsitheacht agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha. Cruthaíonn digiteáil deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815[63] ón gCoimisiún***, agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go mbeifí ábalta an fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. ***Cuirfidh*** na ceanglais sin leis an obair ***ar dhigiteáil*** a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht Straitéis Eorpach maidir le ***sonraí [64]*** agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas ***Eorpach***.[65] ***Comhlánaíonn*** na ceanglais sin ***ionad*** Eorpach ***ilfhreastail aonair*** a chruthú ***le haghaidh*** faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ***lena ndéantar breithniú ar an ngá*** le sonraí struchtúrtha ***freisin***. | (48) Ní éilítear le Treoir 2013/34/AE go gcuirfear na ráitis airgeadais ná an tuarascáil bhainistíochta ar fáil i bhformáid dhigiteach, rud a chuireann bac ar so-aimsitheacht agus ar inúsáidteacht na faisnéise a thuairiscítear. Bíonn coinne ag úsáideoirí na faisnéise inbhuanaitheachta i gcónaí go mbeidh an fhaisnéis sin so-aimsithe agus inléite ag meaisín i bhformáidí digiteacha ***agus go hiomlán inrochtana, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas***. Cruthaíonn digiteáil deiseanna chun faisnéis a shaothrú ar bhealach níos éifeachtúla agus d'fhéadfaí coigilteas costais suntasach a dhéanamh leis d'úsáideoirí agus do ghnóthais araon. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais a ráitis airgeadais agus a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú i bhformáid XHTML i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2019/815 ón gCoimisiún[63]***, agus faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Beidh gá le tacsanomaíocht dhigiteach ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta an Aontais ionas go mbeifí ábalta an fhaisnéis a thuairiscítear a chlibeáil i gcomhréir leis na caighdeáin sin. ***Ba cheart*** na ceanglais sin ***a bheith ina rannchuidiú*** leis an obair a d'fhógair an Coimisiún ina Theachtaireacht ***an*** Straitéis Eorpach maidir le ***Sonraí[64]*** agus sa Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas.[65] ***Déantar comhlánú leis*** na ceanglais sin ***ar phointe aonair rochtana*** Eorpach a chruthú ***i gcomhair*** faisnéis chorparáideach phoiblí mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, ***ina gcuirtear san áireamh freisin an gá atá*** le sonraí |

struchtúrtha.

---

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65]https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en

[63] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

[64] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/european-strategy-data

[65]https://ec.europa.eu/info/publications/200924-digital-finance-proposals_en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. | (49) Chun gur féidir an fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairiscítear a chuimsiú san ionad Eorpach ilfhreastail aonair ***agus chun a áirithiú go ndéanfar amhlaidh***, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilsíonn gnóthais an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla a formheasadh go hiomchuí san fhormáid leictreonach forordaithe, agus a áirithiú go ndéantar tuarascálacha bainistíochta ina bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta a chur ar fáil gan mhoill tar éis a bhfoilsithe, don sásra ábhartha a ceapadh go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena ***comhlachtaí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne agus ar chur chun feidhme na mbeartas sin. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile. | (51) Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE ceanglaítear ar ghnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte ráiteas rialachais chorparáidigh a chuimsiú ina dtuarascáil bhainistíochta, nach mór tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuir an gnóthas i bhfeidhm i ndáil lena ***chomhlachtaí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta a bheith san áireamh ann, i measc nithe eile***, maidir le gnéithe amhail aois, inscne nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus torthaí an chur chun feidhme sa tréimhse tuairiscithe***. Le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE fágtar solúbthacht do ghnóthais a chinneadh cén gnéithe den éagsúlacht a ndéanfaidh siad tuairisciú ina leith. Ní chuireann sé oibleagáid ar ghnóthais go sainráite chun faisnéis a chuimsiú ar aon ghné ar leith den éagsúlacht. Chun bogadh i dtreo rannpháirtíocht níos cothroime ó thaobh inscne de i gcinnteoireacht eacnamaíoch, is gá a áirithiú go ndéanann gnóthais a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargaí rialáilte tuairisciú ***i gcónaí*** ar a gcuid beartais maidir le héagsúlacht inscne agus ***maidir le comhionannas inscne agus*** ar chur chun feidhme na mbeartas sin ***go háirithe, agus é mar aidhm acu ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach ar bhoird chuideachtaí, ceanglais a chomhlíonadh a bhaineann le Treoir a bheidh ann amach anseo maidir le Trédhearcacht Pá, ciapadh san ionad oibre a chomhrac agus an chothromaíochta oibre is saoil a chur chun cinn***. Chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint áfach, ba cheart an deis a bheith ag na gnóthais sin cuid den fhaisnéis a éilítear le hAirteagal 20 de Threoir 2013/34/AE a thuairisciú in |

éineacht le faisnéis inbhuanaitheachta eile.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) ***Iarrtar ar na Ballstáit*** measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ***a ngníomh*** trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. | (71) ***Ba cheart don Choimisiún*** measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ***na gníomhartha*** trasuite ar FBManna chun a áirithiú nach ndéantar difear díréireach dóibh, agus aird shonrach á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, agus ***ba cheart*** torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a thabhairt isteach chun tacú le FBManna na caighdeáin tuairiscithe shimplithe dheonacha a chur i bhfeidhm. ***Ba cheart don Choimisiún uirlis ar líne a chruthú chun tuairisciú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide a éascú, chun ualach riaracháin iomarcach ar FBManna a bhfuil níos lú ná 250 fostaí acu a sheachaint. Ba cheart go mbeadh uirlis ar líne den sórt sin saor in aisce, éasca le húsáid agus go mbeadh rochtain éasca uirthi.*** |

*Réasúnú*

*Uirlis amhail measúnú idirghníomhach ar líne ar riosca (https://oiraproject.eu/en) ina mbeidh tuairisciú ar líne le huirlisí agus treoracha leordhóthanacha.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiib) pleananna an ghnóthais chun an comhionannas inscne a chur chun cinn agus a áirithiú go gcuirfear príomhshruthú inscne, agus beartais a bhaineann leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú chun feidhme, go háirithe maidir leis an mbearna phá agus leis an trédhearcacht pá, lena ngabhfaidh ceanglais a bhunófar leis an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, mar aon le rannpháirtíocht atá cothrom ó thaobh inscne de sa chinnteoireacht agus sa chothromaíocht oibre is saoil.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais agus tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta san áireamh*** i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais; | (iv) i samhail ghnó agus straitéis ghnó an ghnóthais ***conas a áirithítear obair chuibhiúil agus conas a dhéantar cearta agus leasanna gheallsealbhóirí an ghnóthais a choimirciú, lena n-áirítear oibrithe agus pobail agus conas a chuirtear san áireamh tionchair an ghnóthais ar ábhair inbhuanaitheachta***; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear maidir le comhionannas inscne***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***;*** | (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra ***soláthair agus*** luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair***, lena n-áirítear maidir le gach duine a ndéanann na tionchair sin difear dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chineálacha trasnacha agus cineálacha éagsúla idirdhealaithe go minic nó atá i staid leochaileach, amhail mná, leanaí, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí ar de mhionlaigh eitneacha nó chiníocha iad nó daoine ar a bhfuil lorg na bochtaineachta, go háirithe an 20 % is boichte den tsochaí, nó daoine a fhulaingíonn eisiamh sóisialta*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás inar féidir, áireoidh an gnóthas freisin sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 mar bhealach chun príomhshruthú inscne a ionchorprú sa tuairisciú inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19a – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. | I gcás inarb iomchuí, san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 beidh faisnéis maidir le slabhra luacha an ghnóthais, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a ***bheartais soláthair atá feasach ó thaobh inscne-chomhionannais de, a*** chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***trí bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon | Maidir leis an gCoimisiún, déanfaidh sé athbhreithniú ar a laghad gach ***3 bliana*** tar éis dháta a chur i bhfeidhm, ar aon |

| | |
|---|---|
| ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) ***á*** cur san áireamh, agus i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. | ghníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo, agus comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG)***, an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, agus geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ceardchumann agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta á*** cur san áireamh, agus i gcás inar gá leasóidh sé an gníomh tarmligthe sin chun forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta. |

**Leasú 30**

Togra le haghaidh Treorach
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le ***fachtóirí*** sóisialta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: | (b) sonrófar an fhaisnéis atá le nochtadh ag gnóthais maidir le ***tosca*** sóisialta ***agus comhionannais inscne***, lena n-áirítear faisnéis ***an ghnóthais*** maidir leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***comhionannas*** deiseanna do chách, | (i) ***1. éagsúlacht lucht saothair, cóir*** |

| | |
|---|---|
| lena n-áirítear comhionannas inscne ***agus pá comhionann ar*** obair chomhionann, ***oiliúint*** agus ***forbairt scileanna, agus fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas***; | ***chomhionann agus*** deiseanna do chách, lena n-áirítear comhionannas inscne***, cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as*** obair chomhionann ***nó obair ar comhionann a luach***, ***lena n-áirítear an tuairisciú*** agus ***na hoibleagáidí eile a leagtar síos i dTreoir a bheidh ann amach anseo maidir le trédhearcacht pá***;<br>***2. oiliúint agus forbairt scileanna, go háirithe céatadán na n-oibrithe atá rannpháirteach in oiliúint, imdhealaithe de réir inscne agus fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas;***<br>***3. comhionannas inscne agus comhdhéanamh éagsúlachta i bpoist bhainistíochta agus bearta in aghaidh an chiaptha san ionad oibre, i gcomhréir, i measc nithe eile, leis na prionsabail agus na caighdeáin chomhionannais a bunaíodh i nDearbhú Bhéising agus i gCoinbhinsiún Iostanbúl;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) sonraí i dtaca le leibhéil phá imdhealaithe de réir inscne agus i dtaca le bearta maidir le trédhearcacht pá;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe, ***pá,*** idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, cothromaíocht oibre is saoil, agus timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus dea-oiriúnaithe; | (ii) dálaí oibre, lena n-áirítear fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe, idirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, cothromaíocht oibre is saoil, ***lena n-áirítear am oibre solúbtha inoiriúnaithe, saoire tuismitheora, saoire atharthachta*** agus ***saoire mháithreachais, lena n-áirítear rátaí glactha agus fillte, an fhéidearthacht teilea-obair a dhéanamh, agus*** timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus dea-oiriúnaithe***, atá saor ó gach cineál foréigin, lena n-áirítear, i measc nithe eile, foréigean inscnebhunaithe, ciapadh, lena n-áirítear ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh, a dtabharfar aghaidh orthu ar bhealach cuimsitheach, comhtháite agus inscne-fhreagrúil***; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. | (iii) meas ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha, na prionsabail dhaonlathacha agus na caighdeáin dhaonlathacha a bhunaítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus croíchoinbhinsiúin eile de chuid NA maidir le cearta an duine, ***amhail Coinbhinsiún CEDAW, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** Dearbhú na ***Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, Dearbhú na*** hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus |

| | |
|---|---|
| | coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus ***an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,*** Cairt ***Shóisialta na hEorpa agus Cairt*** um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe b – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) measúnuithe tionchair ar chearta an duine agus ar chomhionannas inscne arna ndéanamh ag an ngnóthas, lena n-áirítear i slabhraí soláthair maidir le pobail a ndéantar difear dóibh, go háirithe cearta na bpobal dúchasach agus cur chun feidhme bheartas an ghnóthais maidir le saorthoiliú feasach roimh ré.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ról ***chomhlachtaí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta ***an ghnóthais, lena n-áirítear*** maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh; | (i) ról ***na gcomhlachtaí*** riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair inbhuanaitheachta, agus a gcomhdhéanamh***, de réir inscne, lena n-áirítear maidir le hionadaíocht thrasnach na mban i bpoist cheannaireachta agus bhainistíochta***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe i a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) líon na n-oibrithe agus cineál an tsocraithe faoina bhfuil siad fostaithe ag an ngnóthas, lena n-áirítear trína chuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí gnó, imdhealaithe de réir inscne;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 2 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus ***frithbhreabaireacht***; | (ii) eitic ghnó agus cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú ***frithbhreabaireacht, frith-idirdhealú*** agus ***frithchiapadh***; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe h a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) An Treoir a bheidh ann amach anseo ó Pharlaimint na hEorpa agus ón*** |

***gComhairle chun cur i bhfeidhm an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.***

**Leasú 40Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19b – mír 3 – pointe h b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) Rialachán (AE) Uimh. 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 19c – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cruthóidh an Coimisiún uirlis ar líne chun tuairisciú a éascú i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |

*Réasúnú*

*Uirlis amhail measúnú idirghníomhach ar líne ar riosca (https://oiraproject.eu/en) ina mbeidh tuairisciú ar líne le huirlisí agus treoracha leordhóthanacha.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 20 – mír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le ***hinscne*** agus gnéithe eile amhail aois, nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, cuspóirí an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás. | (g) tuairisc ar an mbeartas éagsúlachta***, beartas maidir leis an gcomhionannas inscne agus beartas maidir leis an gcuimsiú,*** a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais maidir le ***comhionannas inscne, frith-idirdhealú, tacaíocht do ghrúpaí mionlaigh*** agus ***do ghrúpaí leochaileacha, agus*** gnéithe eile amhail aois, ***míchumas*** nó cúlraí oideachais agus gairmiúla, ***mar aon le saintréithe trasnacha agus idirdhealú a bhfuil cosaint á soláthar ina leith faoi Threoracha 2000/43/CE agus 2000/78/CE,*** cuspóirí ***agus táscairí*** an bheartais éagsúlachta sin, conas a cuireadh chun feidhme é agus na torthaí sa tréimhse tuairiscithe. Mura gcuirtear aon bheartas den sórt sin i bhfeidhm, beidh míniú sa ráiteas ar an bhfáth gurb amhlaidh an cás. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. | 1. Áireoidh máthairghnóthais grúpa mhóir sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an fhaisnéis is gá chun tionchair an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta ***sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil*** a thuiscint, agus an fhaisnéis is gá chun conas a dhéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh an ghnóthais a thuiscint. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iiia) pleananna an ghnóthais chun cur chun feidhme beart a bhaineann leis an bhfrith-idirdhealú, an éagsúlacht agus an comhionannas inscne a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an mbearna phá agus trédhearcacht pá i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar síos i dTreoir a bheidh ann amach anseo maidir le Thrédhearcacht Pá, rannpháirtíocht atá comhionann ó thaobh inscne de sa chinnteoireacht agus sa chothromaíocht oibre is saoil;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – pointe v

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) conas a cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (v) conas a cuireadh straitéis an ghrúpa chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta***, lena n-áirítear an comhionannas inscne***; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta; | (i) an próiseas díchill chuí a cuireadh chun feidhme maidir le hábhair inbhuanaitheachta ***agus comhionannais inscne***; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2013/34/AE
Airteagal 29 a – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair; | (ii) na príomh-dhrochthionchair iarbhír nó ionchasacha atá nasctha le slabhra luacha an ghrúpa, lena n-áirítear a oibríochtaí féin, a tháirgí agus a sheirbhísí, a chaidrimh ghnó agus a shlabhra soláthair ***agus beartais soláthair comhionannais inscne, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar chineálacha trasnacha agus éagsúla idirdhealaithe go minic nó atá i staid leochaileach, amhail mná, leanaí, daoine LADTIA, daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí ar de mhionlaigh eitneacha nó chiníocha iad nó daoine ar a bhfuil lorg na bochtaineachta, go háirithe an 20 % is boichte den tsochaí, nó daoine a fhulaingíonn eisiamh sóisialta***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2004/109/CE
Airteagal 28d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta. | Tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ***leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, agus i gcás inarb infheidhme, le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ceardchumainn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** eiseoidh ESMA treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 1095/2010 maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta inniúla ar thuairisciú inbhuanaitheachta. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach |
| **Tagairtí** | COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | FEMM<br>23.6.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Robert Biedroń<br>7.6.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 9.12.2021 25.1.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 7<br>0: 1 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Radka Maxová, Andżelika Anna Możdżanowska, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek, Jessica Stegrud, Isabella Tovaglieri, Hilde Vautmans, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Chrysoula Zacharopoulou, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sylvie Brunet |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| PPE | Isabella Adinolfi, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| Renew | Sylvie Brunet, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans, Chrysoula Zacharopoulou, Marco Zullo |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Radka Maxová, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| The Left | Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Alice Kuhnke, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek |

| 7 | - |
|---|---|
| ECR | Andżelika Anna Możdżanowska, Jessica Stegrud, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Simona Baldassarre, Annika Bruna, Isabella Tovaglieri |
| PPE | Arba Kokalari |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Lívia Járóka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach | | | |
| **Tagairtí** | COM(2021)0189 – C9-0147/2021 – 2021/0104(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 22.4.2021 | | | |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>23.6.2021 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>23.6.2021 | DEVE<br>8.7.2021 | ECON<br>23.6.2021 | EMPL<br>23.6.2021 |
| | ENVI<br>23.6.2021 | ITRE<br>23.6.2021 | FEMM<br>23.6.2021 | |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>16.12.2021 | EMPL<br>16.12.2021 | ECON<br>16.12.2021 | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Pascal Durand<br>21.5.2021 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 28.10.2021 | 1.12.2021 | 2.12.2021 | 10.1.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.3.2022 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 22<br>1<br>0 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Manon Aubry, Gunnar Beck, Ilana Cicurel, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Franco Roberti, Raffaele Stancanelli, Marie Toussaint, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Lara Wolters, Javier Zarzalejos | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patrick Breyer, Daniel Buda, Caterina Chinnici, Heidi Hautala, René Repasi, Nacho Sánchez Amor, Stéphane Séjourné | | | |
| **Dáta don chur síos** | 22.3.2022 | | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 22 | + |
|---|---|
| ECR | Raffaele Stancanelli |
| ID | Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton |
| PPE | Pascal Arimont, Daniel Buda, Geoffroy Didier, Jiří Pospíšil, Axel Voss, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos |
| Renew | Ilana Cicurel, Pascal Durand, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara |
| S&D | René Repasi, Franco Roberti, Nacho Sánchez Amor, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| The Left | Manon Aubry |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Marie Toussaint |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Gunnar Beck |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh